



11

Banc Ceannais Tuarascáil Bhliantúil



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Banc Ceannais na hÉireann

25 Aibreán 2012

A Aire, a chara,

Faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), tá sé de cheangal ar Bhanc Ceannais na hÉireann (an Banc) tuarascáil a ullmhú maidir lena ghníomhaíochtaí i rith na bliana agus an cháipéis sin a thíolacadh duit laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais.

Sa Tuarascáil Bhliantúil, áirítear na Tuarascálacha Bliantúla a cheanglaítear faoin Acht um Iontaobhais Aonad 1990, faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995, faoi na Rialacháin Réamheolaire 2005 agus na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh 2005.

Is onóir dom é Gníomhaíochtaí agus Cuntais Bhliantúla an Bhainc don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 a iamh leis seo.

Is mise le meas,



Patrick Honohan
An Gobharnóir

Clár na nÁbhar

Cuid 1

Coimisiún an Bhainc Ceannais	4
Cairteacha Eagraíochta/Bainistíochta	5
Ráiteas Tosaigh an Ghobharnóra	8
2011: Sracfhéachaint ar an mBanc	12
Liosta na nGiorrúchán Coitianta	14

Caibidil 1: Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí in 2011 18


– Achoimre Feidhmiúcháin	19
– Pacáiste Cúnaimh Airgeadais AE-CAI d’Éirinn	22
– Seasamh maidir le Beartas Airgeadaíochta agus Cur chun Feidhme Beartais Airgeadaíochta	28
– Maoirseacht ar Institiúidí Airgeadais	32
– Maoirseacht ar Mhargáí	41
– Cosaint Tomhaltóirí	47
– Bearta Forfheidhmiúcháin	54
– Beartas agus Riosca	58
– Taighde agus Staidreamh um Anailís Eacnamaíoch	63
– Córais Íocaíochta agus Seirbhísí Airgeadra	66
– Bainistíocht Sócmhainní	70
– Caidreamh Idirnáisiúnta	71
– Próisis agus Nósanna Imeachta Inmheánacha a bhainistiú	73

Caibidil 2: Rialachas 81

Cuid 2

Oibríochtaí Airgeadais	90
Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011	94

Cuid 1



Coimisiún an Bhainc Ceannais

amhail ar an 31 Márta 2012



**Patrick Honohan,
An Gobharnóir***



**Matthew Elderfield,
Leas-Ghobharnóir
(Rialáil Airgeadais)***



**Stéfan Gerlach,
Leas-Ghobharnóir
(Baincéireacht
Cheannais)***



**John Moran,
Ard-Rúnaí na Roinne
Airgeadais***



Alan Ahearne



Blanaid Clarke



John FitzGerald



Des Geraghty




Michael Soden



**Neil Whoriskey,
Rúnaí**

* Comhaltaí ex-officio

Cairt Eagraíochta



* Ex-officio

† Éifeachtach amháil ón 1 Meitheamh 2012

^ Tuairiscíonn an Roinn um Iniúcháir-eacht Inmheánach go díreach don Ghobharnóir agus ní thuairiscíonn sí don Leas-Ghobharnóir ach amháin i ndáil le cúrsaí riaracháin nó buiséid.

Lucht Ardbhainistíochta

amhail ar an 31 Márta 2012¹



**Patrick Honohan,
An Gobharnóir**



**Matthew Elderfield,
Leas-Ghobharnóir
(Rialáil Airgeadais)**



**Stéfan Gerlach,
Leas-Ghobharnóir
(Baincéireacht
Cheannais)**



**Gerry Quinn,
An Príomh-Oifigeach
Oibríochtaí**



**Patrick Brady,
Stiúrthóir
Beartas & Riosca**



**Liz Joyce,
Stiúrthóir
Acmhainní Daonna**



**Maurice McGuire,
Stiúrthóir
Oibríochtaí Airgeadais**



**Fiona Muldoon
Stiúrthóir
Institiúidí Creidmheasa
& Maoirseacht ar
Árachas**



**Gareth Murphy,
Stiúrthóir
Margaí**



**Peter Oakes,
Stiúrthóir
Forfheidhmiú**



**Bernard Sheridan,
Stiúrthóir
Cosaint Tomhaltóirí**

¹ Bhí Jonathan McMahon ina Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa go dtí an 24 Aibreán 2012. Rachaidh Lars Frisell i mbun a phoist mar Stiúrthóir ar Bheartas Eacnamaíoch & ar Chobhsaíocht Airgeadais an 1 Meitheamh 2012.

Lucht Bainistíochta

amhail ar an 31 Márta 2012

Stiúrthóireacht	Roinn	An Ceannasaí Rannóige
	Ardrúnaíocht Iniúcháireacht Inmheánach Dlí Riosca Eagraíochtúil Comhairleoir don Ghobharnóir	Neil Whoriskey Patrick Treanor Joseph Gavin AnneMarie McKiernan Frank Browne
Oibríochtaí Airgeadais	Margaí Airgeadais Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús	Michael Maher Paul Molumby
Beartas Eacnamaíoch & Cobhsaíocht Airgeadais	Anailís & Taighde Eacnamaíoch Cobhsaíocht Airgeadais Beartas Airgeadaíochta agus Caidreamh Idirnáisiúnta Staidreamh	John Flynn Folúntas Mark Cassidy Joe McNeill
Bainistíocht Faisnéise & Teicneolaíocht Faisnéise	Bainistíocht Faisnéise & Teicneolaíocht Faisnéise Caidreamh le Custaiméirí	Michael Power Carina McArdle
Oibríochtaí	Seirbhísí Corparáideacha Idirbhearta Rialála Eisiúint Airgeadra Táirgeadh Airgeadra Rialú Airgeadais Forbairt agus Athrú Eagraíochtúil	Michael Enright Alan Briscoe Daragh Cronin Harry Murphy Folúntas Folúntas
Acmhainní Daonna	Acmhainní Daonna	Lucy O'Donoghue
Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa agus Maoirseacht ar Árachas	Maoirseacht ar Bhaincéireacht Anailísiú Stiuamachta & Réitigh Cláráitheoir na gComhar Creidmheasa Árachas Saoil Árachas Ginearálta	Shane O'Neill Anthony McKeon James O'Brien Fiona McMahon Folúntas
Margaí	Údarú agus Maoirseacht Cistí Maoirseacht ar Sholáthraithe Seirbhísí Infheistíochta Maoirseacht ar Mhargáí agus ar Stocbhróicéirí Airgeadas Corparáideach Comhairleoir don Stiúrthóir ar Mhargáí	Folúntas Folúntas Folúntas Rosemary Hanna Colette Drinan
Beartas & Riosca	Beartas Stiuamachta Beartas Rialachais, Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta Riosca Beartas Margaí	Mary Burke Máiréad Devine William Mason Martin Moloney
Cosaint Tomhaltóirí	Na Cóid um Chosaint Tomhaltóirí– Baincéireacht agus Beartas Cosaint Tomhaltóirí, Árachas, Infheistíocht agus Idirghabhálaithe	Sharon Donnery Patricia Moloney
Forfheidhmiú	Forfheidhmiú I Forfheidhmiú II	Derville Rowland Hilary Griffey



Ráiteas Tosaigh an Ghobharnóra

Ba é an réiteach leanúnach ar ghéarchéim airgeadais na hÉireann an príomhchuspóir a bhí ag an mBanc in 2011. I bhfianaise na héiginnteachta idirnáisiúnta géaraithe, lean an Banc de bheith ag gníomhú go fuinniúil ina rannpháirtíocht le hinstiúidí airgeadais agus le páirtithe seachtracha d'fhonn téarnamh a chur chun cinn sa chóras airgeadais agus sa gheilleagar i gcoitinne. Leis na gníomhartha seo, féachtar le muinín níos fearr a chothú agus le hionchais fáis a mhéadú chuig leibhéal ar a bhféadfar an dífhostaíocht a laghdú agus caighdeán mhaireachtála a ardú de réir rátaí a bheidh neamhthoirtéiseach ach inmharthana.

Le linn na bliana, rinneadh athchóirithe móra ar an earnáil intíre baincéireachta i dtaca le hathstruchtúrú, le hathchaipitliú agus le díghiaráil. Lean an Banc agus an tEurochóras de thacaíocht shuntasach leachtachta a chur ar fáil do chóras airgeadais na hÉireann. Rinneadh an cur chuige maoirseachta a fheabhsú tuilleadh agus rinneadh tionscnaimh nua um chosaint tomhaltóirí a thabhairt isteach agus a chur chun cinn.

Chonacthas dul chun cinn áirithe i dtéarmaí OTI in 2011, ach is ón taobh seachtrach amháin a tháinig an spreagadh fáis, is spreagadh a fritháiríodh leis an sracadh ar an éileamh intíre. Tháinig laghdú ar an OTN athuair.

Leantar leis an dul chun cinn ar shaincheisteanna móra beartais. Faoi Chlár Cúnaimh Airgeadais AE-BCE-CAI, comhaontaíodh agus leagadh amach gnéithe tábhachtacha de chreat beartais eacnamaíoch agus airgeadais na hÉireann. Níl an Clár seo éagsúil, áfach, leis an gconair a bheadh le triail ag lucht déanta beartais na hÉireann ar aon chuma. Tá comhlíonadh chuspóirí an Chláir ag Éirinn, arna dheimhniú ag na Páirtithe Seachtracha le linn 2011 agus ag tús 2012, rithabhachtach ní hamháin i dtéarmaí muinín a chothú ach, ina theannta sin, léirítear leis go bhfuil céimeanna tábhachtacha á

nglacadh i dtreo an geillgear a athchothromú agus a neartú sa chaoi go mbainfear téarnamh gníomhaíochta agus fostaíochta amach. Faoi na hathbhreithnithe go léir a rinneadh go dtí seo, measadh go raibh Éire ar an gconair cheart i ndáil leis na spriocanna maicreacnamaíocha cainníochtúla agus leis na tagarmharcanna struchtúracha go léir. Go háirithe, tá an straitéis baincéireachta ag dul ar aghaidh mar a bhí sceidealaithe.

Ar leibhéal níos leithne Eorpach, glacadh bearta áirithe le linn na bliana chun srian a choinneáil ar an ngéarchéim fiachais cheannasaigh agus chun dálaí airgeadais agus eacnamaíocha sa limistéar euro a fheabhsú. Le sraith comhaontuithe, cuireadh in iúl go héifeachtach agus daingníodh prionsabail fhioscacha agus neartaíodh an comhar eacnamaíoch. Fógraíodh saoráidí feabhsaithe maoinithe faoi na socruithe EFSF agus ESM agus cuireadh tacaíocht leachtachta níos fadtéarmaí ar fáil ón BCE. Bhí baint ag na bearta éagsúla beartais seo go léir le cobhsaíocht níos fearr a thabhairt i réim; is léir, áfach, go bhfuil éiginnteacht ann fós agus nach mór an fuinneamh faoi na tionscnaimh seo a choinneáil suas.

Tá bearta cinntitheacha glactha ag an mBanc le linn 2011 agus ag tús 2012 mar bhuntaca lena bhéim ar théarnamh agus ar fhás a chur chun cinn. Leis an Tuarascáil ar an gClár um Bearta Airgeadais a foilsíodh i mí an Mhárta 2011, cuireadh measúnú mionsonraithe ar fáil ar dhálaí caipitil agus leachtachta agus ar riachtanais chaipitil agus leachtachta na mbanc intíre, lena dtreoraítear cinntí maidir le hathchaipitliú agus le hathstruchtúrú. Mar chuid dá chúram maoirseachta, sheol an Banc creat nua um measúnú córasach riosca lena mbunaítear cur chuige oiriúnaitheach nua don rannpháirtíocht maoirseachta le gnólachtaí rialáilte. Ina theannta sin, lean an Banc de bheith ag obair i dtreo creat feabhsaithe reachtúla agus rialála a fhorbairt do na comhair chreidmheasa.

Foilsíodh rialacháin agus caighdeáin nua maidir le hoiriúnacht agus le hionracas lena socraítear caighdeáin reachtúla don tionscal seirbhísí airgeadais agus lena dtugtar cumhachtaí áirithe don Bhanc lena n-áirítear réamh-fhormheas a dhéanamh ar na poist is suntasaí sa tionscal. Rinneadh dul chun cinn ar mhórtionscadail reachtúla in 2011, lena n-áirítear Bille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2011 agus Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011.

Foilsíodh Cód athbhreithnithe um Chosaint Thomhaltóirí, arb ionann é agus an daingniú is suntasaí atá déanta ar chosaintí do thomhaltóirí institiúidí airgeadais le blianta beaga anuas. Rinneadh dul chun cinn ar chlár suntasach oibre maidir le fiontair agus teaghlaigh a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag bagairt orthu. Foilsíodh Cód athbhreithnithe maidir le hlasachtú Gnó le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus glacadh céimeanna áirithe lena spreagfaí na bainc chun straitéisí a fhorbairt chun déileáil le riaráistí morgáiste.

Glacadh anailís agus obair thaighde bhreise de láimh, rud a léiríonn an bhéim is leithne Eorpach ar thaighde a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais. In 2011, chuir an Banc tuilleadh feabhais ar lánpháirtiú a chuid oibre taighde nuair a seoladh sraith nua de Litreacha Eacnamaíocha agus lean sé d'fheabhas a chur ar a aschur staidrimh le linn 2011.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus sa Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta don Rialáil Airgeadais a fhoilsítear leis an tuarascáil seo, tugtar sonraí maidir leis an gcaoi inar chuir an Banc na gníomhaíochtaí seo agus gníomhaíochtaí eile i gcrích le linn 2011.


B'ionann brabús an Bhainc don bhliain go dtí 31 Nollaig 2011 agus €1.2 billiún. Tar éis tuilleamh coimeádta, íocfar barrachas ioncaim €958 milliún leis an Státchiste.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Choimisiúin as a rannpháirtíocht agus as a gcomhairle luachmhar le linn na bliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne Max Watson a chuaigh ar scor an 31 Nollaig 2011 agus Kevin Cardiff a chuaigh ar scor an 3 Feabhra 2012.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an lucht bainistíochta agus leis na comhaltaí foirne go léir as an obair chrua a rinne siad agus as a ngairmiúlacht le linn na bliana de réir mar a bhí an Banc ag díriú ar ghéarchéim airgeadais na hÉireann a réiteach agus ar mhuinín a athbhunú.


Patrick Honohan
An Gobharnóir

Sracfhéachaint ar 2011




2011: Srachféachaint ar an mBanc

Barrachas Ioncaim a Íocadh leis an Státchiste




Tháinig méadú ar an mbarrachas ioncaim a íocadh leis an Státchiste go dtí €958.3 milliún (€671.0 milliún in 2010).

Sómhainní Iomlána




Tháinig laghdú ar na Sómhainní Iomlána go dtí €176.3 billiún (€204.5 billiún in 2010).

Líon na nOibríochtaí Margaidh Oscailte



Sheol an Banc tuairim is 198 oibríocht thar ceann an Eurochórais (169 in 2010).


Eisiúint Nótaí Bainc agus Monaí



Tháinig laghdú ar líon na nótaí bainc a eisíodh (337 milliún in 2011 ó 399 milliún in 2010) agus tháinig laghdú ar líon na monaí a eisíodh (176 milliún in 2010 go dtí 136 milliún in 2011).


2011: Sracfhéachaint ar an nGeilleagar

Fíor OTN




Tháinig cúngú ar an ngeilleagar in 2011 sa mhéid gur thit OTN faoi 2.5 faoin gcéad i dtéarmaí réadacha.

Boilsciú (TCPT)




B'ionann boilsciú TCPT ar an meán in 2011 agus 1.1 faoin gcéad.

Iarmhéid Rialtais Ghinearálta (IRG) mar % de OTI




Meastar gurbh ionann an t-iarmhéid Rialtais Ghinearálta agus 10.1 faoin gcéad den OTI in 2011. B'ionann an figiúr do 2010 agus 31.3 faoin gcéad (11.5 faoin gcéad de OTI nuair a eisiatar na bearta um chúnamh banc). Nóta: Tá na figiúirí do 2010 bunaithe ar mheastacháin na Roinne Airgeadais tráth Bhuiséad 2012 agus beidh siad faoi réir athbheithnithe nuair a fhoilseofar figiúirí EDP ag Eurostat ag deireadh mhí Aibreáin 2012.

Ráta Dífhostaíochta




Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta go dtí 14.4 faoin gcéad ar an meán in 2011.

Praghsanna Náisiúnta Réadmhaoine Cónaithe



Bhí na laghduithe ar phraghsanna náisiúnta réadmhaoine cónaithe láidir i gcónaí in 2011, ag titim faoi 13.2 faoin gcéad bliain ar bhliain i dtéarmaí an mheáin bhliantúil.

Rátaí Bliantúla an Athraithe Deireadh Bliana ar Iasachtaí



Tháinig laghdú 3.8 faoin gcéad agus 1.6 faoin gcéad, faoi seach, ar iasachtú le Teaghligh agus le Corparáidí Neamhairgeadais in Éirinn, bliain-ar-bhliain faoi dheireadh 2011. Nóta: Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta bunúsacha i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do dhiluachálacha, d'urrusú agus d'aistrithe chuig NAMA etc.

Liosta na nGiorrúchán Coitianta

ÁCÍ	Árachas Cosanta Íocaíochta
AMSC	Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil
AMSL	Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta
BCIM	Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí
BCE	An Banc Ceannais Eorpach
BCN	Banc Ceannais Náisiúnta
BERS	An Bord Eorpach um Riosca Sistéimeach
BITO	Babhtáil Innéacsaithe Thar Oíche
BLG	Bainistiú Leanúnachais Gnó
BSI	An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta
CAI	An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
CBA	An Clár um Bearta Airgeadais
CBFF	Clár Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
CBMB	Coiste Basel de Mhaoirseoirí Baincéireachta
CCI	Na Caighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta
CCIS	An Coiste um Chórais Íocaíochta agus Socraíochta
CDanna	Conarthaí Dífriochta
CEA	Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais
CEBC	An Córas Eorpach Banc Ceannais
CEL	Cúnamh Eisceachtúla Leachtachta
CFR	An Coiste Feidhmiúcháin um Rioscaí
CIMA	An Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais
CIRM	An Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste
CIT	An Cóimheas Iasacht le Taisce
CMA	Corparáidí um Meáin Airgeadais
CMBE	Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha
CMR	Cláir um Maolú Rioscaí
Cód IPB	An Cód Cleachtais um Iasachtú le Páirtithe Gaolmhara

Cód IR	Cód Iompair Rialachais d'Institiúidí Creidmheasa agus Gnóthais Árachais
CMU	Clár na Margái Urrús
CRA	Cuntais Ráithiúla Airgeadais
CRS	An Córas Réitigh Speisialta
CSA	Comhrac i gcoinne Sciúradh Airgid
CSAMS	Comhrac i gcoinne Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta
CST	Ceartha Speisialta Tarraingthe
EacAirg	Airí Eacnamaíocha agus Airgeadais
EÉSí	Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta
EFSE	An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais
EFSE	An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais
EICU	An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrúis
ERG	An tEasnamh Rialtais Ghinearálta
FR	Feidhmeanna Rialaithe
FRR	Feidhmeanna Rialaithe Fhormheasa
FBM	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
GCUI	Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe
IATSL	Institiúidí Airgeadais a bhfuil Tábhacht Shistéimeach Leo
ICCL	An Chuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta
LAÍE	An Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
LfR	Luach faoi riosca
LRL	Líne Réamhchúraim agus Leachtachta
LSAI	An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
LNAM	An Lárionad Náisiúnta um Anailísiú Monaí

MBGA	An Meabhrán de Bheartais Gheilleagracha agus Airgeadais
MCRCC	Measúnuithe Comhpháirteacha Riosca agus Cinntí maidir le Caipiteal
MiIA	Margaí in Ionstraimí Airgeadais
MMTI	Meicníocht Malairte do Thuairisciú Idirbheart
MT	Meabhrán Tuisceana
MTC	Measúnacht Tionchair Chainníochtúil
NISR	Nósanna Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin
OAF	Oibríocht Athmhaoinithe Fhadtéarmach
OBT	An Oifig um Bainistiú Tionscadal
OSFC	Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
PA	Príomhoibríocht Athmhaoinithe
PIMLC	An Próiseas Inmheánach um Measúnú Leordhóthanachta Caipitil
PAMM	An Próiseas Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta
POS	An Phríomh-Oifig Staidrimh
PRISM	An Córas Dóchúlachta Riosca agus Tionchair
PRRM	An Próiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste
RCS	Riachtanas um Chaipiteal Sócmhainneachta
RDI	Ráthaíocht Dílteanas Incháilithe
RSC	Riachtanas Sócmhainne Cliaint
SBCA	Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid
SCL	Saoráid Chiste Leathnaithe
SCU	Scórchárta Ualaithe
SÉ	Stocmhalartán na hÉireann
SIB	An Suirbhé um Iasachtú Bainc
SNI	Socraíochtaí Nua Iasachta
SRA	Scéimeanna Ráthaíochta Árachais

SRRM	An Straitéis Réitigh do Riaráistí Morgáiste
SRT	Scéim Ráthaíochta Taiscí
TCC	An Treoir um Cheanglais Chaipitil
TFSA	An Tascfhórsa i gcoinne Sciúradh Airgid
TLU	Taisclanna Lárnacha Urrús
TSÍ	An Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta
ÚBE	An tÚdarás Baincéireachta Eorpach
ÚEAPC	An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde
ÚEM	An tÚdarás Maoirseoireachta Eorpach
ÚEUM	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí
USB	Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe

Caibidil 1:

Príomhghníomhaíochtaí agus
Príomhfhorbairtí in 2011



Achoimre Feidhmiúcháin



An Cúlra Reachtúil

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann le hAcht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú). An 1 Deireadh Fómhair 2010, cuireadh comhlacht aonadach amháin, Banc Ceannais na hÉireann (an Banc), in ionad na gcomhlachtaí gaolmhara a bhí ann roimhe, Banc Ceannais agus Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.

Is banc ceannais na hÉireann é an Banc agus is comhalta é den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) agus den Eurochóras. Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc san Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010. Is é príomhchuspóir an Bhainc cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Tá na cuspóirí seo a leanas ag an mBanc freisin:

- » Cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú;
- » A áirithiú go ndéanfar rialáil chuí, éifeachtach ar institiúidí agus ar mhargáí airgeadais, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais;
- » Feidhmiú éifeachtúil, éifeachtach na gcóras íocaíochta agus socraíochta a áirithiú; agus
- » A áirithiú go gcuirfear anailís agus trácht ar fáil d'fhonn tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

Príomh-Shaincheistean

Le linn 2011, ghlac an Banc páirt mhór i réiteach leanúnach ghéarchéim airgeadais na hÉireann. Rinneadh dul chun cinn ar athchóirithe tábhachtacha san earnáil baincéireachta intíre lenar tugadh aghaidh ar riachtanais chaipitil, ar bhainistíocht sócmhainní agus ar athstruchtúrú na nInstitiúidí arna gcumhdach faoi ráthaíocht an Rialtais. Lean an Banc de thacaíocht shuntasach leachtachta a chur ar fáil don chóras airgeadais. Maidir lena ról rialála, rinneadh acmhainní agus córais maoirseachta a fhorbairt agus a úsáid; foilsíodh Cód athbhreithnithe do Thomhaltóirí agus cuireadh chun cinn tionscnaimh atá dírithe ar chosaint tomhaltóirí.

Sa gheilleagar is leithne, chloígh Éire le cur chun feidhme láidir beartais in 2011, d'ainneoin na héiginnteachta treisithe idirnáisiúnta. Faoin gClár Cúnaimh Airgeadais, baineadh amach spriocanna áirithe maidir le hathchóiriú físcach agus struchtúrach roimh na spriocdhátaí agus fógraíodh pleananna suntasacha maidir le comhdhlúthú físcach don tréimhse 2012-15.

Ghlac Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) cinntí maidir le rátaí le linn 2011 i bhfianaise na héiginnteachta a bhí ag teacht chun cinn maidir le cobhsaíocht praghsanna ní ba luaithe sa bhliain agus i bhfianaise meathlúcháin ghéaraithe sna margáí airgeadais agus fáis ní ba mhoille le linn an dara leath den bhliain. Bhí na heochair-rátaí úis ag leibhéil ísle ag deireadh na bliana. I dteannta athruithe ar a rátaí beartais, ghlac an BCE bearta nua neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear soláthar leachtachta go ceann trí

bliana, agus leanúint de na bearta reatha. Leis na bearta seo, tacaíodh leis an leachtacht sna margai Eorpacha airgeadais.

Atheagrú Baincéireachta

Foilsíodh an Tuarascáil ar an gClár um Bearta Airgeadais i Márta 2011. Sa Tuarascáil seo, tugtar measúnú tábhachtach ar dhálaí caipitil agus leachtachta agus ar riachtanais chaipitil agus leachtachta na mbanc intíre agus cuimsítear trí phríomhghné inti: (i) Measúnú neamhspleách ar Chaillteanais ar Iasachtaí (ii) Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC) 2011, agus (iii) Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta (AMSL) 2011. Le hAthstruchtúrú na mbanc arna gcumhdach faoi ráthaíocht an Rialtais, cuimsítear AIB agus EBS a chumasc agus bunsócmhainní agus neamh-bhunsócmhainní sna bainc colúin (AIB agus Banc na hÉireann) agus in Irish Life and Permanent. Baineadh athchaipitiliú na mbanc amach ar chostas níos ísle don Stáitchiste ná mar a bhíodas ag súil leis. Le linn 2011, chuir na bainc tús le próiseas chun a gclár chomhardaithe a laghdú trí bhithin diúscairtí sócmhainní.

Tacaíocht Leachtachta

Lean an Banc, thar ceann an Eurochórais, de thacaíocht shubstaintiúil leachtachta a chur ar fáil do chóras baincéireachta na hÉireann le linn 2011. B'ionann agus €913 billiún an t-iasachtú iomlán faoi bheartas airgeadaíochta an Eurochórais faoi dheireadh mhí na Nollag 2011, agus as sin cuireadh €108 billiún ar fáil d'institiúidí airgeadais lonnaithe in Éirinn (lena n-áirítear Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSC)). Chomh maith leis sin, chuir an Banc Cúnamh Eisceachtúil Leachtachta (CEL) ar fáil, a measadh a bheith riachtanach chun críocha na cobhsaíochta airgeadais agus arb ionann é agus €42 billiún faoi dheireadh na bliana.

Forbairtí Rialála

Le linn 2011, rinne an Banc nuashonrú ar a phlean gníomhaíochta chun an mhaoirseacht ar institiúidí creidmheasa a neartú thar raon cuimsitheach réimsí. Mar chuid dá chúram maoirseachta, sheol an Banc PRISM (an Córas Dóchúlachta agus Tionchair Riosca), a chreat

nua um measúnú riosca lenar bunaíodh cur chuige oiriúnaitheach nua don rannpháirtíocht maoirseachta le gnólachtaí rialáilte. Cuireadh an córas nua chun feidhme i leith na mbanc agus na ngnólachtaí árachais go léir agus, faoi mhí an Mheithimh 2012, beidh sé i bhfeidhm maidir le gach gnólacht a bheidh á mhaoirsiú ag an mBanc. Leis seo, beidh modheolaíocht chórasach, struchtúrach ag an mBanc chun measúnú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla riosca, ar modheolaíocht í a dhíreoidh ar ghnólachtaí ardtionchair chun gur lú an dóchúlacht go dtarlóidh cliseadh suntasach. D'fhoilsigh an Banc rialacháin agus caighdeán maidir le hOiriúnacht agus le hlonracas i Meán Fómhair 2011 lenar socraíodh caighdeán reachtúla oiriúnachta agus ionracais don tionscal seirbhísí airgeadais agus lenar tugadh cumhachtaí áirithe don Bhanc lena n-áirítear réamh-fhormheas ar na poist is suntasaí sa tionscal seirbhísí airgeadais. Rinneadh dul chun cinn ar mhórtionscadail reachtúla in 2011, lena n-áirítear Bille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2011 agus Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Lean an Banc de bheith ag obair i dtreo creat feabhsaithe reachtach agus rialála a fhorbairt do na comhair chreidmheasa. Ar an ábhar seo, ba chéim shuntasach chun tosaigh é foilsiú na moltaí a chuimsítear sa Tuarascáil Eatramhach ó Choimisiún na gComhar Creidmheasa a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2011.

Cosaint Tomhaltóirí

D'fhoilsigh an Banc Cód athbhreithnithe um Chosaint Tomhaltóirí i mí Dheireadh Fómhair 2011. Is ionann an t-athbhreithniú ar an gCód seo, a tháinig in éifeacht an 1 Eanáir 2012, agus an neartú is suntasaí ar chosaintí do thomhaltóirí institiúidí airgeadais ó seoladh an Cód tosaigh i mí Lúnasa 2006. Lean an Banc leis an gclár oibre maidir le fiontair agus teaghlaigh a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag bagairt orthu. Foilsíodh Cód athbhreithnithe lompair maidir le hlasachtú Gnó d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide i mí na Samhna 2011. Maidir le deacrachtaí airgeadais teaghlach, ghlac an Banc bearta in 2011 chun na bainc a spreagadh chun straitéisí a fhorbairt lena ndéileálfar le riaráistí morgáiste.

Cobhsaíocht Airgeadais

Le linn na bliana, tháinig an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais, atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra, le chéile go rialta. Glacadh anailís agus obair thaighde bhreise de láimh, rud a léiríonn an bhéim is leithne Eorpach ar thaighde a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais agus, i dtreo dheireadh na bliana, bhí an Banc ina óstach do chomhdháil maidir leis an margadh morgáiste. Le linn na bliana, lean an Banc de pháirt ghníomhach a ghlacadh i Lónra Taighde Macrastuamachta an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais. Tá páirt ghníomhach á glacadh ag an mBanc sa Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) ó bunaíodh é agus freastalaíonn an Banc ar chruinnithe den Bhord Ginearálta agus de Choiste Comhairleach Teicniúil an Bhoird.

Beartas Eacnamaíoch agus Staidreamh

Tá ról tábhachtach ag an mBanc ó thaobh tionchar a imirt ar an mbeartas náisiúnta eacnamaíoch trí anailís eacnamaíoch agus taighde agus staidreamh airgeadais a sholáthar. Ar leibhéal an Eurochórais/CEBC agus AE agus ar leibhéal intíre, cuireann an Banc le réamhaisnéisiú eacnamaíoch, le hanailís eacnamaíoch agus le forbairt beartais eacnamaíoch. In 2011, cuireadh tuilleadh feabhais ar pháirtiú obair thaighde an Bhainc le seoladh sraithe nua de Litreacha Eacnamaíocha arna ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tráthúla agus le foilsiú an cheathrú Feasachán bliantúil Taighde. Ina theannta sin, chuir an Banc feabhas ar a aschur staidrimh le linn na bliana. Seoladh an staidreamh náisiúnta tosaigh maidir le Corparáidí um Meáin Airgeadais agus forbraíodh an tsraith nua sonraí don earnáil baincéireachta agus don earnáil sheachtrach.

Íocaíochtaí agus Airgeadra

Tá an Banc freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chórais íocaíochtaí agus socraíochta urrús chun go ndéanfar a sábháilteacht agus a n-éifeachtúlacht a áirithiú. Is córas aonair uile-Eorpach é TARGET2 a mbaineann gach ceann de na córais náisiúnta íocaíochta úsáid as d'fhonn bonneagar aonfhoirmeach íocaíochtaí mórdhiola a áirithiú chun go gcuirfeadh éifeachtúlacht bhreise agus comhtháthú breise chun cinn sna margaí Eorpacha airgeadais.

D'fheidhmigh córas TARGET go rianúil in 2011 agus socraíodh líon mór íocaíochtaí euro.

Fanann a sciar den mhargadh ag leibhéal cobhsaí.

In 2011, d'iarr an Rialtas ar an mBanc dul i gceannas ar ullmhú an Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Plean Íocaíochtaí Náisiúnta in 2012 agus go leanfaidh an cur chun feidhme anuas go dtí deireadh-2014. Chomh maith leis sin, tá an Banc freagrach as Scéim Ráthaíochta Taiscí na hÉireann (SRT) a riaradh lena gcúiteofaí taisceoirí i gcás ina dteipfeadh ar institiúid chreidmheasa. I gcás leachtaithe, déanfar íocaíochtaí amach laistigh de 20 lá oibre. Leanann an Banc de bheith ag obair i gcomhar leis na hinstiúidí creidmheasa chun ullmhúchán a dhéanamh do rialacháin nua a éireoidh as dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí agus táthar ag súil go dtiocfaidh an Treoir sin in éifeacht ón 1 Eanáir 2013. Le linn 2011, cuireadh chun feidhme nósanna imeachta feabhsaithe a bhaineann le seiceáil fhíordheimhneacht agus oiriúnacht nótaí bainc agus monaí euro agus le hathchúrsaíocht nótaí bainc agus monaí euro. Ina theannta sin, tugadh isteach uathchóras ardslandála nua lena ndéanfar nótaí bainc a stóráil agus a láimhseáil.

Infheistíochtaí

Faoi dheireadh 2011, bhí sócmhainní arb ionann a luach agus €18.7 billiún i bpunann infheistíochta an Bhainc. Is ionann é sin agus méadú €0.5 billiún ar 2010. Is i gcomhréir le teorainneacha arna bhfaomhadh ag Coimisiún an Bhainc Ceannais a dhéantar punann infheistíochta an Bhainc a bhainistiú.

Soláthar Foirne

Faoi dheireadh 2011, bhí 1,372 duine fostaithe ag an mBanc as líon ceadaithe 1,559. Bhí 278 díobh siúd ag obair i bhfeidhmeanna na Baincéireachta Ceannais, 622 i réimsí Rialála agus 472 in Oibríochtaí. Is ionann é sin agus méadú 11.9 faoin gcéad ar leibhéal foirne 2010, méadú a bhaineann go príomha le méaduithe leanúnacha ar leibhéil na n-acmhainní a chuirtear ar fáil sna Stiúrthóireachtaí Rialála.

Brabúis

B'ionann brabús an Bhainc don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2011 agus €1.2 billiún. Tar éis tuilleamh coimeádta, íocfar €958.3 milliún leis an Státchiste.

Pacáiste Cúnaimh Airgeadais AE-CAI d'Éirinn

An 28 Samhain 2010, ghlac Éire páirt i gClár Cúnaimh Airgeadais trí bliana AE-CAI (2010-2013). Leis an gClár seo, bunaítear gnéithe tábhachtacha de chreat beartais eacnamaíoch agus airgeadais na hÉireann d'fhonn dul i ngleic leis na laigí san earnáil airgeadais agus d'fhonn an geilleagar a chur ar ais ar chonair an fháis inbhuanaithe, airgeadas fóna poiblí a bhunú agus leibhéil fostaíochta a mhéadú. Mar chuid de cheanglais an Chláir, rinne an CAI, an Coimisiún Eorpach (CE) agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) roinnt athbhreithnithe le linn 2011. Cuireadh an chéad athbhreithniú agus an dara hathbhreithniú i gcrích i mí Aibreáin 2011², agus reáchtáladh an tríú ceann i mí Iúil 2011, agus an ceathrú ceann i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tar éis gach athbhreithnithe d'fhoilsigh an CAI agus an CE a measúnuithe foirne maidir le feidhmíocht na hÉireann i gcoinne na dtagarmharc struchtúrach agus na gcritéar feidhmíochta a aontaíodh. Tar éis do Bhord Feidhmiúcháin an CAI agus don Chomhairle Eorpach na tuarascálacha sin a fhaomhadh, aontaíodh go n-íocfaí amach na tráinsí iasachta a aontaíodh.

Achoimre ar Ghnóthachtálacha an Chláir/Spríocanna a Baineadh Amach sa Bhliain 2011

De réir mheasúnuithe an CAI agus an CE, lean Éire de bheith ag feidhmiú go láidir sa bhliain 2011 ó thaobh cur chun feidhme beartais de, d'ainneoin na héiginnteachta breise idirnáisiúnta, agus baineadh amach roinnt spríocanna ní ba luaithe ná na spríocdhátaí a bhí socraithe, lena n-áirítear san earnáil airgeadais. Thug na Páirtithe Seachtracha³ suntas do na nithe seo a leanas: baineadh amach spríocanna fíoscacha, fógraíodh pleananna uaillmhianacha um chomhdhlúthú fíoscach don tréimhse 2012-15, agus cuireadh chun cinn athchóirithe tábhachtacha san earnáil baincéireachta (e.g. cuireadh i gcrích go substaintiúil athchaipitliú na mbanc intíre) agus i réimsí eile (e.g. foilsíodh dréacht-reachtaíocht chun cur le hiomaíocht i ngairmeacha an leighis agus an dlí agus chun forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta a neartú).

Tá an Banc agus an Roinn Airgeadais freagrach as cur chun feidhme na n-athchóirithe san

earnáil airgeadais, atá dírithe go príomha ar an maoirseacht a fheabhsú agus ar chóras baincéireachta na tíre a laghdú agus a atheagrú.

Athchóirithe ar an Earnáil Airgeadais

Cuireadh i gcrích go sásúil an chéad chéim den straitéis um athchóiriú na hearnála airgeadais agus foilsíodh Tuarascáil an Chláir um Bearta Airgeadais (CBA) an 31 Márta 2011. Áiríodh sa tuarascáil sin, sonraí na dtorthaí ar na diantástálacha struis sócmhainneachta⁴, measúnuithe maoiniúcháin⁵ agus mar thoradh air sin athstruchtúrú, athchaipitliú agus ceanglais díghiarála na n-Institiúidí Clúdaithe. Chun béim a leagan ar mheastachán de chaillteanais ar iasachtaí anáis, a bheadh go hiomlán inchreidte don mhargadh, d'fhostaigh an Banc comhairleoir seachtrach, BlackRock Solutions (BlackRock), speisialtóir tosaíochta in anailísíú caillteanais féideartha ar iasachtaí i gcúinsí anáis. Bhain an comhairleoir seo leas as a thaithí idirnáisiúnta agus é ag plé le punanna na mbanc agus bhunaigh sé cásanna anáis maidir le caillteanais ar iasachtaí. Ceapadh Boston Consulting Group chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an obair a rinne BlackRock. Tá cinneadh déanta ag an mBanc maidir leis an athchaipitliú is gá do na bainc bunaithe ar na réamh-mheastacháin de chaillteanais ar iasachtaí a rinne BlackRock, maille le háirimh bhreise a bhaineann le hioncam ionchasach, caiteachas, agus pleananna díghiarála na mbanc. Áiríodh in athstruchtúrú na mbanc Clúdaithe cónascadh AIB agus EBS agus sainaithint na gcroí-shócmhainní sa dhá bhanc is mó (AIB agus Banc na hÉireann) agus Cuideachta Bheatha na hÉireann. Laghdaíodh costas athchaipitliú na mbanc don Státchiste mar thoradh ar rannpháirtíocht infheisteoirí ón earnáil phríobháideach agus ar chomhroinnt an ulaigh le sealbhóirí fhothiachas na mbanc. Chuir na bainc tús leis an bpróiseas díghiarála ar a gcláir chomhardaithe trí dhiúscairt sócmhainní agus laghdú mhéid na sócmhainní nach croí-shócmhainní iad. Is é is cuspóir do na bearta seo, cuidiú leis na bainc rochtain a fháil ar mhaoiniú ón margadh ar chostas réasúnta agus iasachtaí a chur ar fáil, rud a chuirfeadh leis an téarnamh sa gheilleagar i gcoitinne.

I gcomhréir le tagarmharcanna an Chláir, chuir an Banc treoirlinnte ar fáil do na hinstiúidí Clúdaithe maidir le soláthar agus faisnéisiú.

² Cuireadh siar an chéad athbhreithniú de bharr an olltoghcháin an Aoine 25 Feabhra 2011.

³ Áirítear sna Páirtithe Seachtracha an Coimisiún Eorpach, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus an Banc Ceannais Eorpach.

⁴ Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC) 2011.

⁵ Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta (AMSL) 2011.

Tugadh isteach córas nua dóchúlachta agus tionchair riosca, córas ar a dtugtar PRISM, don mhaoriseacht airgeadais. Foilsíodh meabhrán tuisceana idir an Banc agus an Roinn Airgeadais maidir le maoirseacht san earnáil baincseiríochta; agus foilsíodh leagan chun dáta den Chód Iompair maidir le hiasachtú Gnó le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM), a dhéileálann leis na ceanglais a bhíonn ar iasachtóirí i ndáil le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide. De bhreis air sin, agus cumhachtaí nua faoin reachtaíocht á bhfeidhmiú aige, rinne an Banc a chéad bheart réitigh chun déileáil le comhar creidmheasa a raibh deacrachtaí aige. Bhí ionadaíocht ag an mBanc ar Choimisiún na gComhar Creidmheasa a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar an athstruchtúrú is gá a dhéanamh ar earnáil na gcomhar creidmheasa chun dul i ngleic leis na laigí agus chun rialáil agus rialachas san earnáil a fheabhsú. D'fhonead iarracht a dhéanamh réiteach a fháil ar iasachtaí trioblóideacha agus feabhas a chur ar cháilíocht an iasachtaithe amach anseo, tá leasuithe á ndéanamh ar an gcóras dócmhainneachta agus féimheachta pearsanta agus tabharfar isteach clár creidmheasa nua.

Bearta Fioscacha agus Buiséid

I dtéarmaí na feidhmíochta fiosaí agus buiséid, baineadh amach na spriocanna don chomhdhlúthú fioscach don bhliain 2011 agus comhlíonadh na critéir agus na tagarmharcanna go léir. I ndáil le tagarmharcanna struchtúracha, bhunaigh an Rialtas Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann i mí Iúil agus thug sé Creat Fioscach Meántearma isteach lena leagtar amach an chaoi a dtabharfar an t-easnamh faoi bhun 3 faoin gcéad den OTI sa bhliain 2015. Cuimsítear sa chreat seo freisin, buaicmhéideanna caiteachais reatha ilbhliantúla a bheidh ceangailteach. Meastar anois go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 10 faoin gcéad den OTI, atá go compordach faoi bhun na sprice de 10.6 faoin gcéad. Mar chuid de na critéir don fheidhmíocht chainníochtúil atá luaite sa Mheabhrán Teicniúil Tuisceana (MTT), baineadh amach, le corrlach, an sprioc d'iarmhéid príomhúil an Stáitchiste ag deireadh mhí na Nollag 2011 (i.e. iarmhéid an Stáitchiste, lena n-eisiatar iocaíochtaí úis ar fhiachas an Stáitchiste) agus an sprioc do ghlanfhiachas lárnach an rialtais. Go dtí seo, baineadh amach gach sprioc maidir le hiarmhéid príomhúil an Stáitchiste agus maidir le glanfhiachas lárnach an rialtais, arna leagan amach mar chuid den Chlár.

Athchóirithe Struchtúracha

Sa bhliain 2011, cuireadh chun cinn go suntasach na hathchóirithe struchtúracha chun iomaíochas an gheilleagair a fheabhsú agus chun tacú le fostaíocht agus le fás. Tá roinnt earnálacha sa gheilleagar á n-oscailt amach, amhail gairmeacha an dlí agus an leighis (i.e. earnálacha na míochaine agus na cógaisíochta), agus chuige seo, foilsíodh roinnt billí leasaitheacha sa bhliain 2011. Glacadh roinnt céimeanna chun teorainneacha a ardú ar thoisí áitreabh miondíola d'fhonn forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta a neartú. Tá plean gníomhaíochta i bhfeidhm chun nuachóiriú a dhéanamh ar an gcreat do shocruithe um beartú pá agus tosaíodh ar shócmhainní stáit a roghnú lena bpríobháidí. Leis na bearta seo um athchóiriú struchtúracha, maille le déimeagrafaic láidir agus feabhas ar chaipiteal daonna, cuideofar le seasamh iomaíochta na hÉireann a dhaingniú sa tréimhse amach romhainn.

Iocaíochtaí Amach ón AE-CAI

Is ionann iomlán phacáiste AE-CAI agus tuairim is €67.5 billiún, agus tagann €45 billiún den mhéid sin ón Aontas Eorpach agus ó iasachtóirí déthaobhacha Eorpacha (an Ríocht Aontaithe, an tSualainn agus an Danmhairg), agus tagann an fuilleach ón CAI (arbh ionann é agus €22.5 billiún ag tús an Chláir)⁶. Ag deireadh 2011, bhí Éire tar éis glanmhéid €34.5 billiún⁷ in euro a fháil, is é sin, tuairim is leath de na cistí seachtracha iomlána ar fáil faoin gClár, agus as an méid sin tháinig €12.6 billiún ón CAI agus €21.9 billiún ó na Páirtithe Eorpacha – cuimsíonn an dara méid sin €13.8 billiún ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM), €7.6 billiún ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF), agus €0.5 billiún mar iasacht dhéthaobhach ón Ríocht Aontaithe. An 21 Iúil 2011, d'aontaigh Ceannairí Stáit nó Rialtais an Limistéir Euro go laghdófaí costas EFSF d'Éirinn, don Ghréig agus don Phortaingéil. Aontaíodh freisin ag an gcrúinniú sin go laghdófaí an ráta úis agus go gcuirfí síneadh le haibíochtaí shaoráidí EFSM. I gcomhréir leis na hathruithe sin, d'aontaigh an RA go laghdófaí an ráta úis a bhí á ghearradh aici ar an iasacht dhéthaobhach d'Éirinn. An 4 Márta 2011, d'ardaigh cuóta na hÉireann ag an CAI ó CST 838.4 milliún go CST 1,257.6 milliún – rud a laghdaíonn ráta úis na Saoráide Ciste Leathnaithe (EFF) faoi mhéid beag.

⁶ Is ionann pacáiste CAI agus CST 19.5 billiún, arbh ionann é sin agus €22.5 billiún ag deireadh mhí na Samhna 2010.

⁷ B'ionann na dlíteanais iomlána faoin gClár ag deireadh mhí na Nollag 2011 agus €35.15 billiún, sna glánfháltais euro €35.4 billiún áirítear coigeartuithe d'eisiúint faoi bhun par agus d'asbhaint corrlaigh réamhíochta de €0.53 billiún ar an gcéad iocaíocht amach faoi EFSF.

Bosca 1: Ceanglais na hÉireann maidir leis an Earnáil Airgeadais faoin gClár Seachtrach de Thacaíocht Airgeadais ón AE-CAI

Is é is aidhm do Chlár AE-CAI (an Clár) fiúntas chreidmheas ceannasach na hÉireann a chur ar ais ar bhonn fóna faoi dheireadh na bliana 2013. Is iad príomhchuspóirí an Chláir rath chóras baincéireachta na tíre a athbhunú, poist a chruthú, fás eacnamaíoch a athspreagadh agus an t-airgeadas poiblí a chur ar chonair inbhuanaithe arís. Faoi théarmaí comhaontaithe an Chláir, tá Éire tiomanta do na bearta riachtanacha a ghlacadh chun go mbainfí amach athchaipitliú, íslíú méide agus atheagrú an chórais baincéireachta. Liosáiltear anseo thíos, na dálaí agus na spriocanna a baineadh amach faoi dheireadh 2011, ar dálaí agus spriocanna iad atá riachtanach chun go gcuirfí earnáil airgeadais na tíre ar ais ar bhonn fóna, lena n-áirítear tagarmharcanna struchtúracha.

Tagarmharcanna Struchtúracha don Earnáil Airgeadais a baineadh amach faoi Chlár AE-CAI suas go dtí deireadh R4 2011

Spriocdháta 2010	Tagarmharcanna Struchtúracha a Baineadh Amach
Nollaig	Shainigh an Banc na critéir chun diantástálacha struis a reáchtáil.
Nollaig	D'aontaigh an Banc téarmaí tagartha do dhícheall cuí maidir le sócmhainní bainc do ghnólachtaí aitheanta comhairleoireachta idirnáisiúnta. Leis seo, cuireadh i gcrích dearadh na measúnachtaí stuamachta caipitil agus leachtachta chun pleanáil do dhíghiaráil, atheagrú agus athchaipitliú na mbanc (i.e. AMSC agus AMSL).
Spriocdháta 2011	Tagarmharcanna Struchtúracha a Baineadh Amach
Feabhra	Cuireadh dréacht-reachtaíocht maidir le córas speisialta réitigh faoi bhráid an tSeanaid ⁸ .
Márta	Rinne an Banc measúnú ar phleananna athstruchtúrúití na mbanc.
Márta	Cuireadh i gcrích an mheastóireacht dhiagnóiseach ar shócmhainní na mbanc agus cuireadh i gcrích na tástálacha struis (AMSC) do AIB cpt, Banc na hÉireann, EBS agus Cuideachta Bheatha na hÉireann cpt. Le AMSC 2011, rinneadh measúnú ar leorgacht chaipitil gach institiúide creidmheasa thar an tréimhse 2011 – 2013 i mbonnchás agus i gcás maicreacnamaíoch anásta. Tá sonraí faoi seo le fáil i dtuarascáil an Bhainc 'Financial Measures Programme Report' ⁹ .
Aibreán	Cuireadh i gcrích measúnacht iomlán ar phunanna iasachta na gcomhar creidmheasa.
Bealtaine	Cuireadh i gcrích plean chun athchaipitliú a dhéanamh ar Chuideachta Bheatha na hÉireann.
Iúil	Rinneadh bainc faoi úinéireacht Éireannach a athchaipitliú de réir AMSC –ceanglais shonracha ¹⁰ .
Iúil	Cuireadh Bille maidir le Maoirsiú agus Forfheidhmiú faoi bhráid an Oireachtais.
Meán Fómhair	An 1 Iúil 2011, cuireadh i gcrích an cumasc dlíthiúil idir AIB agus EBS, ní ba luaithe ná an spriocdháta.
Deireadh Fómhair	An 28 Deireadh Fómhair, aontaíodh meabhrán tuisceana maidir le ról agus freagrachtaí i ndáil le maoirseacht na hearnála baincéireachta idir an Roinn Airgeadais agus an Banc agus foilsíodh é an 8 Samhain 2011.
Nollaig	An 1 Iúil 2011, cuireadh i gcrích an cumasc idir Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann agus Banc Angla-Éireannach, roimh an spriocdháta.
Deireadh mhí na Nollag	D'eisigh an Banc treoir do na bainc maidir le caillteanais chuntasaíochta arna dtabhú ar a leabhar iasachtaí, faoi na treoirlínte "Impairment Provisioning and Disclosure Guidelines" a foilsíodh an 20 Nollaig 2011.
Deireadh mhí na Nollag 2011	Cuireadh straitéis i gcrích chun treoir a chur ar fáil maidir le forbairt leasuithe dlí níos leithne a bhaineann le dócmhainneacht phearsanta, lena n-áirítear leasuithe suntasacha ar an Acht Féimheachta 1998 agus cruthú córais struchtúrtha neamhbhreithiúnaigh nua um shocrú agus um fhorfheidhmiú fiachais.

8 Bheifí tar éis é seo a chur faoi bhráid na Dála, ach an tráth úd bhí an Dáil ar scor mar gheall ar an Olltoghchán.

9 Foilsíodh an tuarascáil 'Financial Measures Programme Report' i mí an Mhárta 2011. Measúnacht chuimsitheach is ea í ar dhálaí caipitil agus leachtacha agus riachtanais na mbanc intíre. Tá trí phríomhghné sa tuarascáil: (i) Cleachtadh neamhspleách maidir le Caillteanais ar iasachtaí arna dhéanamh ag BlackRock Solutions thar ceann an Bhainc; (ii) AMSC 2011; agus (iii) AMSL 2011. Cheap an Banc an Boston Consulting Group chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an obair a rinne BlackRock, lena n-áirítear an obair a rinne siad maidir le measúnuithe ar chaillteanais ar iasachtaí, iontaofacht agus fíorú sonraí, agus athbhreithniú ar cháilíocht sócmhainní. Chuidigh Barclays Capital leis an measúnú ar mhaoiniú agus ar dhíghiaráil.

10 Glan ar chleachtaí maidir le bainistiú dlíteanas (CBDanna) go dtí seo agus CBDanna eile i mBanc na hÉireann agus an diúscairt atá beartaithe ar bhraíne árachais ILP.

Chomh maith le baint amach na dtagarmharcanna struchtúracha arna leagan amach i mBosca 1, is í seo a leanas achoimre ar na príomhbhearta agus na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh d'fhonn na ceanglais don earnáil airgeadais faoin gClár do 2011 a chomhlíonadh. Aontaíodh iad seo leis na Páirtithe Seachtracha agus leagadh amach iad i ndoiciméid an Chláir – an Meabhrán Tuisceana um Choinníollacht i dtaca le Beartas Geilleagrach Sonrach agus an Meabhrán de Bheartais Gheilleagracha agus Airgeadais.

Athchaipitliú, Atheagrú agus Athstruchtúrú na hEarnála Baincéireachta

Rinneadh athchaipitliú ar na bainc Éireannacha intíre faoin 31 Iúil 2011, mar a leagadh amach sa Chlár um Bearta Airgeadais, cé is moite de shíneadh a tugadh do Bhanc na hÉireann chun an chuid eile den cheanglas maidir le bunchaipiteal leibhéal 1 €0.5 billiún a fháil faoin 31 Nollaig 2011 (baineadh an sprioc sin amach). Tharla athchaipitliú na mbanc Éireannach glan freisin ar athchaipitliú Chuideachta Bheatha na hÉireann a chríochnófar nuair a dhíolfar gnó árachais Chuideachta Bheatha na hÉireann¹¹. Ar bhonn diananailise ar mheasúnacht na ndálaí caipitil agus leachtachta agus ar riachtanais na mbanc intíre (AMSL 2011 agus AMSL 2011) d'fhógair an rialtas straitéis chuimsitheach baincéireachta, an 31 Márta 2011, ina gcuirtear síos ar na pleananna chun athchaipitliú agus atheagrú a dhéanamh ar na hInstitiúidí Clúdaithe Éireannacha. I mí Iúil 2011, cuireadh i gcrích na pleananna d'athstruchtúrú na hInstitiúidí Clúdaithe Éireannacha (ach amháin ILP a raibh gá le pleanáil bhreise ina leith). Thuairiscigh na húdaráis intíre ar atheagrú an chórais baincéireachta i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2011. An 20 Nollaig 2011, faomhadh plean leasaithe d'athstruchtúrú Bhanc na hÉireann 2011.

An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc

Cheap an Banc BlackRock Solutions chun an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chaillteanais creidmheasa an Bhainc Angla-Éireannaigh (An Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc) amach anseo a bhailíochtú agus chun cleachtas trí bliana a sheoladh maidir le caillteanais ar iasachtaí i gcás Chumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann. Foilsíodh na torthaí mar aguisín leis

an Financial Measures Programme Report an 31 Bealtaine 2011.

Bearta Díghiarála

Le AMSL 2011, socraíodh sprioc de 122.5 faoin gcéad maidir le cóimheas iasacht le taisce (CIT) a bheadh le baint amach faoi dheireadh 2013 i gcás AIB, Banc na hÉireann, EBS agus Cuideachta Bheatha na hÉireann. Tar éis na measúnachta AMSL, cuireadh i gcrích creat monatóireachta, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin do spriocanna stuamachta leachtachta agus cuireadh i gcrích iad i mí an Mheithimh 2011.

Plean Gníomhaíochta chun Maoirseacht na hInstitiúidí Creidmheasa a Neartú

An 30 Meitheamh 2011, rinne an Banc nuashonrú ar a phlean gníomhaíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa. Leis seo, rinneadh nuashonrú ar an bplan gníomhaíochta a foilsíodh i mí an Mheithimh 2010 agus inar leagadh amach straitéis an Bhainc don earnáil baincéireachta. Sa pháipéar nuashonraithe 'Banking Supervision: Our Approach, 2011 Update', áiríodh faisnéis faoin dul chun cinn a rinneadh ar bhearta a bunaíodh in 2010 agus sonraíodh ann freisin na príomhréimsí don chéad tréimhse eile.

Sa phlean gníomhaíochta, cuimsíodh na réimsí seo a leanas: ceanglais maidir le soláthar agus faisnéisiú poiblí; ceanglais chaipitil agus múnlaí inmheánacha; an cur chuige maidir le measúnú riosca creidmheasa agus caighdeán riosca creidmheasa; athbhreithnithe téamacha maoirseachta; earcaíocht, oiliúint agus tionscnaimh don fhorbairt; struchtúir nua oibríochtúla; creat measúnachta riosca; bainistiú feidhmíochta; bainistiú an athraithe; díghiaráil (monatóireacht ar spriocanna agus ar smachtbhannaí); feabhas a chur ar chlisteacht chreidmheasa in Éirinn; riaráistí a láimhseáil faoin gCód Iompair maidir le hiasachtú Gnó le FBManna; tástáil struis; agus an córas speisialta réitigh.

Chuir an Banc dhá thuarascáil chuimsitheacha faoi bhráid na bPáirtithe Seachtracha maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta ar chur chun feidhme a phlean gníomhaíochta chun an mhaoirseacht ar institiúidí creidmheasa a neartú; an chéad cheann don tréimhse go dtí deireadh Mheán Fómhair 2011; agus an dara ceann go dtí deireadh mhí na Nollag 2011.

11 D'fhógair an Rialtas go raibh sé ar intinn aige Cuideachta Árachais Bheatha na hÉireann cpt. a cheannach an 28 Márta 2012.

PRISM

Mar chuid dá obair mhaoirseachta, sheol an Banc PRISM an 1 Nollaig 2011. Sa chreat seo bunaítear cur chuige nua chun caidreamh maoirseachta a chothú le gnólachtaí rialálte. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm maidir le gach banc agus gnólacht árachais agus tabharfar isteach é faoi mhí an Mheithimh 2012 i ngach gnólacht atá faoi mhaoirseacht an Bhainc.

Feabhas a chur ar Cháilíocht agus ar Thrédhearcacht Chláir Chomhardaithe na mBanc

D'fhoilsigh an Banc na treoirlínte "Impairment Provisioning and Disclosure Guidelines" an 20 Nollaig 2011. Leagtar amach sna treoirlínte seo na beartais, na nósanna imeachta agus na faisnéisithe a ghlacfaidh na hInstitiúidí Clúdaithe (AIB, Banc na hÉireann, Cuideachta Bheatha na hÉireann, EBS agus an Chorpáraid Éireannach um Réiteach Banc) maidir lena bpunanna iasachta sócmhainne atá faoi réir athbhreithnithe lagaithe i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IAS) 39.

D'fhoilsigh an Banc treoidhoiciméad dar teideal "Valuation Processes in the Banking Crisis – Lessons Learned – Guiding the Future", an 30 Nollaig 2011, a chomhlánaíonn an páipéar "Impairment Provisioning and Disclosure Guidelines", ó tharla gur príomhbhreithniúchán é luacháil ar chomhtaobhacht nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh maidir le soláthairtí i leith lagaithe.

An Creat Rialachais do na Bainc a Neartú

Dhaingnigh an Roinn Airgeadais a hacmhainneacht i réimse an bheartais baincéireachta trí aonad tiomnaithe baincéireachta a bhunú. Sa bhliain 2011, tugadh isteach na bearta rialachais seo a leanas do na bainc:

- » D'fhoilsigh an Banc a chuid rialachán agus caighdeán maidir le hoiriúnacht agus le hionracas an 1 Meán Fómhair 2011, agus tugadh isteach ar bhonn céimneach iad ón 1 Nollaig 2011 go dtí deireadh mhí na Nollag 2012; agus
- » I mí na Nollag 2011, d'ullmhaigh an tAire Airgeadais creataí caidrimh le haghaidh gach Institiúide Clúdaithe chun bonn tráchtála a bhunú do gach oibríocht sna bainc a bhí faoi úinéireacht an Rialtais.

Athchóiriú ar Earnáil na gComhar Creidmheasa

Sa bhliain 2011, cuireadh chun cinn na bearta seo a leanas i ndáil le hathchóiriú ar earnáil na gcomhar creidmheasa:

- » Chuir an Banc measúnacht iomlán i gcrích ar phunanna iasachtaí earnáil na gcomhar creidmheasa i mí Aibreáin 2011; agus
- » D'fhaomh an tAire Airgeadais bearta chun feabhas a chur ar inmharthanacht earnáil na gcomhar creidmheasa.

Tá ionadaíocht ag an mBanc ar Choimisiún na gComhar Creidmheasa. Bhunaigh an Rialtas an Coimisiún seo i mí Bealtaine 2011 chun athbhreithniú a dhéanamh ar thodhchaí ghluaiseacht na gcomhar creidmheasa agus chun moltaí a dhéanamh i ndáil leis an struchtúr rialála is éifeachtaí do chomhair chreidmheasa. D'fhoilsigh an Coimisiún a thuarascáil eatramhach faoi chomhair chreidmheasa an 14 Deireadh Fómhair 2011. Déileálann an tuarascáil eatramhach le Céim 1 d'obair an Choimisiúin i ndáil le daingniú chreat rialála na gcomhar creidmheasa lena n-áirítear ceanglais rialachais agus rialála níos éifeachtaí. Beidh obair an Choimisiúin ina bhonn eolais do bheartas an Rialtais faoi thodhchaí earnáil na gcomhar creidmheasa agus cuirfear na moltaí ón tuarascáil eatramhach san áireamh in ullmhú na reachtaíochta maidir le daingniú an chreata rialála, atá le foilsiú faoi dheireadh an Mheithimh 2012. Chuir Coimisiún na gComhar Creidmheasa a thuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire Airgeadais ag deireadh mhí an Mhárta 2012.

Cheadaigh an Coimisiún Eorpach go mbunódh an tAire Airgeadais Scéim Réitigh do Chomhair Chreidmheasa i mí na Nollag 2011. Leis an scéim seo, éascófar réiteach comhar creidmheasa faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011.

Céimeanna chun Clár Creidmheasa a bhunú

I mí Mheán Fómhair, chuir an Banc tograí faoi bhráid an Aire Airgeadais maidir le feabhas a chur ar cháilíocht agus infhaighteacht na faisnéise creidmheasa. Tá sé beartaithe reachtaíocht a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Oireachtais faoi dheireadh Mheán Fómhair 2012 le go mbunófaí clár reachtúil creidmheasa, go dtí go ndéanfar soiléiriú ar na saincheistean maidir le cosaint sonraí.

Cosaint d'Íasachtaithe atá i Riaráiste nó i mBaol Riaráiste

Rinneadh athbhreithniú ar an gCód Iompair maidir le hÍasachtú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), i ndáil leis an bpróiseas chun déileáil le daoine a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu, agus foilsíodh é an 4 Samhain 2011. Le hathbhreithnithe Chód FBM, tógtar ar chlár oibre leanúnach an Bhainc chun leasa na n-Íasachtaithe sin atá i riaráiste nó atá i mbaol riaráiste a chosaint.

Rinneadh obair maidir le dul i ngleic le hanacair an fhiachais teaghlaigh. D'fhoilsigh an Grúpa Idir-rannach um Riaráistí Morgáiste a thuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2011¹², agus mhol an grúpa roinnt cur chuige féideartha, a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu ar bhonn cás ar chás i ndáil leis na hÍasachtaithe sin a bhfuil deacrachtaí acu. Mhéadaigh an Banc an méid oibre a bhí á déanamh aige sa réimse seo trí úsáid a bhaint as a chumhachtaí maoirseachta agus trí chainteanna a spreagadh idir na bainc agus na hÍasachtaithe. D'éiligh an Banc go gcuirfeadh na bainc straitéisí faoina bhráid faoi dheireadh na Samhna 2011, ar straitéisí iad a úsáidfear chun dul i dteagmháil le hÍasachtaithe atá i mbaol riaráistí morgáiste.

Athchóiriú ar an gCóras Dócmhainneachta Pearsanta

Faoi dheireadh 2011, cuireadh i gcrích straitéis chun leasú a dhéanamh ar an Acht Féimheachta chun modh struchtúrach neamhbhreithiúnach nua a chruthú um shocrú agus um fhorfheidhmiú fiachais. Bhíodhas ag súil le dréacht-reachtaíocht a fhoilsiú go luath sa bhliain 2012. Chomh maith leis an reachtaíocht, bhí sé i gceist pleananna a ullmhú do chur chun feidhme an bhonneagair

institiúidigh a mbeadh gá leis chun tacú le réitigh lasmuigh de chúirt.

Soláthar Sonraí

Faoi théarmaí an Mheabhráin Tuisceana (MT) um Choinníollacht i dtaca le Beartas Geilleagrach Sonrach, tá an Banc freagrach as soláthar sonraí agus táscairí áirithe do Pháirtithe Seachtracha ar bhonn féilire aontaithe. Leasaíodh na cineálacha sonraí is gá ó cuireadh tús leis an gClár. Sa MT is déanaí, dar dáta an 28 Samhain 2011, tá na ceanglais reatha, arna liostáil anseo thíos:

- » Clár comhardaithe Bhanc Ceannais na hÉireann;
- » Próifílí indibhidiúla aibíochta (amúchadh amháin) do gach ceann de na bainc intíre;
- » Faisnéis shonrach airgeadais agus rialála (sonraí comhdhlúite) maidir le bainc indibhidiúla intíre agus maidir leis an earnáil baincéireachta ina hiomláine go háirithe i ndáil le brabúsacht, clár comhardaithe, cáilíocht sócmhainne, caipiteal rialála agus réamhaisnéisí AMSL do phlean maoiniúcháin;
- » Faisnéis mhionsonraithe maidir le taiscí don Aoine dheireanach i ngach mí;
- » Sonraí maidir le dliteanais arna gclúdach faoin Scéim um Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe do gach ceann de na hInstitiúidí Clúdaithe; agus
- » Miontuairiscí an choiste díghiarála agus cláir faoi dhul chun cinn na ndíolachán díghiarála, sonraí maidir le praghsáil, méid, agus méadrachtaí torthaí ábhartha eile.

¹² Féach Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Idir-rannach um Riaráistí Morgáiste, ar a dtugtar "Tuarascáil Keane".

Seasamh maidir le Beartas Airgeadaíochta agus Cur chun Feidhme Beartais Airgeadaíochta

Tá an Banc ina chuid den Eurochóras, ina gcuimsítear an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na 17 mBanc Ceannais Náisiúnta (BCNanna) sa limistéar euro. Tá Gobharnóir an Bhainc ina bhall de Chomhairle Rialaithe an BCE. Lean an Chomhairle Rialaithe de bheith ag freagairt d'fhorbairtí eacnamaíocha agus d'fhorbairtí margaidh airgeadais sa limistéar euro le linn 2011 trí roinnt athruithe a fhógairt ar a phríomhrátaí úis agus ar a bhearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta.

Cinntí Beartais Airgeadaíochta an BCE

Agus é ag teacht ar a chinntí beartais airgeadaíochta, déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar an staid eacnamaíoch sa limistéar euro ina iomláine d'fhonn a chinneadh cibé acu an bhfuil rátaí úis an BCE iomchuí i gcónaí do ghnóthú na phríomhchuspóra – is é sin praghsanna a choimeád ar bun sa limistéar euro.

D'fhógair an Chomhairle Rialaithe dhá cheann de mhéaduithe rátaí úis de 25 bonnphointe le linn na bliana, an 7 Aibreán agus an 7 Iúil 2011. Glacadh na cinntí sin i gcomhthéacs bhoilsciú ard bliantúil ICPT (Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí) sa limistéar euro, chomh maith le rioscaí ar an taobh thuas do chobhsaíocht praghsanna agus fuinneamh dearfach measta i bhfás eacnamaíoch sa limistéar euro. Tháinig meadú suntasach ar an éiginnteacht a bhain leis an ionchas eacnamaíoch agus boillscthe le linn an dara leath den bhliain 2011, i gcomhthéacs géarchéim an fhiachais cheannasaigh sa limistéar euro a bheith ag dul in olcas agus dálaí airgeadais an mhargaidh a bheith ag éirí níos measa. Ag freagairt do na forbairtí seo, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe dhá laghdú rátaí úis de 25 bonnphointe, an 3 Samhain agus an 8 Nollaig, sa chaoi go raibh an príomhráta athmhaoinithe ar ais ag 1 faoin gcéad. Tháinig athrú ar na rátaí ar an tsaoirid taisce agus ar an tsaoirid iasachta imeallaí de réir na n-athruithe ar an bpríomhráta athmhaoinithe, agus iad ag

0.25 faoin gcéad agus 1.75 faoin gcéad, faoi seach, ag deireadh 2011.

De bhreis ar na hathruithe ar a chuid rátaí beartais, lean an BCE de bheith ag freagairt d'fhorbairtí trí bhearta neamhchaighdeánacha nua beartais airgeadaíochta a ghlacadh. Ceapadh na bearta seo chun tacú le leachtacht sna margáí airgeadais agus chun a chinntiú nach ndéanfaí an mheicníocht tarchuir beartais airgeadaíochta a lagú de thoradh an teannais sna margáí airgeadais.

Baineann roinnt de na bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta le soláthar leachtachta do chontrapháirtithe san Eurochóras. I ndáil lena oibríochtaí margaidh oscailte, lean an BCE lena bheartas de chionroinnt iomlán ráta shocraithe le linn 2011. Faoin mbeartas seo, a tugadh isteach ar dtús go déanach sa bhliain 2009, freastalaíonn an BCE ar gach éileamh ar leachtacht lena oibríochtaí rialta, ar an gcoinníoll go soláthraítear dóthain chomhthaobhachta incháilithe. An 6 Deireadh Fómhair, d'fhógair an BCE go gcoinneofaí ar bun a bheartas do chionroinnt iomlán ráta shocraithe ar a laghad go dtí deireadh an séú tréimhse chothabhála de 2012, an 10 Iúil 2012. Chomh maith leis an gcoinroinnt iomlán a choinneáil, chuir an BCE síneadh le haibíocht a oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha le linn 2011, agus tugadh isteach oibríochtaí 6 mhí, 12 mhí agus 36 mí.¹³ I raon beart a fógraíodh an 8 Nollaig, áiríodh an cinneadh chun oibríochtaí 36 mí a thairiscint. Áiríodh sna bearta sin méadú ar infhaighteacht comhthaobhachta agus laghdú ar cheanglais chúlchiste, ó 2 faoin gcéad go dtí 1 faoin gcéad. Fógraíodh freisin go scorfaí d'oibríochtaí mionchoigeartaithe chun leachtacht a ionsú, ar oibríochtaí iad a dhéantar ar an lá deireanach de gach tréimhse chothabhála. Tá tuilleadh sonraí faoi na fógraí sin le fáil i mBosca 2.

Lean an BCE freisin d'airgeadra eachtrach a sholáthar do chóras baincéireachta an limistéir euro le linn 2011 trí bhíthin comhaontuithe déthaobhacha le bainc cheannais eile. An 30 Samhain, bhí an BCE ar cheann de shé bhanc ceannais¹⁴ a d'fhógair beart comhordaithe chun dul i ngleic leis an mbrú ar mhargáí airgeadais domhanda trí chostas na n-oibríochtaí a bhain le soláthar Dhollar na Stát Aontaithe a laghdú agus trí shocruithe déthaobhacha babhtála a chomhaontú ionas go bhféadfaí leachtacht a

¹³ D'fhógair an BCE freisin oibríocht 13 mhí a tharlódh an 21 Nollaig. Ina dhiaidh sin, cuireadh oibríocht 36 mí ina hionad.

¹⁴ Ba iad seo a leanas na sé bhanc ceannais a bhí i gceist: Banc Cheanada, Banc Shasana, Banc na Seapáine, an Banc Ceannais Eorpach, an Cúlchiste Feidearálach agus Banc Náisiúnta na hEilvéise.

sholáthar i ngach dlínse in aon cheann de na sé hairgeadra, i gcás go mbeadh gá leis de thoradh dálaí margaidh.

Mar fhreagairt ar an meathlú breise ar dhálaí margaidh airgeadais le linn an tsamhraidh in 2011, thosaigh an BCE athuair ar urrúis fiachais phoiblí an limistéir euro a cheannach trí mheán Chlár na Margaí Urrús (CMU), a bhí measartha neamhghníomhach go luath sa bhliain 2011. Tugadh isteach an CMU ar dtús i mí Bealtaine 2010 d'fhonn dul i ngleic leis an dianteannas a bhí tagtha chun cinn i roinnt deighleog den mhargadh airgeadais agus a bhí ag cur isteach ar an meicníocht tarchuir beartais airgeadaíochta agus, ar an gcaoi sin, a bhí ag dul i bhfeidhm ar réachtáil éifeachtach an bheartais airgeadaíochta. Déanann an BCE an leachtacht bhreise a ghintear trí na hoibríochtaí seo a athionsú gach seachtain. Ghlac an Banc páirt ghníomhach sa chlár seo. De bhreis ar cheannach na n-urrús fiachais phoiblí faoin CMU, d'fhógair an BCE an 6 Deireadh Fómhair gur seoladh an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (CCBC2), arb é €40 billiún an méid beartaithe ceannaigh. Táthar ag súil go

mbeidh na ceannacháin sin i gcrích faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2012.

Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta

Mar fhreagairt ar an éiginnteacht leanúnach sa mhargadh airgeadais, lean an Banc, thar ceann an Eurochórais, de thacaíocht shuntasach leachtachta a sholáthar do chóras baincéireachta na hÉireann sa bhliain 2011. B'ionann iasachtú iomlán bheartas airgeadais an Eurochórais agus €913 billiún ag deireadh mhí na Nollag 2011 (lena n-áirítear oibríochtaí dhollar na Stát Aontaithe), aníos ó €547 billiún ag tús na bliana, agus as an méid sin, bhí €108 billiún á sholáthar, tríd an mBanc, d'institiúidí atá lonnaithe in Éirinn.

Éascaíodh an méadú ar thacaíocht leachtachta trí leanúint le beartas na cionroinnte iomláine ráta shocráithe in oibríochtaí an BCE agus, chomh maith leis sin, tríd an méid suntasach de leachtacht a cionroinneadh in OAF (Oibríocht Athmhaoinithe Fhadtéarmach) 36 mí i mí na Nollag. Mar thoradh ar leanúint le beartas na cionroinnte iomláine ráta shocráithe agus ar chliseadh san fheidhm dáileacháin margaidh

Bosca 2: Fógraí maidir le Beartas Neamhchaighdeánach Airgeadaíochta in 2011

An 4 Lúnasa, mar fhreagairt ar theannas a bheith ann athuair sa mhargadh airgeadais, d'fhógair an BCE, go réachtálfadh sé OAF 6 mhí agus d'fhógair freisin go gcoinneofaí an beartas cionroinnte iomláine rátaí úis ina PAanna agus ina OAFanna agus go mbeadh an ráta ar an dara ceann díobh seo fós innéacsaithe le meán na rátaí PAanna thar shaolré na hoibríochta. Níos déanaí i mí Lúnasa d'fhógair an BCE go gcuirfí síneadh ama lena shaoráid um babhtáil euro – steirling le Banc Shasana go dtí 28 Meán Fómhair 2012, lena bhféadfar £10 billiún a sholáthar don Bhanc mar bheart réamhchúraim, ar mhaithe le freastal ar aon riachtanais shealadacha leachtachta a bheadh ag an gcóras baincéireachta san airgeadra sin.

An 7 Lúnasa, rinne Uachtarán an BCE ráiteas inar fháiltigh sé roimh fhógraí rialtais na hIodáile agus na Spáinne maidir le bearta agus athchóirithe nua i réimsí na mbeartas fioscach agus struchtúrach. Sa ráiteas seo, dúirt an tUachtarán go ndéanadh an BCE Clár na Margaí Urrús a chur chun feidhme go gníomhach ar bhonn roinnt measúnuithe.

An 15 Meán Fómhair 2011, d'fhógair an BCE go réachtálfadh sé oibríochtaí 84 lá chun leachtacht a sholáthar i ndollar na Stát Aontaithe, anuas go dtí deireadh na bliana. Réachtálfaí na hoibríochtaí seo de bhreis ar oibríochtaí leanúnacha seachtainiúla seacht lá arna bhfógairt an 10 Bealtaine 2010.

An 6 Deireadh Fómhair, d'fhógair an BCE go gcoinneodh sé an beartas cionroinnte iomláine ráta shocráithe chomh fada agus ba ghá agus ar a laghad go dtí mí Iúil 2012 agus chinn sé dhá OAF a réachtáil, ceann amháin a mbeadh aibíocht 12 mhí aici agus a réachtálfar i mí Dheireadh Fómhair 2012, agus ceann eile a mbeadh aibíocht 13 mhí aici agus a réachtálfar i mí na Nollag 2011. De bhreis air sin, d'fhógair sé go seolfá clár ceannaigh nua do bhannaí faoi chumhdach a gcuirfí tús leis i mí na Samhna agus arbh é €40 billiún a shuim bheartaithe, agus an 30 Samhain, d'fhógair an BCE bearta comhordaithe le mór bhainc cheannais eile chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht chun tacaíocht leachtachta a sholáthar don chóras domhanda airgeadais. I measc na n-athruithe a rinneadh, cinneadh praghsáil a íslíú ar na socruithe babhtála leachtachta dhollar na Stát Aontaithe faoi 50 bonnphointe ón mBabhtáil Innéacsaithe Thar Oíche (BITO) móide 100 bonnphointe chuig BITO móide 50 bonnphointe chun an corrlach tosaigh a laghdú d'oibríochtaí 84 lá dhollar na SA ó 20 faoin gcéad go dtí 12 faoin gcéad. Chuir na socruithe nua seo ar chumas an BCE freisin euro a sholáthar do bhainc cheannais eile, i gcás inar ghá.

Bosca 2: Fógraí maidir le Beartas Neamhchaighdeánach Airgeadaíochta in 2011

An 8 Nollaig, d'fhógair an BCE bearta suntasacha breise, lena n-áirítear:

- (i) Dhá oibríocht 36 mí a thabhairt isteach ina mbeadh an rogha ag contrapháirtithe scoradh díobh tar éis 12 mhí. De bhreis air sin, bhí an rogha ag contrapháirtithe a bhí rannpháirteach san OAF 12 mhí i mí Dheireadh Fómhair aistriú ón oibríocht sin agus dul isteach san OAF 36 mí.
- (ii) An cóimheas cúlchiste a sheasann faoi láthair idir 2 faoin gcéad agus 1 faoin gcéad den tréimhse chothabhála cúlchiste a laghdú go sealadach ag tosú an 18 Eanáir 2012. Ina phreaseisiúint, luaigh an BCE nach raibh gá anois le córas riachtanas cúlchiste chun dálaí margaidh airgeadais a stiúradh, faoi mar a bhí faoi ghnáthchúinsí, mar thoradh ar an mbeartas cionroinnte iomláine a cuireadh i bhfeidhm ina phríomhoibríochtaí athmhaoinithe agus mar thoradh ar an mbealach ar bhain na bainc úsáid as.
- (iii) Infhaighteacht comhthaobhachta a mhéadú tríd an tairseach rátála a laghdú d'Urrúis áirithe Sócmhainn-bhunaithe (USB) agus a cheadú do na BCNanna, mar réiteach sealadach, roinnt éileamh creidmheasa feidhmíochta (i.e. iasachtaí bainc) a ghlacadh mar chomhthaobhacht, ar éilimh iad a chomhlíonann roinnt critéar incháilitheachta. Beidh éifeacht ag na bearta seo a luaithe a fhoilseofar na hionstraimí iomchuí dlí i ngach tír indibhidiúil sa limistéar euro. An 9 Feabhra 2012, cheadaigh an Chomhairle Rialaithe, i gcás seacht gcinn de BCNanna a chuir tograí iomchuí faoina bhráid, sainchritéir incháilitheachta náisiúnta agus bearta rialaithe riosca chun éilimh bhreise chreidmheasa a ghlacadh go sealadach mar chomhthaobhacht in oibríochtaí creidmheasa san Eurochóras. Bhí an Banc ar cheann de na seacht BCNanna, agus ar an lá céanna, d'fhógair sé go nglacadh sé le comhthiomsú d'éilimh chreidmheasa urraithe (lena n-áirítear morgáistí) agus neamhurraithe (iasachtaí eile) mar chomhthaobhacht i gcoinne oibríochtaí an Eurochórais faoin gclár seo. Tá sé beartaithe ag an mBanc cineálacha éagsúla comhthaobhachta a ghlacfaidh sé faoin tionscnamh seo a thabhairt isteach ar bhonn céimneach thar roinnt míonna; agus
- (iv) Amhail ón tréimhse chothabhála dar tús an 14 Nollaig 2011, scor d'oibríochtaí mionchoigeartaithe chun leachtacht a ionsú, ar oibríochtaí iad a dhéantar ar an lá deireanach de gach tréimhse chothabhála.

airgeadais tharla gur bhain contrapháirtithe an Eurochórais úsáid mhór as an tsaoráid taisce le linn 2011, agus buaicphointe €477 billiún á shroicheadh i mí na Nollag tar éis an OAF 36 mí, agus b'ionann €53 billiún an mheániontaoibh laethúil le linn R1-R3, arna hardú go dtí €249 billiún i R4. Le linn na bliana, thit an Meáninnéacs Euro Thar Oíche (EONIA), agus bhí na leibhéil níos cóngaraí don tsaoráid taisce thar oíche ná ráta beartais an BCE, rud a léiríonn an méadú ar iontaoibh na saoráide taisce.

Ag tús na bliana 2011, OAFanna a bhí i gceist le 57 faoin gcéad d'iasachtú an Eurochórais, fad a bhí POanna (Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe) i gceist leis an 43 faoin gcéad eile. Faoi dheireadh na bliana, tar éis an chéad OAF 36 mí a thabhairt isteach, tháinig athrú suntasach ar chúrsaí sa chaoi gur OAFanna a bhí i gceist le 77 faoin gcéad d'iasachtú an Eurochórais, agus POanna i

gceist le 16 faoin gcéad agus oibríochtaí DSA ag déanamh suas an 7 faoin gcéad eile.

Tháinig méadú ar líon na n-oibríochtaí a rinne an Banc thar ceann an Eurochórais ó 169 sa bhliain 2010 go dtí 198 sa bhliain 2011. Orthu sin, áiríodh 54 oibríocht i ndollar na Stát Aontaithe. D'ísligh líon na gcontrapháirtithe a bhí incháilithe páirt a ghlacadh in oibríochtaí ag deireadh 2011 go dtí 41, anuas ó 42 in 2010. B'ionann agus €126 billiún i mí Eanáir buaicphointe iasachtaí beartais airgeadaíochta arna soláthar ag an mBanc d'institiúidí lonnaithe in Éirinn, anuas ó €132 billiún ag deireadh 2010, agus b'ionann an figiúr sin ag deireadh 2011 agus €108 billiún.

Chomh maith leis sin, chuir an Banc Cúnamh Leachtachta Éigeandála (CLE) ar fáil don chóras baincéireachta. Bhí sé seo ar cheann de na bealaí inar fhreagair an Banc don ghéarchéim

airgeadais, agus tá sé éagsúil leis na gnáthoibríochtaí maoinithe a dhéantar ar mhaithe le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta tríd an BCE. Na hiasachtaí a chuirtear ar fáil d'institiúid chreidmheasa faoin CLE, déantar iad a dheonú i gcoinne comhthaobhachta oiriúnaí i gcomhréir leis na critéir arna sainiú ag an mBanc. Mar is amhlaidh do na nósanna imeachta do chomhthaobhacht incháilithe BCE, cuirtear ciorruithe/lascainí iomchuí i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtabhóidh an Banc aon chaillteanas i gcás mainneachtana ar an gcúnamh iasachta. Fuair an Banc solás foirmiúil ón Aire Airgeadais go ndéanfaí cúiteamh leis an mBanc i leith aon easnamh ar leachtacht na comhthaobhachta. Ag deireadh mhí na Nollag 2011, bhí CLE €42 billiún curtha ar fáil ag an mBanc, anuas ó €49 billiún in 2010.

Torthaí na hÉireann i Suirbhé Iasachtaithe Bainc na bliana 2011

Seoltar an Suirbhé Iasachtaithe Bainc don Limistéar Euro ag na BCNanna gach ráithe agus cuirtear sonraí cáilíochtúla ar fáil leis maidir le hathruithe ar dhálaí an mhargaidh creidmheasa ar fud an limistéir euro. Déantar idirdhealú sa suirbhé idir fiontair agus teaghlaigh mar gheall ar na difríochtaí i bpátrúin mhaoinithe agus i mbealaí tarchuir an bheartais airgeadaíochta leis na hearnálacha sin. Déantar idirdhealú eile idir iasachtú le teaghlaigh chun teach a cheannach, chomh maith le hiasachtaí creidmheasa do thomhaltóirí agus iasachtú eile le teaghlaigh. Sna ceithre bhabhta de SIB a cuireadh i gcrích le linn 2011, tugadh le fios go raibh athruithe ar dhálaí an mhargaidh creidmheasa idir R4 de 2010 agus R3 de 2011. De bhreis air sin, cuireadh roinnt ceisteanna ad hoc sa cheistneoir inar scrúdaíodh an éiginnteacht leanúnach sa mhargadh airgeadais.

Le linn 2011, tuairiscíodh go raibh caighdeán chreidmheasa¹⁵ gan athrú, tríd is tríd, ar iasachtaí le fiontair agus teaghlaigh cé gur éirigh na caighdeáin beagán níos déine i gcás

iasachtaí le haghaidh morgáistí le linn an tríú ráithe de 2011. Bhí éileamh ar iasachtaí¹⁶ níos luainí le linn 2011 agus chonacthas laghdú ar an éileamh a tuairiscíodh sa tríú ráithe den bhliain i gcás fiontar agus iasachtaí morgáiste araon. I gcodarsnacht leis sin, bhí éileamh ar iasachtaí ó fhiontair gan athrú le linn na ráithe deireanaí de 2010 agus sa chéad ráithe de 2011.

Le linn 2011, áiríodh ceithre cheist éagsúla ad hoc sa SIB agus, le ceann amháin díobh, scrúdaíodh cumas na mbanc rochtain a fháil ar mhargaí maoinithe mhórdhíola thar an raon aibíochta, ceist a cuireadh i ngach ceann de na ceithre bhabhta. Le linn 2011, tuairiscíodh meathlú ar an rochtain ar mhargaí maoinithe ach bhí an toradh sin ní ba shuntasáí i mbabhtaí tosaigh den suirbhé. Le linn an bhabhta den suirbhé a seoladh i mí Iúil 2011 scrúdaíodh, den chéad uair, an tionchar a bhí ag Basel III ar bheartais iasachtaithe na mbanc agus tuaradh go ndéanfaí géarú ar na caighdeáin chreidmheasa d'iasachtaí le fiontair sa chéad leath den bhliain 2011 agus sa bhliain 2012 freisin. Ar a shon sin, níor measadh go mbeadh aon tionchar ar iasachtaí le teaghlaigh.

Mar thoradh ar an athstruchtúrú leanúnach ar an earnáil baincéireachta in Éirinn, ba ghá an sampla de na bainc Éireannacha a bhí ag glacadh páirte san SIB a athrú le linn 2011 d'fhonn pictiúr ceart a fháil de na forbairtí i margaí creidmheasa na hÉireann.

¹⁵ Iarradh ar bhainc tuairisc a thabhairt, trí úsáid a bhaint as scála cúig phointe, ar conas a d'athraigh na caighdeáin chreidmheasa a úsáideadh i gcás iasachtaí d'fhiontair agus do theaghlaigh. Le scór faoi bhun a trí, léiríodh sin go raibh na caighdeáin chreidmheasa éirithe níos déine, le scór a trí, léiríodh go raibh na caighdeáin chreidmheasa gan athrú agus le scór ní b'airde ná a trí, léiríodh go raibh na caighdeáin chreidmheasa níos scaoilte.

¹⁶ Iarradh ar bhainc freisin tuairisc a thabhairt ar conas a d'athraigh éilimh ar iasachtaí ó fhiontair agus ó theaghlaigh. Le scór faoi bhun a trí, cuireadh in iúl go raibh laghdú ar éileamh ar iasachtaí, le scór a trí léiríodh go raibh an t-éileamh ar iasachtaí gan athrú, agus le scór ní b'airde ná a trí léiríodh go raibh méadú tagtha ar an éileamh ar iasachtaí.

Maoirseacht ar Institiúidí Airgeadais

Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa

Le linn 2011, rinne an Banc cónascadh ar a ranna miondíola agus mórdíola chun Comhroinn Maoirseachta Baincéireachta (BSD) a bhunú ar mhaithe le feabhas a chur ar mhaoirseacht stuamachta.¹⁷

Bhí ról lárnach ag an mBanc i gcur i bhfeidhm an Chláir um Bearta Airgeadais (CBA) 2011, go háirithe i gcomhordú obair an chomhairleora sheachtraigh (BlackRock) ina athbhreithniú ar phunanna iasachtaí na mbanc agus i bhforbairt AMSL.

Athbhreithnithe Maoirseachta

Lean an Banc lena athbhreithnithe téamacha maoirseachta le linn 2011 ar roinnt institiúidí creidmheasa roghnaithe. Leis na hathbhreithnithe sin, leanadh roinnt príomhthéamaí arna leagan amach i Straitéis an Bhainc don earnáil baincéireachta, 'Banking Supervision: Our New Approach update 2011', agus cuimsíodh na nithe seo a leanas:

- » Measúnú ar éifeachtacht na bhfeidhmeanna um iniúchóireacht inmheánach;
- » Athbhreithniú leantach ar bheartais luacha saothair;
- » Measúnú ar ról agus ar éifeachtacht na gcoistí riosca; agus
- » Athbhreithniú ar riosca trádála.

Tábla 1 – Líon iomlán na Soláthraithe Rialáilte Seirbhíse Airgeadais

	2010	2011
Institiúidí Creidmheasa (lena n-áirítear brainsí de chomhair chreidmheasa thar lear)	78	77
Cuideachtaí Árachais Saoil	70	72
Cuideachtaí Árachais Neamhshaoil	152	151
Cuideachtaí Athárachais	115	101
Gnólachtaí Infheistíochta MiFID (MiFID) (lena n-áirítear brainsí de ghnólachtaí thar lear)	168	153
Gnólachtaí Gnó Infheistíochta Neamh-mhiondíola	13	13
Idirghabhálaithe Miondíola		
– Idirghabhálaithe Ilghníomhaireachta	2,026	1,900
– Comhairleoirí Údaraithe	439	421
– Idirghabhálaithe Árachais/Athárachais	3,774	3,555
Idirghabhálaithe Morgáiste	1,829	1,237
Scéimeanna Comhinfeistíochta (lena n-áirítear fochistí)	4,743	5,062
Soláthraithe Seirbhíse Ciste	253	242
Comhair Chreidmheasa	409	404
Tarchuradóirí Airgid agus Bureaux de Change	27	13
Iasachtóirí Airgid	46	48
Margadh Rialáilte/Oibreoir Margaidh	1	1
Bróicéirí Airgid	6	5
Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola	18	16
Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais	2	2
Institiúidí Íocaíochta	10	11

Tá an líon iomlán d'eintitis arna rialáil ag an mBanc níos lú ná an líon iomlán d'aicmí atá liostáilte thuas ó tharla go bhféadfaidh roinnt soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais a bheith i seilbh dé-údaraithe nó roinnt údaruithe.

¹⁷ Mar chuid de neartú na maoirseachta stuamachta ag an mBanc, baineadh réimsí teicniúla ón Roinn atheagraithe um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus bunaíodh an Roinn um Anailísíocht Stuamachta ina gcuimsítear scileanna gairmiúla speisialaithe in aon roinn amháin. Cuireann an roinn seo seirbhísí teicniúla speisialaithe agus anailís speisialaithe ar fáil do stiúrthóireachtaí maoirseachta an Bhainc i ndáil le tástálacha struis AMSL agus AMSL, le hathchóiriú na hearnála airgeadais agus leis an dul chun cinn ar neartú na maoirseachta ar institiúidí creidmheasa.

¹⁸ Faoi réir athnuachan an cheadúnais gach bliain.

Tábla 2 – Líon na nÚdaruithe a Deonaíodh

	2010	2011
Institiúidí Creidmheasa (lena n-áirítear brainsí de chomhair chreidmheasa thar lear)	0	4
Cuideachtaí Árachais Saoil	2	4
Cuideachtaí Árachais Neamhshaoil	2 ¹⁹	7
Cuideachtaí Athárachais	3	1
Gnólachtaí Infheistíochta MiFID (MiFID) (lena n-áirítear brainsí de ghnólachtaí thar lear)	4	7
Idirghabhálaithe Miondíola		
– Idirghabhálaithe Ilghníomhaireachta	71	30
– Comhairleoirí Údaraithe	15	6
– Idirghabhálaithe Árachais/Athárachais	925	271
Idirghabhálaithe Morgáiste	41	89 ²⁰
Scéimeanna Comhinfeistíochta (lena n-áirítear fo-chistí)	701	778
Soláthraithe Seirbhíse Ciste	18	16
Tarchuradóirí Airgid agus Bureaux de Change	3	0
Iasachtóirí Airgid ²¹	46	48
Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola	5	0
Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais	4	0
Institiúidí Íocaíochta	2	2
Iomlán	1,842	1,263
Údaruithe Aisghairthe		
– An Earnáil Árachais	14	26
– An Earnáil Baincéireachta	6	5
– Scéimeanna Comhinfeistíochta (lena n-áirítear fo-chistí)	583	459
– Soláthraithe Seirbhíse Ciste	6	12
– Gnólachtaí Infheistíochta MiFID (MiFID) (lena n-áirítear brainsí de ghnólachtaí thar lear)	8	16
– Tarchuradóirí Airgid ²² /Bureaux de Change	4	1
– Institiúidí Íocaíochta	0	1
– Bróicéirí Airgid	0	1
– Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola	0	2
– Institiúidí Íocaíochta	0	1
Iomlán	621	524

19 San fhiigiúr don bhliain 2010 agus do bhlianta roimhe sin, áirítear brainsí bunaithe. Ó 2011 ar aghaidh, ní áirítear brainsí sna sonraí.

20 Déantar údaruithe d'idirghabhálacha morgáiste a cheadú le haghaidh téarma 5 bliana nó téarma 10 mbliana. Leis an líon cuíosach ard d'údaruithe a ceadaíodh sa bhliain 2011, leirítear athnuachan roinnt de na húdaruithe le linn na tréimhse sin.

21 Faoi réir athnuachan an cheadúnais gach bliain.

22 Chuaigh údaruithe 14 tarchuradóir airgid i léig an 30 Aibreán 2011 nuair nár tháinig gníomhaíocht na hiocaíochta airgid a thuilleadh faoi údarú agus maoirseacht Acht an Bhainc Ceannais 1997.

Tábla 3 - Líon na gCigireachtaí Stuamachta ar an Láthair agus na gCruinnithe Athbhreithnithe

	2010	2011
Maoirseacht Baintéireachta		
• Láithreacht/breathnóireacht ar an láthair ag cruinnithe boird agus coiste	422.5 daonlá	128
• Cruinnithe Athbhreithnithe le hInstitiúidí Creidmheasa	120	298
• Próiseas PAMM	15	402
Árachas		
• Cigireachtaí & Cruinnithe Athbhreithnithe	191	779
Soláthraithe Eile Seirbhíse Airgeadais		
• Gnólachtaí Infheistíochta/Stocbhróicéireachta		
- Cigireachtaí & Cruinnithe Athbhreithnithe	74	143
- Cruinnithe Maoirseachta Eile /Próiseas PAMM	0	148
• Soláthraithe Seirbhíse Ciste		
- Cigireachtaí/Cruinnithe Athbhreithnithe	58	25
• Bureaux de Change/Tarchuradóirí Airgid		
- Cigireachtaí/Cruinnithe Athbhreithniúcháin	4	0
• Institiúidí Íocaíochta		
- Cigireachtaí/Cruinnithe Athbhreithnithe /Cruinnithe Eile	1	8
• Margaí Rialáilte (SMÉ)		
- Cigireachtaí	0	1
Iomlán	137	325
Comhair Chreidmheasa		
• Cigireachtaí	7	21
• Cigireachtaí Seachfhoinsithe	200	202
• Cruinnithe	84	88
• Athbhreithnithe ag Deireadh Bliana	286	351
Iomlán	577	662
Frithsciúradh Airgid agus CFS		
• Cigireachtaí	6	37
Gníomhaíocht Neamhúdairithe		
• Cigireachtaí	0	8

Tríd is tríd, léiríodh leis na torthaí ó na hathbhreithnithe téamacha go raibh leibhéil éagsúla comhlíontachta ann agus, mar thoradh air sin, forchuireadh gníomhaíochtaí breise um maolú riosca ar na bainc, rud a léiríonn laigí nó rioscaí ar leith a bhain leo ag eascairt as an athbhreithniú.

Soláthar agus Faisnéisiú i leith Lagaithe agus Luacháil Comhthaobhachta

I mí na Nollag 2011, d'fhoilsigh an Banc dhá pháipéar inar leagadh amach dea-chleachtas do na bainc. Sa pháipéar dar teideal 'Impairment Provisioning and Disclosure Guidelines', a bhaineann le gach Institiúid Chlúdaithe, sonraíodh trí phríomhchuspóir. Ba chóir d'Institiúidí Clúdaithe na nithe seo a dhéanamh:

- » Cailteanais arna dtabhú ar iasachtaí a aithint a luaithe is féidir laistigh de chomhthéacs na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais;
- » Cur chuige níos coimeádaí a ghlacadh i leith soláthairtí do lagú a thomhas ina bpunanna iasachtaí go léir; agus
- » Feabhas suntasach a chur ar líon agus ar ghráinneacht cháilíocht a sócmhainní agus a bhfaisnéisithe maidir le bainistíocht riosca creidmheasa chun go gcuideofar le húsáideoirí tuiscint a bheith acu ar a bpróifíil cáilíochta sócmhainní agus ar a gcleachtais um bainistíocht riosca creidmheasa.

Tá an Banc den tuairim go gcuideoidh na nithe sin le muinín an infheisteora in earnáil baincéireachta na hÉireann a athbhunú – is é sin cur chuige níos coimeádaí i leith an tsoláthair don lagú agus feabhas suntasach ar cháilíocht na sócmhainní agus ar fhaisnéisiú riosca creidmheasa. Táthar ag súil go gcuirfidh na hInstitiúidí Clúdaithe na treoirlínte seo chun feidhme a luaithe is féidir agus, mar thoradh air sin, go gcuirfear feabhas suntasach ar cháilíocht na bhfaisnéisithe i dtuarascálacha bliantúla 2011.

Sa dara páipéar dar teideal 'Valuation Processes in the Banking Crisis – Lessons Learned, Guiding the Future', leagadh amach an cleachtas a mholtar do na bainc i réimse na luachála comhthaobhachta.

Riaráistí Morgáiste

Tá riaráistí morgáiste ar cheann de na dúshláin is mó atá ann fós d'Éirinn ón ngéarchéim airgeadais,

agus uaidh sin eascraíonn roinnt saincheisteanna casta maidir le cosaint don tomhaltóir agus baincéireacht stuamachta. Sa bhliain 2011, rinne an Banc nuashonrú ar a Chód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM) mar thoradh ar mholtaí a rinne an Grúpa um Riaráistí Morgáiste agus um Fhiachas Pearsanta (Grúpa Cooney) agus i bhfianaise thaithí an Bhainc i ndáil le hoibriú an Chóid. Leis an gCód athbhreithnithe, cuirtear cosaintí tábhachtacha ar fáil do thomhaltóirí ina ndéileálacha le hiasachtóirí morgáiste i gcásanna ina bhfuil riaráistí i gceist.

Le linn 2011, leag an Banc béim ar leith ar riaráistí morgáiste ar an gcaoi seo a leanas:

- » Reáchtáladh sraith de sheisiúin neamhrialála leis na bainc chun a fháil amach cén dearcadh a bhí acu i dtaobh scála na faidhbe fiachais. Áiríodh comhairliúcháin le BlackRock, Genworth agus roinnt soláthraithe seirbhíse seachfhoinsithe d'fhonn léargas a fháil ar threochtaí intíre agus idirnáisiúnta agus ar na cleachtais is fearr.
- » Thug an Banc cuireadh do 21 iasachtóir morgáiste Straitéis chuimsitheach Réitigh do Riaráistí Morgáiste (SRRM) a chur faoina bhráid, ar Straitéis í a bheadh faomhaithe ag an mbord agus ina gcuimseofaí sonraí maidir leis an gcaoi a gcuirfidh siad an straitéis sin chun feidhme. Is é is cuspóir don straitéis sin a chinntiú go mbeidh creat laidir i bhfeidhm ag gach iasachtóir morgáiste chun réitigh iomchuí a chur ar fáil do thomhaltóirí a bheidh i riaráiste morgáiste agus do thomhaltóirí a bheidh i mbaol riaráiste. Ní foláir don chreat seo bheith inbhuanaithe ó thaobh costais agus caipitil agus ba cheart go gcaithfear go cóir cothrom le tomhaltóirí de réir an CIRM. Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar na straitéisí agus ar na pleananna sin, chuaigh an Banc i dteagmháil le gach iasachtóir le linn R1 2012 chun aiseolas, gníomhaíochtaí agus amlínte sonracha a chur in iúl dóibh.

Beidh an Banc ag obair go dlúth le gach iasachtóir morgáiste le linn 2012 chun a chinntiú go ndéanfar bainistiú éifeachtach ar fhadhb na riaráistí morgáiste.

Athstruchtúrú ar an Earnáil Baincéireachta

Mar chuid d'athstruchtúrú chóras na baincéireachta intíre a fógraíodh sa Chlár um Bearta Airgeadais i mí an Mhárta 2011, cónascadh AIB agus EBS chun ceann amháin den dá

Phríomhbhanc sa stát a chruthú. Cheadaigh an Banc an cumasc sin, agus mar chuid den chumasc, rinneadh banc den EBS an 1 Iúil 2011.

I mí Feabhra 2011, aistríodh taiscí agus sócmhainní comhfhreagracha ó Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach chuig AIB agus ó Chumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann (INBS) chuig Cuideachta Bheatha na hÉireann cpt (ILP). I mí Iúil 2011, aistríodh na sócmhainní agus dlíteanais eile de chuid INBS chuig Anglo agus níor fágadh ach creatlach de INBS. Leanfaidh INBS de bheith beo mar chumann foirgníochta agus beidh sé ag feidhmiú de réir na ndualgas agus na n-oibleagáidí arna bhforchur air faoin Acht Cumann Foirgníochta go dtí go ndéanfar a chlárúchán a chur ar ceal. I mí Dheireadh Fómhair 2011, athraíodh ainm Anglo chuig an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (CÉRB).

Measúnuithe Riosca /PAMManna/ CMRanna/Rannpháirtíocht le Institiúidí

Glacann an Banc páirt i gclár bhliantúla maoirseachta do na bainc bunaithe ar a méid agus ar a bpróifíl fhoriomlán riosca. Rinneadh déine na bpleananna um rannpháirtíocht maoirseachta agus cionroinnt na n-acmhainní maoirseachta a shoiléiriú tuilleadh nuair a tugadh isteach córas nua um measúnú riosca, PRISM, go déanach sa bhliain 2011. Le PRISM, déantar institiúidí a aicmiú bunaithe ar thionchar sistéimeach agus ar phróifíl riosca. Le linn 2011, reáchtáil an Banc Ceannais 25 measúnú riosca agus athbhreithniú ar an bPróiseas Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta (PAMM). Cuireadh Cláir um Maolú Riosca (CMR) ar fáil do na bainc seo le linn 2011.

Mar chuid den mhaoirseacht chomhdhlúite ar ghrúpaí baincéireachta a bhfuil oibríochtaí acu i ndlínsí iolracha, tá oibleagáid ar an mBanc páirt a ghlacadh i gColáistí Rialála/Maoirseachta, ar fóraim dhéthaobhacha agus iltaobhacha iad chun faisnéis maoirseachta a roinnt. San AE, ceanglaítear ar na Coláistí sin Measúnuithe Riosca Comhpháirteacha agus Cinntí Caipitil a chomhaontú i ndáil le grúpaí baincéireachta. Tá an Banc ina bhall de 16 Cholaíste Rialála. Le linn 2011, ghlac an Banc Ceannais páirt i 36 Coláiste Maoirseachta agus bhí sé ina óstach do dhá chruinniú de Cholaíste Maoirseachta i ndáil le grúpaí baincéireachta Éireannacha.

Reáchtáladh na coláistí do AIB agus do Bhanc na hÉireann ar laethanta comhleanúnacha go luath i mí na Samhna agus shínigh gach rialtóir iomchuí

MRCCCanna roimh an 31 Nollaig 2011 de réir na rialacha forordaithe. Sna coláistí seo fuarthas ionchur ó Údarás Seirbhísí Airgeadais (Ríocht Aontaithe), ó Choimisiún Seirbhísí Airgeadais (Oileán Mhanann), ó Jersey Financial Services Commission (JFSC), ó Bhanc Chúlchiste Feidearálach Nua-Eabhrac (na Stáit Aontaithe) agus ón Connecticut Department of Banking (na Stáit Aontaithe). Reáchtáladh na coláistí i gcomhréir le treoirínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le coláistí maoirseachta.

Maoirseacht ar Eintitis Árachais

Rinne an Banc cigireachtaí ginearálta ar ghnólachtaí ar leith mar aon le cigireachtaí téamacha i réimsí amhail éilimh, frithghealladh, athraitheacha blianachtaí, rialachas corparáideach, ról agus éifeachtacht choistí riosca boird agus feidhmeanna na hiniúcháireachta inmheánaí. Sa dara cuid den bhliain 2011, reáchtáladh athbhreithniú ar leithligh ar na Ráitis maidir le Fonn Riosca i sampla de ghnólachtaí agus eisíodh litir chuig an tionscal árachais inar leagadh amach na torthaí ginearálta.

Ag eascairt as moltaí an phainéil um rialachas riosca inmheánaigh, eisíodh Pleananna um Maolú Riosca chuig roinnt gnólachtaí árachais. Rinne an Banc monatóireacht ar neamhchosaintí gnólachtaí ar aicmí éagsúla sócmhainne, lena n-áirítear neamhchosaintí ar chreidmheas ceannasach agus ar chreidmheas bainc, agus sheol sé roinnt tástálacha struis ar shócmhainní agus ar dhlíteanais árachóirí i gcásanna éagsúla.

An Ciste Cúitimh Árachais

Chuidigh an Banc leis an Roinn Airgeadais i ndáil le dréachtú an Achta Árachais (Leasú), 2011. Leis an reachtaíocht seo, leasaítear an tAcht Árachais, 1964, faoinar bunaíodh an Ciste Cúitimh Árachais. Tá an Ciste ceaptha focaíochtaí le sealbhóirí polasaí a éascú i ndáil le rioscaí sa Stát i gcás ina rachaidh árachóir neamhshaoil Éireannach nó árachóir neamhshaoil eile, a bhfuil údarú aige ón AE, faoi leachtú nó i gcás ina gcuirfear an t-árachóir sin faoi riarachán.

Faoin reachtaíocht seo, ní mór don Bhanc measúnú bliantúil a dhéanamh ar sheasamh airgeadais an Chiste, lena n-áirítear ranníocaíocht iomchuí a chinneadh a bheidh le híoc ag cuideachtaí árachais neamhshaoil leis an gCiste, fógra a thabhairt do gach cuideachta árachais neamhshaoil ina sonrófar an ranníocaíocht a bheidh le híoc leis an gCiste agus fógra a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Bhainc. An 4 Samhain 2011, thug an Banc fógra d'árachóirí go mbeadh

sé de cheangal orthu ranníocaíocht arb ionann í agus 2 faoin gcéad den Ollphréimh Scríofa a íoc, le héifeacht ón 1 Eanáir 2012 (agus go dtí go dtabharfar fógra eile ina leith).

Sócmhainneacht II

Rinne an Banc obair ullmhúcháin maidir le cur chun feidhme Shócmhainneacht II. Díriodh an obair seo ar thionscadal an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) chun tionchar cainníochtúil agus cáilíochtúil thograí reatha Shócmhainneacht II ar thionscal árachais a chinneadh. Ghlac tionscal árachais na hÉireann páirt shuntasach ann agus bhí an ráta os cionn an mheáin san Eoraip. Bhí an Banc freagrach as comhordú agus anailís a dhéanamh ar na freagraí. Chuige seo, reáchtáil an Stiúrthóireacht Árachais roinnt seimineár faisnéiseach inar pléadh saincheistanna praiticiúla maidir le cur i gcrích na dteimpléad. A luaithe a bhí na haighneachtaí déanta ag tionscal árachais na hÉireann, rinne an Banc anailís ar fhreagraí cainníochtúla agus cáilíochtúla agus cuireadh tuarascálacha faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEAPC). Chomh maith leis sin, bhí idirchaidreamh suntasach ann idir na rialtóirí i ndáil leis an measúnú ar shamhlacha inmheánacha grúpa faoi chóras Shócmhainneacht II atá in aicearracht.

Cleachtadh thar a bheith substainteach is ea próiseas réamhfheidhmithe na Samhla Inmheánaí, agus táthar ag ceapadh go mbeidh Éire freagrach as faomhadh an dara líon is mó de shamhlacha inmheánacha, leis an líon is mó á fhaomhadh ag an Ríocht Aontaithe. Chuir breis is 50 cuideachta árachais isteach ar pháirt a ghlacadh sa phróiseas réamhfheidhmithe. Le linn 2011, chas an Banc le formhór na gcuideachtaí árachais atá tiomanta do chur chuige na Samhla Inmheánaí agus rinne sé réamhanailís ar na samhlacha.

Blianachtaí Athraitheacha

Ghlac an Banc páirt i dTascfhórsa na mBlianachtaí Athraitheacha a thuairiscigh do ÚEAPC le linn an dara ráithe de 2011. Mhol an Tascfhórsa gur chóir do chuideachtaí a bhíonn i mbun gnó na mBlianachtaí athraitheacha (BA) agus d'údaráis maoirseachta na mBallstát iniúchadh cúramach a dhéanamh ar fhachtóirí agus rioscaí. Ghlac an Banc páirt freisin i Sainghrúpa ÚEAPC arna bhunú i mí Bealtaine 2011 a bhfuil mar aidhm aige dea-chleachtais a bhunú maidir le díolachán agus faisnéisiú le haghaidh blianachtaí athraitheacha. Cuirfear tuarascáil i gcrích sa dara ráithe de 2012.

Comhairliúchán/Treoir & Obair Eile

I mí Aibreáin 2011, scríobh an Banc chuig gach árachóir chun seasamh an Bhainc a shoiléiriú i ndáil le hiasachtú a dhéanann cuideachtaí árachais. Shonraigh an Banc nár chóir d'árachóirí bheith i mbun aon iasachtaíthe tráchtála agus nach raibh iasachtaí idir chuideachtaí ceadaithe ach amháin chun críocha sócmhainneachta os cionn na gceanglas sócmhainneachta is infheidhme maidir le gnólachtaí.

Sa chéad leath den bhliain 2011, d'fhoilsigh an Banc plépháipéar maidir le Gineadóirí Cásanna Eacnamaíocha & Comhsheasmhacht Margaidh. Leagtar amach sa pháipéar na dúshláin a thagann chun cinn agus comhsheasmhacht margaidh á baint amach do chonarthaí a bhfuil ráthaíochtaí infheistíochta fadtéarmaí acu.

I mí Dheireadh Fómhair 2011, reáchtáil an Banc cruinniú faisnéise le haghaidh Stiúrthóirí Neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin na gcuideachtaí árachais/athárachais atá faoi réir an Chóid Rialachais Chorporáidigh d'Institiúidí Creidmheasa agus do Ghnóthais Árachais, 2010. Sa chruinniú faisnéise sin, pléadh gnéithe den Rialachas Corparáideach, den Oiriúnacht agus Ionracas, PRISM agus ionchais an Bhainc i leith Stiúrthóirí Neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin.

Ag leanúint ón gCód Rialachais Chorporáidigh d'Institiúidí Creidmheasa agus Gnóthais Árachais, 2010, d'eisigh an Banc Cód Rialachais Chorporáidigh do Ghnóthais Árachais faoi chuing agus do Ghnóthais Athárachais faoi chuing. Tháinig an Cód i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2011 i ndiaidh comhairliúcháin roimhe sin ina leith. Tá go dtí an 31 Bealtaine 2012 ag na cuideachtaí faoi chuing chun na hathruithe riachtanacha a chur chun feidhme ionas go mbeidh na ceanglais á gcomhlíonadh acu.

Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

B'éigean d'earnáil na gcomhar creidmheasa aghaidh a thabhairt athuair ar dhúshláin shuntasacha sa bhliain 2011. Laghdú ar ioncam, ardú ar bhonn costais (lena n-áirítear soláthairtí do dhrochfhiacha agus d'fhiacha amhrasacha) agus brú leanúnach anuas ar dhíbhiní – is comharthaí iad seo go léir go bhfuil an earnáil fós faoi bhrú suntasach airgeadais. Is cúis imní fós é na treochtaí leanúnacha aníos ar leibhéal na riaráistí tuairiscithe, agus b'ionann na riaráistí iomlán

(thar thréimhse naoi seachtaine) agus €1.02bn amhail ar an 31 Nollaig 2011, figiúr a dhéanann suas 19.3 faoin gcéad den leabhar iasachta (31 Nollaig 2010 – 17.3 faoin gcéad).

Le 12 mhí anuas, tá anailís shuntasach déanta ag an mBanc ar sheasamh airgeadais na hearnála. Ar an anailís seo, áirítear Athbhreithniú Straitéiseach ar Eanáil na gComhar Creidmheasa, a ndearna Grant Thornton tuairisciú air i mí Eanáir 2011, an tAthbhreithniú ar Mheasúnú Stuaamachta Caipitil do chomhair chreidmheasa (“AMSC na CC”) agus clár athbhreithnithe an leabhair iasachta do gach comhar creidmheasa, chomh maith le hobair leanúnach mhaoirseachta. Leis an obair seo go léir, is léir go bhfuil dúshlán struchtúracha i ndán don eanáil a gcaithfear dul i ngleic leo.

Athbhreithniú Straitéiseach

Ba é cuspóir foriomlán an Athbhreithnithe Straitéisigh a rinne Grant Thornton measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca eanáil na gcomhar creidmheasa agus tograí sainiúla a chur ar fáil chun fóntacht stuamachta na hearnála a dhaingniú. Aithníodh sa tuarascáil laigi suntasacha airgeadais san eanáil, agus tá imní faoi inmharthanacht roinnt comhar creidmheasa sa ghearthéarma. Leagadh béim sa tuarascáil freisin ar easnaimh shuntasacha sa chreat rialála atá i bhfeidhm, go háirithe easpa ceanglas rialachais agus inniúlachta, easpa cumhachtaí ag an mBanc chun idirghabháil choisctheach a dhéanamh i gcásanna ina bhfuil deacrachtaí airgeadais ag comhair chreidmheasa, agus teorainneacha na meicníochtaí um thacaíocht sheachtrach chun cuidiú le comhair chreidmheasa teacht ar leachtacht agus ar chaipiteal.

Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuaamachta Caipitil (AMSC na CC)

Ag eascairt as torthaí an athbhreithnithe straitéisigh i ndáil le rioscaí ionchasacha airgeadais san eanáil, sheol an Banc AMSC CC na bliana 2011. Ba é an cuspóir a bhí leis measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht caipitil eanáil na gcomhar creidmheasa don tréimhse 2011 – 2013 i mbonnchásanna agus i gcásanna maicreacnamaíocha anáis agus rinneadh an measúnú laistigh de struchtúr na hearnála mar atá faoi láthair. Rinneadh AMSC CC ar na sonraí a sholáthair na comhair chreidmheasa. Aithníodh sa mheasúnú go raibh easnamh suntasach sa chaipitil iomlán don eanáil.

Athbhreithnithe ar Leabhair Iasachta

Ba é a bhí mar chuspóir ag an gclár um athbhreithniú leabhar iasachta don tréimhse 2010-2011 do na comhair chreidmheasa go léir, leordhóthanacht na soláthairtí do dhrochfhiacha agus d'fhiacha amhrasacha a mheas tráth na cigireachta agus leibhéil na soláthairtí breise a mbeadh gá leo a mheas. B'ionann iomlán na soláthairtí breise a mbeadh gá leo agus 30 faoin gcéad de na soláthairtí a bhí ann an tráth sin. Cheangail an Banc ar gach comhar creidmheasa na soláthairtí breise a moladh a áireamh i gcuntais dheireadh na bliana.

Lean an Banc de bheith ag díriú ar chur le cúlchistí agus soláthairtí san eanáil trí idirghabhálacha éagsúla rialála amhail íocaíochtaí díbhinní a choinneáil siar sa bhliain 2011 agus srian a chur ar ghnó comhar creidmheasa leithleach ar bhonn cás ar chás. Chuir an Banc srianta maidir le hiasachtú ar 50 faoin gcéad de na comhair chreidmheasa mar gheall ar mheathlú ar a seasaimh airgeadais. Ar na tosca a cuireadh san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na srianta sin, áirítear: ardú ar leibhéil na riaráistí, comhchruinniú rioscaí, leachtacht neamhleor, cleachtais mhíchuí iasachtaithe agus/nó deacrachtaí sócmhainneachta.

Féadtar uasmhéid iasachtaí leithleacha agus uasteorainneacha iasachtaithe mhíosúil a áireamh sna srianta sin maidir le hiasachtú. Tá an Banc den tuairim gur stuama na srianta sin a fhorchur ar na comhair chreidmheasa sin a bhfuil droch-chumas frithgheallta iasachtaí léirithe acu. Tá na srianta ceaptha a chinntiú nach gcuirfidh na comhair chreidmheasa sin taiscí a gcomhaltaí i mbaol breise. Déantar athbhreithniú ar na srianta ar bhonn rialta agus más féidir le comhar creidmheasa a léiriú go bhfuil feabhas tagtha ar a sheasamh airgeadais, féadfar na srianta a mhaolú de réir mar is cuí.

Sa bhliain 2011, d'oibrigh an Banc freisin le comhair chreidmheasa indibhidiúla chun a chinntiú gur forbraíodh agus gur cuireadh chun feidhme pleananna iomchuí um maolú riosca d'fhonn dul i ngleic leis na rioscaí arna n-aithint sa chlár um athbhreithniú ar an leabhar iasachta agus le hobair leanúnach mhaoirseachta eile.

Tábla 4 – Comhair Chreidmheasa ar Ceadaiódh dóibh Seirbhísí Breise agus lasachtaí níos Fadtéarmaí a sholáthar

Ceadú	2010	2011
Seirbhísí Breise – Morgáistí	21	21
Seirbhísí Breise – Árachas Saoil & Pinsin	7	7
Seirbhísí Breise – CCSPanna	47	48
Ceadú le haghaidh lasachtaí níos Fadtéarmaí	35	11
Iomlán	110	87

Coimisiún na gComhar Creidmheasa

Ag leanúint ón Athbhreithniú Straitéiseach ar earnáil na gcomhar creidmheasa a rinne Grant Thornton, bhunaigh an Rialtas Coimisiún na gComhar Creidmheasa (“an Coimisiún”) i mí Bealtaine 2011, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thodhchaí ghluaiseacht na gcomhar creidmheasa agus chun moltaí a dhéanamh i ndáil leis an struchtúr rialála is éifeachtaí do chomhair chreidmheasa. Leis seo, cuireadh san áireamh a sainordú neamhbhrabúis, a n-éiteas atá bunaithe ar obair dheonach agus a bhfócas ar an bpobal, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá le taiscí na dtaisceoirí agus le cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Ar théarmaí tagartha Choimisiún na gComhar Creidmheasa, áirítear moltaí a dhéanamh maidir le roghanna d’athstruchtúrú na hearnála, athruithe reachtúla chun creat rialála na hearnála a dhaingniú agus ról na gcomhar creidmheasa in earnáil athstruchtúraithe na seirbhísí airgeadais a shainiú.

Chuir Coimisiún na gComhar Creidmheasa a thuarascáil eatramhach i gcrích i mí Mheán Fómhair 2011. Leagtar amach sa tuarascáil sin na moltaí tosaigh a fhéachann le creat rialála na gcomhar creidmheasa a dhaingniú agus le foráil a dhéanamh do rialacha agus rialáil níos éifeachtaí. Ar na moltaí sin, áiríodh tabhairt isteach roinnt ceanglas sna réimsí seo a leanas: rialachas, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus oiriúnacht agus ionracas. Ina theannta sin, mhol Coimisiún na gComhar Creidmheasa creat reachtúil lena dtabharfar cumhachtaí don Bhanc Ceannais chun rialacháin a dhéanamh lena socrófar srianta, teorainneacha, caighdeáin agus ceanglais stuamachta do na comhair chreidmheasa agus chun Leabhar Rialacha Stuamachta a thabhairt isteach lena leagfar amach na ceanglais mhionsonraithe. Leis an mbunús reachtúil don Leabhar Rialacha Stuamachta, ba cheart go dtabharfaí an t-údarú riachtanach maidir leis na rialacha fad gur faoin mBanc a bheadh sé ábhar mionsonraithe maidir

leis na rialacha a shocrú, tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin le páirtithe leasmhara na hearnála.

Nuair a chuirfear na moltaí atá sa tuarascáil eatramhach chun feidhme, feabhsófar an creat rialála agus oibríochtúil do na comhair chreidmheasa indibhidiúla agus cuideofar le bonn a chur faoi fhóntacht airgeadais agus faoi fhorbairt na hearnála. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na moltaí a bhaineann le hoiriúnacht agus le hionracas do stiúrthóirí agus do bhainisteoirí agus le bunú an chreata rialachais reachtúil, go háirithe i gcomhthéacs fhorbairt na gcomhar creidmheasa amach anseo. Bhí páirt ghníomhach ag an mBanc in obair Choimisiún na gComhar Creidmheasa i ndáil lena thuarascáil deiridh a críochnaíodh sa chéad ráithe de 2012. Leis na moltaí ón tuarascáil eatramhach agus ón tuarascáil deiridh, foirneofar an reachtaíocht bheartaithe maidir le comhair chreidmheasa a bheidh le cur faoi bhráid an Oireachtais faoi dheireadh 2012. Tá sé rithábachtach go gcuirfí gach ceann de na moltaí sin chun feidhme go hiomlán laistigh de thréimhse ama chomh gearr agus is féidir agus tá an Banc ag obair i gcomhar leis an Roinn Airgeadais ar fhorbairt na reachtaíochta chun éifeacht a thabhairt do na moltaí sin.

Fóram Rialála na gComhar Creidmheasa

Reáchtáil an Banc seacht gcinn de chruinnithe Fhóram Rialála na gComhar Creidmheasa le linn na tréimhse Bealtaine/Meitheamh. Leis na cruinnithe seo, tugadh an deis don Bhanc cur leis an bplé dearfach a bhí aige go díreach le comhair chreidmheasa indibhidiúla ag cruinniú tionscnaimh Fhóram 2010. Tá an Fóram Rialála anois ina phríomhchuid de shamhail rannpháirtíochta rialála an Bhainc don earnáil. Tugann an Fóram an deis don Bhanc plé go díreach le comhair chreidmheasa indibhidiúla agus cur chuige an Bhainc a phlé i ndáil le cur chun feidhme na n-athruithe rialála atá

BOSCA 3: Straitéis na gComhar Creidmheasa

Tá straitéis rialála an Bhainc d'earnáil na gcomhar creidmheasa bunaithe ar an gcreidiúint gur cheart go mbeadh comhair chreidmheasa láidre dea-rialaithe fós ina gcuid thábhachtach d'earnáil airgeadais na hÉireann. Tá na trí chuspóir seo a leanas ina mbonn taca leis an straitéis seo:

- (i) Comhair chreidmheasa laga neamh-inmharthana a réiteach chun taiscí na gcomhaltaí a chosaint agus chun cobhsaíocht airgeadais na hearnála a choimeád ar bun;
- (ii) Creat iomchuí reachtúil agus rialála a fhorbairt chun cobhsaíocht airgeadais na gcomhar creidmheasa indibhidiúil a chosaint agus chun forbairt na hearnála a éascú; agus
- (iii) Athstruchtúrú níos fadtéarmaí ar an earnáil a dhéanamh chun inmharthanacht fhadtéarmach na hearnála a áirithiú.

Le linn 2011, rinne an Banc dul chun cinn leis an obair ar na cuspóirí straitéiseacha go léir atá luaite thuas agus rinneadh dul chun cinn suntasach go háirithe i ndáil leis an gcéad dá cheann.

riachtanach chun go gcuirfear earnáil na gcomhar creidmheasa ar bhóthar a leasa arís.

Próiseas Dheireadh na Bliana

D'fhoill próiseas stuama, rianúil, tráthúil a áirithiú maidir le breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a éiríonn i ndáil le seasamh airgeadais dheireadh na bliana 2011, d'eisigh an Banc ciorclán chuig gach comhar creidmheasa maidir leis an gcur chuige a cheanglaítear i ndáil le deireadh na bliana. Cuirtear i gcuimhne do na comhair chreidmheasa na cúinsí faoina gceanglaítear orthu aighneacht rialála a dhéanamh i ndáil le tograí chun díbhinní a íoc mar aon leis na sonraí a chuimseofar i ngach aighneacht. D'éirigh go maith leis an bpróiseas ó thaobh creat struchtúrtha a chur ar fáil do chomhair chreidmheasa i ndáil leis na tograí a chuirfear faoi bhráid an Bhainc agus cuidíodh leis an mBanc cinntí eolacha, tráthúla a dhéanamh. I gcás beagnach 85 faoin gcéad de na comhair chreidmheasa, níor íoc siad ach díbhinní ainmniúla 1 faoin gcéad nó níos lú sa bhliain 2011.

I bhfianaise na hiontaobhe a chuireann an Banc i gcuntais iniúchta agus measúnú á dhéanamh aige ar dhálaí airgeadais agus ar fheidhmíocht na gcomhar creidmheasa indibhidiúil, eisíodh ciorclán freisin chuig iniúcháirí seachtracha na gcomhar creidmheasa lena cuireadh a gcuid oibleagáidí i gcuimhne dóibh i ndáil le hiniúchadh dheireadh na bliana maille le réimsí áirithe fócais eile. Leis seo, cinntíodh go raibh na hiniúcháirí go hiomlán ar an eolas maidir leis na nithe a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i dtuairim an Bhainc mar chuid de phróiseas dheireadh na bliana.

Réiteach

Cheap an Banc córas maoirseachta chun luathaithe a dhéanamh ar chomhair chreidmheasa laga nó neamh-inmharthana. Bunaíodh creat freisin chun idirghabháil réamhghabhálach a dhéanamh sna cásanna sin. Le hAcht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011, tugtar cumhachtaí nua don Bhanc chun comhair chreidmheasa indibhidiúla a réiteach, lena n-áirítear comhair chreidmheasa a bhfuil ag teip orthu, nó a bhfuil an baol ann go dteipfidh orthu. Áirítear sna cumhachtaí seo, forálacha lena gceadaítear don Bhanc ordú beartaithe um aistriú a dhéanamh nó bainisteoir speisialta a cheapadh. Is tábhachtach na cumhachtaí seo agus an maoiniú a chuireann an Rialtas ar fáil don réiteach i gcomhthéacs muinín a chothabháil in earnáil na gcomhar creidmheasa.

An 13 Eanáir 2012, rinne an Banc Ceannais iarratas go gceapfaí bainisteoir speisialta do Chomhar Creidmheasa an Droichid Nua. Bhí cúlchistí rialála an chomhair chreidmheasa faoi bhun an leibhéil a cheanglaítear agus bhí imní ann maidir lena sheasamh airgeadais. D'fhaomh an Ard-Chúirt an t-ordú. Cuireadh de chúram ar an mbainisteoir speisialta reáchtáil laethúil an chomhair chreidmheasa a bhainistiú agus plean a fhorbairt chun an comhar creidmheasa a chur ar ais ar sheasamh fóna airgeadais. Ba í seo an chéad chaingean ag an mBanc Ceannais faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011.

Leanfaidh an Banc de na gníomhaíochtaí is gá a ghlacadh chun comhair chreidmheasa laga neamh-inmharthana arna n-aithint aige a réiteach d'fhoill taiscí a chosaint agus cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun san earnáil.

Maoirseacht ar Mhargai

Maoirseacht ar Mhargai agus ar Stocbhróicéirí

Idirbhearta a Thuairisciú

Tá feabhas leanúnach ar cháilíocht na dtuarascálacha ar idirbhearta a fhaightear ó ghnólachtaí MiFID²³. Bhí tuilleadh fócais ar thionscnaimh chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí faoi thuairisciú idirbheart. Sa mhéid seo, áirítear: oideachas a chur ar rannpháirtithe margaidh maidir le tuairisciú beacht idirbheart; feabhas ar chlár iniúchóireachta an Bhainc maidir le cáilíocht an tuairiscithe; córas nua de chigireachtaí rialta ar shonraí tuairiscithe a thabhairt isteach; córas inmheánach grádaithe agus sástachta a thabhairt isteach i ndáil le gnólachtaí tuairiscithe agus ceardlanna déthaobhacha um thuairisciú idirbheart a reáchtáil le gnólachtaí. Tá clár comhchosúil oibre beartaithe do 2012 ina ndíreofar níos mó ar na gnólachtaí is measa ó thaobh tuairiscithe de agus ina ndéanfar mionscrúdú níos mó ar idirbhearta casta.

Lean an Banc lena obair chun próisis ardchaighdeán monatóireachta margaidh a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar shonraí tuairiscithe le linn 2011. Dhaingnigh an Banc a ghníomhaíochtaí faireachais margaidh agus tá próisis shuntasacha i bhfeidhm aige anois chun iompar amhrasach sa mhargadh a bhrath. Leanfar leis an obair seo le linn 2012 de réir mar a fhorbróidh an Banc monatóireacht ar leabhair orduithe agus monatóireacht ar dhíorthaigh.

Laistigh den Údarás Eorpach um Urrúis agus Margai (ÚEUM), d'óstáil an Banc comhdháil

ÚEUM ar ar tugadh 'Securities Market Monitoring Methodologies' i Meán Fómhair 2011 mar thoradh ar thionscnamh an Bhainc chun plé níos struchtúrtha a fhorbairt maidir le modheolaíochtaí monatóireachta margaidh. D'fhreastail breis is 40 duine as 20 tír éagsúil ar an gcomhdháil. Rinne toscairí ón bhFrainc, ón Ríocht Aontaithe, ón Iodáil, ón Ísiltír agus ó Éirinn cur i láthair. Bhí na rannpháirtithe ábalta léargas a fháil ar theicnící faireachais margaidh arna bhfeidhmiú i dtíortha Eorpacha eile.

Drochúsáid Margaidh

Ar obair an Bhainc sa réimse seo, áirítear líon suntasach imscrúdaithe arna ndúnadh i ndiaidh imscrúdaithe tosaigh agus líon beag cásanna inar tugadh faoi deara cúiseanna imní mar thoradh ar imscrúdaithe leanúnacha. Leanfaidh an Banc leis an dul chun cinn ar na cásanna seo le linn 2012. An 31 Eanáir 2012, d'fhoirceann an Banc comhaontú tarmलगin a bhí aige le Stocmhalartán na hÉireann lena ndearnadh foráil d'fheidhmeanna áirithe monatóireachta agus imscrúdaithe de bhun Threoir 2003/6/CE maidir le Drochúsáid Margaidh ó cuireadh an Treoir chun feidhme i mí Iúil 2005.

Chuir an Banc tús le himscrúdaithe téamacha chun tagarmharcáil a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann eistheoirí faisnéis cos istigh a láimhseáil agus rinneadh an Banc píosa mór anailíse sa bhliain 2011 maidir le cothabháil na liostaí cos istigh. Sa bhliain 2012, tá sé beartaithe ag an mBanc cur leis an obair seo agus eiseoidh sé Páipéar Comhairliúcháin maidir leis na tograí a eascróidh as an obair sin chun Rialacha agus Treoir um Dhrochúsáid Margaidh a nuashonrú.

Tábla 5 – Tuarascálacha ar Mhonoráireacht ar Margai

	2010	2011
Tuarascálacha Idirbheart ó eintitis atá lonnaithe in Éirinn	18,513,091	22,372,791
Tuarascálacha Idirbheart seolta chuig údaráis inniúla eile via TREM*	15,204,474	18,975,700
Tuarascálacha Idirbheart faighte ó údaráis inniúla eile via TREM*	10,720,854	12,829,415
Smachtbhannaí Riaracháin Cásanna Oscailte	1	4
Smachtbhannaí Riaracháin Cásanna Dúnta	1	2
Iníúchtaí arna ndéanamh ar thuarascálacha idirbheart gnólachtaí	17	48

* Modh Babhtála don Tuairisciú Idirbheart

23 An Treoir um Margai in Ionstraimí Airgeadais.

Tábla 6 – Imscrúduithe faoi Dhlí na nUrrús

	2010	2011
Fiosruithe arna dtionscnamh i ndáil le sárúithe féideartha	15	30
Fiosruithe arna gcur i gcrích i ndáil le sárúithe féideartha	9	37
Tuarascálacha faoi Idirbhearta Amhrasacha arna gcur faoi bhráid an Bhainc ag daoine a eagraíonn idirbhearta ar bhonn gairmiúil	8	3
Tuarascálacha faoi Idirbhearta Amhrasacha arna gcur faoi bhráid an Bhainc ag Údaráis Inniúla eile san AE	4	6
Tuarascálacha faoi Idirbhearta Amhrasacha arna n-aistriú ag an mBanc chuig Údaráis Inniúla eile san AE	7	1
Cúnamh tugtha d'Údaráis Inniúla eile san AE	13	19
Fógraí Cobhsaíochta arna gcur faoi bhráid an Bhainc	0	1
Comhaontuithe Réitigh faoi Dhlí na nUrrús (arna dtabhairt i gcrích)	1	0
Rabhaidh Fhoirmiúla Phríobháideacha Eisithe faoi Dhlí na nUrrús	4	2

Oibreoidh an Banc i gcomhar leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta chun na hathruithe ar an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh a ghlacadh a luaithe a bheidh siad críochnaithe ag an gCoimisiún Eorpach. Ina theannta sin, breithneoidh sé cibé acu an gá athruithe breise a dhéanamh ar an dlí in Éirinn maidir le drochúsáid margaidh chun feabhas a chur ar an gcreat rialála. Leanfaidh an Banc de bheith ag obair leis na Ranna Rialtais cuí i ndáil le Rialachán ón gCoimisiún Eorpach maidir le ceantáil na liúntas gás ceaptha teasa.

Stocmhalartán na hÉireann & Bonneagar Margaidh

Le linn 2011, lean an Banc lena rannpháirtíocht maoirseachta le hionaid trádála a thagann faoina shainchúram rialála. Chuir an Banc cur chuige nua ar bun i leith cheanglas caipitil Stocmhalartán na hÉireann (SÉ) ina cháil mar oibreoir margaidh ar mhargadh rialáilte. Leis an gcur chuige seo, sainítear an ceanglas caipitil do SÉ bunaithe ar anailís ar na rioscaí ar leith a bhíonn ag bagairt ar SÉ agus cuirtear creat i bhfeidhm chun athmhéas a dhéanamh ar na ceanglais sin le caitheamh ama. Reáchtáil an Banc cigireacht ar an láthair freisin ar SÉ i gcomhréir lena phlean chun cigireacht amháin ar an láthair a reáchtáil i rith na bliana.

Rinne an Banc obair shubstaintiúil ar ghnólacht imréitigh a údarú le linn 2011. Rinneadh obair chun córas iomchuí maoirseachta agus tuairiscithe a fhorbairt i dtaca le gníomhaíocht imréitigh díorthach, obair a bhfuil tábhacht ag baint léi i dtéarmaí cumas oibríochtúil agus cumas déanta beartais an Bhainc a fheabhsú sa réimse tábhachtach seo.

Airgeadas Corparáideach

An Treoir Réamheolaire

An 12 Nollaig 2011, chuir an Banc i gcrích go sásúil comhthionscadal le Stocmhalartán na hÉireann chun foirceannadh de chúraimí grinnscrúdaithe réamheolaire a bhí á ndéanamh ag Stocmhalartán na hÉireann thar ceann an Bhainc ó 2005. Faoin Dlí Eorpach, ba ghá an fhreagracht as athbhreithniú ar réamheolairí a thabhairt ar ais don Bhanc faoin 31 Nollaig 2011. Mar gheall ar dháta luath feidhmithe an tionscadail agus ar an mbonneagar nua chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar na scileanna agus an taithí ag seacht bhfostaí ó Stocmhalartán na hÉireann a d'aistrigh chuig an mBanc chun cuidiú leis an bhfeidhm athbhreithnithe, d'éirigh go sásúil le gnóthú chuspóir uileghabhálach an tionscadail – eadhon a chinntiú go leanfadh an obair maidir le hathbhreithniú agus faomhadh réamheolaire mar is gnách.

Mar thoradh ar chur i gcrích sásúil an tionscadail seo, ar tionscadal é a raibh leibhéal suntais mór ag baint leis don mhargadh, tá ardán daingean bunaithe ag an mBanc lena féidir leis cur le dea-cháil na hÉireann mar dhlínse d'fhaomhadh réamheolaire. Sa bhliain 2012, cuirfear chun feidhme na leasuithe ar Threoir Réamheolaire 2003/71/CE de bhun Threoir Leasaitheach 2010/73/AE. Leis na leasuithe seo, féachtar le heisiúint urrús a dhéanamh níos éifeachtaí trí shoiléire bhreise dlí a chur ar fáil; leis na hualaí riaracháin ar eisitheoirí agus ar idirghabhálaithe a laghdú; le rochtain a thabhairt d'fhostaithe na n-eisitheoirí ar raon iomlán deiseanna infheistíochta; agus le cuidiú le hinfheistoirí miondíola anailís níos éifeachtaí a dhéanamh ar réamheolairí agus ar rioscaí a eascraíonn as urrús sula ndéantar infheistiú.

Tábla 7: Próiseas chun Réamheolaire a Fhaomhadh

	2010	2011
Líon na nDoiciméad Faofa	610	665
Líon na nDoiciméad/bhFógraí foilsithe	2,518	2,608
Teastais Pas ullmhaithe	104	92
Fógraí Pasála Isteach próiseáilte	565	749
Líon na nEisitheoirí a ndearna SÉ a n-urrúis a chur ar fionraí ó thrádáil ar iarratas ón mBanc	1	2

An difríocht idir líon na ndoiciméad a faomhadh go dtí seo agus líon na ndoiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Bhainc, baineann sí le (i) Téarmaí Deiridh, Praghas Tairisceana Deiridh agus Líon na bhFógraí Urrús agus na dTuarascálacha Faisnéise Bliantúla (nach bhfuil faomhadh ag teastáil dóibh) a comhdáiodh agus a foilsíodh ar an suíomh gréasáin agus (ii) fógraí i ndáil le réamheolairí a d'fhaomh Údarás Inniúil Ballstáit eile agus ansin a pasáladh isteach go hÉirinn agus nach bhfuil gá le faomhadh ón mBanc ina leith.

Tábla 8: Faisnéisiú Cuideachtaí²⁴

	2010	2011
Tuarascálacha Bliantúla Airgeadais foilsithe	174	147
Tuarascálacha Leathbhliantúla Airgeadais foilsithe	144	131
Ráitis Eatramhacha Bainistíochta foilsithe	129	120
Mór-scairsheilbh curtha faoi bhráid an Bhainc	423	316
Líon na nEisitheoirí a ndearna SÉ a n-urrúis a chur ar fionraí ó thrádáil ar iarratas ón mBanc	16	11

An Treoir Trédhearcachta

Ó cuireadh chun feidhme forálacha Threoir 2004/109/CE maidir le Trédhearcacht i mí an Mheithimh 2007, tá comhaontú i bhfeidhm ag an mBanc chun cúraimí áirithe a tharmligean chuig Stocmhalartán na hÉireann, ar cúraimí iad a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht ceanglas um fhaisnéisiú agus um chomhdú faoin Treoir. Mar thoradh ar reachtaíocht ón AE, ní mór deireadh a chur leis an gcomhaontú tarmligin seo tráth nach déanaí ná an 19 Eanáir 2013.

Cuireadh tús le tionscadal suntasach sa bhliain 2011 chun an comhaontú tarmligin le Stocmhalartán na hÉireann a fhoirceannadh agus táthar ag súil go dtabharfar an tionscadal seo chun críche faoin 31 Nollaig 2012 nó tráth nach déanaí ná an 19 Eanáir 2013 ar aon chuma. Tá an Banc ag obair go dlúth le Stocmhalartán na hÉireann lena chinntiú go leanfaidh an obair atá ar siúl de bhun na Treorach Trédhearcachta ar aghaidh mar is gnách agus leis an méid is lú cur isteach ar an margadh le linn an tionscadail agus ina dhiaidh.

Leis an Treoir Trédhearcachta, bunaítear ceanglais fosta i ndáil leis an bhfaisnéisiú a dhéanann eisitheoirí agus scairshealbhóirí don mhargadh. Ar phríomhréimsí fócais sa bhliain 2012, cinnteofar go mbeidh an fhaisnéis a scaipfear ar an margadh de bhun na Treorach Trédhearcachta ar ardchaighdeán agus go bhfoilseofar go tráthúil í.

Maoirseacht ar Ghnólachtaí Infheistíochta

Tionscadal na dTuairisceán agus na bhFáltais 2011

Tugadh isteach córas tuairiscithe ar líne sa bhliain 2011 chun cuidiú le gnólachtaí infheistíochta agus le hinstiúidí fócaíochta formhór a dtuairisceán rialála a chur isteach go leictreonach. San iomlán, cuireadh 29 tuairisceán rialála do ghnólachtaí infheistíochtaí agus d'instiúidí fócaíochta ar fáil tríd an gcóras tuairiscithe ar líne. Leis seo, gearrtar siar ar riarachán do mhaoirseoirí agus do ghnólachtaí araon agus feabhsaítear cumas anailíse sonraí an Bhainc freisin.

²⁴ Ainmítear an Banc mar an údarás lárnach inniúil chun críocha na Rialachán, ach amháin chun críocha na Treorach Trédhearcachta ar ina leith a ceapadh Údarás Maoirseachta Iníuchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Clár Cigireachta 2011

Le linn 2011, rinneadh cigireachtaí téamacha agus cigireachtaí ginearálta ar ghnólachtaí infheistíochta. Cé gur cuireadh na cigireachtaí in oiriúint do na gnólachtaí indibhidiúla, dhírigh an tsraith de chigireachtaí téamacha ar ghnéithe rialála is coiteann do na gnólachtaí infheistíochta go léir. Rinneadh cigireacht agus measúnú ar eintitis i gcomhthéacs na gceanglas rialála cuí. Ar na réimsí a ndearnadh scrúdú orthu, áirítear comhlíonadh cheanglais shócmhainní na gcliant, feidhmiú na bhfeidhmeanna um rialú airgeadais agus scrúdú ar fheidhmiú na bhfeidhmeanna comhlíontachta laistigh de na gnólachtaí infheistíochta.

Reachtáladh roinnt cigireachtaí speisialta freisin le linn na bliana mar fhreagra ar chúiseanna imní a tháinig chun cinn sa ghnáthphróiseas maoirseachta. De bhreis air sin, rinneadh dul chun cinn le linn 2011 ar thionscadal arna bhunú sa bhliain 2010 chun dianscrúdú a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta a raibh drochthaidid comhlíontachta acu agus leanadh freisin leis an obair a bhain le calaois Madoff.

Cigirí arna gCeapadh ag an Ard-Chúirt

Tar éis gur faisnéisíodh líomhaintí tromchúiseacha nua maidir le mí-iompar in Custom House Capital Limited agus de bhun Rialachán 166(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007, rinne an Banc iarratas chun na hArd-Chúirte chun Cigirí a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí an ghnólachta sin agus tuairisciú ina leith. An 15 Iúil 2011, cheap an Ard-Chúirt beirt Chigire. Cheap an Ard-Chúirt leachtaitheoir chuig Custom House Capital Limited an 21 Deireadh Fómhair 2011, tar éis breithniú a dhéanamh ar Thuarascáil Deiridh na gCigirí, agus thug ordú go bhfoilseofaí Tuarascáil na gCigirí ar shuíomh gréasáin an Bhainc (arna cur in eagar chun ainmneacha na gcliant indibhidiúil a bhaint). Thug an Ard-Chúirt saoirse do na Cigirí freisin an tuarascáil deiridh, gan í bheith curtha ina eagar, ina gcuimseofaí na foilseáin go léir, a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, na gCoimisinéirí Ioncaim agus Choimisinéir na nGardaí.

Bunú an Tascfhórsa um Shócmhainní Cliant

Bhunaigh an Banc tascfhórsa i mí Lúnasa 2011, Tascfhórsa um Shócmhainní Cliant, chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh i ndáil leis na príomhréimsí seo a leanas:

- » Raon feidhme an chórais rialála mar a bhaineann sé le cosaint sócmhainní cliant faoi threoir na nithe seo (a) cineálacha sócmhainní, (b) gníomhaíochtaí infheistíochta agus (c) cineálacha gnólachtaí;
- » An cur chuige maoirseachta atá ann faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas reatha, lena n-áirítear naisc leis na socruithe chun maoirseacht a dhéanamh ar reáchtáil rialacha gnó;
- » Leordhóthanacht na socruithe agus na dtreoirínte reatha le haghaidh iniúchóireachtaí neamhspleácha ar shócmhainní cliant agus úsáid ionchasach na dtuarascálacha ó 'dhaoine oilte'; agus
- » Leordhóthanacht na rialacha agus na rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair chun sócmhainní cliant a chosaint, ag féachaint do na hathruithe a bheidh á ndéanamh ar threoracha MiFID agus UCITS.

Rinne Andrea Pack agus James Bagge comh-chathaoirleacht ar an tascfhórsa, agus iad beirt ina gComhairleoirí Riosca leis an mBanc. Chuidigh taithí fhairsing na gComhairleoirí Riosca seo i dtionscal an airgeadais, lasmuigh den Bhanc Ceannais, go mór le cur i gcrích an athbhreithnithe seo agus le moltaí a bheartú. Fuair siad cúnamh ó bhaill eile den tascfhórsa, baill a tháinig ó ranna cuí den Stiúrthóireacht Margaí a dhéanann maoirseacht ar institiúidí ina bhfuil sócmhainní cliant ar seilbh. Chas na Comhairleoirí Riosca agus an tascfhórsa ar pháirtithe inmheánacha agus seachtracha araon, lena n-áirítear gnólachtaí rialáilte agus iniúcháirí, le linn an athbhreithnithe.

Chuir na Comhairleoirí Riosca tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin an 24 Feabhra 2012. Foilsíodh an tuarascáil mar aon leis an bhfreagairt ón mBanc an 23 Márta 2012. Chuir an Banc tús le tionscadal chun breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iomchuí chun na moltaí a chur chun feidhme.

Institiúidí Airgid Leictreonaigh

Tar éis Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Airgead Leictreonach) a thrasú trí bhithin Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Airgead Leictreonach) an 30 Aibreán 2011, tá an Banc tar éis ceanglais údaraithe agus maoirseachta a chur i gcrích i ndáil le húdarú agus maoirseacht na nInstitiúidí Airgid Leictreonaigh.

Institiúidí Íocaíochta

Mar chuid den chóras leanúnach maoirseachta stuamachta arna bhunú d'institiúidí íocaíochta, rinneadh anailís ar na tuarascálacha rialta a cheanglaítear faoi na ceanglais stuamachta arna n-eisiúint chuig gnólachtaí údaraithe. Ceapadh agus reáchtáladh sraith de chruinnithe athbhreithnithe sa dara leath den bhliain 2011.

Rinne Meitheal an Tascfhórsa i gcoinne Sciúradh Airgid (TFSA), a thagann le chéile ag an Údarás Baintéireachta Eorpach, prótacal Baile/Óstach a thabhairt i gcrích le déanaí chun maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí íocaíochta. Bhí plé déthaobhach ann sa dara leath den bhliain 2011 idir an Banc agus na rialtóirí óstacha eile chun feabhas a chur ar mhaoirseacht agus ar chomhoibriú.

Maoirseacht ar an gCuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta

Tá an Banc freagrach as roinnt beartas arna bhforbairt agus roinnt gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta a fhaomhadh e.g. a beartais infheistíochta a fhaomhadh. Beartaíodh ar sceideal de chruinnithe ráithiúla le linn 2011 chun a chinntiú go mbeadh cumarsáid shásúil ann idir an dá heagraíocht.

Maoirseacht ar Chistí

Déantar maoirseacht ar chistí infheistíochta Éireannacha trí bhíthin samhlacha díreacha agus indíreacha maoirseachta. Baintear é seo amach trí mhaoirseacht a dhéanamh ar bhainisteoirí, ar iontaobhaithe agus ar riarthóirí, arna n-údarú in Éirinn chun seirbhísí a sholáthar do na cistí. De bhreis air sin, is gá do gach ciste sonraí míosúla staidrimh, maille le tuarascáil eatramhach agus ráitis airgeadais iniúchta, a chur faoi bhráid an Bhainc. Sa bhliain 2011, reáchtáil an Banc 25 cruinniú athbhreithnithe (ar an láthair agus lasmuigh den láthair araon) le soláthraithe seirbhísí ciste, agus dhírigh na cruinnithe sin ar na nithe seo: caipiteal, seasamh airgeadais, struchtúr eagraíochtúil, soláthar foirne, córais agus próisis, bainistíocht riosca agus comhlíonadh na gcoinníollacha rialála. Chomh maith leis sin, bhí 80 cruinniú ad hoc ag an mBanc inar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna ar leith amhail iarratais ar mhaolú, sáruithe infheistíochta agus socruithe do chúiteamh ar chistí, mar aon le cúrsaí a bhain le rialachas corparáideach.

Scéimeanna Comhinfeistíochta

Bunaítear Scéimeanna Comhinfeistíochta (cistí) d'fhonn síntiúis chomhthiomsaithe infheisteoirí (arna sealbhú mar aonaid nó mar scaireanna sa scéim) a infheistiú i sócmhainní infheistíochta i gcomhréir le cuspóirí infheistíochta arna bhfoilsiú sa réamheolaire.

B'ionann glanluach shócmhainní na gcistí arna n-údarú in Éirinn agus €1,055.3 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2011 lena ndéantar suas 5,062 ciste, lena n-áirítear fochistí. B'ionann líon na gcúlghairmeacha (iad go léir deonach) de chistí reatha, lena n-áirítear fochistí, sa bhliain 2011 agus 459. Sa bhliain 2011, ba é 177 (lena n-áirítear 778 fochiste)²⁵ líon iomlán na gcistí arna n-údarú faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2003, faoin Acht um Iontaobhais Aonad 1990, faoi Chuid XIII d'Acht na gCuideachtaí 1990, faoin Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005 agus faoin Acht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta, 1994.

An Treoir maidir le Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe (GCUI)

Trasuíodh Treoir GCUI IV chuig dlí na hÉireann trí bhíthin Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2011 (IR Uimh. 352 de 2011), le héifeacht ón 1 Iúil 2011. D'eisigh an Banc leaganacha athbhreithnithe d'Fhógraí GCUI agus de Threoirnótaí Gaolmhara, le héifeacht freisin ón 1 Iúil 2011, inar cuimsíodh na leasuithe is gá chun córas GCUI IV a léiriú. Ó shin i leith, lean an Banc de bheith ag obair chun saincheisteanna arna n-eascairt as an reachtaíocht a réiteach, mar shampla i ndáil leis an bpróiseas fógartha trasteorann do GCUI agus tograí cumaisc trasteorann.

²⁵ Leis na sonraí seo, comhlíontar ceanglais an Bhainc maidir le tuairisciú faoi Alt 3(6) den Acht um Iontaobhais Aonad, 1990.

An Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí

Glacadh an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí (TBCIM) (Treoir 2011/61/AE), an 8 Meitheamh 2011. Caithfear an Treoir seo a thrasú chuig an dlí náisiúnta i mBallstáit an AE faoin 22 Iúil 2013.

Ceanglaítear roinnt beart cur chun feidhme ar ina leith a thug an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) comhairle don Choimisiún Eorpach an 16 Samhain 2011. Cuideoidh an Banc leis an Roinn Airgeadais le hathbhreithniú ar an reachtaíocht bheartaithe Leibhéal 2 atá le heisiúint ag an gCoimisiún Eorpach i R2 2012. Glacfaidh an Banc páirt freisin i gceardlann a eagróidh an Coimisiún Eorpach maidir le trasú TBCIM.

Cistí do Chaipiteal Fiontair Eorpach agus don Fhiontraíocht Shóisialta Eorpach

I mí na Nollag 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tograí le haghaidh na Rialachán a fhorálfadh do Chistí don Chaipiteal Fiontair Eorpach agus don Fhiontraíocht Shóisialta Eorpach. Beartaíodh ar na tograí seo i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí maidir leis na tionscnaimh i mí an Mheithimh 2011. Leanfaidh an Banc lena rannpháirtíocht i bhforbairt na reachtaíochta beartaithe.

Cosaint Tomhaltóirí

Riaráistí Morgáiste

Mar chuid d'fhócas straitéiseach an Bhainc ar chosaint tomhaltóirí, ba é an tionchar a bhí ag an ngéarchéim eacnamaíoch ar theaghlaigh i bhfiacha ceann de phríomhréimsí oibre an Bhainc le linn 2011.

Cód Athbhreithnithe Tomhaltóirí um Riaráistí Morgáiste (CTRM)

Tháinig an leagan athbhreithnithe den CTRM i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2011 agus leagtar amach ann an creat le haghaidh an Phróisis Réitigh do Riaráistí Morgáiste (PRRM) nach mór d'iasachtóirí a ghlacadh nuair a bheidh siad ag déileáil le daoine a bhfuil deacrachtaí riaráistí morgáiste acu.

Sonraí maidir le Riaráistí Morgáiste a Fhorbairt

D'fhoilsigh an Banc faisnéis ráithiúil staidrimh ó gach iasachtóir, lena n-áirítear iasachtóirí nach nglacann le taiscí, ar faisnéis í a bhain le riaráistí morgáiste agus le hathshealbhú maoine. Le linn 2011, thosaigh an Banc freisin ar fhaisnéis a bhailiú maidir le líon na gcuntas morgáiste a ndearnadh athstruchtúró orthu, mar shampla, na cuntais sin nach bhfuil ach ús á ngearradh orthu. Leis na sonraí seo, cuireadh trédhearcacht níos fearr ar fáil maidir le cineál agus leibhéal an staonta atá á thairiscint d'iasachtaithe.

A Chinntiú go gComhlíonann Iasachtóirí an CTRM Athbhreithnithe

In athbhreithniú cuimsitheach ar chomhlíonadh an CTRM athbhreithnithe agus Threoracha an Bhainc ag iasachtóirí morgáiste, rinneadh mionscrúdú ar shaincheistanna a bhain le muirir ar chuntais morgáiste atá i riaráiste.

Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, rinneadh €70,000 a aisíoc toisc go ndearnadh rótháillí a ghearradh ar 3,100 cuntas morgáiste i riaráiste. Luadh san athbhreithniú seo freisin, nár cuireadh i bhfeidhm na muirir thoirmiscthe ar chuntais mhorgáiste a bhí sonraithe sa Treoir, i bhformhór na gcuntas a ndearnadh athbhreithniú orthu. Chomh maith leis sin agus mar thoradh ar imscrúduithe an Bhainc, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag muirir áirithe maidir le cuntais morgáiste i riaráiste lena n-áirítear muirir na 'ráiteas dúblála'. Leis na forálacha feabhsaithe seo, tabharfar cosaint do na tomhaltóirí is leochailí as seo amach.

Bosca 4: Príomhghnéithe an Phróisis Réitigh do Riaráistí Morgáiste (PRRM)

Faoin PRRM, is gá d'iasachtóirí breathnú ar gach rogha do shocruithe malartacha aisiocaíochta, amhail socrú chun ús amháin a íoc go ceann tréimhse áirithe, síneadh a chur le téarma an mhorgáiste, caipitliú a dhéanamh ar riaráistí agus ús nó fóir a bhaint as aon scéim dheonach a bhfuil iasachtóir ina bhall de e.g. Scéim Úis Iarchurtha, chun a chinneadh cé na roghanna inmharthana ar bhonn cás ar chás. I gcás ina gcuirfidh iasachtóir socrú malartach aisiocaíochta ar fáil, ní foláir don iasachtóir miniú soiléir i scríbhinn a chur ar fáil maidir leis an socrú malartach, lena n-áirítear faisnéis faoin gcaoi a dtuairisceofar na socruithe malartacha aisiocaíochta le Biúró Creidmheasa na hÉireann agus an tionchar a bheidh aige sin ar rátáil chreidmheasa an iasachtaithe.

De bhreis air sin, i gcás ina mbeidh an t-iasachtaí ag comhoibriú leis an iasachtóir, foráiltear leis an CTRM go caithfidh an t-iasachtóir fanacht ar a laghad 12 mhí ón dáta a rachaidh an t-iasachtaí isteach i bpróiseas PRRM sula bhféadfaidh sé iarratas a dhéanamh chun na Cúirte chun gníomhaíocht dhlíthiúil a thionscnamh maidir le maoín a athshealbhú. Ní ceadmhach a áireamh sa tréimhse dhá mhí dhéag sin aon tréimhse ina raibh téarmaí aon socraithe mhalartaigh aisiocaíochta leis an iasachtóir á gcomhlíonadh ag an iasachtaí. A luaithe a rachaidh an t-iasachtaí isteach i bpróiseas PRRM, ní ceadmhach don iasachtóir aon mhuirir bhreise a ghearradh ar an gcuntas morgáiste i ndáil leis na cúinsí riaráiste.

Table 9 – Staidreamh maidir le Riaráistí ar Mhorgáistí Cónaitheacha agus maidir le hAthshealbhú – Sonraí Treochta

Sonraí	Márta-11			Meitheamh-11			Meán Fómhair-11			Nollaig-11		
	Líon	larmhéid '000	Riaráistí '000	Líon	larmhéid '000	Riaráistí '000	Líon	larmhéid '000	Riaráistí '000	Líon	larmhéid '000	Riaráistí '000
Le hÍoc:												
lomlán na gcuntas iasachta morgáiste do thithe cónaitheacha fós le hÍoc – ag deireadh na ráithe	782,429	115,957,640	–	777,321	115,088,537	–	773,420	114,412,371	–	768,917	113,477,283	–
Riaráistí:												
lomlán na gcásanna de riaráistí morgáiste le hÍoc – ag deireadh na ráithe mar atá:												
- I riaráiste 91 go 180 lá	14,268	2,563,539	73,817	15,723	2,852,565	87,488	16,599	3,058,984	81,009	17,825	3,273,772	89,146
- I riaráiste breis is 180 lá	35,341	7,035,684	753,357	40,040	7,985,161	859,877	46,371	9,310,970	993,932	53,086	10,667,015	1,027,975
lomlán na gcásanna de riaráistí breis is 90 lá le hÍoc	49,609	9,599,223	827,174	55,763	10,837,726	947,365	62,970	12,369,954	1,074,941	70,911	13,940,787	1,117,121
% na gcuntas iasachta i riaráiste do bhreis is 90 lá	6.3%	–	–	7.2%	–	–	8.1%	–	–	9.2%	–	–
Athshealbhú:												
Maoin chónaitheach á athshealbhú – ag deireadh na ráithe	692	–	–	809	–	–	884	–	–	895	–	–
Morgáistí Athstruchtúraithe:												
lomlán le haisíoc, arna n-aicmiú ina morgáistí athstruchtúraithe – ag deireadh na ráithe	62,936	11,076,088	169,812	66,732	11,659,116	213,861	69,735	12,228,308	240,428	74,379	13,290,957	316,250
- nach bhfuil i riaráiste as an méid sin	36,662	6,175,036	–	36,855	6,041,961	–	36,376	5,926,189	–	36,797	6,100,786	–

Feabhas a chur ar Chreat Comhlíontachta an Bhainc

Ag leanúint as próiseas cuimsitheach comhairliúcháin, cuireadh obair i gcrích ar athbhreithniú agus ar fhoilsiú na bhfoilseachán seo a leanas:

- » An Cód athbhreithnithe um Chosaint Tomhaltóirí (an Cód) (le héifeacht ón 1 Eanáir 2012);
- » An Cód um Inniúlacht Íosta 2011 (le héifeacht ón 1 Nollaig 2011);

- » An Cód athbhreithnithe lompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM) (le héifeacht ón 1 Eanáir 2011); agus
- » An Cód athbhreithnithe lompair maidir le hlasachtú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (le héifeacht ón 1 Eanáir 2012).

Is ionann an t-athbhreithniú seo ar an gCód agus an daingniú is suntasaí atá déanta ar chosaintí do thomhaltóirí institiúidí airgeadais ó seoladh an chéad Chód i mí Lúnasa 2006, agus áirithítear leis go gcinnteoidh an Banc go bhfuil

seirbhísí airgeadais ag obair ar mhaithe le leas is fearr na dtomhaltóirí. Leis an méid seo, áiríteofar go bhfuil creat stuama, inbhuanaithe ann agus tá an Banc den tuairim gurb é seo an cur chuige is éifeachtaí chun tomhaltóirí a chosaint sa mhargadh reatha.

Tháinig an Cód um Chosaint Tomhaltóirí nua i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2012.

Bosca 5: Príomhghnéithe den chosaint tomhaltóirí sna Cóid nua/athbhreithnithe

An Cód um Chosaint Tomhaltóirí (athbhreithnithe)

- Cosaintí speisialta do thomhaltóirí leochaileacha.
- Ceanglais chun go mbeadh faisnéis níos soiléire agus níos inrochtana ann maidir le táirgí casta.
- Soiléire níos fearr ar an gcaoi ar cheart earráidí agus gearáin a réiteach.
- Cosaint do thomhaltóirí a bhfuil riaráistí acu nach riaráistí morgáiste iad.
- Ceanglais níos saineúla i ndáil le hoiriúnacht táirgí do thomhaltóirí.
- Tomhaltóirí a chosaint ó chiapadh – le linn an phróisis díolacháin/tomhaltóirí atá i riaráiste.

An Cód um Inniúlacht Íosta

- Ceanglas íosta bliantúil de 15 uaire fhoirmiúla d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do gach duine, lena n-áirítear daoine faoi mheantóireacht, a chuirfear in ionad na gceanglas atá ann faoi láthair de 3 huairé an chloig de FGL.
- Modúl Eitice a chur san áireamh i gclár FGL.
- Ceanglais shonracha maoirseachta do gach iontrálaí nua.
- Soiléiriú ar ghníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na gceanglas lena n-áirítear athstruchtúrú agus athsceidealú iasachtaí, leasuithe ar pholasaithe árachais agus seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an idirlíon.
- Athstruchtúrú ar aicmí na dtáirgí airgeadais miondíola.

Eisíodh an Cód nua, i bpáirt, faoi alt 50 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 agus tá dlúthnasc idir é agus an córas Oiriúnachta agus Ionraic a tháinig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2011.

An Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste (athbhreithnithe)

- Ceanglais níos mionsonraithe d'iasachtóirí nuair a bheidh siad ag déileáil le hiasachtaí a bhfuil riaráistí nó deacrachtaí airgeadais acu.
- Ní mór do gach iasachtóir an Ráiteas Caighdeánach Airgeadais (RCA) a úsáid nuair a bheidh faisnéis á bailiú acu ó thomhaltóirí chun measúnú a dhéanamh ar a seasamh airgeadais.
- Treoir fhoilsithe do Thomhaltóirí maidir leis an CTRM agus na cosaintí atá ar fáil do thomhaltóirí.
- Treoir fhoilsithe do Thomhaltóirí maidir le cur i gcrích an RCA.

Tá sonraí faoin dá Threoir le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc.

An Cód Iompair maidir le hiasachtú le FBManna (athbhreithnithe)

- Ní mór d'iasachtóirí a chur in iúl do FBM an fhaisnéis is gá dóibh a sholáthar chun go bhféadfar measúnú a dhéanamh maidir le socrú malartach aisíocaíochta.
- Ní mór d'iasachtóirí an measúnú maidir leis an socrú malartach aisíocaíochta don FBM a dhéanamh agus a chinneadh a chur in iúl don FBM laistigh de 15 lá oibre ón bhfaisnéis go léir a fháil.
- Ní mór d'iasachtóirí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm aige chun an deis a thabhairt don FBM achomharc a dhéanamh maidir lena chinneadh ar shocrú malartach aisíocaíochta.
- I gcás ina mbeidh FBM inníoch maidir lena chumas chun freastal ar aisíocaíochtaí agus go rachaidh sé i dteagmháil leis an iasachtóir, is gá don iasachtóir cuireadh chuig cruinniú athbhreithnithe a thabhairt láithreach don FBM chun na cúinsí a phlé agus measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun socrú malartach aisíocaíochta a thairiscint don FBM.

Tábla 10 – Cigireachtaí Téamacha Dírithe ar Thomhaltóirí le linn 2011

	Gníomhaíocht 2010	Gníomhaíocht 2011
Líon na dTéamaí	6	10
Líon na gCigireachtaí	102	118
Líon na gCruinnithe Neamhchigireachta	162	89

Sonraí Ghníomhaíocht 2011 maidir le Cigireachtaí Dírithe ar Thomhaltóirí

Téamaí (Ar an láthair agus lasmuigh den láthair)	Cineál Eintitis	Líon a ndearnadh cigireacht/ iniúchadh orthu
Athbhreithniú ar Dhoiciméid Phríomhghnéithe Bannaí Rianúcháin*	Institiúidí Creidmheasa	8
Cigireacht ar Rátaí Úis Próimóisíneacha na mBanc *	Institiúidí Creidmheasa	6
Athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chóid Iompair maidir le Babhtáil na gCuntas Reatha le hInstitiúidí Creidmheasa	Institiúidí Creidmheasa	
- Ar an láthair		4
- Siopadóireacht faoi rún (60 brainse de 4 institiúid chreidmheasa)		60
Athbhreithniú ar Tháillí Gníomhaíochtaí As Ord ar Chuntais Reatha	Institiúidí Creidmheasa	5
An Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta**	Institiúidí Creidmheasa	8
Láimhseáil Gearán i nGnólachtaí Árachais*	Árachóir	12
Cigireacht Théamach ar Éilimh i leith Díobhálacha Pearsanta Tríú Páirtí	Árachóir	25 ón deasc agus as an méid sinn rinneadh 11 ar an láthair
Torthaí na Cigireachta ar lasachtóirí Ceadúnaithe Airgid*	lasachtóirí Airgid	11
Athbhreithniú ar Chomhlíonadh an Chóid Iompair um Riaráistí Morgáiste ag na hlasachtóirí Airgid	lasachtóirí Airgid	6
Láimhseáil Gearán i nGnólachtaí Infheistíochta & Stocbhróicéireachta	Gnólachtaí MiFID	6
Athbhreithniú ar Chomhlíonadh Rialacháin MiFID ag Gnólachtaí a thairgeann Conarthaí Difríochta (CD)/ Gealltóireacht	Gnólachtaí MiFID	4
Iomlán na dTéamaí:		10
Iomlán na nEintiteas áirithe sna Téamaí		118
Cigireachtaí Eile (ar an láthair)	Idirghabhálaithe	37
	Gnólachtaí MiFID	2
	Árachas	3
Iomlán na gCigireachtaí		42
Cruinnithe Eile	Gnólachtaí MiFID	7
	Árachas	24
	Idirghabhálaithe	16
	Institiúidí Creidmheasa	30
	Gnólacht TIÁ/Roinn Rialtais/Rialtóir na RA/ Iniúchóir	1
	Ilghnéitheach	2
	lasachtóirí Airgid	2
	Gnólacht Creidmheasa Miondíola	1
	Roinn Rialtais	8
Iomlán na gCruinnithe Neamhchigireachta		91
Foriomlán		251

* Luadh i dTuarascáil Bhliantúil 2010 go dtuairisceofaí na nithe seo sa bhliain 2011.


** Tuairisceofar an tsaincheist seo sa bhliain 2012.

Gníomhaíocht Maoirseachta agus Forfheidhmiúcháin

Baineann an Banc úsáid as roinnt modhanna praiticiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a chuid rialacha éagsúla maidir le hiompraíocht gnó. Áirítear orthu sin iniúchóireachtaí téamacha, athbhreithnithe ginearálta ar ábhair ar leith, siopadóireacht faoi rún agus monatóireacht ar fhógraíocht seirbhísí airgeadais.

Le trí bliana anuas, díródh na cigireachtaí ar ghnólachtaí baincéireachta, árachais agus iasachtóirí airgid le fócas straitéiseach ar réimsí áirithe amhail comhlíonadh na gceanglas reachtúil a áirithiú, 'caitheamh go cóir cothrom' le tomhaltóirí, riaráistí morgáiste, dearadh táirgí agus díolachán táirgí. Mar thoradh ar chur chuige maoirseachta an Bhainc, d'éirigh leis droch-chleachtais a aithint agus freagairt láithreach dóibh trí ghníomh rialála agus forfheidhmiúcháin i gcás gnólachtaí neamhchomhlíontacha, agus dá bharr sin, aisíocadh €20 milliún le tomhaltóirí agus íocadh breis is €6 milliún i gcomhaontuithe socraíochta le gnólachtaí ó ghníomh forfheidhmiúcháin trí Phróiseas Smachtbhannaí Riaracháin an Bhainc le linn na tréimhse sin.

Cigireachtaí Téamacha Tomhaltóirí arna Reáchtáil ag an mBanc sa tréimhse 2009 - 2011



Cigireachtaí Téamacha a Reáchtáladh in 2011

Sa chigireacht a rinne an Banc fuarthas amach go raibh leibhéal ard comhlíontachta ann i leith na gceanglas sa Chód d'Iasachtóirí Airgid agus gearradh táillí ar thomhaltóirí i gcomhréir le costais chreidmheasa agus le RCBanna údaraithe na n-iasachtóirí airgid. Bhí comhlíontacht mhaith ann freisin i leith ceanglas maidir le ceadúnas ar taispeáint agus maidir le costais iasachtaí agus doiciméadúcháin.

I gcigireacht a rinneadh ar Dhoiciméid na bPríomhghnéithe (DPG), ba léir gur cuireadh an DPG agus aon doiciméad eile a éilíodh ar fáil don tomhaltóir ar an mbealach ceart. Ar a shon sin, bhí moill ar eisiúint na ndoiciméad chuig custaiméirí i roinnt cásanna.

I gcigireacht a rinneadh ar láimhseáil gearán i ngnólachtaí árachais, fuarthas go raibh an chomhlíontacht sa réimse seo íseal, réimse na gceanglas maidir le láimhseáil gearán, go háirithe i dtaobh gearán i scríbhinn a aithint agus faisnéis a sholáthar ag pointe teagmhála sa ghnólacht agus ag an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Rinneadh iniúchadh leantach i gcás sáruithe le gnólachtaí indibhidiúla agus cuireadh iad ar an eolas faoin gcleachtas is fearr, bunaithe ar an bhreathnuithe le linn na gcigireachtaí.

Tríd is tríd, bhí na torthaí dearfach agus bhí nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm ag gnólachtaí infheistíochta agus stocbhróicéireachta maidir le gearán i scríbhinn, lena clúdaíodh na ceanglais go léir. Aithníodh roinnt ábhar imní, áfach, i ndáil le mainneachtain sainmhíniú a thabhairt ar ghearán, gearán a aithint go tráthúil, an gearánaí a choinneáil ar an eolas agus comhairle a thabhairt maidir leis an gceart atá ag an tomhaltóir nithe a atreorú chuig an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais.

Rinneadh cigireacht ar rátaí prómóisíneacha úis na mbanc le linn 2011. Ar na príomh-shaincheisteanna a aithníodh sna sé bhanc a ndearnadh athbhreithniú orthu, bhí earráidí sna ráta úis, fógraíocht mhíthreorach agus an ceanglas chun foirmeacha iarratais a choinneáil. Eisíodh treoir chuig gnólachtaí ag iarraidh orthu breithniú a dhéanamh ar na torthaí agus eisíodh fógra chuig tomhaltóirí ag moladh dóibh breithniú a dhéanamh ar aon srianta a bhaineann leis na rátaí úis a tairgeadh dóibh.

Tábla 11 – Saincheisteanna Fógraíochta a ndearnadh Iniúchadh Orthu

	2010	2011
Monatóireacht an Bhainc Ceannais	70	44
Gearáin	15	46
Iomlán	85	90

Torthaí ón Iniúchadh a Rinneadh ar Shaincheisteanna Fógraíochta 2011

Fógraí Leasaithe	Fógraí Tarraingthe Siar	Gan aon Athrú le Déanamh	Leanúnach
53	20	11	6

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh Rialacháin MiFID ag Gnólachtaí a thairgeann Conarthaí Difríochta (CD), fuarthas nach raibh an fhaisnéis a bhailigh na gnólachtaí leordhóthanach, nár leor an measúnú a rinneadh ar oiriúnacht an táirge don chliant, go raibh ábhar margaíochta míthreorach agus nár faisnéisíodh go himleor na rioscaí. Iarradh ar ghnólachtaí beart láithreach a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a bpróisis agus ar a nósanna imeachta reatha chun a chinntiú go raibh rialacháin MiFID á gcomhlíonadh acu.

Le príomhthorthaí na cigireachta ar éilimh i leith díobhálacha pearsanta tríú páirtí, fuarthas tríd is tríd go bhfuil éilimh i leith díobhálacha pearsanta tríú páirtí á láimhseáil go hiomchuí ag gnólachtaí árachais agus go bhfuil an Cód á chomhlíonadh acu. Bíonn éilimh á socrú ag gnólachtaí árachais thar raon na méideanna airgid a leagtar amach i 'Leabhar Méid' an Bhoird Díobhálacha agus baineann an Banc úsáid as mar threoir agus measúnú á dhéanamh aige ar éilimh arna socrú ag gnólachtaí árachais.

Sa chigireacht a rinneadh ar an gcaoi a ndéanann bainc táillí 'as ord' a ghearradh ar chuntais reatha, fuarthas go raibh na táillí uile laistigh de na teorainneacha a d'fhorhmeas an Banc. Sainaithníodh roinnt cúiseanna imní, áfach, maidir leis an mbealach a ngearrtar roinnt táillí. Sa chigireacht, rinneadh iniúchadh ar thrí cinn de tháillí as ord i.e. ús formhuirir, táillí atreoraithe/thar an teorainn agus táillí do mhíreanna neamhíochta, i leith 300 cuntas custaiméara i gcúig bhanc. Áiríodh freisin sa chigireacht, mionscrúdú ar chomhaid de ghearáin ó 100 custaiméir. I measc na bpríomhthorthaí ón gcigireacht, cuireadh cosc ar mhéid íosta úis formhuirir a ghearradh, cuireadh cosc ar tháillí atreoraithe agus ar tháillí do mhír neamhíochta a ghearradh ar an mír chéanna agus cuireadh i bhfeidhm ceanglas go mbunófaí táillí atreoraithe ar iarmhéideanna cuntais ag deireadh an lae. Iarradh ar gach banc

feabhas a chur ar na bealaí ina gcuidíonn siad le custaiméirí táillí 'as ord' a thabhu go háirithe i bhfianaise na timpeallachta reatha eacnamaíche.

Monatóireacht ar Fhógraíocht

Le linn 2011, rinne an Banc iniúchadh ar 90 saincheist a bhain le fógraíocht. Dá thoradh sin, ceanglaíodh go ndéanfaí 20 fógra a tharraingt siar agus go ndéanfaí 53 fógra eile a leasú.

Athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chóid Iompair maidir le hAistriú Cuntas Reatha le Forais Chreidmheasa

Ba é ba chuspóir don chigireacht seo a mheasúnú cé chomh maith is a d'oibrigh an próiseas aistrithe do thomhaltóirí agus a mheasúnú ar chuir foireann túsline na mbanc fainséis ar fáil do chustaiméirí, agus an raibh siad ar an eolas faoi Chód Aistrithe an Bhainc. Reáchtáladh an chigireacht trí obair ar an láthair agus trí úsáid a bhaint as siopadóirí seachtracha faoi rún. Ón gcleachtadh siopadóireachta faoi rún tháinig cúiseanna imní chun solais faoin leibhéal feasachta agus tuisceana i measc foirne brainse maidir leis an gCód Aistrithe, agus faoi cháilíocht na faisnéise arna cur ar fáil do thomhaltóirí agus fiosrúcháin á ndéanamh acu maidir le haistriú. Leis an gcigireacht ar an láthair, áfach, fuarthas gur oibrigh an próiseas aistrithe go maith tríd is tríd laistigh de na hamscálaí reachtúla a bhí ceadaithe, cé go mbíonn fadhbanna leanúnacha ag custaiméirí maidir le horduithe dírdhochair a aistriú.

Maoirseacht ar Idirghabhálaithe Miondíola

Bunaíodh córas d'idirghabhálaithe miondíola chun Tuairisciú ar Líne. Tugadh é seo isteach ar bhonn céimneach do na hidirghabhálaithe miondíola go léir ó mhí Iúil 2011 agus cuideoidh sé leis an mBanc maoirseacht fhoriomlán ar an earnáil.

Bosca 6: Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí (GCT)

D'fhormheas an Coimisiún ceapacháin Anthony Walsh, Bill Knight, Dermot Jewell, Elaine Kempson agus Michael Culloty chuig an GCT i mí Eanáir 2011. Is é ról an GCT comhairle a sholáthar don Bhanc maidir le héifeachtaí Phleananna Straitéiseacha an Bhainc ar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais; maidir le tionscnaimh atá dírithe ar fheabhas a chur ar chosaint do thomhaltóirí seirbhísí airgeadais agus i gcás ina n-iarrfaidh an Banc amhlaidh, maidir le doiciméid, páipéir chomhairliúcháin nó le hábhair eile arna n-ullmhú ag an mBanc. Reáchtáladh an chéad chruinniú an 8 Feabhra 2011. Reáchtáladh cúig chruinniú den GCT le linn 2011, lena n-áirítear cruinniú amháin inar déileáladh go heisiach leis an Straitéis um Chosaint Thomhaltóirí don chéad trí bliana eile. Chuir an GCT comhairle, tuairimí agus ionchur luachmhar ar fáil ar aon cheann déag de thopaicí le linn 2011.

Saincheisteanna maidir le Gearradh Táillí

Leis an Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais (institiúidí creidmheasa, bureaux de change agus gnóthaí tarchurtha airgid) fógra a thabhairt don Bhanc maidir le haon togra chun muirir nua nó muirir mhéadaithe a thabhairt isteach, le haghaidh seirbhísí airgeadais áirithe. Sa bhliain 2011, d'eisigh an Banc litreacha ordaithe de bhun 22 fógra ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais sa réimse seo. Ar na fógraí a fuarthas ó na soláthraithe seirbhísí airgeadais seo, áirítear táille indibhidiúil, táillí i leith táirgí nua a seoladh agus sraitheanna iomlána d'institiúidí creidmheasa. Ceanglaítear ar an mBanc faoin reachtaíocht breithniú a dhéanamh ar gach fógra trí úsáid a bhaint as raon critéar, lena n-áirítear bonn cirt tráchtála, an tionchar a bheadh aige ar na tomhaltóirí ábhartha agus ar iomaíocht san earnáil. As 22 fógra, faomhadh 11 díobh go hiomlán, faomhadh go páirteach 11 eile agus níor diúltaíodh d'aon cheann.

Taighde ar Tháillí ar Chuntais Reatha

An 20 Nollaig 2011, d'fhoilsigh an Banc na torthaí ar thaighde a rinneadh ar tháillí arna ngearradh ag na príomhbhainc mhiondíola ar chuntais phearsanta reatha. Fuarthas gurb iad na custaiméirí a dtéann a gcuntais isteach i rótharraingt neamhúdaraith na custaiméirí a íocann na táillí is airde. Leis an taighde seo freisin, cuireadh na táillí i gcomparáid le táillí comhchosúla arna ngearradh ag roinnt banc sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann. An struchtúr atá ann chun táillí a ghearradh in Éirinn, tá sé éagsúil leis an struchtúr sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann – in Éirinn i gcás custaiméirí a bhfanann a gcuntais sa sochar, íocann siad táillí beagán níos airde nár mar a íoctar sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann ach i gcás custaiméirí a dtéann a gcuntais as ord íocann siad táillí i bhfad níos ísle ná mar a íoctar sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann. Forbraíodh ceithre cinn de phróifíilí custaiméara indibhidiúil chun sealbhóirí éagsúla cuntais a léiriú ó thaobh iompraíochta agus pátrúin úsáide de agus, leis seo, aithníodh go dtabhófaí táillí níos lú ná €50 in aghaidh na bliana do ghnáthhidirbhearta i 60 faoin gcéad de chásanna i mbainc na hÉireann i gcomparáid le 94 faoin gcéad de chásanna sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann. Fuarthas ón taighde go n-eascraíonn táillí arda bainc as gníomhaíocht as ord amhail dírdhóchair neamhíochta, ús formhuirir agus táillí atreoraithe thar an teorainn agus de ghnáth bíonn táillí níos airde ag baint le hidirbhearta de láimh ná mar a bhaineann le hidirbhearta leictreonacha.

Bearta Forfheidhmiúcháin agus Rialála

Comhaontuithe Socraíochta

Le linn 2011, rinne an Banc deich gcinn de chomhaontuithe socraíochta le heintitis rialáilte faoin Nós Imeachta Smachtbhannaí Riaracháin.

Ar na smachtbhannaí a forchuireadh, áirítear dhá dhícháiliú, naoi bhféineál, dar luach €5,050,000 san iomlán, agus naoi n-iomardú. Bhí na féineálacha sa raon €10,000 go €3.35m agus bhain siad le sárúithe éagsúla, lena n-áirítear sárúithe ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí, ar an Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995, ar Acht an Bhainc Ceannais 1971, ar na Rialacháin um Cheadúnú &

Maoirseacht, ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Idirghabháil Árachais), ar Rialacháin MiFID, ar na Ceanglais um Inniúlacht Íosta, ar Lámhleabhar na gComhairleoirí Údaraithe agus ar Cheanglais maidir le Sócmhainní Cliant.

Eisíodh ráitis phoiblí i ndáil leis na socraíochtaí sin agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin an Bhainc. Cuimsítear faisnéis mhionsonraithe iontu maidir leis na sárúithe forordaithe. Tugtar cuntas orthu freisin ar chineál, ar mhéid, ar mhinicíocht agus ar chúiseanna an tsárúithe/na sárúithe, cuireadh síos ar na pionóis a gearradh agus ar na fachtóirí a bhreithnigh an Banc nuair a bhí smachtbhannaí cuí á gcinneadh aige. Ag gabháil le gach ráiteas poiblí a eisíodh, bhí tráchtareacht ghinearálta faoin margadh (eisthe de leataoibh mar ráiteas ón Stiúrthóir Forfheidhmiúcháin) lena dtacaítear le

Tábla 12 – Bearta Rialála Déanta sa bhliain 2011

Cineál	Líon Beart	
	2010	2011
Comhaontuithe Socraíochta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin	7	10
Comhaontuithe Socraíochta faoi Dhlí na nUrrús	1	0
Rabhaidh Fhoirmiúla Phríobháideacha arna n-eisiúint faoi Dhlí na nUrrús	4	2
Treoracha arna bhForchur faoin Treoir Trédhearcachta ²⁶	21	16
Treoracha arna bhForchur faoin Treoir Réamheolaire	1	0
Fógraí Rabhaidh arna n-eisiúint i ndáil le Gníomhaíocht Neamhúdaraith	5	6
Rabhaidh Maoirseachta	0	14
Eisiúint na dTorthaí larchigireachta nó na dTorthaí Rialála a gcaithfear Dul i nGleic leo nó a Cheartú (lena n-áirítear litreacha arna n-eisiúint faoin bPlean um Maolú Riosca)	297	925
Iarratas ar Athbhreithnithe Seachtracha – Comhair Chreidmheasa	126	173
Údarú/ Ceadúnas/ Clárú Diúltaithe	4	1
Riarthóir Ceaptha	1	0
Gnólachtaí arna nAthchaipitliú mar thoradh ar Fhadhbanna Sócmhainneachta	29	7
Treoir / Ceanglas Forchurtha ar Chomhair Chreidmheasa	16	20
Iníúcháir Neamhspleách Ceaptha / Gá le Cigire	4	1
Iníúchadh Déanta ar Shaincheistean Fógraíochta	85	90
Cigire Ceaptha ag an gCúirt	0	1
Treoir / Ceanglas Forchurtha faoi Reachtaíocht Eile	41	40
Faisnéisiú chuig Údaráis Forfheidhmiúcháin eile	155	111
Cúlghairm Neamhdheonach/Údarú Aistarraingthe	0	2
Iomlán	797	1,419

²⁶ I gcás treoracha a fhorchuirtear faoin Treoir Trédhearcachta, ní ceadmhach iad a eisiúint ach ar feadh tréimhse 10 lá i ngach turas, agus mar sin, is gá Treoir nua a eisiúint gach 10 lá. Mar shampla, i gcás gur mhainnigh eiseitheoir tuarascáil bhliantúil airgeadais a fhoilsiú laistigh den amscála a shonraítear sna Rialacháin, d'eiseodh an Banc Treoir chuig Stocmhalartán na hÉireann ag iarraidh air trádáil a chur ar fionraí in urrúis an eiseitheora ar feadh tréimhse 10 lá ar feitheamh fhoilsiú na tuarascála bliantúla airgeadais. I gcás go gcuirfí an t-eiseitheoir ar fionraí ar feadh 30 lá, bheadh sé seo bunaithe ar 3 Threoir eisthe ag an mBanc. Sa bhliain 2011, eisíodh 286 Treoir faoin Treoir Trédhearcachta (334 sa bhliain 2010). Má dhéantar coigeartú d'atheisiúint Treoracha a eisíodh roimhe sin, is ionann an líon iomlán Treoracha a eisíodh de bhun na Rialachán agus 16 (21 sa bhliain 2010).

díspreagadh, lena léirítear go bhfuil an Banc tiomanta don fhorfheidhmiúcháin, lena gcuirtear comhlíontacht chun cinn sna heintits rialáilte agus lena gcuirtear oiliúint ar pháirtithe leasmhara maidir le caighdeáin iompraíochta a mbíonn an Banc ag súil leo uathusan a ndéanann sé rialáil orthu. Na cásanna a socraíodh sa bhliain 2011, bhain siad le heintits rialáilte a raibh rátálacha riosca ar fud raon rátálacha PRISM.

Saincheisteanna suntasacha a d'eascair as na cásanna, bhain siad leis na nithe seo a leanas:

- » Mainneachtain tuarascálacha beachta iomlána a sholáthar maidir le hidirbhearta in ionstraimí airgeadais;
- » Mainneachtain bainistiú, monatóireacht agus tuairisciú beacht a dhéanamh ar riachtanais chaipitil riosca;
- » Cóimheasa leachtachta agus/nó earráidí ríomha a aithint;
- » Mainneachtain monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ngníomhairí faoi cheangal;
- » Mainneachtain gearáin agus éilimh ó chustaiméirí a láimhseáil agus a bhreith go héifeachtach, cothrom; agus
- » Mainneachtain córais agus rialuithe imleora a bheith ann/nó a chur chun feidhme chun comhlíonadh na gCód agus na Rialachán éagsúil a chinntiú.

Eisíodh rabhadh maoirseachta ⁱ²⁷ 14 chás.

Faisnéis chun dáta ar an dul chun cinn i gCásanna Suntasacha

An Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc

Le linn 2011, leanadh leis an iniúchadh ar shaincheisteanna i ndáil leis an mBanc Angla-Éireannach (CERB). Go luath san iniúchadh, chuir an Banc na Gardaí agus Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) ar an eolas maidir le cúrsaí áirithe. I mí Bealtaine 2011, chuir na Gardaí in iúl don Bhanc, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, go bhféadfaí dochar a dhéanamh d'aon ionchúiseamh coiriúil amach anseo dá rachadh an Banc ar aghaidh lena iniúchadh. Dá réir sin, bheartaigh an Banc a iniúchadh a chur siar ach beidh an cinneadh sin

faoi réir athbhreithnithe. I bhfianaise thromchúis agus íogaire na n-imeachtaí coiriúla agus láidreachta na smachtbhannaí atá ar fáil do na Gardaí agus don OSFC, is é seo an cur chuige is iomchuí i gcás ina mbeadh féidearthacht réasúnta ann go dtarlódh imeachtaí iolracha dlí. Leanfaidh an t-idirchaidreamh rialta leis na gníomhaireachtaí seo.

Páipéar Comhairliúcháin maidir le Treoirínte Fiosrúcháin

Foilsíodh Páipéar Comhairliúcháin 57, an 25 Samhain 2011, maidir le dréacht-Treoirínte Fiosrúcháin a fhorordófar de bhun alt 33BD d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Is í an aidhm atá leis na dréacht-Treoirínte creat a sholáthar don Bhanc chun Fiosrúcháin a reáchtáil, i gcásanna iomchuí, mar chuid den Nós Imeachta Smachtbhannaí Riaracháin faoi Chuid IIIC d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Cuireann na dréacht-Treoirínte Fiosrúcháin sonraí suntasacha ar fáil ó thaobh an chleachtais agus an nós imeachta is cóir a ghlacadh le linn Fiosrúcháin. Tá sé beartaithe, a luaithis is a bheidh siad i gcrích, go gcuirfí na Treoirínte in ionad an fhoilseacháin “*Administrative Sanctions Guidelines*” arna fhoilsiú ag an mBanc sa bhliain 2005.

Boird Athbhreithnithe na mBanc

D'fhógair an Banc i mí Feabhra 2011 go ndéanadh sé athbhreithniú ar oiriúnacht agus ionracas gach stiúrthóra de chuid institiúidí creidmheasa stát-urraithe (i.e. na bainc agus na cumainn foirgníochta a fuair tacaíocht airgeadais ón Stát).

Ó mhí an Mheithimh 2011, scríobh an Banc chuig 55 stiúrthóir feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin sna sé hInstitiúid Chlúdaithe ag lorg faisnéise uathu i ndáil lena raibh beartaithe acu amach anseo agus ag tabhairt fógra dóibh, maidir leis na stiúrthóirí a raibh sé i gceist acu fanacht ina stiúrthóirí tar éis an 1 Eanáir 2012, go mbeidís faoi réir athbhreithnithe i ndáil leis na cumhachtaí nua a thugtar don Bhanc san Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 a tháinig i bhfeidhm go praiticiúil an 1 Nollaig 2011.

I gcás 26 de na 55 stiúrthóir sna hInstitiúidí creidmheasa clúdaithe, fuair an Banc dearbhú:

²⁷ Is éard is Rabhadh Maoirseachta ann modh neamhrechtúil atá ar fáil don Roinn Maoirseachta i gcás ina mbeidh cúis réasúnta aige a cheapadh gur tharla sárú forordaithe ach gur mheas sé nach raibh gá le smachtbhanna ASP.

- » Go n-éireoidís as mar stiúrthóirí roimh an 1 Eanáir 2012; nó
 - » Go n-éireoidís as mar stiúrthóirí ag an gcéad CCB eile den institiúid lena mbaineann.
- Ní raibh aon duine de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a bhí ann sular tugadh an ráthaíocht Stáit isteach fós ar bhoird na mbanc i ndiaidh an 1 Eanáir 2012. Tá measúnú á dhéanamh ag an mBanc i dtaobh cibé acu ar

Bosca 7: An Córas Oiriúnachta agus Ionracais

I mí an Mhárta 2011, d'eisigh an Banc Páipéar Comhairliúcháin 51 maidir leis an gcóras Oiriúnachta agus Ionracais dá bhforáiltear san Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 ('an tAcht'). Foilsíodh Ráiteas Aiseolais maidir leis an gcomhairliúchán i mí Dheireadh Fómhair 2011. An 1 Nollaig 2011, foilsíodh Rialacháin, Caighdeáin agus Treoir Deiridh i ndiaidh próisis ghearr comhairliúcháin. Foilsíodh Ceisteanna Coitianta faoin gCóras Oiriúnachta agus Ionracais ar shuíomh gréasáin an Bhainc an 27 Márta 2012.

Leis an Acht, tugtar cumhachtaí fadréimseacha don Bhanc thar thionscal na seirbhísí airgeadais chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- » Faomhadh nó crosadh a dhéanamh ar cheapadh daoine i bpoist áirithe;
- » Iniúchadh a dhéanamh ar shealbhóirí, agus i gcás inar iomchuí, iad a bhaint nó a chosc; agus
- » Caighdeáin reachtúla a shocrú don oiriúnacht agus ionracas ar fud thionscal na seirbhísí airgeadais.

Tá feidhm ag na Rialacháin maidir le comhaltaí foirne a dhéanann na feidhmeanna seo a leanas - Feidhmeanna Rialaithe Réamhfhaoifa (FRRanna) agus Feidhmeanna Rialaithe (FRanna). Sna Rialacháin, aithnítear 41 post sinsearach mar FRRanna a bhfuil faomhadh an Bhainc ag teastáil ina leith sula bhféadfar daoine a cheapadh chuig na poist sin. Leis na Rialacháin freisin, forordaítear aicmí sainiúla foirne mar FRanna; is poist iad seo ar féidir daoine a bhaint uathu go sealadach nó go buan nó ar féidir daoine a chosc ar iad a ghlacadh amach anseo. Tá FRRanna ina bhfothacar de FRanna.

Sna Caighdeáin, leagtar amach na coinníollacha nach mór do FRanna a chomhlíonadh ionas gur féidir leo an fheidhm atá sannta dóibh a dhéanamh. Áirítear ina measc an oibleagáid a bheith inniúil agus ábalta chun feidhm rialaithe a dhéanamh, a bheith macánta, eiticíúil agus chun feidhmiú le hionracas agus a bheith stuama ó thaobh airgeadais de.

Éilítear faoin Acht freisin, go mbeidh fostóirí sásta go gcomhlíonann an fhoireann na Caighdeáin, bíodh sin ar thosú san fhostaíocht nó ar bhonn leanúnach. Ar an gcaoi sin, tá dícheall cuí á dhéanamh ag na fostóirí chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na Caighdeáin.

Tabharfar isteach an córas nua ar bhonn céimneach chun dóthain ama a thabhairt d'institiúidí na rialuithe agus nósanna imeachta riachtanacha inmheánacha a thabhairt isteach chun go mbeidh na Rialacháin agus na Caighdeáin á gcomhlíonadh acu.

Ón 1 Nollaig 2011, tháinig foireann i ról FRRanna faoi réir na Rialachán agus na gCaighdeán. Tháinig ceapacháin nua chuig poist nach bhfuil chomh sinsearach (FRanna) faoi réir na Rialachán agus na gCaighdeán ón 1 Márta 2012. Ón 1 Nollaig 2012, beidh feidhm ag na Rialacháin agus na Caighdeáin maidir le gach comhalta foirne i ról reatha FRanna.

Treoir Neamhreachtúil maidir leis an gCóras Oiriúnachta agus Ionracais

Is é is cuspóir don Treoir seo, arna foilsiú an 1 Nollaig 2011, cuidiú le soláthraithe seirbhísí airgeadais a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Alt 21 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010, i ndáil le Caighdeáin Oiriúnachta agus Ionracais. Leagtar amach sa treoir na céimeanna ar cheart do sholáthraí seirbhísí airgeadais a ghlacadh, i dtuairim an Bhainc, ionas go mbeidís sásta ar fhorais réasúnta go mbeadh na Caighdeáin Oiriúnachta agus Ionracais á gcomhlíonadh ag daoine a bheadh i mbun Feidhmeanna Rialaithe nó Feidhmeanna Rialaithe Réamhfhaoifa. Ina theannta sin, tugtar treoir inti maidir le saincheisteanna eile lena n-áirítear, mar shampla, an próiseas le faomhadh ceapachán chuig Feidhmeanna Rialaithe Réamhfhaoifa ag an mBanc.

Seisiún Faisnéise agus Cur i láthair an Bhainc maidir leis an gCóras nua Oiriúnachta agus Ionracais.

I mí na Samhna 2011, d'óstáil an Banc dhá Sheisiún Faisnéise maidir leis an gCóras Oiriúnachta agus Ionracais. Chomh maith leis na seisiúin faisnéise, labhair foireann an Bhainc ag roinnt comhdhálacha le linn 2011 chun faisnéis chun dáta a sholáthar maidir leis an gCóras nua.

cheart athbhreithniú a dhéanamh ar iompraíocht aon stiúrtóra a bhfuil sé i gceist aige/aici fanacht ina stiúrtóir, i gcás ina raibh gá le tacaíocht Stáit ón mbanc sin.

Comhrac i gcoinne Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta

Tá an Banc freagrach as monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i gcoinne Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta (CSAMS) agus ar ghníomhaíochtaí Smachtbhannaí Airgeadais an AE agus tá sé freagrach freisin as iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíocht neamhúdaraíthe gnó.

Ta cumhachtaí forfheidhmiúcháin ag an mBanc freisin maidir le sárúithe líomhnaithe ar CSAMS, ar an reachtaíocht maidir le Smachtbhannaí Airgeadais an AE agus ar na Rialacháin do chur chun feidhme na dTeoracha maidir le Drochúsáid Margaidh, Trédhearcacht agus Réamheolaire.

Reachtáil an Banc 19 gcinn de chigireachtaí CSAMS ar an láthair agus lasmuigh den láthair in institiúidí airgeadais d'fhonn comhlíonadh cheanglais an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú don Sceimhlitheoireacht) 2010, a mheas. Ghlac an Banc páirt freisin i bhforbairt reachtaíocht CSAMS ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta agus i bhforbairt bheartas maoirseachta CSAMS maidir le heintitis trasteorann. Tugadh cúnamh freisin do ghrúpa tionscail i ndruchtú croínótaí teorach ar CSAMS agus don Roinn Airgeadais i ndáil lena rannpháirtíocht sa Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais.

Sa bhliain 2011, fuair an Banc 313 fiosrú i ndáil le gníomhaíocht líomhnaithe neamhúdaraíthe, agus thug freagra ar na fiosruithe sin, d'fhoilsigh sé sé cinn d'fhógraí rabhaidh i ndáil le naoi ngnólacht agus thug 61 tuairisc do na Gardaí faoi Alt 33AK d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú). Rinne an Banc cigireachtaí ar chúig ghnólacht a raibh drochamhras ann ina leith go raibh siad i mbun

gníomhaíochta neamhúdaraíthe. Sa bhliain 2011, seoladh córas nua foláirimh ríomhphoist de chuid an Bhainc lena chur in ionad an chórais de litreacha cóipe crua a bhí in úsáid roimhe sin chun faisnéis a scaipeadh i ndáil le forbairtí i réimse smachtbhannaí airgeadais an AE. Bhí idirchaidreamh fairsing ann freisin leis an tionscal maidir le cur chun feidhme Rialacháin AE ina gcuimsítear bearta i gcoinne na hIaráine agus na Libia go háirithe ag tús na bliana 2011.

Gnólachtaí Íocaíochta Billí & Bainistithe Fiachais

I ndiaidh chliseadh an ghnólachta íocaíochta billí, Home Payments Limited, rinne an Banc athbhreithniú ar 15 ghnólacht a chuireann seirbhís íocaíochta billí agus bainistithe fiachais ar fáil do chustaiméirí, sa bhliain 2011. Ba é ba chuspóir do na cigireachtaí seo a fháil amach, d'éagmais aon sainchórais rialála, cibé acu ar tháinig gníomhaíochtaí na ngnólachtaí seo faoi raon rialála an Bhainc nó nár tháinig. Ghlac an Banc cinneadh go mbeadh ar ghnólachtaí a tháinig faoi raon feidhme an Rialacháin ón CE maidir le Seirbhísí Íocaíochta 2009, cosaintí a chur i bhfeidhm chun cistí na gcliant a chosaint agus chuir sé de cheangal ar na gnólachtaí sin cur isteach ar údarú nó scor den chuid sin dá ngnó. Tá sé beartaithe reachtaíocht bhreise sa réimse seo a thabhairt isteach lena bhforálfar go rialálfar gach gníomhaíocht arna soláthar ag na cineálacha seo ghnólachtaí.

Beartas agus Riosca

Maoirseacht Riosca-bhunaithe a Sholáthar trí mheán PRISM

PRISM

I mí na Samhna 2011, sheol an Banc PRISM (an Córas Dóchúlachta agus Tionchair Riosca) chun feabhas a chur ar chumas an Bhainc rialáil a chur ar fáil a bheadh bunaithe ar bhreithiúnas agus dírithe ar thorthaí. Le PRISM, cuirtear creat aontaithe, riosca-bhunaithe córasach ar fáil don Bhanc – lena n-éascaítear do mhaoirseoirí baincéireachta agus árachais dúshlán a thabhairt do ghnólachtaí airgeadais a ndéanann siad rialáil orthu, breithiúnais a dhéanamh maidir le rioscaí agus gníomhú chun na rioscaí sin a mhaolú– agus mar thoradh air seo athrú suntasach a bhaint amach ar son custaiméirí, saoránach agus an Stáit.

Faoi PRISM, beidh na gnólachtaí is suntasaí – na gnólachtaí sin a bhfuil de chumas acu an tionchar

is mó a bheith acu ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an tomhaltóir – faoi réir leibhéal ard maoirseachta faoi phleananna struchtúrtha idirchaidrimh, agus ag eascairt uaidh sin beidh idirghabhálacha luath ann chun rioscaí féideartha a mhaolú. Déanfar maoirseacht fhrithghníomhach ar na gnólachtaí is lú tionchar nó déanfar maoirseacht orthu trí mheasúnuithe téamacha, agus cuirfidh an Banc forfheidhmiúchán spriocdhírthe i bhfeidhm i leith gnólachtaí sna haicmí tionchair go léir a ndéanann a ndroch-iompraíocht cuspóirí reachtúla an Bhainc a chur i mbaol, lena n-áirítear cobhsaíocht airgeadais agus cosaint don tomhaltóir.

Bille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2011

I mí Iúil 2011, foilsíodh Bille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2011, agus cuireadh tús leis an Dara Céim sa Dáil le linn mhí an Mhéan Fómhair 2011. Is é is cuspóir don Bhillé, cumhachtaí an Bhainc a neartú agus a leathnú

Bosca 8: Cad is maoirseacht riosca-bhunaithe ann?

Eascaíonn maoirseacht riosca-bhunaithe ón bhforas nach bhfuil gach gnólacht chomh tábhachtach céanna don eacnamaíocht agus gur féidir le rialtóir an luach is fearr a bhaint as a acmhainní trí dhírú ar na gnólachtaí a mbaineann an baol is mó leo do chobhsaíocht airgeadais agus do thomhaltóirí. Le córas riosca-bhunaithe, cuirtear modh níos córasaí, níos struchtúrtha ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla riosca, ag cinntiú go seachnaítear cur chuige neamhghnách maidir le maoirseacht gnólachta agus go ndéantar anailís ar rioscaí ionchasacha i leith gnólachtaí is mó tionchair, trí úsáid a bhaint as creat coiteann. Leis seo, féadfar breithiúnais a dhéanamh faoi riosca ionchasach i ngnólachtaí éagsúla trí úsáid a bhaint as tíopeolaíocht choiteann ar scála coiteann.

Is é PRISM an meán atá forbartha ag an mBanc chun teoiric na maoirseachta riosca-bhunaithe a fheidhmiú i gcleachtas. Ceapadh an córas seo le go gcuirfeadh cúpla céad maoirseoir i bhfeidhm é i leith cúpla míle gnólacht rialáilte. Is uirlis maoirseachta agus feidhmchlár bogearraí é PRISM.

Ceapadh PRISM ionas go bhféadfadh an Banc:

- » Modh comhleanúnach smaointeoireachta a ghlacadh maidir le rioscaí ar fud na ngnólachtaí go léir faoi maoirseacht;
- » Acmhainní a leithdháileadh bunaithe ar thionchar agus ar dhóchúlacht;
- » Idirchaidreamh leordhóthanach a bheith ann le gach gnólacht a bhfuil tionchar mór aige;
- » Measúnú a dhéanamh ar rioscaí na ngnólachtaí ar bhealach córasach, struchtúrtha;
- » A chinntiú go nglacfar beart chun rioscaí neamh-inghlactha i ngnólachtaí a mhaolú;
- » Soiléire a chur ar fáil do ghnólachtaí maidir le dearcadh an Bhainc i leith na rioscaí a bhaineann leo;
- » Creat maoirseachta riosca-bhunaithe a fheidhmiú a bheidh cosúil leis an gceann atá ag formhór na rialtóirí suntasacha airgeadais amhail Office of the Superintendent of Financial Institutions i gCeanada, Australian Prudential Regulation Authority san Astráil, Cúlchiste Feidearálach sna Stáit Aontaithe, Banc De Nederlandsche san Ísiltír, agus Prudential Regulation Authority sa Ríocht Aontaithe;
- » Meicníochtaí rialaithe d'ardchaighdeán a úsáid chun cur chuige maoirseachta an Bhainc a spreagadh, chun dúshlán a thabhairt dó agus chun é a ghéarú; agus
- » Anailís a dhéanamh ar bhainistíocht níos fearr faisnéise maidir le próifíl riosca na ngnólachtaí agus na n-earnálacha a ndéanann an Banc maoirseacht orthu.

agus a éascú don Bhanc a chúram a bhaint amach ar mhodh níos éifeachtaí, ag féachaint do na ceachtanna ón ngéarchéim airgeadais.

Leis an mBille seo, feabhsaítear agus daingnítear cumhachtaí an Bhainc maidir le hoifigigh údaraithe a cheapadh, tugtar córas nua isteach lena gceanglaítear go gcuirfear ar fáil tuarascálacha ó dhaoine oilte, tugtar cumhacht trasearnála chun orduithe ceangailteacha a eisiúint, agus feabhsaítear creat an Bhainc don chomhoibriú le maoirseoirí thar lear. Leis an mBille seo freisin, déantar foráil go bhféadfaidh an Banc rialacháin a dhéanamh a bheidh infheidhme go ginearálta, cosaintí a dhéanamh dóibh siúd a dhéanfaidh faisinéisiú cosanta agus fíneálacha a dhéanamh a fhorchuirfear i gcás sáruithe. Foráiltear sa Bhille freisin go bhféadfaidh an Banc pionóis nua a fhorchur agus iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt maidir le haiseag ag soláthraí seirbhíse airgeadais.

Bhí an Banc ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais agus le hOifig an Ard-Aighne i bhfoirmliú agus i ndréachtú fhorálacha an Bhille. Ó foilsíodh é, bhí idirchaidreamh gníomhach idir an Banc agus an Roinn Airgeadais maidir le raon nithe a rachfar i ngleic leo le leasú ar an mBille sula ndéanfar é a achtú. Tá an obair seo idir lámha agus is gá an Bille a achtú agus tosach feidhme a thabhairt dó go gasta chun go mbeidh na cumhachtaí riachtanacha ag an mBanc chun rialáil éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus margáí, agus chun leas is fearr thomhaltóirí na seirbhísí airgeadais a chosaint.

Nuair a achtófar an Bille san Oireachtas, cuirfidh an Banc tús le tionscadal chun forálacha éagsúla na reachtaíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhairliúchán cuí.

Rialachas Corparáideach

Institiúidí Creidmheasa & Gnóthais Árachais

I mí Feabhra 2011, d'óstáil an Banc cruinniú comhchéime le páirtithe leasmhara ar ábhar an Rialachais Chorporáidigh, agus ag freastal ar an gcruinniú sin bhí ionadaithe ón tionscal, comhlachtaí cuntasáíochta, ionadaithe dlí agus lucht acadúil. Dhírigh an cruinniú comhchéime ar na dúshláin agus na deiseanna atá ann do chur chun feidhme an Chóid. I mí Bealtaine 2011, d'fhoilsigh an Banc doiciméad le ceisteanna coitianta faoin gCód Rialachais Chorporáidigh mar mhodh chun treoir a sholáthar agus chun a chinntiú go mbeadh comhsheasmhacht ann maidir le cur i bhfeidhm

an Chóid sa tionscal. I mí Lúnasa 2011, eisíodh treoir bhreise chuig an tionscal chun cuidiú le hinsitíúidí agus le stiúrthóirí an Ráiteas Bhliantúil Comhlíontachta a ullmhú.

Ceanglaítear orthu an ráiteas sin a dhéanamh agus a chur faoi bhráid an Bhainc faoi Alt 25 den Chód Rialachais Chorporáidigh d'Institiúidí Creidmheasa agus do Ghnóthais Árachais.

Gnóthais Árachais agus Athárachais faoi Chuig

I mí Lúnasa 2011, eisíodh an Cód Rialachais Chorporáidigh do Ghnóthais Árachais agus Athárachais faoi Chuig tar éis dul i mbun comhairliúcháin leathain le comhlachtaí tionscail agus leagtar amach sa Chód na ceanglais íosta reachtúla maidir leis an gcaoi ar cheart do ghnóthais faoi chuig rialachas a n-institiúidí a reáchtáil. Foilsíodh Ráiteas Aiseolais, doiciméad le ceisteanna coitianta agus treoir maidir leis an Ráiteas Bliantúil Comhlíontachta faoi Alt 18 den Chód Rialachais Chorporáidigh do Ghnóthais Árachais agus Athárachais faoi Chuig.

Cistí

Chuir tionscal na gcistí Cód Rialachais Chorporáidigh deonach ar fáil don earnáil, i gcomhairle leis an mBanc, a foilsíodh i mí na Nollag 2011.

Rialachas Inmheánach

I mí Bealtaine 2011, chuir an Banc in iúl don tionscal go mbeadh treoirilínte an ÚBE agus ÚEAPC á gcur chun feidhme aige i réimse an Rialachais Chorporáidigh. Féadfar tuilleadh treorach a fhorbairt más iomchuí. Beidh treoirilínte ÚBE agus ÚEAPC mar bhonn don dearbhú a thabharfaidh an t-iniúcháir maidir le rialachas inmheánach.

Prótacal an Iniúcháir

I mí na Nollag 2011, d'eisigh an Banc Prótacal an Iniúcháir idir an Banc agus iniúcháirí na soláthraithe seirbhísí rialáilte airgeadais. Rinneadh é seo tar éis tréimhse chomhairliúcháin, lena n-áirítear cruinniú comhchéime le comhlachtaí ionadaíocha iniúcháir i mí Bealtaine 2011. Is creat é Prótacal an Iniúcháir a chuidíonn leis an mBanc agus leis na hiniúcháirí faisnéis chuí a mhalartú go tráthúil chun feabhas a chur ar an bpróiseas rialála agus ar an iniúcháireacht reachtúil. Tiocfaidh Prótacal an Iniúcháir i bhfeidhm sa bhliain 2012, prótacal a bhainfidh ar dtús le gnólachtaí a mbíonn ardtionchar acu faoi shamhail rialála riosca-bhunaithe PRISM an Bhainc.

Bosca 9: An Treoir maidir le Riachtanais Chaipitil 1V

I mí Iúil 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh TRC IV trí dhá ionstraim reachtúla – Treoir agus Rialachán. Faoi láthair, tá an togra seo faoi chaibidil ar an leibhéal Eorpach. Beartaítear le TRC IV, *inter alia*, na leasuithe seo a leanas a dhéanamh:

- » An sainmhíniú ar cad is caipiteal rialála ann a shoiléiriú;
- » Dhá chóimheas nua leachtachta a thabhairt isteach (i.e. an Cóimheas Clúdaigh Leachtachta agus an Glanchóimheas Maoinithe Cobhsaí);
- » Clúdach riosca a fheabhsú trí riachtanais do riosca creidmheasa a leasú;
- » Laghdú ar chomhchiogalachta trí mhaolán caipitil athraithe agus comhchiogalachta araon a thabhairt isteach;
- » Cóimheas gearála nach bhfuil bunaithe ar riosca a thabhairt isteach in ionad na riachtanas caipitil riosca-bhunaithe; agus
- » An chéad chéim de leabhar singil rialacha lena mbainfear roinnt mhaith de na treoracha náisiúnta atá ar fáil faoi láthair do na Ballstáit.

Dearbhú an Iniúcháir maidir le Rialachas Inmheánach

I mí an Mheithimh 2011, bhunaigh an Banc meitheal ar a raibh ionadaithe ó ghairm na hiniúcháireachta agus ó Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann chun treoir a fhorbairt d'iniúcháirí maidir le dearbhú a sholáthar faoi rialachas inmheánach. Is é is cuspóir don ghrúpa seo moltaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur chun cinn, moltaí arna leagan amach ina thuarascáil i mí na Nollag 2009 i ndáil le dearbhú dearfach arna sholáthar ag iniúcháirí maidir le rialachas inmheánach na n-institiúidí airgeadais.

Rannpháirtíocht in Údarais Maoirseachta Eorpacha

I mí Eanáir 2011, bunaíodh trí Údarás Maoirseachta Eorpacha²⁸ (ÚMEanna) nua – lena gcuimsítear baincéireacht, árachas/pinsin cheirde agus urrúis/margaí. Tá an Banc ina bhall de gach ceann de na húdarais sin. Mar thoradh ar na freagrachtaí a chuirtear ar na húdarais sin, ó thaobh an creat rialála a fhorbairt, mar aon le freagairt don ghéarchéim leanúnach airgeadais, bhí gá le tiomantas breise agus le rannpháirtíocht bhreise ó na baill. Glacann comhaltai foirne ó na ranna rialála agus beartais páirt i gcoistí lárnacha agus i meithlí. Le linn 2011, ceapadh an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) chuig Bord Bainistíochta (ÚEAPC) agus ceapadh é mar Chathaoirleach Malartach ar an ÚBE.

Treoracha AE maidir le Riachtanais Chaipitil (TRC)

Tá leasú suntasach á dhéanamh ar an TRC agus déanfar na leasuithe sin a achtú ar bhonn céimneach trí TRC II, III agus IV. Cuireadh TRC II agus III (arna dtrasaí chuig Dlí na hÉireann²⁹ i mí na Nollag 2010) chun feidhme sa bhliain 2011. Ar na leasuithe is suntasaí, áirítear daingniú na riachtanas caipiteal don leabhar trádála agus athurrúsú, tabhairt isteach rialachán maidir le beartais luacha saothair agus feabhas ar cheanglais maidir le faisnéisiú. Tháinig na ceanglais maidir le luach saothair i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011 agus tháinig na hathruithe a bhain leis an leabhar trádála agus le hathurrúsú i bhfeidhm an 31 Nollaig 2011.

Le linn 2011, bhí gá le hionchur suntasach maidir le trasuíomh beartaithe Basel III chuig dlí an AE trí leasuithe breise a dhéanamh ar an TRC ("TRC IV").

De bhreis ar fhreastal ar chruinnithe de Chomhairle an AE maidir leis an togra, d'fhreastail an Banc ar an gCoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú i mí na Samhna 2011 chun TRC IV a phlé agus rinne sé cur i láthair ar an ábhar do Chomhdháil Chónaidhm Baincéireachta na hÉireann i mí na Nollag 2011.

Maidir leis an mbeartas intíre seo, d'eisigh an Banc Plépháipéar 'Review of the Requirements for the Management of Liquidity Risk' i mí Dheireadh Fómhair 2011. Eisíodh ráiteas aiseolais i R1 2012.

²⁸ Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEAPC) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) a dhéantar suas ó Choiste na Maoirseoirí Eorpacha Baincéireachta (CMEB), ó Choiste na Maoirseoirí Eorpacha um Árachas agus Pinsin Cheirde (CMEÁPC) agus ó Choiste na Rialtóirí Eorpacha Urrúis (CREU).

²⁹ Ionstraimí Reachtúla Uimh. 625 agus 627 de 2010, faoi seach, i mí na Nollag 2010.

Bosca 10: Ullmhúcháin sa bhliain 2011 do Shócmhainneacht II

Lean an Banc lena dhlúthchaidreamh leis an tionscal agus le comhlachtaí ionadaíocha le linn na bliana. Go háirithe, rinne an Banc an méid seo a leanas:

- » D'óstáil sé dhá fhóram tionscail maidir le Sócmhainneacht II i mí Bealtaine agus mí na Samhna 2011 inar díriodh ar ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla faoi seach;
- » Reáchtáil sé suirbhé faoin dul chun cinn atá déanta ag gnóthais ina gcuid ullmhúchán i dtreo Sócmhainneacht II a chur chun feidhme;
- » D'fhoilsigh sé an nuachtlitir "Solvency II Matters" gach ráithe, inar coinníodh páirtithe leasmhara cuí ar an eolas faoi nuacht thábhachtach;
- » Ghlac sé páirt i bhFoghrúpa IFSC ar Shócmhainneacht II – ina gcuimsítear ionadaithe ó thionscal an árachais, ó chomhlachtaí tionscail agus ón Roinn Airgeadais; agus
- » Rinne sé cur i láthair ag roinnt seimineár arna n-eagrú go seachtrach, lena n-áirítear Cumann Achtúirí na hÉireann, Cumann Chuntasóirí Cairte na hÉireann, Cónaidhm Árachais na hÉireann, Ollscoil Luimnigh.

Le linn 2011, chuidigh an Banc leis an Roinn Airgeadais i ndréachtú na nIonstraimí Reachtúla lenar cuireadh chun feidhme an Treoir Omnibus. Beidh cur chun feidhme reachtaíochta ón AE ina fhócas don Bheartas um Baincéireacht Stiuamachta sa bhliain 2012 i gcomhthéacs TRC IV.

An Beartas um Árachas Stiuamachta

Sócmhainneacht II

Is é is príomhchuspóir don Bhanc i gcónaí ullmhúchán a dhéanamh do chur chun feidhme Threoir Shócmhainneacht II. Cé go rabhtas ag súil go gcuirfí an Treoir seo chun feidhme go hiomlán ón 1 Eanáir 2013, bhí moilleanna ann le daingniú Threoir Omnibus II³⁰ a bhaineann léi. Tá an chuma ar an scéal go gcuirfear i bhfeidhm anois í ar bhonn céimneach, agus go ndéanfaidh gach Ballstát an reachtaíocht a thrasú ón 1 Eanáir 2013; beidh feidhm ag roinnt forálacha le linn 2013 agus beidh na ceanglais go léir i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2014. Táthar ag súil le soiléire níos fearr le linn 2012 maidir leis an gcur chun feidhme.

Le linn 2011, lean an Banc de bheith ag obair leis an Roinn Airgeadais trí ionchur a sholáthar i leith na hidirbheartaíochta faoi Omnibus II, trí chomhairle a chur ar fáil faoi thrasú náisiúnta agus trí aighneachtaí a dhéanamh ag gach céim den chomhairliúchán ar fhorbairt na n-ionstraimí tarmilgthe (bearta cur chun feidhme roimhe seo).

Tá obair idir lámha fós ar fhorbairt na bpróiseas feabhsaithe maoirseachta chun ceanglais fhairsinge Shócmhainneacht II a chomhlíonadh,

agus forbraíodh córais nua chun déileáil le méadú substaintiúil na gceanglas um thuairisciú agus clár d'oiliúint foirne maidir le Sócmhainneacht II.

Cumann Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Árachais (CIMA)

Le linn na bliana, bhí plé rialta ann le CIMA, lena n-áirítear rannpháirtíocht ina chomhairliúchán maidir le forbairt an Chreata Chomónta atá beartaithe don Mhaoirseacht ar Ghrúpaí Árachais atá Gníomhach go hIdirnáisiúnta (ComFrame). Tá sé beartaithe an chéim forbraíochta den tionscnamh tábhachtach seo a thabhairt chun críche i mí Iúil 2013.

Painéal Athbhreithnithe Piaráí ÚEAPC

Tá an Banc ina bhall de Phainéal Athbhreithnithe Piaráí ÚEAPC a bunaíodh ar dtús faoi Choiste na Maoirseoirí Eorpacha um Árachas agus Pinsin Cheirde (CMEÁPC) i mí Lúnasa 2008. Is buangehrúpa é seo ar a bhfuil ionadaithe ardleibhéil ó na hÚdaráis Náisiúnta Maoirseachta a bhfuil an neamhspleáchas, an oibiachtúlacht, an tsinsearach, an t-eolas agus an taithí is gá acu chun creidiúnacht agus éifeachtacht a thabhairt do mhodh an athbhreithnithe. Tá sainordú ag an bPainéal Athbhreithnithe chun cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme forálacha maoirseachta a leagtar amach i reachtaíocht an Chomhphobail agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhchruinniú cleachtas mhaoirseachta. I gcomhréir leis an sainordú seo, reáchtálann sé athbhreithnithe piaráí atá

30 Ceapadh Omnibus II chun go mbeadh Sócmhainneacht II ag teacht le creat rialála nua na hEorpa do mhaoirseacht airgeadais.

bunaithe ar fhéinmheasúnuithe lena bhaill. Bhí an Banc ar dhá mheitheal de chuid an Phainéil maidir le Samhlacha Inmheánacha agus Maoirseacht ar Bhairsí. Seolfar na hAthbhreithnithe seo le linn 2012 trí úsáid a bhaint as teimpléid chomhaontaithe (le rannpháirtíocht ghníomhach ón mBanc) sa bhliain 2011. Beartaítear tuarascálacha ar na hAthbhreithnithe seo a chríochnú roimh dheireadh 2012.

An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrúis (EICU)

Tá an Banc ar Bhuanchóiste 5 an EICU (BC5) – Bainistiú Infheistíochta. Tháinig BC5 le chéile trí huair le linn 2011 tráth ar pléadh saincheisteanna inter alia i ndáil le rialachán na gcistí arna dtrádáil ar an malartán agus cistí margaidh airgid, luacháil shócmhainní na gcistí infheistíochta, fionraí na bhfuascailtí agus bainistíocht riosca leachtachta ag cistí infheistíochta.

Meabhrán Tuisceana

An 29 Lúnasa 2011, shínigh an Banc Meabhrán Tuisceana le hÚdarás Árachais Réigiún Speisialta Riaracháin Hong Cong Dhaon-Phoblacht na Síne. Éascófar leis seo comhoibriú agus malartú faisnéise idir an dá rialtóir.

Taighde agus Staidreamh um Anailís Eacnamaíoch

Anailís Eacnamaíoch agus Tráchttaireacht

Bhí ról tábhachtach ag an mBanc i dtionchar a imirt ar bheartas eacnamaíoch trí bhíthin a thráchttaireachtaí, a réamhaisnéisí, a thaighde agus trí staidreamh airgeadais a sholáthar, ar bhonn rialta. Cuirtear iad seo ar fáil trí fhoilseacháin rialta agus trí pháipéir thaighde, in irisí Éireannacha agus irisí idirnáisiúnta, i ráitis ón nGobharnóir agus i bpáipéir chomhdhála agus ag seimineáir. Go himheánach, baintear úsáid as anailís eacnamaíoch agus taighde i measúnuithe leanúnacha airgeadais agus in athbhreithnithe stuamachta maidir le leordhóthanacht chaipitil.

I réimse na réamhaisnéise maicreacnamaíche, chuir an Banc réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha ar fáil don Fheasachán Ráithiúil agus d'ullmhaigh réamh-mheastacháin agus anailís do Réamh-Mheastacháin Leathana Mhaicreacnamaíocha an Eurochórais. Ghlac sé páirt freisin in anailís mhaicreacnamaíoch eile uile-Eurochórais. Cuireadh i gcrích sé cinn de chleachtaí réamhaisnéise le linn na bliana, ar seoladh dhá cheann díobh i gcomhthéacs Chleachtadh Réamh-Mheastacháin Leathan Maicreacnamaíoch an Eurochórais agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFeasachán Ráithiúil an Bhainc. I gcás cur chuige níos foirmiúla maidir le réamhaisnéisí eacnamaíoch, forlíonadh iad le measúnuithe ar sheintimint ghnó bunaithe ar theagmháil le príomhghnólaigh in earnálacha éagsúla ar fud an gheilleagair. Ghlac an Banc páirt freisin i bhfóraithe eile réamhaisnéise agus beartais nár bhain leis an Eurochóras/CEBC agus chuaigh sé i gcomhairle le misin chuartaíochta ráithiúla Páirtithe Seachtracha, le gníomhaireachtaí rátála agus le dreamanna eile nach iad.

Lean an Banc de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i mboilsciú agus in iomaíochas le linn na bliana. De bheis ar réamhaisnéisí agus ar mheasúnuithe rialta arna bhfoilsiú san Fheasachán Ráithiúil, leanadh leis an obair ar tháscairí iomaíochais, agus mar thoradh air sin, tiomsaíodh roinnt beart nua maidir le hiomaíochas i gcostais saothair, agus coigeartú á dhéanamh i leith éifeachtaí comhdhéanaimh arna n-eascairt as athruithe struchtúracha sa gheilleagar le blianta beaga anuas.

Taighde

Chuir an Banc feabhas breise ar scaipeadh an taighde a rinne sé sa bhliain 2011 le foilsiú a cheathrú *Feasachán Bliantúil Taighde*. San fheasachán seo, tá achoimrí neamhtheicniúla ar pháipéir theicniúla an Bhainc. Chomh maith le tráchttaireacht, réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus comhairle beartais an Bhainc, d'fhoilsigh sé taighde in 2011 a bhain le hábhair amhail an margadh morgáiste, lagú agus cothromas diúltach, an gaol idir creidmheas agus OTI, an rochtain atá ag fiontair beaga agus meánmhéide ar chreidmheas, réamhaisnéis eacnamaíoch, feidhmíocht onnmhairíochta, tionchar eacnamaíoch na dturraingí seachtracha, éiginnteacht agus an t-ionchas fioscach agus saincheisteanna a bhaineann le margaí airgeadais. Tá an taighde seo ar fáil sa tsraith de Pháipéir Theicniúla an Bhainc. Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, lean an fhoireann den taighde seo a fhoilsiú in irisí tosaíochta eacnamaíocha Éireannacha agus idirnáisiúnta agus tugtar liosta sonrach san Fheasachán Taighde d'fhoilseacháin a rinneadh le déanaí agus atá le teacht ó fhoireann an Bhainc in irisí agus i leabhair sheachtracha phiarmheasúnaithe.

Chomh maith leis sin, i mí Aibreáin 2011, sheol an Banc an tsraith nua *Economic Letters*, atá foilsithe ar líne ar shuíomh gréasáin an Bhainc. Sa tsraith seo, atá bunaithe ar shamhail na bhfoilseachán comhchosúil arna n-eisiúint ag roinnt banc réigiúnach i gcóras Chúlchiste Feidearálach na Stát Aontaithe, tá nótaí gearra maidir le breithniúcháin áirithe eacnamaíocha Éireannacha. Is í aidhm na nótaí seo úsáid a bhaint as roinnt cur chuige caighdeánach eacnamaíoch ar bhealach beacht, inrochtana chun dul i ngleic le saincheisteanna iomchuí beartais a bhaineann le geilleagar na hÉireann. Ar na saincheisteanna a clúdaiódh sa tsraith *Economic Letters* in 2011, áiríodh an t-ionchas creidmheasa, cásanna éagsúla do phraghsanna tithe, dáileadh na riaráistí morgáiste, dífhostaíocht agus soláthar saothair agus breithniúcháin fhadtéarmacha i ndáil le hairgeadas poiblí.

Cobhsaíocht Airgeadais

Le linn 2011, díriodh obair na cobhsaíochta airgeadais ar réiteach a fháil ar dheacrachtaí baincéireachta Éireannacha agus ar dheacrachtaí an airgeadais cheannasaigh. Chuir an Banc anailís agus comhairle ar fáil don Rialtas maidir le cinntí suntasacha.

Le linn na bliana, tháinig an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais de chuid an Bhainc le chéile go rialta, coiste a bhfuil an Gobharnóir ina chathaoirleach air. I measc na saincheistanna a pléadh, áiríodh caipiteal stuamachta agus athbhreithnithe leachtachta ar institiúidí creidmheasa Éireannacha, díghiaráil na mbanc, riosca ceannasach, agus fiachas morgáiste.

Sa bhliain 2011, reáchtáil an Banc comhdháil maidir le Margadh Morgáiste na hÉireann. Sa chomhdháil sin, leagadh béim ar an obair a bhí idir lámha ag an mBanc agus baineadh úsáid as an taighde sin i gceapadh Thuarascáil Keane maidir le riaráistí morgáiste.

Tá ionadaíocht ag an mBanc ar an gCoiste um Chobhsaíocht Airgeadais de chuid an BCE. Ó thús na bliana 2011, le bunú an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS), ghlac an Banc páirt ghníomhach ann trí fhreastal go rialta ar an mBord Ginearálta agus trí Choiste Teicniúil Comhairleach agus trí Mheithlí gaolmhara amhail an Mheitheal ar Anailís agus Ionstraimí Macrastuamachta. Is ionann an bhéim bhreise atá á leagan ag an mBanc ar thaighde agus an fócas níos leithne san Eoraip ar thaighde a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais. Le linn 2011, lean an banc de pháirt a ghlacadh i Lónra Taighde Macrastuamachta an CEBC (LTM), atá ceaptha taighde a chur ar fáil a bheidh dírithe ar bheartas.

Staidreamh

Lean an Banc d'fheabhas a chur ar a thorthaí staidrimh le linn 2011, chun críocha an bheartais intíre agus chun cloí le ceanglais an BCE. I mí an Mheithimh 2011, seoladh dhá shraith nua maidir le creidmheas don earnáil phríobháideach in Éirinn, agus maidir le taiscí ón earnáil phríobháideach in Éirinn. Sa chéad sraith, áirítear iasachtaí agus taiscí *vis-à-vis* gnó intíre, agus sonraí á ndí-chomhbhailiú de réir earnáil na gníomhaíochta eacnamaíche. Sainítear ar leithligh an t-iasachtú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) le haghaidh gach earnála. Sainithníodh mar phríomhcheanglas beartais é an gá atá le sonraí maidir le hiasachtú le FBManna, agus sa tsraith nuafhoilsithe beidh an deis ag déantóirí beartais monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ar

chreidmheas na FBManna ar fud catagóirí éagsúla den ghníomhaíocht eacnamaíoch. Sa dara sraith nua, clúdaítear forbairt ar chreidmheas do theaghlaigh agus taiscí ó theaghlaigh. Tá miondealú sonracha ar fáil maidir le hiasachtaí tithíochta agus na sonraí á ndí-chomhbhailiú de réir cineáil (e.g. rata athraitheach, rata rianúcháin nó rata seasta) agus cuspóir na hiasachta (príomháitreabh, ceannach lena lígean ar cíos, teach saoire/dara teach).

Cuireadh leis na sonraí rialta míosúla airgid agus baincéireachta le linn 2011 agus tugadh isteach clár comhardaithe d'oifigigh chónaitheacha na n-institiúidí creidmheasa atá clúdaithe faoi Scéim Ráthaíochta Dlíteanas Incháilithe de chuid Rialtas na hÉireann. Cuireadh tús freisin sa bhliain 2011 le clár comhardaithe ráithiúil grúpa comhdhlúite, lena gcuimsítear gníomhaíochtaí domhanda na n-institiúidí sin. Tá sé seo de bhreis ar an tsraith a tugadh isteach in 2010 maidir le héilimh chomhdhlúite eachtracha ó na bainc seo. An dara sraith sin, tiomsaíodh í mar Staidreamh Baincéireachta Comhdhlúite, arna fhoilsiú ag an mBanc do Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (SI) ach atá teoranta do bhainc faoi úinéireacht Éireannach, agus ar an gcaoi sin, téann sé i ngleic le míthuiscintí faoi mhéid neamhchosantí eachtracha na mbanc intíre.

Seoladh staidreamh náisiúnta maidir le Corparáidí um Meáin Airgeadais (CMAanna) don chéad uair nuair a foilsíodh alt san Fheasachán Ráithiúil i mí Iúil 2011, agus tugadh isteach sraith ráithiúil nua i mí na Samhna. Cuimsíonn na meáin sin tuairim is 15 faoin gcéad d'earnáil airgeadais na hÉireann agus déanann siad raon leathan gníomhaíochtaí a bhaineann le hurrúsú, agus chuige sin, tá Éire ar cheann de na suíomhanna tosaíochta sa limistéar euro.

Le linn 2011, coinníodh agus feabhsaíodh aschur eile rialta staidrimh. Orthu seo, áirítear Cuntais Ráithiúla Airgeadais (CRA) ina léirítear idirbhearta airgeadais agus seasamh airgeadais na n-earnálacha eacnamaíocha sa tír agus sa chuid eile den domhan, agus tá siad ríthábhachtach chun tuiscint a chothú ar na naisc idir an fíorghuilleagar agus an geilleagar airgeadais. Sa staidreamh ráithiúil maidir le Cistí

Infheistíochta, léirítear cláir mhionsonraithe chomhardaithe agus idirbhearta mionsonraithe d'aicmí éagsúla cistí, arna n-aicmiú de réir a straitéisí infheistíochta. Sa Staidreamh míosúil maidir le hEisiúint Urrús, cuimsítear faisnéis faoi mhéid an fhiachais atá fós le híoc agus urrúis chothromais arna n-eisiúint ag eintitis atá lonnaithe in Éirinn de réir earnáil an eisitheora. De bhreis air sin, rinneadh obair shuntasach leanúnach ar fhorbairt an staidrimh maidir le sealúchas urrús mar chuid de thionscadal níos leithne de chuid an CEBC.

I measc na bhforbairtí eile sa bhliain 2011, áirítear sraitheanna nua sonraí a fhorbairt don earnáil baincéireachta agus don earnáil sheachtrach, ar sraitheanna iad atá ag teastáil chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh chlár cúnaimh airgeadais AE/CAI ag Éirinn. Lean an Banc freisin de pháirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí staidrimh, mar bhall den CEBC agus de chomhlachtaí idirnáisiúnta eile araon. Sna tionscnaimh staidrimh idirnáisiúnta a rinneadh le déanaí, díríodh go mórmhór ar aghaidh a thabhairt ar na bearnaí staidrimh a aithníodh i ndiaidh na géarchéime airgeadais. Mar chuid den obair sin, tá comhdháil idirnáisiúnta 'Bridging Data Gaps ...the Way Forward', a hóstáil ag an mBanc, i gcomhar le Coiste Irving Fisher, i mí Lúnasa 2011.

Cuireadh freisin le dlúthchaidreamh oibre an Bhainc leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) le linn 2011. Leis an gcomhoibriú seo, clúdaítear formhór an staidrimh ón earnáil institiúideach, lena n-áirítear iocaíochtaí, cuntais airgeadais, agus staidreamh airgeadais an rialtais. Tá comhaontú foirmiúil ar chomhoibriú ann i réimse chomhardú na n-iocaíochtaí agus i réimse an staidrimh maidir le seasamh infheistíochta idirnáisiúnta, agus bunaíodh meithlí do na réimsí eile. Sa bhliain 2011, lean an dá hinstitiúid de bheith ag obair i gcomhar lena chéile chun saincheisteanna casta modheolaíochta a chomhaontú faoin gcaoi ina ndéanfar tacaíocht rialtais don earnáil baincéireachta a thaifeadadh laistigh den chreat staidrimh. Leis an dlúth-chomhoibriú seo, áirithítear go seachnófar dúbláil oibre, a mhéid is féidir, agus go laghdófar an t-ualach tuairiscithe ar an earnáil airgeadais.

Córais Íocaíochta agus Seirbhísí Airgeadra

TARGET2

Is córas singil tras-Eorpach é TARGET2 atá in úsáid ag gach ceann de na córais íocaíochta náisiúnta faoi seach chun bonneagar mórdhíola aonchineálach a chinntiú, rud a chuirfidh éifeachtacht agus comhtháiteacht bhreise chun cinn i margaí airgeadais na hEorpa.

D'fheidhmigh córas TARGET2 go rianúil sa bhliain 2011 agus socraíodh líon mór íocaíochtaí euro. Níor tháinig aon athrú ar scairmhargadh an chórais socraíochta, agus rinneadh 91% de luach iomlán na n-íocaíochtaí ar luach ard i gcórais íocaíochta euro a chur i gcrích trí TARGET2. Sa bhliain 2011, phróiseáil an córas 89,565,697 idirbheart agus b'ionann an meán laethúil agus 348,505 idirbheart.

I gcomparáid leis an mbliain roimhe, mhéadaigh líon foriomlán na n-idirbheart faoi 1.1%. B'ionann luach iomlán na tráchta TARGET2 sa bhliain 2011 agus €612,936 billiún, agus b'ionann an meán laethúil agus €2,385 billiún. I gcomparáid le 2010, mhéadaigh luach iomlán na n-idirbheart arna bpróiseáil ag an gcóras faoi 3.3%.

Urrúis TARGET2

Is córas socraíochta uile-Eorpach é Urrúis TARGET 2 (T2S) atá á forbairt ag an Eurochóras. Tá an tionscadal seo sa chéim forbartha faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh sé beo in mí an Mheithimh 2015. Sa bhliain 2011, lean an Banc de pháirt a ghlacadh i nGrúpa Comhairleach T2S agus chuaigh sé i dteagmháil le margadh na hÉireann tríd an nGrúpa Úsáideoirí Náisiúnta a bhfuil an Banc mar chathaoirleach air. Táthar ag súil le cinneadh foirmiúil maidir le rannpháirtíocht mhargadh na hÉireann in T2S go luath.

Seirbhísí Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais

Ó bunaíodh é sa bhliain 1999, tá Samhail na Baincéireachta Ceannais Comhfhreagraí (SBCC) tar éis comhtháthú sa mhargadh airgeadais a chothú, trína chumasú do gach comhpháirtí sa limistéar euro an tsraith choiteann de shócmhainní incháilithe indíolta a úsáid mar chomhthaobhacht in oibríochtaí creidmheasa Eurochórais, is cuma cén tír inar eisíodh an t-urrús. Ar aon dul le sócmhainní

neamh-indíolta a thabhairt isteach sa tsraith choiteann de shócmhainní incháilithe sa bhliain 2007, forbraíodh nósanna imeachta ar leith d'úsáid trasteorann sócmhainní den sórt sin faoin SBCC.

Is é SBCC an príomhbhealach d'úsáid trasteorann comhthaobhachta in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais. I mí na Nollag 2011, b'ionann é agus 17.8% d'iomlán na comhthaobhachta a cuireadh ar fáil don Eurochóras. Bunaíodh an tsamhail seo ar dtús mar réiteach sealadach agus, ó tharla go gcuireann sé le prionsabal comhchuibhithe íosta, tá roinnt feabhsuithe á lorg ag rannpháirtithe sa mhargadh.

Tá rannpháirtithe sa mhargadh tar éis a iarraidh, go háirithe, go mbainfí an ceanglas sócmhainní (indíolta) a aistriú ó Thaisclanna Lárnacha Urrús infheisteoirí (TLU) chuig TLU eisitheoirí sula ndéanfaí iad a aistriú tríd an SBCC agus go ndéanfaí seirbhísí bainistíochta comhthaobhachta nach bhfuil in úsáid ach ar bhonn intíre sa lá atá inniu ann a úsáid ar bhonn trasteorann. Tacaíonn an tEurochóras leis na leasuithe seo ar an SBCC agus tá sé ag obair anois ar iad a ionchorprú sa chreat.

Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro

Maidir le cur chun feidhme thionscnamh an Limistéir Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA) ag Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta (EESI) agus earnáil baincéireachta na hÉireann, leanann an Banc de bheith á spreagadh agus de mhaoirseacht a dhéanamh air. Is é EESI, tríd a Thascfhórsa Feidhmíochta LAIE (TFLAIE), an comhlacht a bhfuil freagracht phríomha air as cur chun feidhme LAIE in Éirinn; tá ionadaíocht ag an mBanc ar an TFLAIE, áfach, ina cháil mar mhaoirseoir ar chórais íocaíochta.

I mí na Nollag 2011, tháinig an Coimisiún Eorpach ar chomhaontú ar bhunú ceanglas teicniúil le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dírdhochar in euro agus lena leasaitear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal. Leis an Rialachán nua, leagtar síos an 1 Feabhra 2014 mar an dáta deiridh chun íocaíochtaí leictreonacha miondíola a aistriú chuig caighdeán SEPA. Ghlac Parlaimint na hEorpa go foirmiúil leis an reachtaíocht an 14 Feabhra 2012 agus ghlac an Chomhairle léi go foirmiúil an 28 Feabhra agus foilsíodh í an 30 Márta 2012.

An Plean Náisiúnta Íocaíochtaí

D'fhéadfaí éifeachtacht bhonneagar chóras íocaíochta na hÉireann a fheabhsú dá ndéanfaí spleáchas ar ionstraimí íocaíochta airgid agus páipéir a laghdú agus úsáid níos mó a bhaint as modhanna malartacha atá níos sláine agus níos éifeachtaí.

I R2 2011, d'iarr an tAire Airgeadais ar an mBanc ról ceannasach a ghlacadh in ullmhú an Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta (NPP). Rinne an Banc obair chomhordaithe. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus bunaíodh coiste stiúrtha ag leibhéal sinsearach, a bhfuil an Banc mar chathaoirleach air. Tá an coiste comhdhéanta d'ionadaithe ón mBanc, ón Rialtas, ó ghnó, ó na bainc mhiondíola agus d'ionadaithe tomhaltóirí. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Plean Náisiúnta Íocaíochtaí sa bhliain 2012 agus go gcuirfear a chuid moltaí i bhfeidhm roimh dheireadh 2014.

Gníomhaíochtaí Maoirseachta

Níor tháinig aon athrú ar ról maoirseachta íocaíochtaí an Bhainc sa bhliain 2011 maidir le sábháilteacht agus éifeachtacht na gcóras íocaíochta a thagann faoina shainchúram a chur chun cinn. Seoladh seirbhís socraíochta nua do shocraíocht ríomhíocaíochtaí miondíola intíre, ar a dtugtar Seirbhís STEP2 na hÉireann, i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tá an tseirbhís nua á oibriú ag EBA CLEARING agus cuimsíonn sé luach arna mhárach d'idirbhearta íocaíochta. Bhí an Banc páirteach go mór chomh maith i nuashonrú nósanna imeachta maidir le mainneachtain íocaíochta ag cuideachtaí imréitigh miondíola intíre. De bhreis air sin, chuir an Banc le forbairt beartais, caighdeán agus ceanglas maoirseachta ábhartha de chuid an

Eurochórais, trí pháirt a ghlacadh i bhfórait idirnáisiúnta, go háirithe i gCoiste Chóras Íocaíochtaí agus Socraíochtaí an CEBC (CCIS) agus ina fhoghrúpaí gaolmhara.

An Scéim Rátháíochta Taiscí

Tá an Banc freagrach as Scéim Rátháíochta Taiscí in Éirinn (SRT) a riar lena dtugtar cúiteamh do thaisceoirí sa chás ina gclisfidh an institiúid chreidmheasa. Cuireadh feidhmiú an SRT do bhainc, cumainn foirgníochta agus comhair chreidmheasa san áireamh i bPlean Straitéiseach an Bhainc do 2010-2012 mar eochair-straitéis chun a chinntiú go ndéanfaí leas thomhaltóirí na seirbhísí airgeadais a chosaint. Tá tionscadal ar bun ag an mBanc faoi láthair chun a chinntiú go bhféadfar íocaíochtaí pras amach a éascú i gcás leachtaithe. Leanann an Banc de bheith ag obair i gcomhar leis na hinstitiúidí creidmheasa chun ullmhú do riachtanais nua a thiocthaídh ó Dhréacht-Treoir AE maidir le Scéimeanna Rátháíochta Taiscí a bhfuiltear ag súil leis go dtiocfaidh sí i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013.

Eisiúint agus Táirgeadh Airgeadra

Tá sé de fhreagracht ar an mBanc airgead a eisiúint lena chur i gcúrsaíocht. Tá sé de shainchúram ar an mBanc stoic straitéiseacha de nótaí bainc agus de mhonaí a choimeád; nótaí bainc agus monaí a phróiseáil agus a dháileadh, agus airgeadra nach bhfuil oiriúnach don chúrsaíocht a tharraingt siar agus a scríos. Sa bhliain 2011, sholáthair an Banc 337 milliún nóta bainc nua agus in-atheisithe. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil faoi seo i dTábla 13 - Eisiúintí Nótaí Bainc.

Tábla 13 – Eisiúintí Nótaí

Ainmníocht	Líon na Nótaí Bainc (milliún)		Luach € milliúin	
	2010	2011	2010	2011
€5	59	54	297	273
€10	50	47	502	475
€20	114	99	2,279	1,971
€50	174	135	8,681	6,749
€100	2	1.5	157	154
€200	0	0	6	3
€500	0	0	34	10
Iomlán	399	337	11,956	9,634

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

Le linn na próiseála, déantar na nótaí bainc a chomhaireamh, a fhíordheimhniú agus a shórtáil ina nótaí oiriúnacha agus mí-oiriúnacha sna hinnill phróiseála. Scriostar na nótaí bainc mí-oiriúnacha agus déantar na nótaí bainc oiriúnacha a athphacáistiú lena gcur i gcúrsaíocht. Tá an sprioc phróiseála bunaithe go mór ar lóisteálacha arna bhfáil ó bhainc thráchtála agus An Post. Sa bhliain 2011, próiseáladh 335 milliún nóta bainc. Is laghdú é seo ar líon 2010 nuair a próiseáladh 370 milliún nóta bainc.

I rith 2011, cuireadh chun feidhme Cinneadh BCE 2010/14 maidir le fíordheimhneacht agus oiriúnacht agus athchúrsaíocht nótaí bainc euro. Sa Chinneadh seo, sonraítear gur gá gach nóta bainc euro arna fháil ag údaráis áirithe agus atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht arís a sheiceáil don fhíordheimhneacht laistigh de na nósanna imeachta sainithe. Le linn 2011, cuireadh chun feidhme Rialachán 1210/2010 ón AE maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus le monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil.

Faoi shocruithe táirgeachta comhthiomsaithe an BCE, phriontáil an Banc 110 milliún nóta bainc €5 sa bhliain 2011. Fuarthas nótaí bainc d'ainmníochtaí eile ó BCNanna eile agus d'eisigh an Banc iad.

Sa bhliain 2011, táirgeadh 82.6 milliún mona agus eisíodh 136 milliún mona. Tháinig laghdú 22.7 faoin gcéad ar an éileamh ar mhonaí ó 2010, tráth ar eisíodh 176 milliún mona. Bhí éileamh fós ar mhonaí d'ainmníochtaí beaga. I dTábla 14 - Eisiúintí Monaí – tugtar tuilleadh



Mona Profa Óir – An Chros Cheilteach

faisnéise maidir le héileamh ar mhonaí. Thug an Banc córas nua isteach maidir le stóráil agus láimhseáil airgid i mí Bealtaine 2011. Leis an gcóras nua seo, feabhsaítear agus caighdeánaítear an riocht ina ndéantar nótaí bainc euro a láimhseáil, a iompar agus a phróiseáil, agus béim ar leith á leagan ar shlándáil níos fearr agus ar láimhseáil láimhe laghdaithe. Tá trí phríomheilimint ag baint leis an gcóras nua - athruithe ar an mbonneagar foirgnimh, tabhairt isteach córais láimhseála atá nua-aimseartha agus éifeachtach agus córas TFC nua-aimseartha chun gach gluaiseacht airgid a cheartianú go leictreonach trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht an bharrachóid chomhtháite.

Tábla 14 – Eisiúintí Monaí

Ainmníocht	Líon na Monaí (milliún)		Luach € milliún	
	2009	2010	2009	2010
1c	78	58	1	1
2c	37	25	1	.5
5c	28	21	1	1
10c	9	7	1	1
20c	10	12	2	2
50c	6	5	3	3
€1	4	3	4	3
€2	3	6	6	11
Iomlán	176	136	19	22

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

D'eisigh an Banc, mar Ghníomhaire an Aire Airgeadais, roinnt táirgí do bhailitheoirí monaí sa bhliain 2011. Orthu seo, áirítear Foireann na Bliana le mona Profa Airgid €15, lena gceiliúrtar Ainmhithe ar Mhonaí na hÉireann bunaithe ar bhun-dearaí Percy Metcalfe; mona Profa Airgid €10 2011 lena gceiliúrtar Naomh Breandán an Loingseoir a eisíodh mar pháirt de Chlár Mhonaí Airgid na hEorpa agus mona Profa Óir €20 2011 ar a raibh Cros Cheilteach.

Is iad an tIonad Náisiúnta um Anailísiú (INA) agus an tIonad Náisiúnta um Anailísiú Monaí (INAM), atá suite laistigh den Bhanc, a fhaigheann agus a phróiseálann gach nóta bainc agus mona góchumtha a aimsítear in Éirinn. Sa bhliain 2011, fuair an INA 12,575 nóta bainc euro góchumtha agus fuair an INAB 4,127 mona euro góchumtha. Tá laghdú 39 faoin gcéad tagtha ar leibhéal na nótaí góchumtha arna n-aimsiú in Éirinn in 2011 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna don bhliain 2010. Sa bhliain 2011, chuir an INA oiliúint ar láimhseálaithe airgid proifisiúnta, amhail an Garda Síochána, custaim, miondíoltóirí agus na bainc thráchtála maidir le gnéithe slándála nótaí bainc a aithint agus le hoiriúnacht nótaí bainc euro.

Lean an Banc air de bheith ag glacadh le nótaí bainc agus monaí Éireannacha a eisíodh sular tugadh an euro isteach. Ag deireadh 2011, bhí €235 milliún nótaí bainc Éireannacha fós amuigh mar aon le €125 milliún monaí.

Bainistíocht Sócmhainní

Punann Infheistíochta

Ag deireadh 2011, bhí punann infheistíochta an Bhainc comhdhéanta de shócmhainní arbh ionann a luach agus €18.7 billiún. Is ionann an t-iomlán seo agus méadú €0.5 billiún ar 2010. B'ionann an tuilleamh ó phunann infheistíochta an Bhainc agus €536.8 milliún in 2011 i gcomparáid le €359.5 in 2010. Sa bhliain 2011, bhí na margáí faoi chois ag géarchéim fhiachas ceannasach na hEorpa. Bhí tuilleamh ón bpunann infheistíochta ag 3.05 faoin gcéad i gcomparáid le fáltas 2.09 faoin gcéad sa bhliain 2010. Dhíol an Banc formhór a phunann Dhollar SAM sa bhliain 2011, i ndiaidh athbhreithnithe ar chostais fhálaithe.

Déantar punann infheistíochta an Bhainc a bhainistiú de réir paraiméadar atá faofa ag Coimisiún an Bhainc. I rith 2010, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar roinnt de na paraiméadair seo mar fhreagra ar thionchar leantach na géarchéime airgeadais domhanda ar na margáí agus ar na hionstraimí a ndéanann an Banc infheistiú iontu. Níor tháinig aon athrú ar an sprioc-aga sa phunann euro sa bhliain 2011.

Cúlchistí an BCE

Ag deireadh na bliana 2011, b'ionann glan-chúlchistí eachtracha an BCE agus coibhéis €65 billiún. Déanann gach Banc Ceannais Náisiúnta bainistíocht ar chion de chúlchistí an BCE i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil. Tar éis dó iarratas a fháil ó Bhanc Ceannais Mhálta, tá bainistiú á dhéanamh ag an mBanc ar chion Mhálta de chúlchistí comhthiomsaithe dhollar SAM chomh maith lena chion féin ón 1 Eanáir 2008. Is ionann punann chúlchistí an BCE atá á bainistiú agus coibhéis €761 milliún, atá i gcomhréir le scairseilbhe an Bhainc agus Mhálta san BCE.

Bainistíocht Riosca

Ar na príomhrioscaí a ghabh le gníomhaíochtaí i bpunann infheistíochta an Bhainc i rith 2011, áirítear riosca creidmheasa, riosca margaidh agus riosca airgeadra.

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ag iasachtaí, eiseitheoir, céile conartha nó custaiméir gan bheith in ann a gcuid oibleagáidí don Bhanc a chomhlíonadh. Bíonn riosca creidmheasa i bpunann infheistíochta an Bhainc á rialú ag córas teorainneacha bunaithe go príomha ar rátaí creidmheasa seachtracha arna

gcur ar fáil ag Fitch and Moody's. Maolaítear neamhchosaint chreidmheasa le próifíl shócmhainní infheistíochta an Bhainc atá treoraithe ag beartas infheistíochta réasúnta coimeádach agus trí ionstraim chomhthaobhaithe a úsáid.

Sainítear riosca margaidh mar riosca caillteanais de bharr athruithe i dtosca riosca margaidh, ina n-áirítear praghsanna, rátaí úis, rátaí airgeadra eachtraigh, praghsanna tráchtearraí agus raonta difríochta creidmheasa. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca margaidh go príomha trí leochaileacht ráta úis a chuid sócmhainní infheistíochta. D'fhéadfadh go dtabhófaí neamhchosaint i rátaí malairte agus in athruithe ar dhálaí margaidh airgeadais, amhail leachtacht ionstraimí ioncaim sheasta. Bainistítear riosca margaidh laistigh de Stiúrthóireacht Oibríochtaí Airgeadais an Bhainc i gcomhréir le paraiméadair ardleibhéil agus le creata rialachais agus creata rialaithe bainistíochta riosca arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún mar aon le socruithe maidir le heochair-tháscairí riosca a thuairisciú. Is í feidhm neamhspleách um bainistíocht riosca a dhéanfaidh comhlíonadh agus feidhmíocht na mbeartas seo a dheimhniú agus a thuairisciú.

Tá an Banc neamhchosanta ar riosca ráta úis sa phunann infheistíochta marcáil ón margadh. Déantar sainroghanna bainistíochta riosca maidir le sócmhainní infheistíochta a chur in iúl trí thagarmharc a thiomsaítear go seachtrach agus ar ina leith a dhéantar na punanna infheistíochta a thomhas agus a bhainistiú. Déantar riosca (ráta úis) margaidh phunann an Bhainc atá marcáilte ón margadh a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as sprioc-agaí mionathraithe. Le haga mionathraithe, tomhaistear iógairacht luach punainne infheistíochta i dtéarmaí athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach faoi Riosca (LfR) mar thomhas breise ar riosca ráta úis phunanna an Bhainc.

I gcomhthéacs an limistéir euro agus na heaspa idirghabhála sa mhargadh airgeadraí eachtracha, laghdaíodh sealúchais sócmhainní eachtracha luaineacha an Bhainc go dtí an leibhéal is ísle, ag féachaint do na hoibleagáidí Eurochórais. Déantar imdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta a athbhreithniú go tréimhsiúil trí úsáid a bhaint as meascán de mhodheolaíochtaí cainníochta agus eimpíreacha, LfR agus tástáil struis chomh maith le raon tosca cáilíochta. Ag deireadh 2011, bhí bainistiú á dhéanamh ag an mBanc ar phunann ainmnithe in euro agus líon beag dollar SAM (fálaithe in aghaidh an euro).

Caidreamh Idirnáisiúnta

Cruinnithe leis an CAI

D'fhreastail an Gobharnóir, ina ról mar Ghobharnóir Malartach na hÉireann³¹, ar Chruinnithe Grúpa Earraigh an CAI/an Bhainc Dhomhanda in Aibreán na bliana 2011 agus ar na Cruinnithe Bliantúla i mí Mheán Fómhair 2011. Bhí an plé ag na Cruinnithe Earraigh dírithe ar an ngá atá le comhoibriú idirnáisiúnta chun éagobhsaíocht agus géarchéimeanna a sheachaint, ar leordhóthanacht na leachtachta domhanda, ar thionchar sreafaí airgeadais trasteorann agus na héifeachtaí iarmhartacha beartais i mórgheilleagair an Domhain. I mí Mheán Fómhair, bhí athchóirithe ar earnáil an airgeadais ar áireamh sa chlár chomh maith leis an Tuarascáil Faireacháin Iltaobhach Chomhdhlúite agus leorgacht acmhainní an CAI. Pléadh tacaíocht do thíortha ísealioncain agus forbairtí ar athchóiriú rialachas an CAI ag an dá chruinniú.

Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhainc Ceannais 2010, mhéadaigh cuóta na hÉireann ó SDR³² 838.4 milliún go SDR 1,257.6 an 4 Márta 2011. Leis seo, laghdaíodh an ráta úis a bhí á ghearradh ar an iasacht a bhí ag Éirinn ó Shaoráid Chiste Leathnaithe (SCL) CAI na hÉireann, mar a léiríodh san alt maidir le Pacáiste Cúnaimh Airgeadais AE-CAI d'Éirinn sa tuarascáil seo.

Cruinnithe Chomhairle an AE/Cruinnithe san AE

Bhí an Gobharnóir mar ionadaí don Bhanc ag dhá chruinniú neamhfhoirmiúla de Chomhairle an AE de Chomhairle na nGóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN) i mBúdaipeist an 8-9 Aibreán 2011 agus in Wrocław an 16-17 Meán Fómhair 2011. Bhí an plé ag an gcruinniú in Aibreán dírithe ar mhaoirseacht airgeadais san AE, ar ghnéithe de thástálacha struis an Údaráis Baincéireachta Eorpach (ÚBE), éagobhsaíocht i margaí tráchtarraí, agus riocht an téarnaimh san Eoraip. Ag na cruinnithe i mí Mheán Fómhair, díriodh ar fhorbairtí i margaí fiachais cheannasaigh, staid reatha eacnamaíoch agus airgeadais an domhain, athchóiriú ar earnáil airgeadais an AE, agus measúnú ar thorthaí thástálacha struis an AE sa bhliain 2011 agus ar chobhsaíocht airgeadais an AE.

Ghlac an Banc páirt sa Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA), agus ina Fhochoiste ar Shaincheisteanna CAI (FCCA). Is é an CEA a ullmhaíonn na cláir do chruinnithe ECOFIN, lena n-áirítear measúnú agus iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairtí reatha eacnamaíocha agus airgeadais, beartais eacnamaíocha agus fioscacha AE a chomhordú, anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir leis an margadh airgeadais agus cobhsaíocht airgeadais, measúnú a dhéanamh ar bheartais ráta mhalartaigh neamh-euro agus déileáil le caidreamh le tíortha sa tríú domhan agus institiúidí idirnáisiúnta.

Bosca 11: Coistí an Eurochórais/CEBC

Ioncam Cuntasaíochta agus Airgeadaíochta

Nótaí Bainc
Modheolaíocht Costais
Cumarsáid
Cobhsaíocht Airgeadais
Teicneolaíocht Faisnéise
Iniúcháireacht Inmheánach
Buiséad
Stiúir TF

Caidreamh Idirnáisiúnta

Dlí
Oibríochtaí Margaidh
Beartas Airgeadaíochta
Córais Íocaíochta agus Socraíochta
Bainistíocht Riosca
Staidreamh
Acmhainní Daonna

31 Is é an tAire Airgeadais Gobharnóir na hÉireann ar Bhord Feidhmiúcháin an CAI. Sa CAI, bíonn Gobharnóir amháin agus Gobharnóir Malartach amháin arna gceapadh ag gach Balltír ar Bhord na nGobharnóirí. Déanann formhór na mballtíortha an tAire Airgeadais a cheapadh mar an nGobharnóir.

32 Is cúlsócmhainní eachtracha forlíontacha iad cearta speisialta tarraingthe, arna sainiú agus arna gcothabháil ag an CAI.

Sa bhliain 2011, i measc na n-ábhar a ndearnadh plé orthu ag FCCAI, áirítear an Córas Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, bainistíocht sreafa caipitil idirnáisiúnta, ról Chearta Speisialta Tarraingthe an CAI, faireachas ar an gCiste a fheabhsú, chomh maith le hionadaíocht Eorpach ar Bhord Feidhmiúcháin an CAI, i bhfianaise an ghealltanais a thug an Eoraip chun a hionadaíocht a laghdú faoi dhá shuíochán. Tháinig Socruithe Nua Iasachta (SNI) an CAI in éifeacht i mí Márta 2011, is é sin socruithe idir an CAI agus grúpa ballstát agus institiúidí, agus cuireadh i bhfeidhm iad go luath ina dhiaidh chun forlíonadh a dhéanamh ar acmhainní airgid an CAI. Thionscain an CAI dhá ionstraim iasachta nua i mí na Samhna 2011, ceapadh an chéad cheann, an Líne Réamhchúramach agus Leachtach (LRL), mar chuid d'iarrachtaí an CAI líontáin sábhála airgeadais an domhain a fheabhsú do thíortha a bhfuil buntosca fóna eacnamaíocha agus beartais fhóna eacnamaíocha acu, agus cuntas teiste a léiríonn go bhfuil beartais den sórt sin curtha chun feidhme acu. Leis an dara hionstraim, ar an Ionstraim Mearmhaoinithe (IMM), tugtar aghaidh ar riachtanais phráinneacha na mball thar raon leathan cúinsí ar bhealach solúbtha, pras.

An Banc Ceannais Eorpach

Lean an Banc de bheith ag plé leis an mBanc Ceannais Eorpach, trí pháirt a ghlacadh i gCóras na gCoistí ach go háirithe. Tacaíonn na Coistí le cinnteoireacht ar leibhéal an BCE, laistigh dá shainréimsí. De bhreis air seo, tugann raon Meithlí agus Tascfhórsaí, ar a bhfuil ionadaithe ón mBanc, tuairisc dá gCoistí. Tá sonraí ar na Coistí ar fáil i mBosca 11.

Comhoibriú agus Ionadaíocht Idirnáisiúnta/san AE

Bhí an Banc páirteach i raon seimineár agus ceardlann ardleibhéil a mhéadaigh comhoibriú idirnáisiúnta agus comhroinnt faisnéise. Bhí an Gobharnóir mar phríomhchainteoir ag an 6ú Seimineár Ardleibhéil de Bhainc Cheannais i Réigiún na hÁise Thoir-Aigéin Chiúin (RETAC) agus an limistéir euro an 27/28 Meitheamh 2011; thug sé léacht ag an Ionad Idirnáisiúnta um Staidéar Airgeadaíochta agus Baincéireachta an 15 Márta 2011 sa Ghinéiv; d'fhreastail an Gobharnóir ar an Séú Léacht Cuimhneacháin Gilman Rutihinda an 12 Lúnasa

2011 sa Tansáin. De bhreis air seo, ghlac an Gobharnóir páirt i raon comhdhálacha agus seimineár tábhachtach i Frankfurt, Washington, Heilsincí, Zurich agus Lucerne. Thug an Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais agus an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais mar aon le baill eile ón ardbhainistíocht roinnt cainteanna agus ghlac siad páirt i seimineáir agus i gcomhdhálacha idirnáisiúnta eile.

Bhí an Banc ina óstach do roinnt toscaireachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear toscaireacht ó údarais Vítneam, ina raibh ionadaithe ón gCoimisiún Comhairleach Airgeadais Náisiúnta (CCAN), an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Gnóthaí Baile, i mí na Nollag 2011. Tá sé seo mar pháirt de thacaíocht leantach atá tugtha ag an mBanc do chlár Cúnaimh na hÉireann i Vítneam, atá mar pháirt de Chlár Comhroinnte Taithí Forbartha na hÉireann (IDEAS) ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha.³³

Chuir an Banc cúnamh teicniúil ar fáil do Bhanc Náisiúnta na Seirbia le roinnt saincheisteanna a bhain le tomhaltóirí ag cuairt dhá lá i mí an Mheithimh 2011. Rinne an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí cur i láthair chomh maith mar pháirt den chuairt sin.

I mí Eanáir 2011, rinne an Banc Meabhrán Tuisceana (MT) le Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise (BCCR), i ndiaidh cuairte dhá lá ó oifigigh de chuid an BCCR. Tugadh tiomantas i rith cruinnithe den Choiste Déthaobhach Idir-Rialtasach um Chomhoibriú Gnó agus Forbartha, i mí Márta 2009, comhoibriú idir an dá bhanc ceannais a fheabhsú.

³³ Tá dhá chuspóir ag an gclár seo – féachann sé le ceachtanna atá foghlamtha ó fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann a roinnt le Vítneam agus le naisc eacnamaíocha agus pholaitiúla a chothú idir Éire agus Vítneam.

Próisis agus Nósanna Imeachta Inmheánacha a bhainistiú

Acmhainní Daonna

Ag deireadh 2011, bhí 1,372 comhalta foirne ar fostú ag an mBanc, comhdhéanta de chomhaltaí foirne buana agus de chomhaltaí foirne ar théarma seasta ó líon faofa iomlán de 1,559. Astu sin, sannadh 278 d'fheidhmeanna Baincéireachta Ceannais, 622 do réimsí Rialála agus 472 d'Oibríochtaí. Sannadh 7 breise don Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí Teoranta (CCIT). B'ionann an t-iomlán agus glanmheadú 11.9 faoin gcéad ar leibhéil soláthair foirne 2010. Tá an méadú inchurtha, san iomlán, i leith méaduithe leantacha ar leibhéil acmhainne i Stiúrthóireachtaí Rialála. Thairis sin, i rith 2011 fuarthas 16 iasacht ó sheirbhísí proifisiúnta agus ó dhlíghnólachtaí agus sannadh gach duine díobh do réimsí Rialála.

I mí Mheán Fómhair 2011, aontaíodh an Plean Straitéiseach Acmhainní Daonna 2011-2014 le Coiste Ardbhainistíochta an Bhainc. Aithnítear sa Plean, gur aistríodh an fócas ó earcú foirne, chuig forbairt agus coinneáil foirne. Rinneadh obair shuntasach sa bhliain 2011 chun an plean a fhorbairt agus a chur in iúl, ar plean é a dhíreoidh ar phróisis láidre do bhainistíocht chumais a fhorbairt, chun go mbeidh forbairt gairme bunaithe ar róil agus chun go gcuirfí le rannpháirtíocht fostaithe agus le héifeachtacht na heagraíochta.

Sa bhliain 2011, forbraíodh córas bainistíochta feidhmíochta nua agus tugadh isteach é sa Bhanc ó mhí an Mheithimh 2011 ar aghaidh. Léiríonn sé seo tiomantas an Bhainc d'fheidhmíocht a bhainistiú agus do thacú leis an bhfoireann scileanna, eolas agus saineolas a fhorbairt lena gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtúla, níos éifeachtaí. Cuireadh oiliúint agus tacaíocht shuntasach ar fáil i rith an dara leath den bhliain nuair a tugadh isteach an córas nua.

Teicneolaíocht Faisnéise

Chuir an Banc modheolaíochtaí dea-chleachtais láidre i bhfeidhm maidir le haithint, measúnú, beartú tosaíochta agus cur i gcrích na dtionscadal a bhí bainteach leis an gcóras. D'athchóirigh sé eagair na Teicneolaíochta Faisnéise chun éifeachtacht a uasmhádú agus an tsraith soláthair tionscadal a bharrfheabhsú. Mhéadaigh an Banc a chuid acmhainne i gcás soláthar tionscadal TF agus chomhlíon sé

sceideal dian d'fhorbairt feidhmchlár agus riachtanas feabhsúcháin i measc na n-oibríochtaí baincéireachta rialála agus ceannais (e.g. Scéim Ráthaíochtaí Taiscí, Oiriúnacht agus Ionracas, sonraí tuairisceán stuamachta, deireadh leis an tarmilgean maidir le Faomhadh Réamheolaire). Cuireadh gach tionscadal CEBC éigeantach i gcrích in am. Cuireadh obair i gcrích in am i gcomhpháirt le roinnt banc ceannais agus tráchtála intíre eile i gcás chur chun feidhme chórais nua láimhseála airgid d'oibríochtaí Airgeadra.

Bainistiú Faisnéise

Lean an Banc d'fheidhm a bhaint as an teicneolaíocht agus de phróisis agus de chórais a fhorbairt d'fhonn úsáid na n-acmhainní faisnéise sa bhanc a uasmhádú. Cuireadh béim ar leith ar ghabháil sonraí agus ar anailísíocht chomhoibritheach. Tacaíonn na tionscadail seo le líon agus coimpléascacht mhéadaithe na sonraí rialála agus leis na hoibleagáidí rialála intíre agus Eorpacha a chomhlíonadh.

Riosca Eagraíochtúil

Go luath sa bhliain 2011, bhunaigh an Banc an Roinn um Riosca Eagraíochtúil inar cuimsíodh in aon réimse amháin na feidhmeanna monatóireachta riosca a bhí ann cheana féin maidir le sócmhainní infheistíochta, feidhmeanna maidir le riosca oibríochta agus feidhmeanna maidir le leanúnachas gnó. Tá freagracht leathan ag an Roinn seo as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht an Bhainc in eochair-rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais. Forbraíodh feidhmeanna nua chun monatóireacht riosca a dhéanamh ar chomhthaobhacht arna glacadh d'iasachtú ó bhainc cheannais, agus do bhainistíocht sócmhainní agus dliteanais. Príomhfhócas i rith 2011 ab ea athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige stairiúil an Bhainc agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí le cur chuige a bheadh ar aon dul le dea-chleachtas. Forbraíodh tuilleadh rialachais maidir le bainistíocht riosca inmheánaigh chomh maith, lenar cuimsíodh an Coiste Feidhmíocháin um Riosca (CFR) a thugann tacaíocht do Choiste Riosca an Choimisiúin. Thairis sin, cuireann an Coiste um Bainistíocht Riosca le forbairt bheartas bainistíochta riosca an Eurochórais.

Riosca Leanúnachais Gnó agus Bainistíocht Riosca Oibríochtúil

Tugadh isteach creat Bainistíochta Leanúnachais Ghnó (BLG) agus forbraíodh plean téarnaimh ar fud na heagraíochta lena úsáid i gcás teagmhais.

Cuireadh foireann agus creat nua bainistíochta teagmhais i bhfeidhm chun teagmhais shuntasacha a bhainistiú. Rinneadh anailís ar an tionchar gnó a bheadh ann i gcás teagmhais shuntasacha ionchasaigh i ngach réimse sa Bhanc agus tosaíodh ar na pleananna athshlánaithe a thástáil. Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige reatha atá ann do riosca oibríochta, agus forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm cur chuige cuimsitheach feabhsaithe do riosca oibríochta, chomh maith le freagairt na heagraíochta do theagmhais shuntasacha oibríochta agus leanúnachais ghnó.

Bainistíocht Riosca ar an gClár Comhardaithe

Forbraíodh cur chuige feabhsaithe chun rioscaí airgeadais a eascraíonn as clár comhardaithe an Bhainc a aithint agus a bhainistiú. Leis seo, féachtar le cur chuige níos iomlánaí a chruthú chun na rioscaí seo a bhainistiú agus dearcadh riosca a ionchorprú i bpleanáil airgeadais. Déantar monatóireacht ghníomhach ar rioscaí a bhaineann le comhthaobhacht atá geallta d'oibríochtaí Eurochórais. Tá clár díchill chuí maidir leis an gcomhthaobhacht atá mar bhunús le soláthar leachtachta neamhchaighdeánach an Bhainc.

Seirbhísí Dlí

I measc na dtionscadal mór reachtaíochta a cuireadh chun cinn, áirítear Bille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2011 agus Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Cuireadh acmhainní suntasacha ar fáil do na nithe seo a leanas: iarratas an Bhainc chun cigirí a cheapadh le hiniúchadh a dhéanamh ar ghnóthaí Custom House Capital Limited agus ar ábhair a thiocfadh as iniúchadh na gcigirí; an Cód nua um Chosaint Tomhaltóirí; na Ceanglais Inniúlachta Íosta nua agus dréachtú agus cur chun feidhme an chlár nua oiriúnachta agus ionracais. Cuireadh cúnamh ar fáil chomh maith i dtaca le rannpháirtíocht an Bhainc i gCoimisiún na gComhar Creidmheasa.

Rinne an Banc socruithe éagsúla dlí a chaibidil maidir le Clár AE-CAI. Leanadh le hobair ar shaincheisteanna a bhain le comhthaobhacht arna glacadh ó oibríochtaí creidmheasa Eurochórais agus intíre. I rith 2011, thug an Rannóg Dlí comhairle agus tacaíocht maidir le trasuíomh Treoracha Eorpacha amhail na leasuithe ar an Treoir um Chríochnaitheacht Socraíochta agus ar an Treoir um Shocruithe ar Chomhthaobhacht Airgeadais, chomh maith le hobair ar Shócmhainneacht II.

Forbairt Eagraíochtúil

Bunaíodh an Roinn um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochtúil sa bhliain 2011 a bhfuil mar aidhm aici maoirseacht a dhéanamh ar an mbreac-chlár um athrú eagraíochtúil sa Bhanc. Cuimsíonn sé seo feabhas ar chomhtháthú eagraíochtúil, cumarsáid inmheánach, forbairt foirne, bainistíocht feidhmíochta agus feabhsuithe eile arna sainiú i suirbhé ar thuairimí fostaithe sa bhliain 2010.

Sa bhliain inar tharla an t-athbhreithniú, bunaíodh an Oifig um Bainistíocht Tionscadal (OBT). Tá an OBT tar éis modheolaíocht chaighdeánach a thabhairt isteach do bhainistíocht, do mhaoirseacht agus do sholáthar raon leathan tionscadal sa Bhanc. Tugadh isteach clár oiliúna do bhainistíocht tionscadal agus sraith uirlisí córais agus tacaíochta chomh maith, atá ceaptha feabhas a chur ar bhainistíocht agus ar sholáthar chlár tionscadal an Bhainc. De bhreis air seo, bunaíodh próiseas agus struchtúr tosaíochta do na tionscadail chomh maith.

Ag deireadh 2011, bhí 83 tionscadal beo ann, rud a léiríonn an ilchineálacht leathan a bhaineann le gníomhaíochtaí an Bhainc agus lena chuid cuspóirí straitéiseacha.

De bhreis ar a phríomhról maidir le dea-chleachtas a bhunú do bhainistíocht tionscadal sa Bhanc, thacaigh an OBT le forbairt an chlár um athrú agus um fheabhsú na heagraíochta.

Straitéis & Pleanáil

Tá Plean Straitéiseach reatha an Bhainc leagtha amach don tréimhse 2011 go 2012. Le linn 2011, rinne modheolaíocht Scórchárta Ualaithe an Bhainc tomhas ar sholáthar na spriocanna straitéiseacha tosaíochta sna réimsí seo a leanas: athchóiriú agus athstruchtúrú an chórais airgeadais; rialáil threisithe threallúsach airgeadais; rialáil fheabhsaithe do chosaint tomhaltóirí; rannpháirtíocht le Páirtithe Seachtracha agus le comhlachtaí comhairleacha an AE; agus anailís eacnamaíoch fheabhsaithe. Sa bhliain 2010, ghlac an Banc páirt in athbhreithniú idirnáisiúnta ar éifeachtacht eagraíochtúil rialtóirí na n-earnálacha airgeadais. Léirigh torthaí an athbhreithnithe slata tomhais luachmhara agus sonraí maidir le próisis agus acmhainní rialála an Bhainc. Le linn 2011, ghlac an Banc páirt arís sa phróiseas athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta. Léiríonn torthaí athbhreithnithe 2011 gur mhéadaigh acmhainní agus inniúlachtaí rialála airgeadais an Bhainc ó thaobh láidreachta de.

Scórchárta Ualaithe

Is ionann próiseas Scórchárta Ualaithe an Bhainc agus uirlis eagraíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Straitéiseach an Bhainc do 2010-2012. Ullmhaítear BCU bliantúil don eagraíocht.

Sainítear na cuspóirí sa SCU ina gceithre chatagóir

- » Oibríochtaí - príomhoibríochtaí laethúla an Bhainc;
- » Tionscadail - tionscadail shuntasacha a mbeadh tionchar acu ar an eagraíocht;
- » Daoine - tionscnaimh mhóra chun feidhmíocht na foirne a fheabhsú; agus
- » Airgeadas- Bearta chun a chinntiú go bhfuil oibríochtaí na heagraíochta chomh héifeachtach, éifeachtúil agus is féidir.

Déantar na cuspóirí a mheas i dtéarmaí céatadáin i gcomhréir leis an tábhacht a bhaineann leo ó thaobh chuspóirí foriomlána an Bhainc a bhaint amach. Tá na Stiúrthóirí san eagraíocht cuntasach as gach cuspóir eagraíochta a bhaint amach. Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht Scórchárta Ualaithe na hEagraíochta agus tuairiscítear í don Choiste Buiséid & Luacha Saothair ar bhonn ráithiúil. Reáchtálann Coiste Feidhmiúcháin an Bhainc measúnú bliantúil ar fheidhmíocht na heagraíochta mar a bheadh measta i SCUanna na heagraíochta.

Tá an Scórchárta Ualaithe nasctha le Clár Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (CFBF) na heagraíochta lena ndéantar feidhmíocht na foirne a mheas.

Cumarsáid

Fuarthas beagnach 14,000 cumarsáid dhíreach ó bhaill den phobal le linn 2011. Bhí leibhéal ard iarratas ann ó na meáin sa bhliain 2011, agus déileáladh le 1,869 iarratas. Léirigh sé seo an spéis leantach, idir idirnáisiúnta agus intíre, sa ghéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch agus ról an Bhainc in obair amhail Tionscadail na mBearta Airgeadais. Bhí leibhéal arda leantacha gníomhaíochta ann chomh maith i gcás agallaimh leis na meáin, óráidí, ráitis agus seisiúin faisnéise don phreas. Thairis sin, thug an Banc freagra ar 177 Ceist Pharlaiminteach (CPanna) tríd an Roinn Airgeadais.

Ba é an tOllamh Cormac Ó Gráda ón gColáiste Ollscoille, BÁC, a thug léacht Whitaker 2011. Cuireadh tús leis na léachtaí seo in 2004 le hurraim don Dr. T.K. Whitaker a bhí ina Ghobharnóir ar an mBanc ó 1969-1976.



T.K. Whitaker (sa lár) leis an Ollamh Cormac Ó Gráda, An Coláiste Ollscoile, BÁC, agus an Gobharnóir, Patrick Honohan, ag léacht Whitaker 2011.

Áitribh

Bíonn an Banc ag obair as seacht bhfoirgneamh éagsúla ag ceithre shuíomh éagsúla. Bíonn gníomhaíochtaí oifig-bhunaithe ar siúl ag formhór na foirne (thart ar 80 faoin gcéad) sna láithreacha i Lár na Cathrach agus bíonn gníomhaíochtaí déantúsaíochta ar siúl ag an Ionad Airgeadra. Soláthraítear seirbhísí ar an láthair i ngach suíomh (amhail áiseanna bainistíochta, slándála, lónadóireachta etc).

Is féidir feidhmíocht bhliantúil gach suímh don tréimhse 2011 i gcomparáid le 2010 a mhiondealú mar seo a leanas:

Leictreachas:
10,024,602 kWh
(12.1 faoin gcéad de laghdú ar bhonn 2010)

Gás agus Ola:
5,816,004 kWh
(16.5 faoin gcéad de laghdú ar bhonn 2010)

Fuinneamh Iomlán:
15,840,606 kWh
(13.0 faoin gcéad de laghdú ar bhonn 2010)

Cé go gcuirfeadh geimhreadh séimh 2011 leis an laghdú in úsáid bhreosla iontaise ó 2010, léiríonn an laghdú ar ídiú leictreachais éifeachtacht roinnt de na bearta laghdaithe fuinnimh liostaithe thíos.

Bosca 12: Úsáid Fuinnimh: Bearta a rinneadh in 2011 agus atá beartaithe do 2012
Bearta a Rinneadh in 2011

Sa bhliain 2011, thug an Banc faoi raon tionscnamh chun a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- » Thacaigh an Ardbhainistíocht leis an mBeartas Fuinnimh Corparáideach don fheachtas spreagtha straitéise agus feasachta;
- » Rinneadh uasghrádú iomlán ar shoilsiú seachtrach i suíomh amháin chuig aonaid ní b'éifeachtaí;
- » Rinneadh uasghrádú ar shoilsiú i limistéir inmheánacha éagsúla agus chonacthas laghdú 25 faoin gcéad in ídiú fuinnimh i bhfoirgneamh amháin cheana féin;
- » Suiteáil méadair curtha i gcrích ag an Ionad Airgeadra chun feidhmiúlacht (agus taifid) an Chórais Bainistíochta Foirgnimh a éascú;
- » Uaineadóirí suiteáilte ar threalamh téimh uisce i suíomh amháin; agus
- » Forbairt ar chreat tuairiscithe bliantúil ar úsáid fuinnimh.

Bearta atá Beartaithe do 2012

Sa bhliain 2012, tá sé i gceist ag an mBanc tuilleadh feabhais a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- » Innéacs úsáide fuinnimh ráithiúil a chruthú do gach suíomh chun feidhmíocht bainistíochta fuinnimh a spreagadh agus a mheas;
- » Leas a bhaint as tacaíocht phroifisiúnta chun deiseanna breise feabhais a aithint;
- » Clár oiliúna feasachta foirne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- » Foirne/coistí fuinnimh a chruthú chun feabhsuithe a chur chun cinn i ngach suíomh;
- » Uasghrádú ar shoilsiú a chur i gcrích - meastar go mbainfear coigilt 50 faoin gcéad amach in úsáid fuinnimh i roinnt áiteanna;
- » Deiseanna a aithint chun úsáid bhreosla iontaise i ngach suíomh a laghdú, agus tosaíocht a thabhairt d'acmhainní in-athnuaite nuair is féidir; agus
- » Ionadaíocht ó bhainistíocht áiseanna bheith páirteach i bpleanáil cóiríochta chun éifeachtúlacht aon áitribh nua a uasmhéadú.

Tugtar é seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann,

Patrick Honohan
An Gobharnóir

Neil Whoriskey
An Rúnaí

25 Aibreán 2012

Aguisín 1: Ráitis arna ndéanamh agus Páipéir arna bhFoilsíú ag an mBanc sa bhliain 2011

Príomhghníomhaíochtaí

Feasachán Ráithiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2010 – Bealtaine 2011

Ráitis Preasagallaimh

Focal ón nGobharnóir Patrick Honohan ag Foilsíú Thorthaí Caipitil agus Leachtachta na hEarnála Baincéireachta - Márta

Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir Patrick Honohan ag foilsíú Thuarascáil Bhliantúil Bhanc Ceannais na hÉireann 2010 – Bealtaine

Óráidí agus Léiriúcháin

Aitheasc ón nGobharnóir Patrick Honohan don Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha, Baile Átha Cliath – Eanáir

Aitheasc ón nGobharnóir Patrick Honohan don Ionad Idirnáisiúnta um Staidéar Airgeadaíochta agus Baincéireachta, An Ghinéiv – Márta

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) Matthew Elderfield, don Foresight Business Group, Baile Átha Cliath – Márta

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) Matthew Elderfield, don Thomson Reuters News Event, Londain – Aibreán

Aitheasc ó Stiúrthóir na nInstitiúidí Creidmheasa, Jonathan McMahon, d'Ionad Nuálaíochta na Seirbhísí Airgeadais, Coláiste na hOllscoile Corcaigh – Aibreán

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) Matthew Elderfield, do Chumann Tráchtála na Gaillimhe – Bealtaine

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) Matthew Elderfield, d'Fhóram Árachais na hEorpa, Baile Átha Cliath – Bealtaine

Aitheasc ó Chláraritheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, d'Fhóram Rialála na gComhar Creidmheasa – Meitheamh

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhargad, Gareth Murphy, do Chomhlachas Thionscal Cistí na hÉireann, Baile Átha Cliath – Meitheamh

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, do Cholaíste Griffith Baile Átha Cliath – Meitheamh

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) Matthew Elderfield, do Scoil Samhraidh MacGill, Na Gleannta – Iúil

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, do Léacht Cuimhneacháin Gilman Rutihinda, An Tansáin – Lúnasa

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, do Sheimineár MABS ar Fhiachas Morgáiste, Port Láirge – Deireadh Fómhair

Focail Tosaigh ón nGobharnóir, Patrick Honohan, ag Comhdháil Bhanc Ceannais na hÉireann ar Mhargadh na Morgáistí, Baile Átha Cliath – Deireadh Fómhair

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais), Matthew Elderfield, do Chumann na nOifigeach Comhlíontachta in Éirinn, COC – Deireadh Fómhair

Aitheasc ó Chláraritheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, do Chruinniú Ginearálta Bliantúil an Fhórait Do Mhaoirseoirí Náisiúnta 2011, Cathair na Mart – Samhain

Aitheasc ó Stiúrthóir na nInstitiúidí Creidmheasa, Jonathan McMahon, do Chumann na nOifigeach Comhlíontachta in Éirinn, an Chomhdháil um Chomhlíonadh Airgeadais, Baile Átha Cliath – Samhain

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) Matthew Elderfield, don ACCA, Baile Átha Cliath – Nollaig

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais), Stefan Gerlach, do ZinsFORUM, Frankfurt – Nollaig

Ailt i bhfeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

'Large-Value Payment System Design and Risk Management' – David Cronin – Uimh.1 2011

'Firms' Financing During the Crisis: A Regional Analysis' – Sarah Holton agus Martin O'Brien – Uimh.1 2011

'Irish Money and Banking Statistics: A New Approach' – Rory McElligott agus Martin O'Brien – Uimh.1 2011

'Analysing the Determinants of Attitudes to Risk and Their Role in Pension and Investment Decisions in Ireland and the UK' – Nuala O'Donnell – Uimh.2 2011

'Assessing the Cost Competitiveness of Irish Manufacturing Sectors' – Derry O'Brien – Uimh.2 2011

'The Rise and Fall of Sectoral Net Wealth in Ireland' – Mary Cussen agus Gillian Phelan – Uimh.3 2011

'Using the Bank Lending Survey to Understand the Recent Disruption to Financial Markets: An Overview' – Bernard Kennedy – Uimh.3 2011

'Meeting the Statistical Challenges of Financial Innovation: Introducing New Data on Securitisation' – Brian Godfrey agus Clive Jackson – Uimh.3 2011

'Treatment of Special Bank Interventions in Irish Government Statistics' – Mary Cussen agus Mick Lucey – Uimh.4 2011

'Trends in the Irish Credit and Deposits Markets: A New Presentation' – Martin O'Brien agus Jean Goggin – Uimh.4 2011

Boscaí i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

'Compositional Effects in Recent Trends in Irish Unit Labour Costs' – Derry O'Brien – Uimh.1 2011

'Money Market Funds' – Uimh.1 2011

'Developments in the Foreign-Exchange and OTC Interest Rate Derivatives Market in Ireland: 2007 – 2010' – Aisling Menton – Uimh.1 2011

'Dynamic German growth and spillover effects to the rest of the euro area' – Brian Golden – Uimh.1 2011

'Global Food Commodity Price Increases and HICP Inflation' – John Larkin – Uimh.1 2011

'Irish Banks' Foreign Claims: Retrenchment Continues' – Áine Driscoll – Uimh.2 2011

'New Data on the Residential Mortgage Market at end-2010' – Martin O'Brien – Uimh.2 2011

'Benchmark crude oils – West Texas Intermediate and Brent' – John Larkin – Uimh.2 2011

'Quota & Voice Reform at the IMF and the Impact on Ireland' – Linda Dungan – Uimh.2 2011

'The Impact of the Car Scrappage Scheme on Retail Sales' – Eddie Casey agus Derry O'Brien – Uimh.3 2011

'Relative Trends in Irish Services Producer Prices' – Derry O'Brien and Diarmaid Smyth – Uimh.3 2011

'Developments in Retail Interest Rate Margins' – Uimh.3 2011

'Recent Developments in Euro Area Housing Markets' – Linda Dungan - Uimh. 3 2011

'A Study of Irish Trade with China' – Neill Killeen agus Diarmaid Smyth – Uimh. 3 2011

'The Contribution of Investments of GDP' – Mary Ryan – Uimh. 4 2011

'Irish Macroeconomic Responses to Changes in Export Demand' – Colin Bermingham agus Thomas Conefrey – Uimh.4 2011

'Recent Developments in Market-Based Financing' – Dermot Coates agus Mary Everett – Uimh. 4 2011

'Recent US GDP Growth Revisions' – Brenda McGovern – Uimh. 4 2011

'An Analysis of the Composition of Irish Trade with China' – Jenny Osbourne-Kinch agus Neill Killeen – Uimh.4 2011

Páipéir Theicniúla Taighde

'Exploring the Steady-State Relationship between Credit and GDP for a Small Open Economy - The Case of Ireland' - Robert Kelly, Kieran McQuinn agus Rebecca Stuart – Márta

'Marginal Distance: Does Export Experience Reduce Firm Trade Costs?' - Martina Lawless – Márta

'Real-Time Nowcasting of GDP: Factor Model versus Professional Forecasters' - Liebermann Joelle – Márta

'Structural Breaks - An Instrumental Variable Approach' - Denis Conniffe agus Robert Kelly – Márta

'The Value Relevance of Sentiment' – Peter Dunne, John Forker agus Andrey Zholos – Márta

'Behavioural Characteristics and Financial Distress' – Yvonne McCarthy – Márta

'The Impact of Macroeconomic News on Bond Yields: (In)Stabilities over Time and Relative Importance' – Joelle Liebermann – Márta

'Repo Market Microstructure in Unusual Monetary Policy Conditions' – Peter Dunne, Michael J. Fleming agus Andrey Zholos – Márta

'Impairment and Negative Equity in the Irish Mortgage Market' – Robert Kelly, Yvonne McCarthy agus Kieran McQuinn – Bealtaine

'The Irish Macroeconomic Response to an External Shock with an Application to Stress Testing' - Colin Bermingham agus Thomas Conefrey – Deireadh Fómhair

'Credit Access for Small and Medium Firms: Survey Evidence' - Martina Lawless agus Fergal McCann – Samhain

'The Irish Mortgage Market: Stylised Facts, Negative Equity and Arrears' - Gerard Kennedy agus Tara McIndoe Calder – Samhain

'The Good, The Bad and The Impaired - A Credit Risk Model of the Irish Mortgage Market' – Robert Kelly – Samhain

'What Lies Beneath? Understanding Recent Trends in Irish Mortgage Arrears' – Reamonn Lydon agus Yvonne McCarthy – Samhain

'Fiscal fan charts - A tool for assessing member states' (likely?) compliance with EU fiscal rules' - David Cronin agus Kevin Dowd - Nollaig

Foilseacháin ag Comhaltai Foirne in Irisí Acadúla

'Testing for Asymmetric Pricing Behaviour in Irish and UK Petrol and Diesel Markets' – Colin Bermingham agus Derry O'Brien – Energy Journal, Iml.32 (3), Ich.1 - 26

'Monetary Policy and Real Estate Investment Trusts' – Don Bredin, Gerard O'Reilly agus Simon Stevenson' – International Journal of Finance and Economics, Iml.16, Ich.92 - 102

'Understanding the Dynamics of Labor Shares and Inflation' - Martina Lawless agus Karl Whelan - Journal of Macroeconomics, Iml. 32 (2), Ich.121 – 136

'How are Irish households coping with their mortgage repayments? Information from the survey on income and living conditions' – Yvonne McCarthy agus Kieran McQuinn – Economic and Social Review, Iml.41 (2), Ich.71-94

'Commonality in Returns, Order Flows, and Liquidity in the Greek Stock Market' - Peter Dunne, Michael Moore & Victor Papavassiliou - European Journal of Finance, Iml.17 (7), Ich.577 – 587

'The Macroeconomic Impact of Changing the Rate of Corporation Tax' - Thomas Conefrey agus John Fitz Gerald – Economic Modelling, Iml.28 (3), Ich.991-999

'The Macroeconomic Impact of Changing the Rate of Corporation Tax' - Thomas Conefrey and John FitzGerald – ESRI QEC Research Bulletin, Iml.2 (1), p 51-53

'Money Growth, Uncertainty and Macroeconomic Activity: A Multivariate GARCH' – David Cronin, Robert Kelly agus Bernard Kennedy – Empirica – le teacht

'Are Some Forecasters Really Better Than Others' - Antonello D'Agostino, Kieran McQuinn agus Karl Whelan - Journal of Money Credit And Banking – le teacht

'Macroeconomic forecasting And Structural Change' – Antonello D'Agostino agus Luca Gambetti - Journal of Applied Econometrics – le teacht

'A Century Of Inflation Forecasts' – Antonello D'Agostino agus Paola Surico – Review of Economics & Statistics – le teacht

'Exploring the steady-state relationship between credit and GDP for a small open economy - the case of Ireland' - Robert Kelly, Kieran McQuinn agus Rebecca Stuart - Economic and Social Review – le teacht

'Tax Complexity and Inward Investment' – Martina Lawless – Economica – le teacht

'Credit access for Irish SMEs - Evidence from micro data' – Fergal McCann agus Martina Lawless – Journal of SSISS - le teacht

'Population, Employment and Unemployment' – John O'Hagan agus Tara McIndoe Calder – Economy of Ireland: National and Sectoral Policy Issues, 11ú eagrán

'Prolonged Dislocation and the Financial Crisis' – Frank Browne agus Robert Kelly – Lessons from the Financial Crisis, MIT Press

'Regulation and Banking after the Crisis' – Frank Browne, David T. Llewellyn agus Philip Molyneux (ed.s), – Le bheith foilsithe ag SUERF – le teacht

'Monetary Policy, Inflation and Commodity Prices' – Frank Browne agus David Cronin – In Benaben and Perrucci (ed.s), Inflation and Commodities: An Investor's Guide to Markets, Strategies and Risks - le teacht

Foilseacháin Staidrimh

Cuntais Airgeadais Ráithiúla

Staidreamh Cistí Infheistíochta – Ráithiúil

Staidreamh Baincéireachta Comhdhlúite: Éilimh
Eachtracha – Ráithiúil

Treochtaí in Iasachtú Pearsanta agus i dTaiscí
Pearsanta – Ráithiúil

Treochtaí i gCreidmheas agus i dTaiscí Gnó-
Ráithiúil

Staidreamh Eisiúna Urrús – Míosúil

Staidreamh Airgid agus Baincéireachta –
Míosúil

Staidreamh Rátaí Úis Miondíola– Míosúil

Staidreamh Sealúchas Urrús – Míosúil

Staidreamh maidir le Corparáidí um Meáin
Airgeadais - Ráithiúil

Páipéir Chomhairliúcháin arna bhFoilsíú ag an mBanc sa bhliain 2011

‘Consultation on Impact Metrics for the
Supervision of Financial Firms and on impact
Based Levies’ – Feabhra

‘Consultation on amendments to UCITS
Notices, NU Notices and Guidance Notes to
reflect UCITS IV and other changes’ – Márta

‘The Fit and Proper Regime in Part 3 of the
Central Bank Reform Act 2010’ – Márta

‘Proposed Changes to Regulatory Reporting
Requirements for Irish Investment Firms’ –
Márta

‘Corporate Governance Code for captive
Insurance and captive Reinsurance
Undertakings’ – Iúil

‘Second Consultation on Review of Consumer
Protection Code’ – Lúnasa

‘Consultation of the Code of Conduct for
Business Lending to Small and Medium
Enterprises’ – Lúnasa

‘Inquiry Guidelines to be prescribed pursuant to
section 33BD of the Central Bank Act 1942 (as
amended)’ - Samhain

Caibidil 2:

Rialachas



Sa chaibidil seo, leagtar amach na nósanna imeachta agus na próisis is infheidhme maidir le rialachas Bhanc Ceannais na hÉireann le linn 2011.

An Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann le hAcht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc san Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010. Is é cuspóir príomhúil an Bhainc cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Tá na cuspóirí seo a leanas ag an mBanc freisin:

- » Cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú;
- » A áirithiú go ndéanfar rialáil chuí, éifeachtach ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais;
- » Oibriú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta a áirithiú; agus
- » A áirithiú go gcuirfear anailís agus trácht ar fáil d'fhonn tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

Ina theannta sin, tá an Banc ina bhall den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC).

Is scairshealbhóir aonair an Bhainc é an tAire Airgeadais.

Coimisiún an Bhainc Ceannais

Ról an Choimisiúin

Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla Choimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún): gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna baincéireachta ceannais agus rialála airgeadais de chuid an Bhainc a chomhtháthú agus a chomhordú; a áirithiú go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc. Ina theannta sin, tá téarmaí tagartha dá chuid féin glactha ag an gCoimisiún ina leagtar amach an chaoi is fearr inar féidir na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Le hAcht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú) foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún aon cheann de na feidhmeanna reachtúla a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig an

Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc agus le feidhmiú a chuid cumhachtaí agus feidhmeanna, tarmligear feidhmiú fhorhóir feidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc chuig Comhaltaí Bainistíochta an Choimisiúin. I gcás ina ndéanfar feidhmeanna a tharmligean amhlaidh, is ar an gComhalta Bainistíochta sin a bheidh an fhreagracht nó an chuntasacht maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin. Ar a shon sin, is é an Coimisiún, trí mheán a chuid Coistí go minic (an Coiste Iniúcháireachta, an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus an Coiste Riosca), a dhéanfaidh monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na gComhaltaí Bainistíochta nuair a bheidh na feidhmeanna agus cumhachtaí sin á bhfeidhmiú acu agus a scrúdóidh rialuithe inmheánacha an Bhainc. Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar nithe oibríochtúla a thabhairt os comhair an Choimisiúin lena gcinneadh, cinnteoidh an Coimisiún go bhfuil an Banc ag gníomhú ar shlí iomchuí i gcomhréir lena chuid feidhmeanna agus cumhachtaí reachtúla.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus Comhaltaí Bainistíochta maidir le saincheistean a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc (ar leith ó feidhmeanna CEBC eile) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Bíonn an Coimisiún rannpháirteach i múnú straitéise freisin lena bhféadfaidh an Banc a chuid feidhmeanna reachtúla a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhainc i ndáil leis an straitéis sin.

Le linn 2011 agus go luath sa bhliain 2012, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a éifeachtúlacht féin chun a chinntiú go raibh na cumhachtaí agus na feidhmeanna arna dtabhairt dó á bhfeidhmiú agus á gcomhlíonadh go cuí i gcoibhneas lena chuspóirí. Rinne an Coimisiún breithniú ar na cinntí agus ar na moltaí a lean as an athbhreithniú go luath in 2012.

Comhaltaí an Choimisiúin

Is é an Gobharnóir atá ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún agus is iad an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais), an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais na comhaltaí ex-officio eile. Déanann an tAire Airgeadais seisear comhalta eile ar a laghad den Choimisiún a cheapadh, ach líon nach mó ná ochtar, agus sealbhaíonn na comhaltaí sin oifig ar feadh téarma cúig bliana. Ar a shon sin, téarma trí bliana go cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige comhaltaí tosaigh an Choimisiúin d'fhonn leanúnachas eolais a chinntiú. Maidir le comhaltaí ex-officio den Choimisiún, leanfaidh

siad de bheith ina gcomhaltaí fad a bheidh siad i seilbh na hoifige lena mbaineann.

Tugtar tuairisc ar luach saothair Chomhaltaí an Choimisiúin i Nóta 8 de na Cuntais Airgeadais.

Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún amhail ar an 31 Márta 2012:

Comhaltaí Ex-Officio

An Gobharnóir

Is é an tUachtarán a cheapfaidh an Gobharnóir, ar chomhairle ón Rialtas, ar feadh téarma seacht mbliana agus féadfar síneadh seacht mbliana a chur leis. Ceapadh an tOllamh Patrick Honohan ina Ghobharnóir an 26 Meán Fómhair 2009.

Tá an Gobharnóir ina chomhalta ex-officio de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE). Ní mór don Ghobharnóir, nó ionadaí dá chuid, freastal ar gach cruinniú den Chomhairle Rialaithe. Leagtar amach a ról agus a fhreagrachtaí i gConarthaí AE, Reacht CEBC agus in Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Déanann an Gobharnóir a chuid feidhmeanna CEBC a chomhlíonadh neamhspleách ar an gCoimisiún agus is é an Gobharnóir amháin atá freagrach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhorchuirtear air, agus as feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don Bhanc, le Conarthaí AE nó le Reacht CEBC. Cumhdaítear neamhspleáchas a ról i gConarthaí AE, a bhfuil tosaíocht acu ar dhlí na hÉireann.

Sular tháinig sé chun bheith ina Ghobharnóir, bhí sé ina Ollamh le hEacnamaíocht agus Forbairt Airgeadais Idirnáisiúnta i gColáiste na Tríonóide ó 2007. Roimhe sin, chaith sé beagnach deich mbliana sa Bhanc Domhanda áit ina raibh sé ina Chomhairleoir Sinsearach ar bheartas don earnáil airgeadais. Bhí sé in Ollamh Taighde roimhe sin leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath ó 1990 go dtí 1998. Ina theannta sin, bhí sé ina Chomhairleoir Eacnamaíoch don Taoiseach Garret Fitzgerald (1981-82 agus 1984-86) agus chaith sé roinnt blianta mar eacnamaí i mBanc Ceannais na hÉireann (1976-81 agus 1984-86) agus sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (1971-73). Is céimí é de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus bhain sé Ph.D. san Eacnamaíocht amach in Ollscoil na hEacnamaíochta, Londain, i 1978. Theagasc sé Eacnamaíocht in Ollscoil na hEacnamaíochta, Londain, in Ollscoil California-San Diego, in Ollscoil Náisiúnta na hAstráile, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus i gColáiste na Tríonóide. Le blianta beaga anuas, dhírigh a chuid taighde don chuid is mó ar bheartas airgeadaíochta agus ar bheartas don earnáil airgeadais.

An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)

Ceapadh Matthew Elderfield ina Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) i mí Eanáir 2010. Sula ndeachaigh sé i mbun an phoist seo, bhí sé ina Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Údarás Airgeadaíochta Bermuda (BMA) ó 2007-2009. Roimhe sin, chaith sé ocht mbliana in Údarás Seirbhísí Airgeadais na Ríochta Aontaithe (FSA) mar Cheannasaí Roinne i Ranna éagsúla a bhí freagrach as maoirseacht ar thithe imréitigh, as margaí tánaisteacha agus beartas liostaithe agus as maoirseacht ar bhaincéireacht.

Sular thosaigh sé sa FSA, bhunaigh sé na hoibríochtaí Eorpacha den ISDA (International Swaps and Derivatives Association) agus bhí poist éagsúla ar seilbh aige i gComhlachas Baincéireachta Infheistíochta, Londain (London Investment Banking Association), i gComhlachas Baincéirí na Breataine (British Bankers Association) agus i ngnólacht comhairleachta atá lonnaithe i Washington-DC (Institute for Strategy Development).

An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)

Ceapadh Stefan Gerlach ina Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) i Meán Fómhair 2011. Sular ghlac sé leis an bpost seo, bhí sé ina Ollamh le hEacnamaíocht Airgeadaíochta agus ina Stiúrthóir ar an Institiúid um Chobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais in Ollscoil Frankfurt. Ina theannta sin, bhí sé ina Ánra Taighde sa CEPR (Centre for Economic Policy Research) agus ina Ánra sa CFS (Centre for Financial Studies). Bhí sé ina Cheannasaí ar an Rúnaíocht don Choiste um an gCóras Airgeadais Domhanda sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus ba Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Taighde) é ar Údarás Airgeadaíochta Hong Cong. Roimhe sin, bhí sé ina eacnamaí sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta.

Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

Ceapadh John Moran mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais an 6 Márta 2012. Roimhe sin, bhí sé ag fónamh mar Dhara hArd-Rúnaí sa Roinn Airgeadais, áit ina raibh sé ina Cheannasaí ar an Roinn Baincéireachta. Tá neart taithí ardbhainistíochta ag an Uas. Moran agus chaith sé tréimhse i mBanc Ceannais na hÉireann mar Cheannasaí ar Mhaoirseacht ar Bhaincéireacht Mhórdhiola agus bhí sé ina POF agus ina chomhalta boird ar Zurich Capital Markets. Ghlac sé ionad iar-Ard-rúnaí na Roinne Airgeadais, Kevin Cardiff, ar an gCoimisiún. D'éirigh an tUas. Cardiff as a phost san Roinn Airgeadais i mí Feabhra 2012 chun glacadh le post mar chomhalta den Chúirt Iniúcháirí i Lucsamburg an 1 Márta 2012.

Comhaltaí Ceaptha

Cheap an tAire Airgeadais na comhaltaí seo a leanas le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2010. Téarma trí bliana go cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí seo:

Alan Ahearne (Arna cheapadh an 8 Márta 2011 go ceann 4 bliana)

Is léachtóir le heacnamaíocht é Alan Ahearne i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta don Aire Airgeadais ó Márta 2009 go dtí Márta 2011. Is Ánra Neamhchónaitheach i Bruegel é agus is Comhlach Taighde é san Institiúid Léinn um Lánpháirtíocht Eorpach i gColáiste na Tríonóide. Sular thosaigh sé in OÉ, Gaillimh, bhí sé ina Eacnamaí Sinsearach sa Federal Reserve Board i Washington, DC. Ba léachtóir le heacnamaíocht é in Ollscoil Carnegie Mellon, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus in Ollscoil Luimnigh. Thosaigh sé amach ar a shlí bheatha i Cooper & Lybrand agus d'oibrigh sé i Bank of Ireland Group Treasury chomh maith. Ar a réimsí saineolais, áirítear an mhaicreacnamaíocht agus an t-airgeadas idirnáisiúnta agus tá a chuid taighde foilsithe i bpríomhírisí idirnáisiúnta. Tá Ph.D. san Eacnamaíocht aige (1998) ó Ollscoil Carnegie Mellon.

Blanaid Clarke (3 bliana)

Is Ollamh Comhlach le Dlí na gCuideachtaí í Blanaid Clarke i nDámh an Dlí, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, áit a mbíonn sí ag teagasc ar leibhéal fochéime agus iarchéime araon sa rialachas corparáideach, i ndlí an airgeadais chorparáidigh, i ndlí na gconarthaí, agus i ndlí na seirbhísí airgeadais. Is comhalta-bhunaitheoir í Blanaid Clarke de Lárionad COBÁC um Rialachas Corparáideach. Bíonn sí ag obair le Painéal Táthcheangail na hÉireann freisin. Ar na réimsí taighde a bhfuil spéis aici iontu, áirítear Rialachas Corparáideach, an Dlí Táthcheangail agus Cumaisc (go háirithe an Treoir Táthcheangail) agus Rialú Urrús. Tá neart alt agus páipéar scríofa aici ar na hábhair seo agus tá téacsanna foilsithe aici ar an Dlí Táthcheangail agus Cumaisc agus ar Dhlí na gConarthaí.

John FitzGerald (5 bliana)

Is Ollamh Taighde é John FitzGerald san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i mBaile Átha Cliath agus tá sé ag obair ar bheartas maicreacnamaíoch agus fuinnimh. Tá go leor rudáí foilsithe aige ar na hábhair sin. Is iar-Uachtarán é ar Chumann Eacnamaíochta na hÉireann agus ar ghrúpa EUROFRAME

d'institiúidí Eorpacha um thaighde eacnamaíoch. Is iar-chomhalta é den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, den Northern Ireland Authority for Energy Regulation agus den Ghrúpa um Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch a chuireann comhairle ar Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Rinne sé staidéar i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus tá céimeanna máistreachta sa stair agus san eacnamaíocht aige. Thosaigh sé amach ar a shlí bheatha sa Roinn Airgeadais i 1972 agus chuaigh sé go dtí an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i 1984.

Des Geraghty (4 bliana)

Is iar-pholaiteoir agus iar-cheannaire ceardchumainn é Des Geraghty. Bhí sé ina uachtarán ar SIPTU ó 1999 go dtí 2004. Ceapadh chuig Parlaimint na hEorpa é i 1992 do thoghcheantair Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ina chomhalta den Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus um Beartas Tionsclaíoch i bParlaimint na hEorpa. Is iarchomhalta é d'Údarás RTÉ, de Bhord FÁS, den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, den Chomhpháirtíocht um Thithe Incheannaithe agus den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus bhí sé ina chathaoirleach ar Éigse Éireann freisin.

Michael Soden (4 bliana)

Bhí Michael Soden ina POF ar Bhanc na hÉireann ó 2001 go dtí 2004. Sular fhill sé ar Éirinn chun glacadh leis an bpost sin, chaith sé 30 bliain le mórinstiúidí éagsúla airgeadais, ina raibh baint aige le gach gné de na margaí caipitil. Le linn na tréimhse sin, bhí sé ar Choiste Feidhmiúcháin an National Australian Bank, áit a raibh sé freagrach as Baincéireacht Mhórdhíola Dhomhanda agus ina dhiaidh sin, as Baincéireacht Mhiondíola Dhomhanda. Ina theannta sin, bhí sé freagrach as gníomhaíochtaí mhargáí caipitil idirnáisiúnta Security Pacific Bank a fhorbairt. Chaith sé blianta tosaigh a ghairmréime le Citibank/Citicorp Investment Bank, Ceanada. Ó chuaigh sé ar scor in 2004, tá sé ina thráchtair ar an ngéarchéim baincéireachta idirnáisiúnta. Scríobh sé an leabhar, *Open Dissent – An Uncompromising View of the Crisis*, arna fhoilsiú in 2010.

Rúnaí an Bhainc:

Tá Neil Whoriskey ina Cheannasaí ar Rannóg na hArdnáisiúnta sa Bhanc. Ceapadh é mar Rúnaí an Bhainc i mí Eanáir 2011.

D'éirigh Tony Grimes as a phost mar Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) ag

Table 15 – Cruinnithe ar ar fhreastail Comhaltaí an Choimisiúin in 2011

Comhaltaí an Choimisiúin	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2011
Patrick Honohan	12/12
Alan Ahearne	10/10
Kevin Cardiff	12/12
Blanaid Clarke	11/12
Stefan Gerlach	4/4
Tony Grimes	6/7
Matthew Elderfield	12/12
John FitzGerald	12/12
Des Geraghty	12/12
Michael Soden	12/12
Max Watson	12/12

Sa Tábla thuas, taispeántar an líon gcruinnithe ar freastalaíodh orthu as an líon iomlán cruinnithe a raibh Comhaltaí an Choimisiúin i dteideal freastal orthu.

deireadh-2010. Lean sé air sa cháil sin ar bhonn conarthach go dtí an 28 Iúil 2011 agus ceapadh a chomharba an 28 Iúil 2011.

Ceapadh Stefan Gerlach ina Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) an 1 Meán Fómhair 2011.

Chuaigh Max Watson ar scor an 31 Nollaig 2011.

Nósanna Imeachta an Choimisiúin

Déantar cruinnithe den Choimisiún a sceidealú ar bhonn míosúil agus is é an Gobharnóir, mar Chathaoirleach, a bhíonn i gceannas orthu nó duine eile a cheapfar chun gníomhú ina ionad. Seisear is córam do na cruinnithe go léir. Tionóladh dhá chruinniú fhoirmiúla dhéag den Choimisiún le linn 2011.

Coistí an Choimisiúin

Tá an chumhacht ag an gCoimisiún coistí a bhunú ar a mbeidh comhalta amháin nó níos mó den Choimisiún, cibé acu ina aonar nó i gcomhar le hoifigeach amháin nó níos mó de chuid an Bhainc agus féadfaidh sé nós imeachta na gcoistí sin a chinneadh agus feidhmeanna agus cumhachtaí na gcoistí sin a shainiú.

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas:

- » An Coiste Iniúchóireachta
- » An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair
- » An Coiste Riosca.

An Coiste Iniúchóireachta

I dtéarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta, leagtar amach na príomhfhreagrachtaí seo a leanas:

- » Monatóireacht a dhéanamh ar iomláine Ráitis Airgeadais an Bhainc;
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar na freagraí ón iniúchóir seachtrach agus ón lucht bainistíochta;
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar chóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca an Bhainc;
- » Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na feidhme iniúchóireachta inmheánaí ó thaobh chóras bainistíochta riosca an Bhainc i gcoitinne;
- » Comhairle a thabhairt maidir le ceapadh agus le hathcheapadh iniúchóirí seachtracha, maidir lena luach saothair agus le ceisteanna faoi éirí as agus faoi dhífhostú;
- » Chun monatóireacht a dhéanamh ar an mbeartas maidir le fruiú na n-iniúchóirí seachtracha chun seirbhísí neamh-iniúchóireachta a chur ar fáil; agus
- » Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.

Ina theannta sin, tá oibleagáid ar an gCoiste Iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht.

Comhaltaí an Choiste	Cruinnithe den Choiste Iniúcháireachta ar freastalaíodh orthu le linn 2011
Blanaid Clarke (Cathaoirleach)	6/6
Alan Ahearne	5/5
John FitzGerald	5/6

Sa Tábla thuas, taispeántar an líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu as an líon iomlán cruinnithe a raibh Comhaltaí an Choiste i dteideal freastal orthu.

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an coiste agus beidh trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin air. Amhail ar an 31 Márta 2012, ba iad Blanaid Clarke (an Cathaoirleach), John FitzGerald agus Alan Ahearne comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta.

Tionólfar cruinnithe den Choiste Iniúcháireachta trí huair ar a laghad gach bliain. Déanfaidh Cathaoirleach an Choiste cruinniú a thionól freisin má iarrann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó iniúchóir seachtrach neamhspleách air amhlaidh. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe den Choiste Iniúcháireachta mar bhreathnadóirí. Déanfar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin. Tionóladh sé chruinniú den Choimisiún le linn 2011.

An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

I dtéarmaí tagartha an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair, leagtar amach na príomhfhreagrachtaí seo a leanas:

- » Moltaí maidir le luach saothair an Ghobharnóra agus fheidhmeannaigh shinsearacha an Bhainc a athbhreithniú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin;
- » Aon nithe eagraíochtúla, buiséid nó caiteachais a gcuirfidh an Coimisiún chuige ó am go ham a athbhreithniú agus comhairle a thabhairt ina leith;
- » Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar phróiseas Scórchárta Ualaithe an Bhainc agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith.

Ní bheidh aon chomhalta i láthair nuair a bheidh cúrsaí a bhaineann lena luach saothair á bplé.

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an coiste agus beidh beirt chomhalta nó triúr comhalta neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún air mar aon le beirt chomhalta bainistíochta den Choimisiún, eadhon an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) agus an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais).

Tionólfar cruinniú den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ar a laghad uair amháin in

aghaidh na ráithe. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe den Choiste mar bhreathnadóirí. Déanfar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin. Tionóladh cúig chruinniú den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair in 2011.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair amhail ar an 31 Márta 2012: Michael Soden (an Cathaoirleach), Blanaid Clarke, Matthew Elderfield agus Stefan Gerlach.

An Coiste Riosca

I dtéarmaí tagartha an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair, leagtar amach na príomhfhreagrachtaí seo a leanas:

- » Athbhreithniú a dhéanamh ar infheistiú sócmhainní infheistíochta agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith;
- » Comhairle a thabhairt don Choimisiún ar ábhair a bhaineann le beartais agus cleachtais infheistíochta an Bhainc a gcuirfidh an Coimisiún chuig an gCoiste ó am go ham;
- » Na neamhchosaintí reatha ar rioscaí agus straitéis fhoriomlán riosca na heagraíochta a athbhreithniú agus a thuar;
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar staid reatha airgeadais an Bhainc ag féachaint do staid a shócmhainní agus a dhliteanas agus dá réamhaisnéisí; agus
- » An timpeallacht rialaithe agus éifeachtacht na gclár bainistíochta riosca san eagraíocht a chur i gcuntas, agus úsáid á baint freisin as tuarascálacha ón gCoiste Iniúcháireachta.

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an coiste agus beidh beirt nó triúr comhalta neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún, air mar aon le beirt chomhalta bainistíochta den Choimisiún, eadhon an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) agus an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais).

Tionóltar na cruinnithe ar a laghad uair in

Comhaltaí an Choiste	Cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ar freastalaíodh orthu le linn 2011
Michael Soden (Cathaoirleach)	5/5
Blanaid Clarke	5/5
Matthew Elderfield	5/5
Stefan Gerlach	2/2
Tony Grimes	3/3

Sa Tábla thuas, taispeántar an líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu as an líon iomlán cruinnithe a raibh Comhaltaí an Choiste i dteideal freastal orthu.

aghaidh na ráithe. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe den Choiste mar bhreathnadóirí. Déanfar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin. Tionóladh aon chruinniú dhéag den Choiste Riosca le linn 2011.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Riosca amhail ar an 31 Márta 2012: Des Geraghty (an Cathaoirleach), Michael Soden, Stefan Gerlach agus Matthew Elderfield. Bhí Max Watson ina chomhalta den Choiste Riosca in 2011 go dtí go ndeachaigh sé ar scor an 31 Nollaig 2011.

Struchtúir Rialachais Inmheánaigh

Cé go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an mBanc a bhainistiú agus a rialú, bunaíodh coistí inmheánacha éagsúla chun comhordú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme beartas agus chun comhairle agus eolas a thabhairt ar shaincheisteanna móra.

Tá an Gobharnóir ina chathaoirleach ar thrí choiste ardleibhéil:

- » Is é atá ar an **gCoiste Feidhmiúcháin**, an bheirt Leas-Ghobharnóir agus an Príomhoifigeach Oibríochtaí. Déileálann an Coiste seo go príomha leis an ullmhúchán do chruinnithe an Choimisiúin, le ceapacháin shinsearach agus le saincheisteanna straitéiseacha eile.
- » Is é atá ar an **gCoiste Ardbhainistíochta**, an

bheirt Leas-Ghobharnóir, an Príomhoifigeach Oibríochtaí agus ochtar comhalta eile den fhoireann ardbhainistíochta. Déanann an Coiste comhordú ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme beartas bainistíochta agus cinntí sa Bhanc. Orthu sin, áirítear pleanáil, buiséadú agus leithdháileach acmhainní, córais agus bonneagar, rioscaí agus rialuithe.

- » Is é atá ar an **gCoiste um Chobhsaíocht Airgeadais**, an bheirt Leas-Ghobharnóir na stiúrthóirí agus ceannasaithe ranna ó réimsí ábhartha na Baincáireachta Ceannais agus na Rialála Airgeadais. Is é ról an choiste cuidiú le comhlíonadh shainordú an Bhainc chun go gcuirfear le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus sa limistéar euro.

Ar na coistí ardleibhéil eile, áirítear na cinn seo a leanas:

- » Tá an **Coiste um Maoirseacht ar Riosca** faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Rialáil Airgeadais) agus tá na Stiúrthóirí Rialála Airgeadais agus Ceannasaithe Ranna air. Tugann an Coiste seo comhairle don Leas-Ghobharnóir maidir le saincheisteanna móra rialála agus gníomhaíonn sé mar fhóram lena gcomhroinnfear faisnéis.
- » Tá an **Coiste Feidhmiúcháin um Rioscaí** faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Baincáireacht Cheannais) agus déanann sé maoirseacht ar bhainistiú rioscaí airgeadais agus rioscaí oibríochtúla an Bhainc. Díríonn

Comhaltaí an Choiste	Cruinnithe den Choiste Riosca ar freastalaíodh orthu le linn 2011
Des Geraghty (Cathaoirleach)	11/11
Matthew Elderfield	7/11
Stefan Gerlach	4/4
Tony Grimes	6/7
Michael Soden	11/11
Max Watson	11/11

Sa Tábla thuas, taispeántar an líon gcruinnithe ar freastalaíodh orthu as an líon iomlán cruinnithe a raibh Comhaltaí den Choiste i dteideal freastal orthu.

an Coiste ar shócmhainní infheistíochta, ar na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, ar bhainistíocht sócmhainní agus dliteanas, agus ar bhainistíocht riosca oibríochtúil.

Cuimsíonn an struchtúr roinnt coistí tras-eagraíochtúla atá faoi chathaoirleacht stiúthóirí feidhmiúcháin, lena n-áirítear:

- » An Coiste um Beartas Rialála a dhéanann monatóireacht ar bheartas a bhaineann leis na nithe seo a leanas: baincéireacht stuamachta, árachas stuamachta, comhair chreidmheasa, cistí, urrúis agus margaí, rialachas corparáideach, cuntasáíocht agus iniúcháireacht, cosaint tomhaltóirí agus forfheidhmiú maille le comhordú ar bheartas AE agus idirnáisiúnta i ngach earnáil.
- » An Coiste um Thosaíochtaí Infheistíochta TF a dhéanann infheistíocht i dtionscadail TF a fhaomhadh agus ord tosaíochta thionscadail TF a bhainistiú chun a chinntiú go réadaítear sochair ghnó.

Cuntasacht

Mar a cheanglaítear le hAlt 32K den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010, ullmhaíonn an Banc tuarascáil maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana agus cuireann sé an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le halt 32J den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Cuntas don bhliain lena mbaineann a ullmhú agus a chur chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh, a dheimhniú agus tuairiscíonn air agus cuireann sé nó sí a t(h)uarascáil maille leis an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire.

Déantar cóipeanna den dá cháipéis seo a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Chomh maith leis sin, déanann iniúcháirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais an Bhainc, de réir mar a cheanglaítear le hAlt 27 de Reacht CEBC/BCE.

Tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain, tá de cheangal ar an mBanc Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta (Rialáil Airgeadais) a ullmhú lena chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. De réir an Achta um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, cinntíodh an tAire Airgeadais foirm an ráitis sin agus luaitear sa reachtaíocht gur cheart don Ráiteas Feidhmíochta a bheith i dtrí chuid:

- » Athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála le linn na bliana roimhe sin ag féachaint don Phlean Feidhmíochta Rialála don bhliain sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an bhfeidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus ag Cláráitheoir na gComhar Creidmheasa;
- » Tuarascáil ar aon athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar chomhlíonadh feidhmeanna rialála an Bhainc ag an mBanc, ar feidhmeanna iad arna gcur i gcrích faoin reachtaíocht le linn na bliana; agus
- » Plean Feidhmíochta Rialála ina dtabharfar breac-chuntas ar aidhmeanna agus ar chuspóirí na gníomhaíochta rialála atá beartaithe don bhliain reatha.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, iarraidh ar an nGobharnóir dul i gcomhairle leis an Aire i ndáil le comhlíonadh feidhmeanna an Bhainc ag an mBanc. Ní fhéadfaidh an tAire, áfach, dul i gcomhairle leis an nGobharnóir i ndáil le feidhmeanna CEBC an Ghobharnóra.

An 31 Márta 2010, d'fhoilsigh an Banc Plean Straitéiseach trí bliana 2010-2012.

Faoi réir cheanglais Chomhaontú Maastricht agus faoi réir na bhforálacha rúndachta arna bhforchur le dlí, láithreoidh an Gobharnóir nó an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) nó an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) os comhair Comhchoistí Oireachtais ar iarratas chuige sin. Láithrigh an Banc ag trí chruinniú de Choistí Oireachtais in 2011.

Iniúcháireacht Inmheánach

Is feidhm neamhspleách oibríochtúil breithmheasa í feidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí, a éilítear chun dearbhú iniúcháireachta a thabhairt go bhfuil an córas bainistithe riosca agus rialaithe inmheánaigh leordhóthanach chun bainistiú agus rialú a dhéanamh ar na rioscaí sin a bhfuil an Banc neamhchosanta dóibh. Ina theannta sin, cuidíonn sé leis an mBanc éifeachtúlacht agus críochnúlacht a bhaint amach. Tuairiscíonn an Ceannasáil ar Iniúcháireacht Inmheánach don Ghobharnóir agus tá rochtain neamhshrianta ag an té sin ar an gCoiste Iniúcháireachta agus ar chomhaltaí an Choiste Ardbhainistíochta.

Le linn 2011, rinne Iniúcháireacht Inmheánach athbhreithnithe ar na réimsí baincéireachta ceannais agus rialála/maoirseachta go léir. Ar na hábhair a chlúdaíodh, áirítear góchumadh a chomhrac, airgeadas rialtais agus staidreamh ginearálta eacnamaíoch, próiseas earcaíochta agus ardú céime, creat údarúcháin do

Table 16 – Láithreas os comhair Comhchoistí Oireachtais

Dáta	Coiste Oireachtais	Lucht freastail
02 Meán Fómhair 2011	An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú	» An Gobharnóir » An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)
26 Deireadh Fómhair 2011	An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú	» Kieran McQuinn, Leas-Cheannasaí ar Chobhsaíocht Airgeadais » Reamonn Lydon, Cobhsaíocht Airgeadais » Bernie Mooney, Leas-Cheannasaí ar Na Cóid um Chosaint Tomhaltóirí – Beartas Baintéireachta » Yvonne McCarthy, Gnóthaí Eacnamaíocha agus Taighde
24 Samhain 2011	An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú	» Dwayne Price, Leas-Cheannasaí ar Anailísíocht Stuamachta agus Réitigh » Eida Mullins, Leas-Cheannasaí ar Bheartas Stuamachta

sholáthraithe seirbhíse airgeadais, iasachtóirí airgid - saincheisteanna cláir agus creidmheasa tomhaltais agus roinnt athbhreithnithe gaolmhara TF. Tugadh tuarascálacha go rialta don Choiste Iniúchóireachta agus don ardbhainistíocht ar thorthaí na n-athbhreithnithe go léir lena n-áirítear an dul chun cinn ar chur chun feidhme moltaí a rinneadh roimhe sin. Tháinig an Ceannasaí ar Iniúchóireacht Inmheánach agus an Gobharnóir le chéile go rialta freisin chun saincheisteanna a bhain le hiniúchóireacht a phlé.

Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí do Choiste Iniúchóirí Inmheánacha an BCE maidir le torthaí iniúchóireachtaí CEBC agus le saincheisteanna iniúchóireachta eile.

Cód Cleachtais do Chomhaltaí an Choimisiúin agus do Chomhaltaí Foirne

Bítear ag súil go gcloífidh Comhaltaí an Choimisiúin agus an fhoireann leis na rialacha seo a leanas:

- » Toirmiscear don Ghobharnóir le dlí scaireanna a bheith aige/aici in aon bhanc nó institiúid chreidmheasa, institiúid airgeadais nó in aon ghnóthas árachais nó bheith ina stiúrthóir ar aon cheann díobh;
- » Tá Cód Iompair ann do chomhaltaí an Choimisiúin lena leagtar amach na caighdeáin iompair agus ionracais a mbítear ag súil leo ó gach comhalta le linn dó nó di a f(h)eidhmeanna mar chomhalta de Choimisiún an Bhainc a chomhlíonadh; beartaítear an Cód seo a athbhreithniú agus a athmheas in 2012 de réir mar is gá;


- » Tá Cód Cleachtais ann maidir le comhaltaí den Choimisiún do nochtdadh leasa;
- » Leis na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí, 1997, forordaítear comhaltas de Choimisiún an Bhainc mar stiúrthóireacht ainmnithe chun críocha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus chun críocha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Dá réir sin, cuireann comhaltaí an Choimisiúin ráitis bhliantúla maidir le leas faoi bhráid an Choimisiúin um Oifigí Poiblí agus faoi bhráid Rúnaí an Bhainc. Leis na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí, forordaítear freisin poist feidhmiúcháin sa Bhanc ag leibhéal Gairmiúil 1 nó os a chionn mar phoist ainmnithe; agus

- » Tá gach comhalta den Choimisiún agus den fhoireann faoi cheangal fhorálacha *Prevention of Corruption Acts*, 1906 agus 1916.

Tá Cód Iompair i scríbhinn ag an mBanc don fhoireann agus déantar athbhreithniú agus nuashonrú air go rialta de réir an chleachtais is fearr. Rinneadh athbhreithniú ar an gcód in 2011 chun go gcuimseofaí rialacha trádála d'fhostaithe.

Cuid 2

Oibríochtaí Airgeadais



Torthaí Airgeadais don bhliain 2011

An Comhthéacs

Lean Banc Ceannais na hÉireann (an Banc) de bheith ag freagairt don ghéarchéim intíre agus idirnáisiúnta airgeadais in 2011. Na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2011 agus ní ba luaithe, bhí siad ag teacht le sainordú intíre agus Eurochórais an Bhainc chun rannchuidiú le cobhsaíocht an chórais airgeadais agus bhí tionchar díreach suntasach acu ar thorthaí airgeadais an Bhainc le blianta beaga anuas.

I bhfianaise ghéarú na géarchéime fiachais cheannasaigh agus an teannais leanúnaigh i margaí maoinithe na mbanc in 2011, lean an Banc de thacaíocht a thabhairt don earnáil intíre baincéireachta agus de pháirt a ghlacadh in oibríochtaí ar leibhéal an Eurochórais. Ba iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh:

- » cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil don earnáil baincéireachta intíre trí leachtacht eisceachtúil a sholáthar, de réir mar a bhí clár díghiarála á leanúint ag an earnáil agus iarracht á déanamh aici na cóimheasa iasachta i gcoinne luacha a fheabhsú;
- » leanadh leis an gcur chuige “lán-chionroinnt ar ráta socraithe” agus tugadh isteach oibríochtaí a raibh ré aibíochta ní b’fhaide acu i ngníomhaíochtaí Eurochórais d’fhonn tacú le soláthar leachtacha agus le hiasachtú bainc sa limistéar euro; agus
- » rinneadh Clár na Margaí Urrús de chuid an Eurochórais a athghníomhaíochtú agus seoladh an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach, d’fhonn doimhneacht agus leachtacht a áirithiú i ndeighleoga mífheidhmiúla de mhargaí fiachurrús an limistéir euro agus, ar an gcaoi sin, meicníocht tarchuir iomchuí don bheartas airgeadaíochta a athbhunú.

Ar chlár comhardaithe reatha an Bhainc, léirítear na neamhchosaintí Eurochórais agus intíre a thig as gníomhaíochtaí beartais a rinneadh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim. Mar aon le roinnt mhaithe banc ceannais ar fud an domhain a bhfuil freagairtí beartais curtha i bhfeidhm acu chun dul i ngleic leis an ngéarchéim, tá clár comhardaithe an Bhainc méadaithe go mór i dtéarmaí méide ó thosach

na géarchéime, cé gur laghdaigh an méid foriomlán in 2011. Tá leibhéal brabús an Bhainc fíor-ard. Léiríonn na brabúis fíorarda seo neamhchosaintí an Bhainc de bharr na géarchéime agus, ar an gcaoi sin, baineann na brabúis le rioscaí géaraithe don Bhanc a thig as a neamhchosaint do chontrapráirtithe beartais airgeadaíochta agus do shealúchais urrús. Dá bhrí sin, tá an t-ionchas do chlár comhardaithe an Bhainc agus do bhrabúsacht an Bhainc in 2012 dlúthnasctha le héabhlóid na géarchéime airgeadais go hintíre agus go hidirnáisiúnta.

Torthaí Airgeadais

B’ionann an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2011 agus €1,200.2 milliún i gcomparáid le €840.9 milliún in 2010. Tháinig méadú ar ioncam úis agus ar chaiteachas úis an Bhainc in 2011. Tháinig méadú €1,567.3 milliún ar ioncam úis go dtí €3.7 billiún agus tháinig méadú €937.0 milliún ar chaiteachas úis go dtí €2.0 billiún. Mar thoradh air seo, tháinig méadú €630.3 milliún ar ghlanioncam úis go dtí €1.6 billiún.

Ioncam Úis

Bhí an méadú ar ioncam úis inchurtha go príomha don mhéid úis a gnóthaíodh ar shaoráidí eisceachtúla leachtachta (2011: €1,627.8 milliún i gcomparáid le 2010: €516.4 milliún) arna gcur ar fáil d’institiúidí creidmheasa intíre lasmuigh d’oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Ina theannta sin, bhí méadú €309.2 milliún ar an ioncam a gnóthaíodh ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta a sheol an Banc mar chuid den Eurochóras, ar oibríochtaí iad a thig as méaduithe ar mheánrátaí úis an BCE¹ fad a tháinig méadú €156.1 milliún ar an ioncam a gnóthaíodh ar urrúis arna sealbhú faoi Chlár na Margaí Urrús de chuid an Eurochórais (ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010 agus a athghníomhachtaíodh i mí Lúnasa 2011) in 2011, aníos ó €61.4 milliún in 2010. Déantar an t-ioncam/caiteachas iarbhair a ghintear ó CMU agus ó airleacain beartais airgeadaíochta araon a chomhthiomsú agus a roinnt idir BCN an Eurochórais tríd an scéim ioncain airgeadaíochta i gcomhréir le scaireanna scála caipitil an Eurochórais ag an am (féach thíos). Tháinig méadú €50.1 milliún ar phunann infheistíochta an Bhainc féin de réir mar a rinneadh cistí a tháinig in aibíocht a athinfheistiú in ionstraimí gearrthréimhse le linn na bliana.

1 D’ardaigh iosráta tairisceana príomhúil an BCE ó 1 faoin gcéad ar an meán in 2010 go dtí 1.25 faoin gcéad in 2011..

Caiteachas Úis

Tháinig méadú €887.5 milliún agus €49.1 milliún faoi seach ar an ús a tabhaíodh ar iarmhéideanna Laistigh den Eurochóras agus ar eisiúint nótaí bainc an Bhainc de bhreis ar a scair scála caipitil de chúrsaíocht iomlán an Eurochórais. Leis na méaduithe seo ar an dá aicme caiteachais, léirítear an méadú ar an meánráta tairisceana a shonraítear i bhfonóta 1 agus meán-iarmhéideanna níos airde sna dlíteanais seo in 2011. Tháinig méadú €10.3 milliún ar an ús a íodadh ar thaiscí Rialtais fad a tháinig laghdú €9.9 milliún ar an ús a íodadh ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa in 2011. D'eascair an méadú ar an gcaiteachas ar Thaiscí Rialtais as meánráta luacha saothair (EONIA)² ní b'airde thar an 12 mhí d'ainneoin meán-iarmhéideanna Taiscí Rialtais is lú thar an tréimhse. Bhí an titim ar an ús a íodadh ar Thaiscí Institiúidí Creidmheasa inchurtha do mheán-iarmhéideanna ní b'ísle a bhí ar taisce thar an tréimhse.

Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha & Soláthairtí

Ba é muirear €327.0 milliún an glantoradh a bhí ar oibríochtaí airgeadais, ar dhíluachálacha agus ar sholáthairtí in 2011 i gcomparáid le muirear €70.8 milliún don bhliain roimhe sin. Leis an méadú suntasach san aicme seo in 2011, léirítear soláthar tiomsaitheach €300.0 milliún a bunaíodh i leith rioscaí a thig d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta banc ceannais a bhfuil méadú suntasach tagtha orthu i ndiaidh na géarchéime fiachais cheannasaigh. San aicme seo freisin, áirítear gnóthachain chaipitiúla agus cailíteanais neamhréadaithe praghais agus ráta malairte ar an bpunann infheistíochta. San fhigiúr don bhliain 2011, cuimsítear gnóthachain chaipitiúla €1.5 milliún arb ionann é agus laghdú €8.8 milliún ar an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú €42.4 milliún ar chaillteanais neamhréadaithe praghais ar phunann infheistíochta an Bhainc go dtí €28.8 milliún ag deireadh 2011, straitéis ina ndéantar cistí a thagann in aibíocht a infheistiú in ionstraimí gearrthréimhse.

Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

D'eascair muirear €30.8 milliún as an nglantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta an Eurochórais in 2011 i gcomparáid le €15.5 milliún in 2010. Cuimsítear dhá ghné sa mhuirear seo:

- (i) aisíoc ioncaim airgeadaíochta leis an Eurochóras, ar ioncam é a thuill an Banc de bhreis ar a scair scála caipitil d'ioncam iomlán an chórais arb ionann í agus €46.8 milliún in 2011, méadú €8.3 milliún ar 2010.
- (ii) laghdú €16.0 milliún³ ar scair an Bhainc sa soláthar i gcoinne rioscaí contrapháirte in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

Costais Oibríochtúla

Dhírigh an Banc ar a acmhainní agus ar a chumas a neartú, lena n-áirítear comhaltaí foirne breise a earcú agus infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua. Bhí acmhainní suntasacha seachtracha ag teastáil freisin chun cuidiú le saineolaithe an Bhainc féin agus aghaidh á tabhairt acu ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn le linn na géarchéime airgeadais agus a raibh tábhacht náisiúnta ag baint leo, amhail cleachtaí tástála struis. Léirítear an infheistíocht bhreise seo i gcostais oibríochtúla ní b'airde don bhliain 2011. B'ionann na costais iomlána oibríochtúla, arna muirearú i gcoinne brabúis, agus €183.6 milliún (2010: €130.9 milliún). Cuimsítear sna costais sin, pá, neamhphá, amhábhair nótaí bainc agus díluacháil. Tháinig méadú €16.8 milliún (19.6 faoin gcéad) ar chostais foirne, lena n-áirítear pá, fad a tháinig méadú €34.6 milliún agus €0.4 faoi seach ar chaiteachais oibríochtúla eile agus ar amhábhair nótaí bainc. Tugtar anailís mhionsonraithe ar chostais oibríochtúla an Bhainc i Nóta 8 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas.

I ndiaidh aistrithe chuig cúlchistí agus coigeartuithe a bhaineann le sainaitheint glanchaillteanas achtúireach ar scéim pinsin an Bhainc, mar a cheanglaítear faoi Financial Reporting Standard 17, b'ionann Barrachas Ioncaim an Bhainc agus €967.1 milliún (2010: €671.0 milliún), méid atá iníoctha leis an Státchiste.

Forbairtí ar an gClár Comhardaithe

B'ionann agus €176.2 billiún sócmhainní/dlíteanais iomlána an chlár comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2011, is é sin €28.2 billiún ní ba lú ná an figiúr comhréireach de €204.5 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2010, d'ainneoin an tsuaite leanúnaigh sna margaí airgid.

Amhail ar an 31 Nollaig, tháinig laghdú €33.1 billiún ar iasachtú le hinstiúidí creidmheasa trí bhíthin na bpríomhoibríochtaí athmhaoinithe (PA)

² An Mheán-treoirimhir Euro Thar Oíche

³ In 2011, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar a oiriúnú atá an soláthar agus chinn sí an luach comhiomlán a laghdú ó €2.20 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2010 go dtí €0.95 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2011.

go dtí €30.5 billiún, fad a tháinig méadú €20.3 billiún ar iasachtaí trí bhíthin na nOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAF) go dtí €76.3 billiún sa tréimhse chéanna. An 8 Nollaig 2011, d'fhógair an BCE bearta neamhchaighdeánacha breise agus thug sé oibríochtaí trí bliana (OAF) isteach a chionnroinnfear go hiomlán ag ráta socraithe a bheidh comhionann leis an meánráta PA thar thréimhse na hoibríochta.

Tháinig laghdú €7.0 billiún ar shócmhainní eile go dtí €43.3 billiún, rud a léiríonn an laghdú ar sholáthar saoráidí eisceachtúla leachtachta a cuireadh ar fáil d'institiúidí intíre creidmheasa lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Bhí an laghdú inchurtha go príomha don chlár dighíarála atá á leanúint faoi láthair ag na hInstitiúidí Creidmheasa.

Maidir le dliteanais, b'ionann agus €13.0 billiún scair chomhréireach an Bhainc de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht, is é sin méadú €0.7 billiún ar an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú €5.4 billiún agus €0.3 billiún faoi seach ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa agus ar thaiscí Rialtais. Glandliteanais laistigh den Eurochóras, arb ionann iad agus €135.9 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2011, bhí siad €24.3 níos ísle ná 2010. Folaítear anseo, laghdú €24.8 billiún ar dhliteanas an Bhainc do bhainc cheannais eile san Eurochóras i leith aistrithe trasteorann trí chóras íocaíochta TARGET²⁴ arna bhfritháireamh trí mhéadú €0.4 billiún ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint ag an mBanc de bheis ar a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais. Tháinig méadú €281.6 milliún ar sholáthairtí, rud a léiríonn go príomha gur bunaíodh soláthar tiomsaitheach €300.0 milliún i leith rioscaí a thig d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta banc ceannais.

Fuascailt nótaí punt Éireannacha

Stad nótaí punt Éireannacha de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Amhail ar an 31 Nollaig 2002, bhí nótaí arbb ionann a luach agus €299.7 milliún fós amuigh, agus ag an bpointe sin, aistríodh na faltais chuig an Státchiste lúide soláthar €60.0 milliún chun freastal ar oibleagáidí maidir le nótaí punt neamhfhuascailte. I mí na Samhna 2010, d'fhormheas an Coimisiún aistriú breise €10.0 milliún chuig an soláthar a bhí laghdaithe faoi dheireadh 2010. Fuasclaíodh €2.4 milliún le linn 2011 (2010: €2.8 milliún), a d'fhág go raibh €235.3 milliún i nótaí punt Éireannacha fós amuigh agus iarmhéid €5.7 milliún sa soláthar.

Fáltais Monaí

Le linn 2011, b'ionann agus €21.6 milliún luach monaí euro a eisíodh (2010: €1.6 milliún fuascailte). Tar éis caiteachais a asbhaint, íocadh seigniorage €20.7 milliún leis an Státchiste i mí na Nollag 2011 i gcomparáid le híocaíocht €8.5 milliún ón Státchiste chuig an mBanc in 2010. Leanann an Banc de mhonaí Éireannacha arna n-eisiúint sular tugadh an euro isteach i mí Eanáir 2002 a fhuascailt. In 2011, b'ionann agus €0.4 milliún na monaí Éireannacha a fuasclaíodh (2010: €0.4 milliún). Áirítear na sonraí iomlána i Nóta 24 den Ráiteas Cuntas.

Íoc Pras Cuntas 2011

Tá oibleagáid ar an mBanc déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le híoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbheart tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Ní bheidh feidhm ag na rialacháin i gcás inar lú ná €5 an pionós úis. Is ionann an ráta úis is infheidhme maidir le híocaíochtaí déanacha agus príomhráta athmhaoinithe an BCE móide 7 bpointe céatadán, agus beidh feidhm ag an ráta ábhartha amhail an 1 Eanáir agus an 1 Iúil gach bliain don tréimhse sé mhí i ndiaidh na ndátaí sin. In 2011, bhí ús iníoctha de réir ráta idir 8 agus 8.25 faoin gcéad in aghaidh na bliana.

Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2011, mar aon le figiúirí comhréireacha don bhliain 2010, i gcomhréir le forálacha na Rialachán dá dtagraítear thuas.

	2011	2010
Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha	317	124
Luach iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A)	€5,400,718	€1,265,363
Luach iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B)	€88,827,814	€44,629,140
A mar % de B	6.08%	2.84%
Méid iomlán an Úis a Íocadh ar Íocaíochtaí Déanacha	€20,205	€3,914

Ráiteas Cuntas

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J *d'Acht an Bhainc Cheannais*, 1942
(mar atá arna leasú).



Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais Chomhaltaí an Choimisiúin i gCuid III d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942, (mar atá arna leasú). Anuas air sin, faoi alt 32J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú), tá an Banc freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo freisin Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais agus iniúcháirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais ('CEBC') agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais sa Bhanc, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Bhunaigh an Coimisiún struchtúr cuí eagrúcháin chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh. Chuige sin, tagann Coiste Iniúcháireachta an Bhoird agus na hIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha agus comhaltaí de Lucht Bainistíochta an Bhainc le chéile ar bhonn tréimhsiúil chun saincheisteanna rialaithe, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara eile a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha ar an gCoiste Iniúcháireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach na prionsabail agus caighdeán chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn (i gcás inar iomchuí) agus na forálacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc, agus tá an Coimisiún sásta go bhfuil siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin atá réasúnta, stuama.

Patrick Honohan, an Gobharnóir

Blanaid Clarke, Comhalta den Choimisiún

25 Bealtaine, 2012

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithním, thar ceann an Choimisiúin, go bhfuil freagracht ar an gCoimisiún a chinntiú go gcoimeádfaidh an Banc córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais ar bun agus go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais sin ar bhonn leanúnach. Ghlac an Coimisiún go foirmiúil le cód iompair lena gceanglaítear ar gach Stiúrthóir a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach i bhfeidhm ag an mBanc, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibríochtúla, bainistíocht riosca agus cosc calaoise.

Leis na córais rialaithe atá i bhfeidhm, tugtar dearbhú atá réasúnta ach nach bhfuil ina lándearbhú go bhfuil na sócmhainní á gcosaint ó úsáid nó ó dhiúscairt neamhúdaraíthe, go bhfuil taifid chuí airgeadais á gcoinneáil agus gur iontaofa an fhaisnéis airgeadais atá curtha ar fáil agus foilsithe. Go bunúsach, is é is aidhm do na córais seo rioscaí airgeadais a bhainistiú seachas a dhíothú.

I gcóras an rialaithe inmheánaigh, cuimsítear na nithe a leanas:

- Struchtúr eagraíochta a shainmhínítear go soiléir agus a bhfuil teorainneacha údarúcháin sonracha ag gabháil leis agus ceanglais maidir le tuairiscíú don ardbhainistíocht agus don Choimisiún;
- Téarmaí tagartha cuí don Choimisiún agus do choistí bainistíochta atá freagrach as príomhréimsí beartais;
- Córas cuimsitheach faisnéise maidir le bainistíú airgeadais agus buiséid ina n-ionchorpraítear na nithe seo a leanas:
 - Formheas an phlean bhliantúil agus na mbuiséad mionsonraithe caiteachais ag an gCoimisiún;
 - Tuairiscíú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le feidhmíocht airgeadais agus buiséid; agus
 - Tuairiscíú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le caiteachas caipitiúil;
- Beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta mionsonraithe i ndáil le rialuithe airgeadais;
- Creat Riosca Oibríochtúil, lena n-éascaítear sainathint, anailís, monatóireacht agus tuairiscíú Teagmhas agus Rioscaí Oibríochtúla ar mhodh comhsheasmhach agus, ag an am céanna, lena ndéantar measúnú ar rialuithe inmheánacha i ndáil le gach riosca agus teagmhas a shainathnítear chun go maolófar na riosca go dtarlódh sé arís; agus
- Creat rialaithe riosca chun príomhrioscaí airgeadais an Bhainc a bhainistiú laistigh de beartais shoiléire inmheánacha riosca, faoi threoir bheartais bainistíochta riosca an Eurochórais, i gcás inar iomchuí.

Déanann an Roinn Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú neamhspleách go rianúil ar na rialuithe atá i bhfeidhm agus tuairiscíonn sé do Choiste Iniúchóireachta an Choimisiúin ar bhonn rialta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta formheas ar an bPlean Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar an gclár oibre. Anuas air sin, buaileann an Coiste Iniúchóireachta leis an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas agus leis na hiniúcháirí seachtracha, Deloitte, agus faigheann sé tuarascálacha uathu. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta don Choimisiún maidir le gach saincheist shuntasach arna plé ag an gCoiste agus cuirtear miontuairiscí an Choiste Iniúchóireachta ar fáil don Choimisiún lena mbreithniú ag cruinnithe den Choimisiún ina dhiaidh sin.

Deimhnímid go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2011.

Patrick Honohan, an Gobharnóir

Des Geraghty, Comhalta den Choimisiún

25 Bealtaine, 2012

Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

		2011	2010
	Nóta:	€000	€000
<i>Ioncam Úis</i>	1	3,666,824	2,099,555
<i>Caiteachas Úis</i>	2	(2,026,312)	(1,089,343)
Glanioncam Úis		1,640,512	1,010,212
<i>Glanghnóchain/(chaillteanais) ag éirí as oibríochtaí airgeadais</i>	3	1,852	10,503
<i>Díluacháil sócmhainní agus staideanna airgeadais</i>	3	(28,837)	(71,301)
<i>Soláthairtí</i>	3	(300,000)	(10,000)
Glantoradh ar oibríochtaí airgeadais, díluachálacha & soláthairtí		(326,985)	(70,798)
Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin	4	2,633	2,011
Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteacha	5	13,147	9,688
Glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta	6	(30,784)	(15,486)
Ioncam eile -glan	7	85,298	36,120
GLANIONCAM IOMLÁN		1,383,821	971,747
Caiteachais foirne	8	(102,753)	(85,937)
Caiteachais oibríochta eile	8	(68,146)	(33,529)
Dímheas	8	(9,272)	(8,393)
Amhábhair nótaí bainc	8	(3,403)	(3,003)
CAITEACHAIS IOMLÁNA		(183,574)	(130,862)
BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH RÉ GNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS		1,200,247	840,885
Glanghluaiseacht na ngnóthachan neamhréadaithe	32	72,380	25,078
Aistrithe (chuig)/ ó na cuntais athluachála	32	(72,380)	(25,078)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsin	35	(71,868)	21,705
Aistriú chuig cúlchiste ginearálta	33	(170,036)	(191,561)
BARRACHAS IONCAIM IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE	9,30	958,343	671,029

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 43 mar chuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais Na hÉireann

Patrick Honohan, an Gobharnóir
Stefan Gerlach, Leas-Ghobharnóir

Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2011

SÓCMHAINNÍ		2011	2010
	Nóta eolais:	€000	€000
Ór agus infhaighteachtaí óir	10	234,967	203,792
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	11	1,081,160	1,381,542
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro	12	1,174,197	141,146
Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	13	1,230,830	883,209
Iasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	14	107,236,000	132,010,000
Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	15	449,373	513,579
Urrúis cónaitheoirí sa limistéar euro	16	20,731,081	18,236,174
Éilimh laistigh den Eurochóras		807,854	778,992
Leas rannpháirteachais sa BCE	17	157,668	139,156
Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	18	639,836	639,836
Éilimh eile laistigh den Eurochóras	5	10,350	–
Míreanna atá á socrú	19	13,428	3,076
Sócmhainní eile	20	43,287,753	50,286,190
Sócmhainní pinsin	35	–	51,261
Sócmhainní iomlána		176,246,643	204,488,961

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 43 mar chuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais na hÉireann

Patrick Honohan, an Gobharnóir

Stefan Gerlach, Leas-Ghobharnóir

25 Bealtaine, 2012

Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2011

DLITEANAIS		2011	2010
Nóta eolais:		€000	€000
Nótaí bainc i gcúrsaíocht	22	12,978,412	12,293,237
lasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibriochtaí beartais airgeadaíochta in euro	23	6,028,961	11,414,077
Dlíteanais do chónaitheoirí eile sa limistéar euro	24	15,573,753	15,889,825
Dlíteanais do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	25	22,508	10,245
Dlíteanais in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí sa Limistéar euro	26	178	–
Contrapháirt ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI	27	920,197	897,323
(Glan)Dlíteanais laistigh den Eurochóras		135,869,664	160,180,915
<i>Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras</i>	28	15,435,806	14,995,733
<i>(Glan)Dlíteanais eile laistigh den Eurochóras</i>	29	120,433,858	145,185,182
Dlíteanais Eile	30	2,318,302	1,813,850
Dlíteanas pinsin	35	21,176	–
Soláthairtí	31	317,765	36,178
Cuntais athluachála	32	302,651	230,271
Caipiteal agus Cúlchistí	33	1,893,076	1,723,040
Dlíteanais Iomlána		176,246,643	204,488,961

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 43 mar chuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais na hÉireann

Patrick Honohan, an Gobharnóir
Stefan Gerlach, Leas-Ghobharnóir

Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

(a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma ‘an Banc’, aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc ráiteas cuntas laistigh de 6 mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfead é sin faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Beidh an ráiteas i bhfoirm arna formheas ag an Aire. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc laistigh de chreat CEBC¹ mar aon lena raon ilchineálacha gníomhaíochtaí.

(b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc na beartais chuntasaíochta arna leagan síos i dTreoiríne Chomhairle Rialaithe an BCE an 11 Nollaig 2011². Leis an treoiríne sin, bunaítear na rialacha cuntasaíochta is infheidhme maidir le hoibríochtaí athmhaoinithe don earnáil baincéireachta, le hurrúis, le hidirbhearta in airgead eachtrach agus le heisiúint nótaí bainc. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc don bhliain 2011 i gcomhréir go hiomlán leis na forálacha a leagtar amach sa Treoiríne. I gcásanna nach dtabharfaidh an Treoiríne treoir shonrach nó nach mbeidh a cur i bhfeidhm éigeantach, leanfar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo (GAAP) i dtaca le haithint agus le tomhas mar aon le forálacha iomchuí reachtúla³ a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc.

Ag féachaint do ról agus do ghníomhaíochtaí bainc ceannais, tá an Banc den tuairim nach gcuirfeadh ráiteas maidir le sreabhadh airgid aon fhaisnéis bhreise, úsáideach ar fáil d’úsáideoirí na gcuntas. Mar sin, níl ráiteas den sórt sin ina chuid de na cuntais seo.

(c) Treoiríne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar bhall den CEBC/Eurochóras, ghlac an Banc Treoiríne Chuntasaíochta an BCE. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhórlacha na Treoiríne.

(i) Cuntasaíocht Dáta Trádála⁴

Go hiondúil is ar an dáta socraíochta a dhéantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndlíteanais a thaifeadadh (an dáta trádála móide dhá lá gnó, de ghnáth), mura dtitfidh deireadh na bliana idir an dáta trádála agus an dáta socraíochta, sa chás sin, ní mór iad a aithint ar an dáta trádála, i.e. cuirfead gach gnóthachan agus caillteanas ó na hidirbhearta sin a thaifeadadh sa bhliain reatha.

(ii) Iarmhéideanna laistigh den CEBC

Déanann gach BCN san Eurochóras cuntais a choinneáil lena chéile d’fhonn íocaíochtaí déthaobhacha a dhéanamh, lena n-áirítear íocaíochtaí trasteorann tríd an gcóras TARGET2⁵ (Nóta 29). Déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha go léir a shuimiú ag am scoir gnó gach lá trí úsáid a bhaint as próiseas iltaobhach glanluachála agus ina n-ionad cuirtear oibleagáid fiachais singil ar gach BCN don BCE nó vice versa, de réir mar is cuí. Ag deireadh 2011, bhí sé thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Danmhairg, Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh iad sa phróiseas iltaobhach glanluachála.

1 Sa doiciméad seo, tagraíonn an téarma ‘an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC)’ do na 27 banc ceannais náisiúnta (BCN) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2011 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma ‘an tEurochóras’ do na 17 BCN de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta leis an BCE amhail ar an dáta céanna.

2 Treoiríne an 11 Samhain 2010 maidir le creat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairiscíú airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (athmhúnlú), BCE/2010/20, arna leasú le Treoiríne BCE /2011/27.

3 Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha reachtúla: An Conradh ar an Aontas Eorpach, 1992, Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-2010, *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*, an tAcht Monaíochta, 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969 go 1990, an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998, agus Reachtaíocht an CEBC agus an BCE.

4 Arna sainiú i dTreoiríne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (5 Nollaig 2002) maidir le creat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairiscíú airgeadais sa CEBC (BCE /2002/10), arna leasú le Treoiríne BCE/2011/27.

5 An tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach.

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras a eascraíonn as leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, áirítear mar dhliteanas iad faoi (ghlan)dliteanais laistigh den Eurochóras: “Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras”. (Beartas Cuntasaíochta (k)(iv) agus Nóta 28)

(iii) Scála Caipitil

Is éard atá i scála caipitil CEBC, céatadán de scairchaipiteal an BCE i ngach ceann de BCN faoi seach sa CEBC. Tá an scála caipitil mar thomhas ar mhéid náisiúnta coibhneasta Bhallstáit AE agus is cumasc 50:50 é den OTI agus den daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCN amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus ní foláir iad a choigeartú gach cúig bliana. In 2011, d’fhan sciar an Bhainc i gcaipiteal suibscríofa an BCE ag 1.1107 faoin gcéad. D’ardaigh an BCE a chaipiteal suibscríofa faoi €5,000 milliún ó €5,761 milliún go €10,761 milliún le héifeacht ón 29 Nollaig 2010. Ceanglaítear ar thíortha an limistéir euro a gcaipiteal méadaithe a íoc i dtí thráthchuid chothroma bhliantúla. D’íoc an Banc an dara tráthchuid arb ionann í agus €18.5 milliún an 28 Nollaig 2011 agus íocfar an tráthchuid deiridh ag deireadh 2012 (Nóta 17).

Úsáidtear an dara scála, ‘scála caipitil an Eurochórais’ atá díorthaithe ó scála caipitil an CEBC mar atá sonraithe thuas, mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCN an Eurochórais. Sloinntear scála caipitil an Eurochórais mar chéatadán de na scálaí caipitil comhiomlána arna sealbhú ag BCN an Eurochórais.

An 1 Eanáir 2011, tar éis do bhanc ceannais na hEastóine teacht isteach san Eurochóras, laghdaigh sciar an Bhainc i scála caipitil an Eurochórais ó 1.5915 faoin gcéad go dtí 1.5874 faoin gcéad.

(iv) Nótaí bainc i gCúrsaíocht

Bíonn nóta bainc euro á n-eisiúint ag an BCE agus na 17 BCN rannpháirteacha a dhéanann suas an tEurochóras^{6 7}. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN⁸.

Leithdháileadh scair 8 faoin gcéad de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht don BCE, fad a leithdháileadh an 92 faoin gcéad eile do na BCN san Eurochóras i gcoibhneas lena scaireanna íoctha faoi seach i gcaipiteal an BCE. Sa bhliain airgeadais atá faoi athbhreithniú, bhí sciar 1.5874 faoin gcéad ag an mBanc (2010: 1.5915 faoin gcéad) i gcaipiteal láníoctha an BCE (Beartas Cuntasaíochta (c)(iii)) agus, dá bhrí sin, bhí sciar 1.460 faoin gcéad aige de na nótaí bainc euro a bhí i gcúrsaíocht i gcomhréir le scála leithdháilte na nótaí bainc. Déantar an sciar de nótaí bainc a leithdháiltear ar gach banc ceannais náisiúnta a chur in iúl ar an gClár Comhardaithe faoin mír dliteanais “Nótaí bainc i gcúrsaíocht” (Nóta 22).

Éiríonn iarmhéideanna íoctha laistigh den Eurochóras as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a leithdháiltear ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte na nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhrí. Maidir leis na héilimh seo (i gcás easnaimh in eisiúint is ábhartha do scála caipitil na nótaí bainc) nó na dliteanais (i gcás ró-eisiúint is ábhartha do scála caipitil na nótaí bainc), a thabhaíonn ús⁹, cuirtear in iúl iad ar an gClár Comhardaithe faoi ‘laistigh den Eurochóras’: glanéileamh/glandlíteanas a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras” (Beartas Cuntasaíochta (c)(ii) agus Nóta 28). Glantar an costas úis (Nóta 2 (ii)) ar na hiarmhéideanna seo trí chuntais an BCE agus cuimsítear iad faoi “Glanioncam úis” sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

6 Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le nótaí bainc euro a eisiúint (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch.26.

7 Tháinig an Eastóin isteach san Eurochóras an 1 Eanáir 2011.

8 Tagraíonn scála leithdháilte na nótaí bainc do na céatadán a éiríonn as sciar an BCE in eisiúint iomlán na nótaí bainc a chur san áireamh (8 faoin gcéad) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le sciar na BCN rannpháirteacha (92 faoin gcéad).

9 Cinneadh ón BCE an 25 Samhain 2010 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta na mbanc ceannais náisiúnta de Bhallstáit arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2010/23), IO L 35, 9.2.2011, lch.17.

(v) Dáiltí ag an BCE

Maidir le hioncam seigniorage an BCE a éiríonn as sciar 8 faoin gcéad de nótaí bainc euro a leithdháiltear ar an BCE agus as (glan)ioncam an BCE ó urrúis a cheannaítear faoi Chlár na Margái Urrús (CMU), tá cinneadh déanta ag Comhairle Rialaithe an BCE go mbeidh sé dlite do na BCN sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhróidh sé. Déanfaidh an BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dár gcionn i bhfoirm dháileadh eatramhach brabúis¹⁰. Féadfar an méid d'ioncam an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a laghdú i gcomhréir cinneadh ón gComhairle Rialaithe i leith caiteachas arna dtabhú ag an BCE maidir le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro. Roimh dheireadh na bliana, cinntídh na Chomhairle Rialaithe cibé acu ar cheart nó nár cheart gach cuid nó páirt d'ioncam an BCE, a eascraíonn ó urrúis CMU agus, más gá, gach cuid nó páirt d'ioncam an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a choinneáil a mhéid is gá chun a chinntiú nach sáróidh an t-ioncam dáilte glanbhrabús an BCE don bhliain sin.

Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh freisin go gcoinneofar ioncam uile an BCE, nó cuid de, a éiríonn as urrúis CMU agus, más gá, ioncam uile an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht, nó cuid de, lena aistriú nó lena haistriú chuig soláthar do rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, agus do rioscaí creidmheasa agus praghsanna óir. Déanfar an méid arna dháileadh ar an mBanc a nochtadh sa Chuntas Brabúis agus Leithghabhála faoi "Ioncam ó ghnáthscaireanna agus leas rannpháirteachais" (Nóta 5(i)). Aithnítear dáileadh deiridh bhrabúis an BCE ar an dara lá oibre tar éis don Chomhairle Rialaithe cuntais bhliantúla an BCE a fhorghabháil.

(vi) Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

Méid ioncaim airgeadaíochta gach BCN san Eurochóras i.e. an glanioncam ó oibríochtaí bheartais airgeadaíochta an Eurochórais, déanfar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhrí a dhíorthaíonn ó na sócmhainní inchomharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanais a thomhas.

Is iad na míreanna seo a leanas atá sa bhonn dliteanais: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa an Eurochórais maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; glandliteanais laistigh den Eurochóras a leanann as idirbhearta TARGET2; agus glandliteanais laistigh den Eurochóras maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íocfar ar dhliteanais a áirítear sa bhonn dliteanais, déanfar é a asbhaint as ioncam airgeadaíochta a bheidh le comhthiomsú.

Cuimsítear na míreanna seo a leanas sna sócmhainní inchomharthaithe: iasachtaí d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; glanéilimh laistigh den Eurochóras atá coibhéiseach le haistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig an BCE; glanéilimh laistigh den Eurochóras a leanann as idirbhearta TARGET2; éilimh laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN. Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór.

I gcás ina mbeidh luach sócmhainní inchomharthaithe BCN níos mó nó níos lú ná luach a bhoinn dliteanais, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le luach na difríochta. Déantar an méid seo a shuimiú nó a dhealú, mar is cuí, ón ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Is i gcomhréir leis an scála caipitil suibscríofa a leithdháiltear an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras idir na BCN. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta atá comhthiomsaithe ag an mBanc agus an méid a leithdháiltear arís don Bhanc, mar aon leis ngluaiseacht sa soláthar i leith rioscaí contrapháirtí in oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais, "An glantoradh a éiríonn as comhthiomsú an ioncaim airgeadaíochta atá taifeadta sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 6(i)).

¹⁰ Cinneadh ón BCE an 25 Samhain 2010 maidir le leithdháileadh eatramhach an ioncaim ó nótaí bainc euro an BCE i gcúrsaíocht agus ag eascairt as urrúis a cheannófar faoi Chlár na Margái Urrús (BCE/2010/24) IO L 6, 11.1.2011, lch. 35.

I gcás ina dtabhóidh an BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncain airgeadaíochta na bliana airgeadais ábhartha i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear do na BCN agus go feadh an méid sin.

(vii) Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, 1992 agus le hAlt 5(A) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942, (arna leasú), foráiltear go bhfuil cumhacht ag an mBanc "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglófar sin faoi Reacht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc méid a bhí coibhéiseach le €424.8 milliún chuig an BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar an BCE a bhí coibhéiseach leis an méid sin. Mar thoradh ar athruithe ar an scála caipitil ina dhiaidh sin, aistríodh €87.9 milliún breise an 1 Eanáir 2004, €0.3 milliún an 1 Bealtaine 2004 mar aon le laghdú €1.2 milliún an 1 Eanáir 2007 agus méadú €128.0 milliún an 1 Eanáir 2009. Déantar an t-éileamh a d'eascair as seo don BCE a íoc ag an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí aismhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach a léiriú ar an ngné óir (Nótaí 1(iv) agus 18, agus Beartas Cuntasaíochta (c)(iii)).

(viii) Míreanna lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Aithnítear agus déileáiltear le brabúis agus caillteanais a éiríonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe ar gcaoi chéanna le hionstraimí atá ar an gclár comhardaithe. Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear uaidh sin iad chuig na Cuntais Athluachála. Tabharfar caillteanais (luachála) neamhréadaithe chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála nuair a bheidh siad níos airde ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sa Chuntas Athluachála. Déanfar gnóthachain/caillteanais dáta trádála neamhréadaithe ar réamhchonarthaí malairte eachtraí a thaifeadadh faoi "sócmhainní/dliteanais eile" i gcomhréir le treoirlínte CEBC agus tabharfar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Bainfear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus cuimseofar sna teicnící seo na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den chlár comhardaithe a aithítear lena n-úsáid ag an CEBC agus a leagtar amach i dtreoirlíne chuntasaíochta BCE, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha airgeadra eachtraigh, conarthaí todhchaíochta, babhtálacha ráta úis, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

(ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc na hurrúis seo laistigh de raon an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach¹¹ (CCBC1 agus CCBC2), agus fuarthas urrúis fiachais phoiblí laistigh de raon Chlár na Margáí Urrús (CMU)¹². Déantar na hurrúis a aicmiú mar urrúis arna gcoinneáil go dtí aibíocht, agus déantar iad a thomhas ag an gcostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nótaí 1(i) agus 31).

(d) Aithint Ioncain

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe.

(e) Sócmhainní Seasta

(i) Tomhas

Luaitear sócmhainní seasta ar costas lúide dímhéas cearntha agus ní dhéantar athluacháil orthu..

¹¹ Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, Ich. 18 agus Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, Ich. 70.

¹² Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margáí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich. 8.

(ii) Dímheas

Déantar dímheas ar na sócmhainní dochta go léir ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais mar a leanas:

Áitreabh Ruílse	–	20 - 50 bliana
Gléasra agus Innealra	–	5 - 15 bliana
Troscán, Feistis agus Daingneáin	–	5 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	–	5 bliana
Trealamh eile	–	5 bliana

(f) Aoisliúntas

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc, faigheann comhaltaí buana foirne an Bhainc na tairbhí aoisliúntais céanna agus a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. D'íoc an Banc na tairbhí seo as ioncam reatha suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008 de réir mar a bhí siad dlite. Bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin an 1 Deireadh Fómhair 2008 de réir Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Ar chomhairle ó achtúirí an Bhainc, Willis, aistríodh €400 milliún ó acmhainní an Bhainc chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Íocfar gach tairbhe pinsin as an gciste seo. Nochtann an Banc an costas a bhaineann le soláthar tairbhí i gcomhréir le Caighdeán Thuairiscithe Airgeadais (CTA) 17 – ‘Sochair Scoir’.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar Dlíteanas Scéime a thomhas trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta, lena gcuirtear san áireamh méaduithe réamh-mheasta ar ioncam, ag baint úsáide as toimhdí achtúireacha lena dtugtar an réamh-mheastachán is fearr ar shreabhadh airgid amach anseo a thiocfaidh chun cinn faoi dhliteanais na scéime. Déantar an sreabhadh airgid seo a lascainiú ag rátaí úis is infheidhme maidir le bannaí corparáideacha ardchaighdeán den airgeadra céanna agus den téarma céanna leis na dlíteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse (Nóta 8) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhlíteanais na scéime (Nóta 7). An costas seirbhíse reatha agus aon chostais seirbhíse roimhe seo don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boilsciú praghaís, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. Leagtar amach i Nóta 35 na toimhdí sin is bonn do dhlíteanais agus do chostais pinsin 2011.

(g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Bíonn an Banc i mbun monaí a tháirgeadh agus a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáltas agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus le heisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Déantar an costas a bhaineann le táirgeadh monaí a ghearradh ar Chúlchiste an Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar fáltas ó eisiúint monaí a chreidiúnú do Chúlchiste an Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 24). Le halt 14A den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998 (mar a cuireadh isteach le halt 137 den Acht Airgeadais, 2002), a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar glanfháltas ó eisiúint monaí a thabhairt go díreach don Státhchiste ón 1 Eanáir 2002, de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais (Nóta 24(ii)). I gcás ina mbeidh glanchostas don Bhanc de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh an mBanc.

(h) Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Idirbhearta cuntasáíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, déanfar iad a chomhshó i gcoibhéisí euro ag na rátaí malartáin a bheidh i réim ar an dáta socraithe mura mbeidh deireadh na bliana ag teacht idir an dáta trádála agus an dáta socraithe, sa chás sin aithneofar iad ar an dáta trádála (Beartas Cuntasáíochta)(c)(i).

(i) Ioncam Amúchta

Caitear le préimheanna agus/nó lascaí a thagann chun cinn ar urrúis mar ghlanioncam úis agus déantar amúchadh orthu ar bhonn dronlíneach thar an tréimhse go dtí a n-aibíocht agus déantar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

(j) Beartas Luachála

- (i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, conarthaí infheistíochta agus airgeadra eachtrach nach bhfuil tagtha in aibíocht agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malartáin scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 32). Déantar an luacháil ráta eachtraigh ar shócmhainní agus ar dhliteanais ar bhonn na n-airgeadra indibhidiúil.
- (ii) Déantar urrúis indíolta arna n-aicmiú mar mharcáil ón margadh (MÓM) a luacháil ag praghsanna scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana. Déantar urrúis a luacháil ar bhonn urrús ar urrús. Déantar urrúis indíolta arna n-aicmiú mar urrúis arna gcoinneáil go dtí aibíocht (CGA) a luacháil ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe.
- (iii) Déantar ór a luacháil ar phraghas scoir margaidh.
- (iv) Aicmítear cúnamh eisceachtúil leachtachta arna sholáthar d'institiúidí creidmheasa intíre arna gcumhdach faoin scéim ráthaíochta mar lasachtaí agus Infhaighteachtaí. De réir Ionstraimí Airgeadais FRS 26: is sócmhainní airgeadais neamh-dhiorthaigh iad Aithint agus Tomhas, lasachtaí agus Infhaighteachtaí a bhfuil íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe acu nach luaitear ar an margadh gníomhach agus nach bhfuil sé beartaithe ag an mBanc iad a thrádáil. Coinneofar lasachtaí agus Infhaighteachtaí, tar éis aithint tosaigh, ar costas amúchta d'aon chaillteanais lagaithe a thabhfófar. Déantar na caillteanais lagaithe sin a thaifeadadh i gcuntas dliteanais ar leith (Beartas Cuntasaíochta (m)).

Ar dháta an chláir chomhardaithe, déanann an Banc measúnú ar cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh na hiasachtaí agus na hinfaighteachtaí. Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú sócmhainne airgeadais sárú conartha, amhail mainneachtain nó faillí in íocaíocht úis nó in íocaíocht príomhshuime (Nóta 20 (iii)).

(k) Gnóthachain agus Caillteanais a aithint

Déantar cuntas i ngnóthachain agus i gcaillteanais réadaithe a éiríonn as díolachán airgeadra eachtraigh, óir agus urrús tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus tríd an gCuntas Leithghabhála. Ríomhtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe (FX agus euro) faoi threoir an mheánchostais.

Déantar cuntas i ngnóthachain neamhréadaithe ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc (Beartas Cuntasaíochta (j)) tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear uaidh sin iad chuig na Cuntais Athluachála.

Déantar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a ndéantar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachan neamhréadaithe sa todhchaí.

Ó tharla go n-aithnítear na gnóthachain agus na caillteanais go léir thuasluaite tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais, ní mheastar gur gá Ráiteas ar leithligh a choinneáil de na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána.

(l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is éard atá in idirbhearta droim ar ais oibríochtaí lena ndíolann nó lena gceannaíonn an Banc sócmhainní ar airgead faoi chomhaontú athcheannaigh/droim ar ais. Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas aontaithe ar dháta socraithe sa todhchaí. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh mar thaiscí comhthaobhaithe ar thaobh dlíteanais an Chláir Chomhardaithe agus eascraíonn caiteachas úis astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 2). Urrúis arna ndíol faoin gcomhaontú sin, fanann siad ar Chlár Comhardaithe an Bhainc.

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead le comhaontú comhuaineach go ndéanfar iad a dhíol ar ais leis an gcontrapháirtí ar phraghas aontaithe ar dháta socraithe sa todhchaí. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh mar iasachtaí comhthaobhaithe ar thaobh na sócmhainní ar an gClár Comhardaithe (Nótaí 13 agus 15) ach ní chuimsítear iad i ngabháltais urrús an Bhainc. Eascraíonn ioncam úis astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 1).

(m) Soláthairtí

I gcás ina mbunófar iad, i leith sócmhainní déanfar soláthairtí maidir le rioscaí creidmheasa a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dlíteanas (i.e. ní dhéanfar sócmhainní indibhidiúla a dhímheas) go díreach. Is ar bhonn bliantúil a fhaightear na soláthairtí go léir (Nóta 31).

Maidir le soláthairtí a bhaineann le hurrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta, measfaidh an Banc, ar dháta an chláir chomhardaithe, cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil urrús nó grúpa urrús lagaithe. Beidh urrús nó grúpa urrús lagaithe agus tabhófar caillteanais lagaithe i gcás ina mbeidh fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú de thoradh teagmhais amháin nó níos mó tar éis an t-urrús a aithint ar dtús ('teagmhas caillteanais'), agus go mbeidh iarmhairt a bheidh inmheasta go hiontaofa ag an teagmhas caillteanais sin ar shreafaí airgid an urrús nó an ghrúpa urrús amach anseo, agus sa chás sin amháin.

Is ionann fianaise oibiachtúil maidir le lagú agus sonraí inbhraite maidir leis na teagmhais caillteanais seo a leanas:

- (i) Faillí in íocaíochtaí conartha príomhshuime nó úis;
- (ii) Deacrachtaí sreafa airgid an fhéichiúnaí;
- (iii) Socrú um athstruchtúrú fiachais;
- (iv) Meathlú suntasach ar inmharthanacht an fhiachais cheannasaigh; agus
- (v) Íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéil inghlactha.

Measann an Banc cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go leithleach gur tharlú lagú maidir le hurrúis atá suntasach go leithleach, agus go leithleach nó le chéile maidir le hurrúis nach bhfuil suntasach go hindibhidiúil. Má chinneann an Banc nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú ar urrúis arna measúnú go leithleach, bíodh siad suntasach nó ná bíodh, cuirfidh sé na hurrúis atá i ngrúpa urrús a mbeidh saintréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé measúnú orthu le chéile maidir le lagú.

Urrúis a mheasúnófar go leithleach maidir le lagú agus ar ina leith a aithneofar caillteanas lagaithe, ní dhéanfar iad a áireamh i gcomh-mheasúnú ar lagú.

I gcás ina mbeidh fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déanfar méid an chaillteanais a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta airgid amach anseo, arna lascainiú ag ráta úis tosaigh na sócmhainne. Féadfaidh an Banc, go praiticiúil, lagú a thomhas bunaithe ar luach cothrom urrúis trí phraghas margaidh inbhraite a úsáid.

Maidir le sreafaí airgid amach anseo arna luacháil le chéile maidir le lagú, déanfar meastachán orthu bunaithe ar shreafaí conartha airgid na sócmhainní sa ghrúpa, arna gcoigeartú go cuí ar bhonn na sonraí inbhraite reatha.

Má thagann laghdú ar mhéid an lagaithe, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, agus má bhaineann an laghdú sin go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú.

Nótaí ag gabháil leis na Cuntais

Nóta 1: Ioncam Úis

	2011	2010
	€000	€000
Ioncam taiscí	1,124	1,615
Ús ar Urrúis - MÓM	215,381	168,709
Ús ar Urrúis - CGA	276,810	281,472
Ús ar Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	193,831	94,781
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii)	3,832	1,747
Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta (iii)	1,337,815	1,028,630
Ioncam ó Aistriú Cúl sócmhainní Eachtracha chuig an BCE (iv)	6,889	5,514
Eile (v)	1,631,142	517,087
Iomlán	3,666,824	2,099,555

- (i) Cuimsítear sa mhír seo, ioncam €37.7 milliún (2010: €33.4 milliún), €0.1 milliún (2010: nialas) agus €156.1 milliún (2010: €61.4 milliún) ar na hurrúis arna gceannach ag an mBanc faoin CCBC1, CCBC2 agus faoin CMU faoi seach. Beartas Cuntasaíochta (c)(ix) agus Nóta 16.
- (ii) Bhí Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais amuigh go feadh méid €299.0 milliún an 31 Nollaig 2011 (2010: €456.0 milliún). Beartas Cuntasaíochta (l) agus Nótaí 13 agus 15.
- (iii) Baineann sé seo le hiasachtú ón mBanc le hinstiúidí creidmheasa mar chuid d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (Nóta 14).
- (iv) Baineann sé seo le híocaíocht na Sócmhainní Cúlchiste Eachtraigh arna n-aistriú chuig an BCE. Beartas Cuntasaíochta (c)(vii) agus Nóta 18.
- (v) Folaíonn sé seo méid €1,627.8 milliún (2010: €516.4) i ndáil le hús a gnóthaíodh ar chúnamh eisceachtúil leachtachta (CEL) arna thabhairt d'institiúidí creidmheasa lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (Nóta 20(iii)).

Nóta 2: Caiteachas Úis

	2011	2010
	€000	€000
Taiscí Rialtais	123,075	112,748
Taiscí Institiúidí Creidmheasa	100,240	110,177
(Glan)Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras (i)	1,614,775	727,315
Íocaíocht Dílteanais i leith Leithdháileadh Nótaí Bainc euro i gCúrsaíocht (ii)	188,222	139,103
Iomlán	2,026,312	1,089,343

- (i) Is ag deireadh gach lae a ríomhann an BCE an caiteachas úis ar na hiarmhéideanna seo, a n-íocfar a luach saothair ag rátaí gearrthéarmacha athmhaoinithe de chuid an Eurochórais. Beartas Cuntasaíochta (c)(ii).
- (ii) Tá an caiteachas úis bunaithe ar an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar gach BCN i gcomhréir lena scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht go hiarbhir. Beartais Chuntasaíochta (c)(ii) agus (c)(iv).

Nóta 3: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha & Soláthairtí

Glan-ghnóthachain/(chailteanais) ag éirí as Oibríochtaí Airgeadais	2011	2010
	€000	€000
Glanghnóthchain/(Chailteanais) Réadaithe ar Urrúis	1,522	10,340
Glanghnóthchain/(Chailteanais) Réadaithe ar Ráta Malairte	330	163
Iomlán	1,852	10,503
Díluacháil Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais	2011	2010
	€000	€000
Caillteanais Neamhréadaithe ar Urrúis	(28,837)	(71,247)
Caillteanais Neamhréadaithe ar Ráta Malairte	–	(54)
Iomlán	(28,837)	(71,301)
Soláthairtí	2011	2010
	€000	€000
Muirear don bhliain (Nóta 31)	(300,000)	(10,000)
Total	(300,000)	(10,000)

Nóta 4: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

	2011	2010
	€000	€000
Táillí agus Muirir Seirbhíse	618	664
Iasachtú Urrús	1,463	795
TARGET2 Ioncam Comhthiomsaithe a Dháileadh	552	552
Iomlán	2,633	2,011

Nóta 5: Ioncam ó Scaireanna Cothromais agus ó Leasanna rannpháirteacha

	2011	2010
	€000	€000
Sciar de bhrabúis BCE (i)	10,350	2,719
Díbhinn BSI (ii)	2,797	6,969
Iomlán	13,147	9,688

Note 5: Ioncam ó Scaireanna Cothromais agus ó Leasanna rannpháirteacha (ar lean)

- (i) Is ionann an mhír seo agus sciar an Bhainc den dáileadh páirteach ar ioncam seigniorage an BCE do 2011. Beartas Cuntasaíochta (c)(ii). Amhail ar an 31 Nollaig 2010, chinn an Chomhairle Rialaithe méid €1,166 milliún (arb ionann é agus ioncam an BCE ar urrúis CMU agus cuid den ioncam a ghnóthaigh sé ar nótaí bainc i gcúrsaíocht) a aistriú ó bhrabúis an BCE chuig soláthar riosca an BCE, agus ar an gcaoi sin, ardaíodh an soláthar go dtí a uasteorainn reatha €6,363 milliún. Dá bhrí sin, íocadh €652 milliún le BCN an Eurochórais i gcomhréir lena scála caipitil san Eurochóras mar dháileadh páirteach ar ioncam seigniorage an BCE don bhliain. B'ionann sciar an Bhainc agus €10.4 milliún. Tá athbhreithniú déanta ag an mBanc ar láimhseáil chuntasaíochta dháileadh deiridh na mbrabús is infhaighte ón BCE, a aithnítear anois dhá lá oibre tar éis don Chomhairle Rialaithe Cuntais Bhliantúla an BCE a fhorghnó.
- (ii) Is ionann an mhír seo agus díbhinní a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 20(i)).

Nóta 6: Glantóradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

	2011	2010
	€000	€000
Glantóradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (i)	(46,821)	(38,484)
Sciar den Soláthar i gcoinne Rioscaí Contrapháirte (ii)	16,037	22,998
Iomlán	(30,784)	(15,486)

- (i) Is ionann é seo agus an difríocht idir ioncam airgeadaíochta €296.4 milliún atá comhthiomsaithe ag an mBanc (2010: €203.7 milliún) agus €249.0 milliún a leithdháileadh ar ais ar an mBanc (2010: €166.5 milliún) i ndiaidh dháileadh ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais ar na BCN de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, móide ús agus coigeartuithe arb ionann iad agus €0.6 milliún ar ghiantóirthe do na blianta roimhe sin (2010: €1.3 milliún). Beartas Cuntasaíochta (c)(vi).
- (ii) B'ionann agus €16.0 milliún ag deireadh na bliana an laghdú ar sciar an Bhainc den soláthar do rioscaí contrapháirte in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, arb ionann é (2010: €23.0 milliún). Sa bhliain 2008, nuair a bunaíodh an soláthar, bhí muirear €73.1 milliún ar an gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais, arb ionann é agus sciar an Bhainc sa soláthar iomlán don Eurochóras. I gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta an Eurochórais agus ag féachaint do phrionsabail na stuamachta i gcoitinne, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar oiriúnacht an tsoláthair agus chinn sí an méid iomlán a laghdú ó €2,207 milliún an 31 Nollaig 2010 go dtí €949 milliún an 31 Nollaig 2011. Léirítear na coigeartuithe, faoi seach, i gcuntais Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais na BCN.

Nóta 7: Ioncam eile

	2011	2010
	€000	€000
Glanmhaoiniú Tionscail do Rialáil Airgeadais (Nóta 42 (i))	78,466	40,897
Ioncam Ilghnéitheach na Rialála Airgeadais (Nóta 42 (v))	42	199
Pionóis Airgeadaíochta Rialála Airgeadais (i)	5,050	2,249
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin (Nóta 35 (i))	(21,956)	(21,910)
Toradh ar Shócmhainní Ciste Pinsin (Nóta 35 (v))	22,346	13,586
Eile	1,350	1,099
Iomlán	85,298	36,120

- (i) Is ionann pionóis airgeadaíochta agus méideanna is infíochta leis an mBanc ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais eile tar éis chur i gcrích na gComhaontuithe Socraíochta leis na heintitis sin maidir le sárú ceanglas rialála.

Nóta 8: Caiteachais

€000	Ceannoifig*		Oibreacha Priontála		Ceannoifig & Oibreacha Priontála		Mionta (i)		Iomlán	
	2011	2010	2011	2010	2011	2010	2011	2010	2011	2010
Tuarastail/ Liúntais (ii)	73,075	60,646	10,083	10,280	83,158	70,926	663	801	83,821	71,727
PRSI	5,700	4,257	676	687	6,375	4,944	41	50	6,416	4,994
Pinsin (Nóta 35 (i))	13,220	10,067	–	–	13,220	10,067	79	85	13,299	10,152
Caiteachais foirne	91,995	74,970	10,759	10,967	102,753	85,937	783	936	103,536	86,873
Oiliúint, Earcaíocht & Costais foirne eile	4,240	3,889	310	378	4,550	4,267	10	8	4,560	4,275
Cothabháil Áitreabh	2,093	2,435	2,844	2,037	4,937	4,472	6	1	4,943	4,473
Fuinneamh	932	741	568	475	1,501	1,216	–	–	1,501	1,216
Cíos & Rátaí	6,280	4,239	476	477	6,756	4,716	–	–	6,756	4,716
Trealamh, Stáiseanóireacht & Riachtanais	2,724	1,836	136	162	2,860	1,998	9	12	2,869	2,010
Post & Teileachumarsáid	864	512	6	30	870	542	42	48	912	590
Seirbhísí Infheistíochta & Táillí Bainc	2,437	2,681	4	4	2,441	2,685	12	12	2,453	2,697
Taisteal Gnó	1,795	1,481	193	174	1,987	1,655	24	24	2,011	1,679
Foilsitheoireacht & Fógraíocht Tomhaltóirí	344	939	10	9	354	948	–	2	354	950
Táillí Gairmiúla (iii)	36,251	7,392	161	204	36,412	7,596	6	4	36,418	7,600
Cothabháil Oibreacha Meaisíní	–	–	987	1,155	987	1,155	74	134	1,061	1,289
Costais Córas	2,934	1,042	230	–	3,165	1,042	–	–	3,165	1,042
Ilghnéitheach (iv)	1,310	1,218	16	20	1,326	1,238	41	6	1,367	1,244
Caiteachais Oibríochta eile	62,204	28,405	5,941	5,125	68,146	33,529	224	251	68,370	33,781
Dímheas	4,746	4,521	4,526	3,872	9,272	8,393	33	32	9,306	8,425
Amhábhair	–	–	3,403	3,002	3,403	3,003	1,835	8,074	5,238	11,076
Caiteachais Iomlána	158,945	107,896	24,629	22,966	183,574	130,862	2,875	9,293	186,450	140,155

Seans nach ionann suim na gcomhpháirteanna agus na hiomláin toisc gur slánaíodh iad.

* I gcaiteachais na Ceannoifige, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid) seachas na cinn sin a bhaineann leis na hOibreacha Priontála agus Mionta. Tá sonraí faoi ioncam agus caiteachas na rialála airgeadais in 2011 le feiceáil i Nóta 42.

- (i) Déantar fáiltais agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Beartas Cuntasaíochta (g).

Nóta 8: Caiteachais (ar lean)

- (ii) Luach Saothair na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Neamhfheidhmiúcháin in 2011

Ainm	Tréimhse	Tuarastal agus Táilli	Luach Saothair Eile
Patrick Honohan			
An Gobharnóir	1 Eanáir - 31 Nollaig	€276,324	–
Tony Grimes			
An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)	1 Eanáir - 28 Iúil	€64,356	€2,362 ¹³
Stefan Gerlach			
An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)	1 Meán Fómhair - 31 Nollaig	€83,333	€827 ¹³
Matthew Elderfield			
An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)	1 Eanáir - 31 Nollaig	€340,000	–
Táilli iomlána a íocadh le Comhaltaí de Choimisiún an Bhainc Ceannais	1 Eanáir - 31 Nollaig	€86,916	€5,247

Faoi alt 483 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, thug an Ghobharnóir, Patrick Honohan, €41,740 don Aire Airgeadais i leith a chuid díolaíochtaí don bhliain 2011, sa chaoi gurbh é €234,584 a luach saothair glan don bhliain. In 2012, tabharfaidh an Gobharnóir €63,324 ar ais, sa chaoi gurbh é €213,000 a luach saothair glan. Ní théann teidlíochtaí pinsin Patrick Honohan thar ghnáth-theidlíochtaí scéime aoisliúntais sochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

Chuaigh Tony Grimes ar scor mar Leas-Ghobharnóir ag deireadh 2010 ach lean sé sa cháil seo ar bhonn conarthach go dtí gur ceapadh a chomharba. Ceapadh Stefan Gerlach ina Leas-Ghobharnóir an 1 Meán Fómhair 2011 agus tá tuarastal €250,000 á íoc leis.

Is ionann agus €14,936 an táille bhliantúil do chomhaltaí an Choimisiúin. Íocadh €12,236 le Alan Ahearne don tréimhse ón 8 Márta go dtí an 31 Nollaig 2011.

Aon luach saothair eile a íocadh i ndáil le comhaltaí de Choimisiún an Bhainc Ceannais, baineann sé le táilli Stiúrthóirí don Ollamh John FitzGerald don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2010 agus le caiteachais cóiríochta agus taistil €1,513 a thabhaigh Max Watson agus Alan Ahearne. Ní fhaigheann comhaltaí ex-officio de chuid an Choimisiúin táille i ndáil lena gcomhaltas den Choimisiún.

- (iii) Don chuid is mó, baineann an méadú le caiteachais arna dtabhú (€29.1 milliún) i ndáil leis an Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil agus leis an Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta a rinneadh ar institiúidí áirithe airgeadais in 2011. Aisghabhadh na táillí seo go léir ó na hinstiúidí airgeadais ábhartha le linn na bliana (Nóta 42 (ii)).

13 Baineann sé le Liúntas Toscaire.

Nóta 8: Caiteachais (ar lean)

Luach saothair iniúcháirí arna íoc leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus le Deloitte & Touche do na blianta 2011/2010, b'ionann é agus:

	2011	2010
	€000	€000
Iniúchadh na gCuntas Indibhidiúil	203	191
<i>Deloitte & Touche</i>	107	107
<i>An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste</i>	96	84
Seirbhísí Rátháíochta Eile	33	32
<i>Deloitte & Touche</i>	33	32
Obair Neamhiniúcháireachta Eile	2,331	172
<i>Deloitte & Touche</i>	2,331	172
Iomlán	2,567	395

Obair neamhiniúcháireachta eile in 2011, bhain sí go príomha le hobair a rinne Deloitte mar chuid den Athbheithniú ar Mheasúnú Stuaamachta Caipitil (AMSC) agus den Athbheithniú ar Mheasúnú Stuaamachta Leachtachta (AMSL), i dteannta le táillí iasachta a muirearaíodh in 2011. Ghlac an Banc na ceanglais maidir le nochtadh atá in I.R. Uimh. 220/2010 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE) 2010 maidir le luach saothair iniúcháirí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011.

- (iv) Faoi ilghnéitheach, áirítear caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais a íocann an Banc i gcomhréir le forálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942, mar atá arna leasú.
- (v) Íocadh €5.6 milliún (2010: €4.9 milliún) leis an Roinn Airgeadais i ndáil leis an Tobhach Pinsin. Ní thaispeántar an figiúr seo ar leithligh sa tábla ach áirítear é san fhigiúr do Thuarastail.

Nóta 9: Barrachas Ioncaim

Tá barrachas ioncaim €958.3 milliún iníoctha leis an Státhchiste i ndáil leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 (2010: €671.0 milliún).

De réir alt 6J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú), tá an Banc díolmhaithe ó Cháin Chorporáideach, ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

Nóta 10: Ór agus Infhaighteachtaí óir

Maidir le hór agus le hinfhaighteachtaí óir, is ionann iad agus stoic óir arna gcoinneáil sa Bhanc, maille le barraí óir arna gcoinneáil i mBanc Shasana. Tháinig meadú ar an iarmhéid in 2011 mar thoradh ar an athrú ó bhliain go bliain ar mhargadhluach óir.

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí Iasmuigh den Limistéar euro

	2011	2010
	€000	€000
Infhaighteachtaí ón CAI (i)	1,060,953	1,007,550
Iarmhéideanna le bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile (iv)	20,207	373,992
Total	1,081,160	1,381,542

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro (ar lean)

(i) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

	2011	2010
	€000	€000
Cuóta	1,522,588	970,202
Lúide Sealúchais euro an CAI	(1,215,808)	(792,374)
Suíomh Cúlchiste sa CAI (ii)	306,780	177,828
Sealúchais CST (iii)	754,173	829,722
Iomlán	1,060,953	1,007,550

(ii) Suíomh Cúlchiste sa CAI:

Is ionann an tsócmhainn seo agus an difríocht idir Cuóta na hÉireann sa CAI agus sealúchais euro an CAI. Is ionann cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta, agus íocadh 25 faoin gcéad de in airgeadra eachtrach agus an t-iarmhéid in euro. B'ionann iad ag an tús agus 75 faoin gcéad den Chuóta, agus athraíodh iad de bharr treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí le ballstáit. An 28 Aibreán 2008, d'fhormheas Bord Gobharnóirí an CAI cuóta mórsála agus cuireadh é sin i bhfeidhm an 3 Márta 2011. Mar thoradh air sin, mhéadaigh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 838.4 milliún go dtí CST 1,257.6 milliún.

(iii) Cearta Speisialta Tarraingthe (CST):

Sócmhainn chúlchiste idirnáisiúnta atá sa CST arna bunú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970í agus 1980í d'fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainmhínítear CST i dtéarmaí ciseán airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe na rátaí malartáin de cheithre airgeadra (dollar Mheiriceá, sterling, yen agus euro) (Nóta 27).

(iv) Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile

	2011	2010
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc	3,070	4,460
Infheistíochtaí Urrús – MÓM (v)	17,137	369,532
Iomlán	20,207	373,992

Próifíl Aibíochta

	2011	2010
	€000	€000
0 - 3 mhí	20,195	146,678
3 mhí - 1 bhliain	12	187,578
1 - 5 bliain	–	39,736
Iomlán	20,207	373,992

(v) Beartas Cuntasaíochta (j).

Nóta 12: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro

	2011	2010
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc (i)	1,142,632	81,487
Infheistíochtaí Urrús – MÓM (ii)	31,565	59,659
Iomlán	1,174,197	141,146

Próifil Aibíochta	2011	2010
	€000	€000
0 - 3 mhí	1,142,632	81,487
3 mhí - 1 bhliain	18,921	29,585
1 - 5 bliain	12,644	30,074
Iomlán	1,174,197	141,146

(i) Sa mhír seo, cuimsítear éileamh a thig d'oibríochtaí droim ar ais le contrapháirtithe arb ionann é agus €1,143 milliún (2010: nialas), i dtaca le hathghníomhachtú chlár dhollar na Stát Aontaithe chun leachtacht a sholáthar. Faoin gclár seo, sholáthair an Cúlchiste Feidearálach dollar na Stát Aontaithe don BCE trí shocrú sealadach cómhálartach airgeadra (línte babhtála) d'fhonn maoiniú gearrthéarmach dhollar na Stát Aontaithe a thairiscint do chontrapháirtithe an Eurochórais. Ag an am céanna, rinne an BCE idirbhearta babhtála droim ar ais le BCN a raibh an euro glactha acu, agus úsáideadh na cistí a thig de na hidirbhearta sin chun dul i mbun oibríochtaí chun leachtacht a sholáthar le contrapháirtithe an Eurochórais (Nóta 38).

(ii) Beartas Cuntasaíochta (j).

Nóta 13: Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro

	2011	2010
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc	366,976	2,091
Infheistíochtaí Urrús - MTM (i)	309,298	196,270
Infheistíochtaí Urrús - CGA (i)	554,556	527,858
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais	–	156,990
Iomlán	1,230,830	883,209

Próifil Aibíochta	2011	2010
	€000	€000
0 - 3 mhí	366,976	159,081
3 mhí - 1 bhliain	143,241	176,727
1 - 5 bliain	495,476	267,470
5 - 10 bliain	225,137	279,931
Iomlán	1,230,830	883,209

(i) Beartas Cuntasaíochta (j).

Nóta 14: Iasachtú le hInstitiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in euro

	2011	2010
	€000	€000
Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (i)	30,520,000	63,655,000
Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (ii)	76,286,000	56,025,000
Saoráid Iasachta Imeachaí (iii)	430,000	–
Oibríocht Mhionchoigeartaithe Dhéthaobhach Droim ar Ais (iv)	–	12,330,000
Iomlán	107,236,000	132,010,000

Is é atá sna hiarmhéideanna seo réamhíocaíochtaí le hinstiúidí áitiúla creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Tá na réamhíocaíochtaí uile urraithe ag comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras. Bhí laghdú suntasach ar leibhéal na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe agus méadú ar na hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAF) le linn 2011. Amhail ar an 31 Nollaig 2011, b'ionann na hairleacain iomlána a bhain le beartas airgeadaíochta an Eurochórais agus €863.6 billiún (2010: €546.6 billiún), agus bhí €107.2 billiún (2010: €132.0 billiún) den mhéid sin ar seilbh ag an mBanc. De réir Airteagal 32.4 den Reach, ba cheart go ndéanfaí aon riosca ó iasachtú le hinstiúidí creidmheasa sa limistéar euro a roinnt go hiomlán idir BCN an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil i réim san Eurochóras. Maidir le hiasachtú arna urrú le bannaí úsáide féin, is é sin bannaí arna n-eisiúint ag na contrapháirtithe lena mbaineann agus arna ráthú ag an Rialtas, is é an Banc a iompróidh na rioscaí (Nóta 36).

- (i) Go hiondúil, cuimsíonn Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe tairiscintí seachtainiúla ar chistí a mbíonn aibíocht aon seachtaine acu ar rátaí socraithe agus a mbíonn lán-chionroinnt i gceist leo (ó Dheireadh Fómhair 2008).
- (ii) Go hiondúil, cuimsíonn Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha tairiscintí míosúla a mbíonn aibíocht trí mhí acu ar rátaí socraithe agus a mbíonn lán-chionroinnt i gceist leo (ó Dheireadh Fómhair 2008). I mí Lúnasa agus i mí Dheireadh Fómhair 2011, thug an BCE Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha forlíontacha isteach a bhfuil aibíocht sé mhí agus dhá mhí dhéag faoi seach acu. Ina theannta sin, fógraíodh dhá Oibríocht Athmhaoinithe Fadtéarmacha i mí na Nollag 2011 a raibh aibíocht sé mhí is tríocha acu agus lenar tugadh an rogha do na contrapháirtithe aisíocaíocht luath a dhéanamh tar éis bliain amháin. Rinneadh an chéad cheann de na hoibríochtaí sin a chionroinnt an 21 Nollaig 2011.
- (iii) Is saoráid sheasta í an tsaoráid iasachta imeachaí a bhféadfaidh contrapháirtithe úsáid a bhaint aisti chun leachtacht thar oíche a fháil ón mBanc ar ráta réamhshonraithe úis i gcoinne sócmhainní incháilithe.
- (iv) An 23 Nollaig 2010, tharla Oibríocht Mhionchoigeartaithe trí lá dhéag nuair a tháinig an OAF dheireanach dhá mhí dhéag chun aibíochta. Ní raibh aon Oibríocht Mhionchoigeartaithe fós amuigh ag deireadh na bliana 2011.

Nóta 15: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro

	2011	2010
	€000	€000
Iarmhéideanna le Bainc	150,373	214,579
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais	299,000	299,000
Iomlán	449,373	513,579

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí an Limistéir Euro in Euro

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann: (i) ‘Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta’, a tugadh isteach d’fhonn punanna na mbannaí faoi chumhdach arna n-ainmniú in euro a léiriú, ar cuireadh tús leis an gcéad cheann díobh i mí Iúil 2009 agus leis an dara ceann i mí na Samhna 2011, maille leis an bpunann margaidh d’urrúis arna n-ainmniú in euro, ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010; agus (ii) “Urrúis eile”, lena n-áirítear urrúis inmhargaidh nach mbaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta de chuid an Eurochórais.

	2011	2010
	€000	€000
Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	4,789,749	3,003,005
Urrúis eile (ii)	15,941,332	15,233,169
Iomlán	20,731,081	18,236,174

(i) Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

	2011	2010
	€000	€000
Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 1 (CBPP1) - HTM	869,127	865,944
Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 2 (CBPP2) - HTM	17,177	–
Clár na Margai Urrús (SMP) - HTM	3,903,445	2,137,061
Iomlán	4,789,749	3,003,005

Próifíl Aibíochta	2011	2010
	€000	€000
0 - 3 mhí	452,915	49,464
3 mhí - 1 bhliain	345,219	160,811
1 - 5 bliana	2,332,748	2,074,963
5 - 10 bliain	1,658,867	625,253
10-15 bliain	–	92,514
Iomlán	4,789,749	3,003,005

Sa aicme seo den Chlár Comhardaithe, cuimsítear urrúis arna bhfáil ag an mBanc laistigh de raon na gClár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach¹⁴, agus urrúis fiachais phoiblí arna bhfáil laistigh de raon CMU¹⁵. Aicmítear na hurrúis mar urrúis arna gCoinneáil go dtí Aibíocht (CGA). B’ionann sealúchas iomlán urrúis CMU, CCBC1 agus CCBC2, faoi seach, ag BCN an Eurochórais agus €211.9 billiún, €58.8 billiún agus €3.1 billiún ag deireadh mhí na Nollag, mar a bhí €3,903 milliún, €869 milliún agus €17 milliún ar seilbh ag an mBanc. De réir Airteagal 32.4 den Reachta, ba cheart go roinneadh BCN an Eurochórais aon rioscaí a bhainfeadh le hiasachtú le hinstiúidí creidmheasa sa limistéar euro i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh san Eurochóras ag an am. I gcás CCBC1 agus CBPP2, is iad na BCN indibhidiúla a iompróidh na rioscaí. Beartais Chuntasaíochta (c)(iii), (c)(ix) agus Nóta 1(i).

Urrúis a cheannaítear faoi CMU agus CCBC, aicmítear iad mar urrúis arna gcoinneáil go dtí aibíocht agus tuairiscítear orthu ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe. Déantar tástálacha bliantúla maidir le lagú a sheoladh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil agus ar bhonn na méideanna inghnóthaithe arna meas amhail ar an dáta tuarascála.

14 Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, Ich. 18 agus Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, Ich. 70.

15 Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margai urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich. 8.

(ii) Urrúis eile

	2011	2010
	€000	€000
Infheistíochtaí Urrús - MÓM	9,379,825	8,941,696
Infheistíochtaí Urrú - CGA	6,561,507	6,291,473
Iomlán	15,941,332	15,233,169

Sna hurrúis seo, cuimsítear fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí sa limistéar euro. Beartas Cuntasaíochta (j).

Próifíl Aibíochta	2011	2010
	€000	€000
0 - 3 mhí	3,074,877	2,647,515
3 mhí - 1 bhliain	5,090,143	4,120,180
1 - 5 bliana	4,686,575	4,951,916
5 - 10 bliain	3,089,737	3,513,558
Iomlán	15,941,332	15,233,169

Nóta 17: Leas rannpháirteachais sa BCE

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCN amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus choigeartaítear gach cúig bliana.

An 1 Eanáir 2011, tháinig athrú ar scála caipitil an BCE de thoradh aontachas na hEastóine leis an Eurochóras. Ní raibh aon choigeartú ar ranníocaíocht an Bhainc le caipiteal an BCE de thoradh an athraithe sin. Ar a shon sin, laghdaigh sciar an Bhainc i gcaipiteal suibscríofa an Bhainc ó 1.5915 faoin gcéad go dtí 1.5874 faoin gcéad ar an dáta sin. Beartas Cuntasaíochta (c)(ii).

Tháinig méadú €18.5 milliún ar leas rannpháirteachais an Bhainc sa BCE go dtí €157.7 milliún, rud a léiríonn cinneadh na Comhairle Rialaithe i mí na Nollag 2010 chun caipiteal suibscríofa BCE a mhéadú faoi €5,000 milliún go dtí €10,761 milliún. Mar thoradh air seo, ceanglaíodh ar BCN an Eurochórais méid ab ionann agus €3,490 milliún a íoc i ndáil lena ranníocaíochtaí méadaithe i dtír thráthchuid chomhionanna ó 2010 ar aghaidh. Dá bhrí sin, d'íoc an Banc an dara tráthchuid arb ionann í agus €18.5 milliún an 28 Nollaig 2011, fad a bheidh an tráthchuid deiridh le híoc in 2012. Beartas Cuntasaíochta (c)(iii).

Nóta 18: Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha

Is ionann iad seo agus éilimh an Bhainc a éiríonn as aistriú sócmhainní cúlchistí eachtracha chuig an BCE de réir fhorálacha Airteagal 30 de Reacht CEBC. Déantar na héilimh a ainmniú in euro ag luach a shocraítear tráth a n-aistrithe. Íoctar iad ag an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna gcoigeartú chun fáltais nialasach a léiriú ar chomhpháirt an óir. Beartas Cuntasaíochta (c)(vii) agus Nóta 1 (iv).

Nóta 19: Míreanna atá á Socrú

Is ionann míreanna atá á socrú agus éileamh ar institiúidí creidmheasa i leith seiceanna arna dtaisceadh sa Bhanc ag a chustaiméirí ar an lá deireanach gnó den bhliain agus arna seachadadh chuig na hinstiúidí creidmheasa sin ar an gcéad lá gnó den bhliain nua.

Nóta 20: Sócmhainní eile

	2011	2010
	€000	€000
Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (i)	19,515	18,997
Stoic Ábhar do Tháirgeadh Nótaí Bainc	2,756	2,229
Iasacht Úsmhar AIB cpt/ICAROM (ii)	302,527	366,371
Ioncam Úis Fabhráithe	433,535	351,905
Réamhíocaíochtaí	1,224	689
Sócmhainní Dochta (Nóta 21)	77,230	70,401
Eile (iii)	42,450,967	49,475,598
Iomlán	43,287,753	50,286,190

- (i) Sealbhaíonn an Banc 8,564 scair (2,564 íochta) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €19.5 milliún a gcoibhéis in euro (2010: €19.0 milliún) (Nótaí 5(ii) agus 34(i)).
- (ii) Faoi shocrúithe ar cuireadh tús leo i 1993 do mhaoiniú riaradh ICAROM cpt (Insurance Corporation of Ireland cpt mar a bhíodh air), tá €11.1 milliún in aghaidh na bliana go dtí 2012 á bhailiú ó AIB cpt agus á aistriú chuig Riarthóir ICAROM spt. Is iad seo a leanas na meicníochtaí a úsáidtear chun na cistí seo a bhailiú (i) socrú frithchaiteach taisce agus iasachta (€4.1 milliún) idir AIB cpt agus an Banc agus (ii) íocaíocht úis (€7.0 milliún) a dhéanfaidh AIB cpt. Léirítear an taisce frithchaiteach faoi Dhliteanais Eile (Nóta 30). Déantar méid an taisce a chinneadh le Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (Euribor).
- (iii) Folaíonn sé seo €42.4 billiún (2010: €49.5 billiún) i ndáil le CLE arna sholáthar lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais d'institiúidí creidmheasa intíre arna gcumhdach faoi ráthaíocht (Nóta 1(v)). Déantar na saoráidí seo a thabhairt ar aghaidh ar an gClár Comhardaithe ar costas amúchta ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis. Déantar na saoráidí seo go léir a chomhthaobhú go hiomlán agus áirítear iontu comhthaobhacht cheannasach mar aon le raon leathan urrús curtha i ngeall ag na contrapháirtithe lena mbaineann.

Tá ionstraimí sonracha dlíthiúla i bhfeidhm ag an mBanc i ndáil le gach cineál comhthaobhachta a nglactar leis. Áirítear orthu seo: (i) Nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais chuig institiúidí creidmheasa ar leith agus atá inaistrithe le gníomhas, (ii) Máistirghníomhas Athcheannaigh Iasachta lena gclúdaítear iasachtaí infheistíochta/forbartha, (iii) Máistirchomhaontuithe Athcheannaigh Speisialta lena gclúdaítear comhthaobhacht nach bhfuil incháilithe a thuilleadh d'oibríochtaí a bhaineann leis an BCE, agus (iv) Gníomhais Saoráide lena gcuirtear Ráthaíocht Rialtais ar fáil. De bhreis air sin, fuair an Banc gealltanais foirmiúil ón Aire Airgeadais go seasfaí aon ghanntanas ar leachtú comhthaobhachta. I gcás inarbh iomchuí, cuireadh ciorruithe (ó 1.5 faoin gcéad go 58 faoin gcéad) i bhfeidhm maidir leis an gcomhthaobhacht. Maolaítear riosca creidmheasa le leibhéal na gcorruithe agus le Ráthaíocht an Rialtais. Ar dháta an chláir chomhardaithe, ní raibh aon soláthar aitheanta i leith lagaithe (2010: nialas).

Nóta 21: Sócmhainní Dochta

€000	Áitribh		Gléasra agus Innealra		Trealamh Ríomhaireachta		Trealamh Eile		Trosacán, Feistithe agus Daingneáin		Sócmhainní Dochta Iomlána	
			2011	2010	2011	2010	2011	2010	2011	2010	2011	2010
Ar a chostas - 1 Eanáir	66,198	65,570	47,837	47,226	23,556	20,437	15,028	14,715	12,994	10,471	165,613	158,419
Éadálacha (+)	956	628	2,285	611	9,850	3,119	787	313	2,257	2,523	16,135	7,194
Ar a chostas - 31 Nollaig	67,154	66,198	50,122	47,837	33,406	23,556	15,815	15,028	15,251	12,994	181,748	165,613
Dímheas Carntha an 1 Eanáir	16,656	15,122	41,448	39,197	16,125	13,786	11,104	9,355	9,879	9,327	95,212	86,787
Dímheas don bhliain (i)	1,565	1,534	2,240	2,251	2,774	2,339	1,733	1,749	994	552	9,306	8,425
Dímheas Carntha an 31 Nollaig	18,221	16,656	43,688	41,448	18,899	16,125	12,837	11,104	10,873	9,879	104,518	95,212
Glanluach Leabhar an 31 Nollaig	48,933	49,542	6,434	6,389	14,507	7,431	2,978	3,924	4,378	3,115	77,230	70,401

- (i) As muirear dímheasa iomlán €9.3 milliún (2010: €8.4 milliún), rinneadh €0.03 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra (2010: €0.03 milliún) i ndáil le hinnealra Mionta.

Nóta 22: Nótaí bainc i gCúrsaíocht

Cuimsíonn an mhír seo sciar an Bhainc de na nótaí bainc euro arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Leithdháiltear luach iomlán nótaí bainc euro i gcúrsaíocht ar gach banc ceannais náisiúnta ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nóta bainc. Beartas Cuntasaíochta (c)(iv).

Nóta 23: Dlíteanais d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2011	2010
	€000	€000
Cúltaisí Íosta (i)	3,733,961	8,264,077
Taiscí Thar Oíche (ii)	2,295,000	3,150,000
Iomlán	6,028,961	11,414,077

- (i) Tá ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meánlíon íosta taiscí cúlchiste a choinneáil lena gcuid BCN faoi seach. Is é cuspóir na gceanglas cúlchiste seo ganntanas struchtúrach leachtachta a choimeád ar bun. In 2011, íocadh ús ar na taiscí sin ag príomhráta socraithe úis an BCE do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe.
- (ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapráirtithe chun taiscí a chur leis an mBanc ar bhonn thar oíche.

Nóta 24: Dlíteanas in euro do Chónaitheoirí eile sa Limistéar euro

	2011	2010
	€000	€000
Taiscí Rialtais Ghinearálta (i)	15,572,051	15,887,911
Cúlchiste Airgeadra a Bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii)	1,702	1,914
Iomlán	15,573,753	15,889,825

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na míreanna seo.

- (i) Áirítear i dTaiscí Rialtais Ghinearálta creidmheasanna €0.4 milliún (2010: €0.5 milliún) san iomlán arna sealbhú ag an Sannaí Oifigiúil i bhFéimheacht faoi fhorálacha an Achta Féimheachta, 1988.
- (ii) Faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990, agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998, ceanglaítear go ndéanfar na costais agus na fáiltais a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gcúlchiste airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc isteach sa Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas don Bhanc de thoradh glanfháltais ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc. Déantar an t-iarmhéid ar an gcúlchiste airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas an Bhainc. Beartas Cuntasaíochta (g) agus Nóta 8. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

	2011	2010
	€000	€000
Monaí arna gcur i gcúrsaíocht/(arna bhfuascailt ó chúrsaíocht)	21,642	(1,564)
Foirne monaí samplacha	2,225	1,547
Monaí Éireannacha arna dTarraingt as Cúrsaíocht	(360)	(364)
Fáltais ó Mhonaí Bruithnithe	77	–
Fo-iomlán	23,584	(381)
Lúide Costais Oibríochta (Nóta 8)	(2,875)	(9,293)
Glanfháltais ó Eisiúint Monaí	20,709	(9,674)
Ús ar Dhliteanas Pinsin	(163)	(175)
Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra	(100)	(126)
Aistriú (chuig)/ón Státchiste	(20,658)	8,500
Iarmhéid Tosaigh	1,914	3,389
Iarmhéid Deiridh	1,702	1,914

De thoradh an Achta Airgeadais, 2002, agus de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, bhí glaneisiúint monaí ón mBanc chuig na bainc thráchtála sa bhliain 2011. De thoradh na glaneisiúna seo, arna fritháireamh go pointe leis na costais oibríochta a bhaineann le monaí, íocadh €20.7 milliún leis an Státchiste i mí na Nollag 2011 (2010: fuarthas aistriú €8.5 milliún ón Státchiste).

Nóta 25: Dlíteanais in euro do Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

	2011	2010
	€000	€000
Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta	95	93
Gníomhaireachtaí AE	22,413	10,152
Iomlán	22,508	10,245

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

Nóta 26: Dlíteanais in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí sa Limistéar euro

Baineann an dlíteanas seo le taise a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun ceanglas maidir le hiarmhéid íosta i gCuntas an Chúlchiste Fheidearálaigh a mhaoiniú, ar cuntas é a úsáidtear chun glacadh le cistí Chlár Maoiniúcháin an CAI d'Éirinn.

Nóta 27: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag an CAI

Is é seo dlíteanas an Bhainc don CAI maidir le leithdháileadh CSTanna d'Éirinn. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CSTanna an Bhainc de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh malartuithe CSTanna ar Airgead Eachtrach leis an CAI é féin, le baill CAI agus le sealbhóirí oifigiúla eile CST. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc glan ar leithdháileadh CST (Nóta 11).

Nóta 28: Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

Cuimsíonn an mhír seo dlíteanas an Bhainc i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a eisíodh go hiarbhír ag an mBanc agus a scála scaire caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais. Beartais Chuntasaíochta (c)(ii) agus (c)(iv) agus Nóta 22.

Nóta 29: Dlíteanais eile laistigh den Eurochóras

Is ionann an mhír seo agus glandlíteanas an Bhainc don BCE de thoradh íocaíochtaí euro trasteorann arna ndéanamh thar chóras TARGET2 ag gach BCN atá rannpháirteach sa CEBC. Beartais Cuntasaíochta (c)(ii).

Nóta 30: Dlíteanais eile

	2011	2010
	€000	€000
Taisce AIB cpt/ ICAROM (Nóta 20)	302,527	366,371
Leithghabháil Brabúis & Caillteanais (i)	958,343	671,029
Cuntais Cosanta Taiscí (ii)	434,741	537,900
Fabhruithe Úis	194,495	201,001
Fabhruithe Eile	11,705	9,603
An Ciste Réitigh d'Institiúidí Creidmheasa (iii)	250,000	–
Eile	166,491	27,946
Iomlán	1,813,850	2,045,968

Nóta 30: Dlíteanais eile (ar lean)

- (i) Is ionann é seo agus an t-iarmhéid breise ioncaim is iníoctha leis an Stáitchiste (Nóta 9).
- (ii) Is iarmhéideanna iad seo arna dtaisceadh leis an mBanc ag institiúidí creidmheasa mar chuid de Scéim Cosanta Taiscí na hÉireann (IDPS) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí), 1995. Tá an IDPS á mhaoiniú ag institiúidí creidmheasa, atá údaraithe ag an mBanc.
- (iii) Bunaíodh Ciste Réitigh d'Institiúidí Creidmheasa ag deireadh 2011 faoin Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Rinne an tAire Airgeadais €250 milliún a lóisteáil sa chuntas taisce arna choinneáil ag an mBanc. Is é is cuspóir don chiste seo, foinse maoiniúcháin a chur ar fáil chun éagobhsaíocht airgeadais in institiúidí údaraithe creidmheasa a réiteach nó chun gar-bhagairt thromchúiseach d'éagobhsaíocht airgeadais in institiúidí údaraithe creidmheasa a réiteach.

Nóta 31: Forálacha

Coinníodh na forálacha seo a leanas an 31 Nollaig 2011:

	2010	2009
	€000	€000
Riosca contrapháirtí oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (i)	12,098	28,135
Soláthar i leith urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta (ii)	300,000	-
Nótaí punt neamhfhuascailte (iii)	5,667	8,043
Iomlán	317,765	36,178

- (i) Sa bhliain 2008, bheartaigh Comhairle Rialaithe an BCE soláthar a dhéanamh i gcoinne riosca contrapháirtí in oibríochtaí beartais airgeadaíochta. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 den Reacht, déanfar an soláthar sin a leithdháileadh ar bhainc cheannais náisiúnta (BCN) na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna suibscríofa scála caipitil sa BCE sa bhliain inar tharla mainneachtain. I gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta an Eurochórais agus ag féachaint do phrionsabal ginearálta na stuamachta, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar oiriúnacht an tsoláthair agus chinn sí an méid iomlán a laghdú ó €2,207 milliún an 31 Nollaig 2010 go dtí €949 milliún an 31 Nollaig 2011. Is ionann sciar an Bhainc sa soláthar seo agus €12.1 milliún (2010: €28.1 milliún), atá cóibhéiseach le 1.2748 faoin gcéad den soláthar iomlán. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 den Reacht, léirítear coigeartú an tsoláthair sa chuntas brabúis agus caillteanais de chuid bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE in 2008. I gcás an Bhainc, b'ionann an tsuim choigeartaithe a d'eascair as agus €16.0 milliún in 2011. Beartas Cuntasaíochta (m) agus Nóta 6(ii).
- (ii) Tá soláthar €300.0 milliún (2010: nialas) bunaithe ag an mBanc i leith rioscaí a eascraíonn as oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an bhainc ceannais a bhfuil méadú suntasach tagtha orthu i ndiaidh na géarchéime fiachais cheannasaigh. Leis an soláthar, léirítear liúntas measta i leith rioscaí a thig as na hurrúis atá ar seilbh chun críocha beartais airgeadaíochta. Tá meastachán an mhuirir lagaithe faoi réir éiginnteachta suntasaí atá méadaithe i bhfianaise na timpeallachta reatha geilleagraí. Tá sé faoi réir tosca amhail dearcadh an mhargaidh i leith inmharthanacht fiachais. Is toimhdí suibhiachtúla iad na toimhdí atá mar bhuntaca leis an mbreithiúnas seo agus tá siad bunaithe ar mheasúnú bainistíochta i gcomhthéacs na ndálaí margaidh an 31 Nollaig 2011. Beartas Cuntasaíochta (m).
- (iii) Nótaí punt arna n-eisiúint ag an mBanc, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Amhail ar an 31 Nollaig 2002, bhí nótaí arb ionann a luach agus €299.7 milliún fós amuigh, agus ag an bpointe sin, rinneadh soláthar do €60 milliún chun freastal ar oibleagáidí maidir le nótaí punt neamhfhuascailte. An 31 Nollaig 2011, b'ionann an soláthar sin agus €5.7 milliún (2010: €8.0 milliún) tar éis €10.0 milliún a aistriú ó bhrabúis an Bhainc don bhliain 2010 chuig an soláthar arna laghdú le linn na bliana. Beartas Cuntasaíochta (m) agus Nóta 34(iii).

Nóta 32: Cuntais Athluachála

	2011	2010	Net Movement
	€000	€000	€000
Ór	187,406	156,231	31,175
Airgeadra Eachtrach	24,275	19,603	4,672
Urrúis agus Ionstraimí Eile	90,970	54,437	36,533
Amhail ar an 31 Nollaig	302,651	230,271	72,380

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear i leith an euro do luachálacha dheireadh na bliana:

	2011	2010
Airgeadra	Ráta	Ráta
Dollar SA	1.2939	1.3362
Yen na Seapáine	100.2000	108.6500
Sterling	0.8353	0.8608
Franc na hEilvéise	1.2156	1.2504
Krone na Danmhairge	7.4342	7.4535
Krona na Sualainne	8.9120	8.9655
Dollar Cheanada	1.3215	1.3322
CST	0.8427	0.8642
Ba iad seo a leanas na praghsanna óir:		
Euro an unsa mhín	1,216.8640	1,055.4180

Nóta 33: Caipiteal agus Cúlchistí

	Caipiteal (i)	Cúlchiste Ginearálta	Cúlchiste Eachtrach	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Amhail ar an 31 Nollaig 2010	30	1,371,362	351,648	1,723,040
Brabús coinnithe don bhliain (ii)	–	170,036	–	170,036
Amhail ar an 31 Nollaig 2011	30	1,541,398	351,648	1,893,076

- (i) Socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 mar €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus tá an méid iomlán sin ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Tá an t-iarmhéid iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontaíodh an Coimisiún agus an tAire amhlaidh.
- (ii) Faoi na *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations*, 1943, cheadaigh an Coimisiún aistriú €170.0 milliún ón gcountas Leithghabhála Brabúis agus Cailteanais chuig an gCúlchiste Ginearálta, tar éis coigeartú a dhéanamh do ghlanghnóthachan aachtúireach €71.9 milliún a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála (Nóta 35 (ii)).

Nóta 34: Dlíteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

Dlíteanais Theagmhasacha

(i) An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta

Tá 8,564 scair ag an mBanc sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, a bhfuil 2,564 díobh láníochta. Tá an Banc faoi dhlíteanas teagmhasach maidir leis an iarmhéid (Nótaí 5(ii) agus 20(i)).

(ii) Sócmhainní Caipitil agus Cúl sócmhainní Eachtracha arna gCur i nGeall don BCE

Faoi Reachta CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc amach anseo, mar aon le BCN rannpháirteacha eile, méideanna breise caipitil (Alt 28) agus sócmhainní cúl sócmhainní eachtracha (Alt 30) a aistriú chuig an BCE.

(iii) Nótaí Puint

Tá an Banc faoi dhlíteanas teagmhasach maidir le nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo (bhí €299.7 milliún fós amuigh an 31 Nollaig 2002). An 31 Nollaig 2011, bhí €235.3 milliún nótaí puint fós amuigh (Nóta 31(iii)).

Ceangaltais

(i) Léasanna Oibriúcháin

I mí Iúil 2008, rinne an Banc comhaontú léasa 25 bliain maidir le cóiríocht oifige ag Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1. Is ionann agus €2.3 milliún an íocaíocht bhliantúil chiosa faoi léas oibriúcháin.

Ina theannta sin, rinne an Banc léas 4 bliana i mí na Samhna 2010, do chóiríocht i gCúirt Úibh Eachach, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Is ionann agus €1.5 milliún an íocaíocht bhliantúil chiosa faoin léas oibriúcháin seo.

(ii) Caipitil Suibscríofa an BCE

D'ardaigh an BCE a chaipiteal suibscríofa faoi €5,000 milliún ó €5,761 milliún go €10,761 milliún le héifeacht ón 29 Nollaig 2010. Ceanglaítear ar thíortha an limistéir euro a gcaipiteal méadaithe a íoc i dtrí thráthchuid chothroma bhliantúla. D'íoc an Banc an dara tráthchuid arb ionann í agus €18.5 milliún an 28 Nollaig 2011 agus tá de cheangal air an tráthchuid deiridh a íoc in 2012.

Nóta 35: Dlíteanais Aoisliúntais

Is faoi scéim pinsin le sochar sainithe a éiríonn teidlíochtaí pinsin iarchomhaltaí foirne agus comhaltaí foirne reatha de chuid an Bhainc. Faoi scéim, faigheann foireann an Bhainc na teidlíochtaí céanna agus a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníochta freisin maidir leis an bpríomhscéim. Go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, bhí córas 'íoctar mar a úsáidtear' i bhfeidhm ag an mBanc, is é sin nár sainaithníodh sócmhainní go leithleach d'fhonn freastal ar dhlíteanais pinsin an Bhainc, agus íocadh sochair de réir mar a bhí siad dlite ó na cúlchistí reatha. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin (mar a socraíodh faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003) agus aistríodh €400 milliún chun sócmhainní ciste a cheannach. Cuirtear síos ar luacháil na sócmhainní ciste an 31 Nollaig 2011 i gcuid (v) den nóta seo.

Nochtann an Banc an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le Financial Reporting Standard (FRS) 17 – 'Retirement Benefits'.

Amhail ar an 31 Nollaig 2011, tugadh nuashonrú ar an athbhreithniú chun críche. An 31 Nollaig 2010, rinne Willis, achtúirí an Bhainc, luacháil iomlán achtúireach ar an scéim i gcomhlíonadh ceanglas maidir le nochtadh faoi FRS 17.

Nóta 35: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais/Cúlchiste Airgeadra**

	Brabús & Caillteanas 2011	Cúlchiste Eachtrach 2011	Iomlán 2011	2010
	€000	€000	€000	€000
Toradh Measta ar Shócmhainní	22,346	–	22,346	13,586
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean	(21,956)	(163)	(22,119)	(22,085)
Costas Seirbhíse Reatha	(11,251)	(79)	(11,330)	(9,432)
Costas Iarseirbhíse	(1,969)	–	(1,969)	(720)
Fo-Iomlán	(13,220)	(79)	(13,299)	(10,152)
Costas pinsin iomlán na scéime sochair sainithe	(12,830)	(242)	(13,072)	(18,651)

Amhail ar an 31 Nollaig 2011, ní raibh aon bharrachas neamhaitheanta asbhainte ón gcostas iarseirbhíse nó ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóthachain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

(ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsin

An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig	2011	2010	2009
	€000	€000	€000
Gnóthachan Achtúireach ar Dhliteanas Pinsin	(34,288)	8,811	28,666
Gnóthachan/(Caillteanas) ar Shócmhainní an Phlean	(37,580)	12,894	(678)
Iomlán	(71,868)	21,705	27,988

Amhail ar an 31 Nollaig 2011, b'ionann an caillteanas carnach achtúireach sa Chuntas Leithghabhála agus €76.2 milliún (2010: €4.3 milliún) do thréimhsí cuntasaióchta dar chríoch an 31 Nollaig 2004 nó dá éis. Le linn 2011, thug an Rialtas tobhach 0.6% isteach ar shócmhainní ciste pinsin go ceann tréimhse ceithre bliana. Don bhliain airgeadais seo, áirítear an tobhach sa chaillteanas achtúireach ar shócmhainní an phlean. Don bhliain airgeadais 2012, tugtar cuntas sa tobhach tríd an toradh ionchais ar na sócmhainní a laghdú faoi 0.6%. (Nóta 35 (viii)).

(iii) Aithint ar an gClár Comhardaithe

Is iad seo a leanas na méideanna a aithnítear ar an gclár comhardaithe:

An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011	2011	2010	2009
	€000	€000	€000
Luach reatha oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó páirtmhaoinithe	(455,336)	(392,615)	(377,004)
Luach cóir shócmhainní an phlean		443,876	414,611
Glansócmhainn/(Glandliteanas)	(21,176)	51,261	37,607

Nóta 35: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime**

	2011	2010	2009
	€000	€000	€000
Luach Reatha Tosaigh Oibleagáidí na Scéime	(392,615)	(377,004)	(382,927)
Costas Seirbhíse Reatha		(9,432)	(9,575)
Costas larseirbhíse		(720)	–
Pinsin a íocadh		11,387	11,830
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe		(2,809)	(2,545)
Aistrithe Faighte		(763)	–
Ús ar Dhlíteanais na Scéime Pinsin		(22,085)	(22,453)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ó Choigeartuithe Taithí	9,492	27,460	28,666
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ó Choigeartuithe Luachála Dlíteanais	(43,780)	(18,649)	–
Luach Reatha Deiridh Oibleagáidí Scéime	(455,336)	(392,615)	(377,004)

(v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

	2011	2010	2009
	€000	€000	€000
Luach cóir tosaigh shócmh. an phlean (luach tairisceana)	443,876	414,611	404,657
Toradh Ionchais	22,346	13,586	10,089
Gnóthachan/(Caillteanas) Achúireach	(37,580)	12,894	(678)
Ranníocaíocht fostóra	12,503	10,600	9,828
Ranníocaíochtaí fostaithe	3,509	2,809	2,545
Pinsin a íocadh	(10,746)	(11,387)	(11,830)
Aistrithe faighte	252	763	–
Luach cóir deiridh shócmhainní an phlean (luach tairisceana)*	434,160	443,876	414,611

* Áirítear dhá chuntas bainc i luach cóir shócmhainní an phlean – Cuntas Caipitil Luacha Saothair agus Cuntas Oibre. B'ionann an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Luacha Saothair agus ar an gCuntas Oibre Luacha Saothair an 31 Nollaig 2011 agus €151.4 milliún (2010: €16.0 milliún) agus €5.6 milliún (2010: €4.8 milliún) faoi seach.

(vi) Toimhdí Airgeadais

	2011	2010
	%	%
Ráta Lascaine	5.00	5.50
Toradh Ionchais ar Shócmhainní	3.23	5.00
Ráta méadaithe na dtuarastal inphinsin	3.50	3.50
Ráta méadaithe na bpinsean	3.50	3.50
Méadú ar Bhoilsciú i bPraghsanna	2.00	2.00

Bheadh méadú/laghdú tuairim is 10.6% ar dhlíteanais mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.5% ar an ráta lascaine.

Nóta 35: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(vii) Toimhdí Déimeagrafacha**

	2011	2010
Básmhaireacht Réamhscoir*	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)
Básmhaireacht Iarscoir*	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)
Liúntas d'fheabhsuithe ar básmhaireacht sa todhchaí	Dearfach	Dearfach
Scoir	Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)	Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)
Scor ar fhorais drochshláinte	Curtha san áireamh	Curtha san áireamh
Luathscor	As an áireamh	As an áireamh
Tarraingthe Siar	As an áireamh	As an áireamh
Céatadán atá pósta	90%	90%
Difríocht aoise idir chéilí	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile

* Is éard atá i PNML00/PNFL00 táblaí foilsithe básmhaireachta arna n-ullmhú do Ghairm na hAchtúireachta sa Ríocht Aontaithe ag an Continuous Mortality Investigation Bureau. Tá na tiomhdí básmhaireachta a roghnaítear bunaithe ar tháblaí caighdeánacha ina léirítear básmhaireacht thipiciúil pinsinéirí agus cuirtear san áireamh iontu go méadóidh an t-ionchas saoil thar am.

(viii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Ba é seo a leanas an toradh ionchais ar shócmhainní agus dáileadh sócmhainní amhail ar an 31 Nollaig 2011:

Aicme	Toradh Ionchais	Dáileadh	Dáileadh Fadtéarmach
	%	%	%
Cothromas	7.25	46.0	50.0
Ús Seasta/Airgead Tirim	0.40	54.0	50.0
Iomlán	3.83	100.0	100.0
Tobhach Pinsin	(0.6)		
Toradh Ionchais Foriomlán	3.23		

Rinneadh na sócmhainní a athchothromú chuig dáileadh 50%/50% go luath in 2012. Déantar an toradh ionchais ar shócmhainní phlean a chinneadh bunaithe ar mheán ualaithe na n-aicmí bunsócmhainne. B'ionann an toradh iarbhir ar shócmhainní an phlean don bhliain 2011 agus caillteanas €15.2 milliún (2010: €26.5 milliún).

Nóta 35: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(ix) Costais Chomparáideacha na Bliana Roimhe sin**

Is iad seo a leanas na méideanna don tréimhse reatha agus don dá thréimhse roimhe:

An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011	2011	2010	2009
	€000	€000	€000
Oibleagáid Sochair Shainithe	455,336	(392,615)	(377,004)
Luach cóir shócmhainní an phlean	434,160	443,876	414,611
Barrachas/(Easnamh) sa Phlean	(21,176)	51,261	37,607
Coigeartú taithí ar			
- dhlíteanais an phlean	9,492	27,460	28,666
<i>Mar chéatadán de dhlíteanais na scéime</i>	<i>2.1%</i>	<i>7.0%</i>	<i>7.6%</i>
- sócmhainní an phlean	(37,580)	12,894	(678)
<i>Mar chéatadán de shócmhainní na scéime</i>	<i>(8.7%)</i>	<i>2.9%</i>	<i>(0.2%)</i>

(x) Ranníocaíochtaí Ionchais don Phlean don Tréimhse dar Críoch an 31 Nollaig 2012

Tá na meastacháin seo a leanas maidir le ranníocaíochtaí ionchais bunaithe ar bhallraíocht reatha agus rolla tuarastail rannpháirtithe an phlean.

	31 Nollaig 2012
	€000
Ranníocaíochtaí ón bhfostóir	13,700
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe an phlean	3,800
Iomlán	17,500

Nóta 36: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tagann rioscaí airgeadais chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc mar thoradh ar a ról reachtúil, is é sin mar chuid lárnach den earnáil airgeadais intíre agus mar bhanc ceannais de chuid an Eurochórais ar aon. Ar na rioscaí sin, áirítear rioscaí creidmheasa, rioscaí margaidh agus rioscaí airgeadra. Mar bhanc ceannais náisiúnta san Eurochóras ní bhíonn riosca maidir le leachtacht dlíteanais euro i gceist.

Tá próisis um bainistíocht riosca i bhfeidhm ag Banc Ceannais na hÉireann chun rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shoiléire inmheánacha riosca agus faoi threoir bheartais bainistíochta riosca an Eurochórais, i gcás inarb iomchuí.

Tugann foirne agus coistí speisialtóireachta tacaíocht don ardbhainistíocht chun a chinntiú go leanfar leis na caighdeáin agus na beartais aontaithe. Go háirithe, déanann Coiste Riosca an Choimisiúin maoirseacht ar bhainistíocht riosca i ndáil le gníomhaíochtaí baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc. Tá an Roinn um Riosca Eagraíochtúil freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar riosca airgeadais ó lá go lá. Is roinn neamhspleách bainistíochta riosca í an Roinn um Riosca Eagraíochtúil a thuairiscíonn go díreach don Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Feidhmiúcháin Riosca chomh maith.

Riosca Creidmheasa

Is éard is riosca creidmheasa ann cailteanas a eascraíonn as mainneachtain ag iasachtaí, ag eisitheoir, ag contrapháirtí nó ag custaiméir a oibleagáidí airgeadais don Bhanc a chomhlíonadh. Bíonn an Banc neamhchosanta do riosca creidmheasa i ndáil le bainistíocht a shócmhainní infheistíochta, le hoibríochtaí beartais airgeadais arna reáchtáil thar ceann an Eurochórais, agus i ndáil le tacaíocht leanúnach leachtachta don earnáil baincéireachta náisiúnta.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc a rialú trí chóras de theorainneacha arna bhformheas ag an gCoimisiún, ar córas é a bheith bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna soláthar ag Fitch agus Moodys.

Nóta 36: Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Déantar neamhchosaint ar rioscaí creidmheasa a mhaolú trí phróifíl shócmhainní infheistíochta an Bhainc a bhíonn faoi threoir beartais infheistíochta atá measartha coimeádach agus trí ionstraimí comhthaobhaithe a úsáid.

Déantar riosca creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí critéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí bhithin fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEB, lena n-áirítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht a sholáthar agus creidmheas ionlae) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach.

Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, cuirtear i bhfeidhm critéir dhochta incháilitheachta trí bhithin chreat an Eurochórais um measúnú creidmheasa (CEMC) agus trí bhithin beart leanúnach rialaithe riosca lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. An riosca creidmheasa do Bhanc Ceannais na hÉireann a eascraíonn as oibríochtaí an Eurochórais, déantar é a mhaolú tuilleadh trí mheicníocht comhroinnte caillteanas an chórais lena ndéantar aon chaillteanas a eascraíonn as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil na mBanc Ceannais Náisiúnta. Ar a shon sin, is iad na BCN faoi seach a iompróidh an riosca i gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le bannaí úsáide féin bainc atá faoi ráthaíocht rialtais nó le hÉilimh Bhreise ar Chreidmheas.

Déantar riosca creidmheasa i ndáil le Clár na Margaí Urrús agus leis an gClár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach de chuid an Eurochórais a bhainistiú i gcomhréir leis na creata ábhartha Eurochórais. Is iad na BCN faoi seach a iompróidh aon chaillteanas ionchasacha ar urrúis atá á sealbhú sa Chlár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach.

Riosca creidmheasa a bhaineann le tacaíocht eisceachtúil leachtachta a sholáthar don earnáil baincéireachta intíre, déantar é a bhainistiú trí chur chuige comhthaobhaithe atá cosúil leis an gceann a úsáidtear d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, eadhon ceanglas do chomhthaobhacht a bheidh faoi réir ciorruithe luachála go hiondúil agus clár díchill chuí a fhéachann le hinfhaighteacht agus le hoiriúnacht comhthaobhachta a fhíorú. Déantar an riosca seo a mhaolú tuilleadh le slánaíochtaí ón Stát.

Riosca Margaidh

Sainmhínítear riosca margaidh mar chaillteanas a éiríonn as athruithe ar thosca riosca margaidh, lena n-áirítear praghsanna, rátaí úis, rátaí malairte eachtraí, praghsanna tráchtearraí agus raon difríochta creidmheasa. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca margaidh go príomha trí iogaíreacht ráta úis a shócmhainní infheistíochta. D'fhéadfadh go mbeadh neamhchosaintí i gceist mar thoradh ar luaineachtaí sa ráta malairte, ar phraghsanna óir agus mar thoradh ar athruithe ar dhálaí margaidh airgeadais.

Déantar riosca margaidh a bhainistiú i Stiúrthóireacht Oibríochtaí Airgeadais an Bhainc i gcomhréir le paraiméadair ardleibhéil bainistíochta riosca, agus le creata rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún chomh maith le socruithe tuairiscithe do phríomhtháscairí riosca. Is í an Roinn um Riosca Eagraíochtúil a dhéanann fíorú agus tuairisciú ar chomhlíonadh agus ar fheidhmíocht na mbeartas sin.

Tá an Banc neamhchosanta ar riosca ráta úis ina phunann infheistíochta marcáil ón margadh. Déantar tosaíochtaí bainistíochta riosca i ndáil le sócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagamharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca margaidh (ráta úis) punann marcáil ón margadh de chuid Bhanc Ceannais na hÉireann a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe. Le marthanacht leasaithe, tomhastar iogaíreacht luach na punainne infheistíochta i leith athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach-faoi-Riosca (LfR) agus Easnamh Ionchais mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh ar phunanna an Bhainc. Le LfR, déantar an caillteanas ionchasach a thig as neamhchosaint ar riosca ráta úis agus ar riosca ráta malairte a thomhas ar leibhéal sonrach muiníne (e.g. 99 faoin gcéad) thar thréimhse áirithe ama (e.g. bliain amháin). Ag glacadh le tréimhse bliana agus le leibhéal muiníne 99 faoin gcéad, tá méadú tagtha ar an LfR de phunann marcáil ón margadh ó €116.4 milliún (ar shealúchais €10.4 billiún) ag deireadh 2010 go dtí €184.6 milliún ag deireadh 2011 ar shealúchais €10.6 billiún. Leis an athrú ar fhigiúr LfR, léirítear méadú ar an luaineacht i bpraghsanna bannaí de thoradh na géarchéime fiachais cheannasaigh¹⁶.

Riosca Airgeadra

I gcomhthéacs an limistéir euro agus, dá bhrí sin, i gcomhthéacs an easpa idirghabhála malairte eachtraí, laghdaíodh sealúchais shócmhainní luaineacha eachtracha an Bhainc chuig an íosmhéid, ag féachaint do na hoibleagáidí Eurochórais eile. Déantar athbhreithniú ar leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta go tréimhsiúil trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh mhí na Nollag 2011, bhí punanna arna n-ainmniú in euro agus méid beag i ndollar SA (fálaithe i gcoinne an euro) á mbainistiú ag an mBanc. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca airgeadra freisin trí staid glandlíteanas i gCearta Speisialta Tarraingthe (Nóta 11 agus Nóta 26).

¹⁶ Bíonn teorainneacha áirithe i gceist leis na toimhdí ar a mbunaithe an LfR, lena n-áirítear na teorainneacha seo a leanas. Le leibhéal muiníne 99%, ní léirítear caillteanas a tharlóidh lasmuigh den leibhéal sin. Fiú laistigh den mhúnla a úsáidtear, tá dóchúlacht 1% ann go rachaidh caillteanas thar an LfR. Déantar an múnla a chiallbrú trí shonraí stairiúla a úsáid mar bhonn chun raonta féideartha a dtorthaí a chinneadh agus d'fhéadfadh nach gcuimseofaí ann na cásanna féideartha go léir, go háirithe cásanna de chineál eisceachtúil.

Nóta 37: An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998

Faoi Alt 10 den Acht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998, bhunaigh agus chláraigh an Banc 'An Chuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta', cuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Riarann an Chuideachta an scéim chúitimh d'infheisteoirí d'fhonn cliant de chuid gnólaíochtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh. Cuireann an Banc seirbhísí riaracháin agus eile ar fáil don Chuideachta, a ngnóthaítear a gcostais ón gCuideachta. Ullmhaíonn an Chuideachta a Tuarascáil Bhliantúil agus a Ráiteas Cuntas iniúchta féin.

Nóta 38: Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

Ba iad seo a leanas Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach ag deireadh na bliana:

	31 Nollaig 2011		31 Nollaig 2010	
	EUR	Dollar SA	EUR	Dollar SA
‘000í d’aonaid airgeadra				
Ceannacháin Neamhaibithe	1,191,024	–	484,282	–
Díolacháin Neamhaibithe	–	(1,578,787) (i)	–	(671,000)
Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	1,191,024	(1,578,787)	484,282	(671,000)

- (i) Bhí réamhdhliteanais don BCE arb ionann a luach cóibhéiseach agus €1,143 milliún fós gan íoc amhail ar an 31 Nollaig 2011. Déantar iad seo a chomhoiriúnú le hoibriochtaí cóibhéiseacha leachtachta le contrapháirtithe agus tháinig siad chun cinn i dtaca le hathghníomhachtú chlár dhollar na Stát Aontaithe chun leachtacht a sholáthar. (Nóta 12).

Bhí gach conradh malairte eachtraí tagtha chun aibíochta faoin 1 Márta 2012.

Nóta 39: Conarthaí Neamhaibithe in Urrúis

Ba iad seo a leanas conarthaí neamhaibithe in urrúis ag deireadh na bliana:

	31 Nollaig 2011		31 Nollaig 2010	
	EUR	Dollar SA	EUR	Dollar SA
‘000í d’aonaid airgeadra				
Ceannacháin Neamhaibithe (i)	149,974	–	685,625	54,263
Díolacháin Neamhaibithe (ii)	(299,005)	–	(456,064)	–
Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	(149,031)	–	229,561	54,263

- (i) Baineann Ceannacháin Neamhaibithe le hurrúis ar na sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus do phunann infheistíochta an Bhainc.
- (ii) Baineann Díolacháin Neamhaibithe le Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais, ar tháinig gach ceann díobh chun aibíochta faoin 5 Eanáir 2012.

Nóta 40: Páirtithe Gaolmhara

- (i) Cuireann an Banc cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus comhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana go dtí an 31 Nollaig 2011:

- soláthar seirbhísí baincéireachta lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a choinneáil;
- soláthar agus eisiúint monaí;
- Clár urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.

- (ii) Mar bhall páirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc le BCN eile agus leis an BCE.

Nóta 41: Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe**Malartú Bannaí Rialtas na Gréige**

I mí Feabhra 2012, rinne bainc cheannais an Eurochórais a sealúchais de bhannaí rialtas na Gréige arna gceannach faoin CMU a mhalartú ar urrúis nua arna n-eisiúint ag an bPoblacht Heilléanach. Is ionann gnéithe na n-urrúis nua seo a fuarthas agus na cinn sin a ceannaíodh faoin CMU i dtéarmaí a luachanna ainmniúla, rátaí cúpóin, dátaí íocaíochta úis agus dátaí fuascailte. Níor áiríodh na hurrúis nua ar liosta na n-urrús incháilithe a bhí faoi réir athstruchtúraithe i gcomhthéacs an tionscnaimh um rannpháirtíocht na hearnála príobháidí.

Éilimh Bhreise ar Chreidmheas

I mí Feabhra 2012, d'fhormheas Comhairle Rialaithe an BCE go nglacfaí go sealadach le héilimh bhreise ar chreidmheas mar chomhthaobhacht in oibríochtaí creidmheasa de chuid an Eurochórais faoi réir critéar sonrach cáilitheachta agus beart rialaithe riosca¹⁷.

Faoin gclár seo, glacfaidh an Banc le comhthiomsú éileamh urraithe (lena n-áirítear morgáistí) agus neamhurraithe (iasachtaí eile) ar chreidmheas mar chomhthaobhacht in oibríochtaí Eurochórais. Beidh na héilimh sin ar chreidmheas faoi réir chritéir luachála agus rialaithe riosca an Bhainc agus glacfaidh an Banc leo faoi shocruithe conarthacha le contrapháirtithe indibhidiúla. Tá sé i gceist ag an mBanc na cineálacha éagsúla comhthaobhachta a nglacfaidh sé leo faoin tionscnamh seo a chéimniú isteach thar roinnt míonna.

Is é an Banc a iompróidh aon rioscaí a eascróidh ó iasachtú le hinstiúidí creidmheasa i gcás ina n-úsáidfear na héilimh sin ar chreidmheas mar chomhthaobhacht (i.e. ní bheidh feidhm ag an meicníocht comhroinnte caillteanas atá i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí Eurochórais eile).

Dáileadh Deiridh Bhrabúis an BCE

An 8 Márta 2012, chinn Comhairle Rialaithe an BCE an brabús a bhí fágtha aige don bhliain 2011 arb ionann é agus €76.1 milliún a dháileadh ar BCN an limistéir euro, i gcomhréir lena scaireanna láníochta. B'ionann sciar an Bhainc den dáileadh deiridh seo agus €1.2 milliún a aithníodh i mí an Mhárta 2012 (Nóta 5).

¹⁷ Ina preaseisiúint an 9 Feabhra 2012, d'fhormheas an Chomhairle Rialaithe critéir shonracha náisiúnta cháilitheachta agus bearta rialaithe riosca lena nglacfaí go sealadach le héilimh bhreise ar chreidmheas mar chomhthaobhacht in oibríochtaí creidmheasa de chuid an Eurochórais tar éis di moltaí a fháil ó sheacht mbanc ceannais náisiúnta (Banc Ceannais na hÉireann, Banco de España, Banque de France, Banca d'Italia, Banc Ceannais na Cipire, Oesterreichische Nationalbank agus Banco de Portugal).

Nóta 42: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

Is í seo a leanas achoimre ar ioncam agus ar chaiteachas i leith na ngníomhaíochtaí rialála airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 maille le comparáidí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010.

Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais - Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais do 2011

		2011	2010
		€000	€000
Maoiniú Tionscail			
Institiúidí Creidmheasa		53,913	21,152
Gnóthais Árachais		9,711	7,595
Idirghabhálaithe		2,633	2,489
Gnólachtaí Urrús agus Infheistíochta		5,101	3,213
Scéimeanna Comhinfeistíochta & Soláthraithe Seirbhíse		4,932	4,165
Comhair Chreidmheasa		1,442	1,439
Iasachtóirí Airgid		352	298
Comhlachtaí Gairmiúla Ceadaithe		44	35
Malairtí		196	150
Bureaux de Change/Aistritheoirí Airgid		155	136
Frithdhílsiú Teaghais & Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola		145	236
Institiúidí Seirbhísí Íocaíochta		830	676
Maoiniú Iomlán		79,454	41,584
Soláthar/Díscríobh	(i)	(1,045)	(1,126)
Díscríobh Soláthair d'Aisíocaíochtaí le hEintitis Chúlghairthe	(ii)	57	145
Díscríobh Soláthair do Ró-íocaíochtaí		-	294
Glanmhaoiniú Tionscail	(i)	78,466	40,897
Barrachas/(Easnamh) Caiteachais thar Ioncam don bhliain roimhe sin		3,380	1,295
Fóirdheontas ó Bhanc Ceannais na hÉireann	(iii)	42,204	32,709
		124,050	74,901
Táillí Formheasa Réamheolaire	(iv)	12	-
Ilghnéitheach	(v)	42	199
Ioncam eile	(vi)	749	735
Ioncam iomlán		124,853	75,835
Caiteachais			
Caiteachais Dhíreacha	(vii)	(83,902)	(43,955)
Seirbhísí tacaíochta	(viii)	(34,206)	(27,765)
		(118,108)	(71,720)
Caiteachais Eile	(vi)	(749)	(735)
Caiteachais Iomlána		(118,857)	(72,455)
Barrachas/ (Easnamh) Ioncaim thar Chaiteachas	(ix)	5,996	3,380

Nóta 42: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**(i) Glanmhaoiniú Tionscail agus Soláthar**

Áirítear Glanioncam Tionscail i Nóta 7: Ioncam eile. Cuimsítear san fhigiúr seo, tobhaigh arna ngearradh ar na haicmí tionscail thuas (glan ar achomhairc agus ar choigeartuithe) faoi alt 32D d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú) agus ioncam eile i ndáil le táillí agus muirir. Rinneadh €1.8 milliún i ndáil le soláthairtí/díscríobh a fhritháireamh i gcoinne an ioncaim iomláin maoiniúcháin chun an Glanmhaoiniú Tionscail a ríomh don bhliain 2011. Táthar sa tóir ar aon tobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

Is iad seo a leanas na soláthairtí/an díscríobh:

	2011	2010
	€000	€000
Soláthar Tosaigh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíochta	1,438	481
Lúide Soláthairtí na Bliana Roimhe sin	(231)	(169)
Méadú ar an soláthar don bhliain 2011	1,045	1,126
Soláthar Deiridh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíochta	2,252	1,438

(ii) Lúide Soláthar d'Aisiocaíochtaí le hEintitis Chúlghairthe

Mar chuid de bhreithniú leathan ar cheisteanna maoiniúcháin a rinneadh in 2007 agus in 2008, tugadh faoi deara gur bhain na Rialacháin Bhliantúla Maoiniúcháin go stairiúil le heintitis "rialáilte". Dá bhrí sin, d'fhéadfadh eintiteas ar cúlghaireadh a údarú le linn na tréimhse sular tháinig na Rialacháin i bhfeidhm a áitiú go réasúnta nach raibh sé faoi réir an tobhaigh don bhliain iomlán lena mbaineann ó tharla gur éirigh sé as a bheith ina eintiteas rialáilte ar an dáta ar cúlghaireadh a údarú. Ar mhaithe le cothroime agus trédhearcacht, cinneadh go dtabharfaí cuireadh do na heintitis seo iarratas a dhéanamh ar aisiocaíocht pro-rata ar an tobhach a íocadh sa bhliain inar cúlghaireadh a údarú. Tugadh cuireadh do na heintitis go léir a ndearnadh difear dóibh iarratas a dhéanamh chun go ndéanfaí a gcás a bhreithniú. Rinneadh próiseáil ar na hiarratais ó eintitis chúlghairthe ar aisiocaíochtaí agus cuireadh ús i bhfeidhm maidir leis na haisiocaíochtaí a rinneadh. Is ionann cúlscríobh an tsoláthair d'aisiocaíochtaí le heintitis chúlghairthe agus an bheis ar an soláthar sin do na haisiocaíochtaí amhail ar an 31 Nollaig 2010 i gcomparáid leis na haisiocaíochtaí iomlána (lena n-áirítear ús) a rinneadh leis na heintitis sin in 2011.

(iii) Fóirdheontas ó Bhanc Ceannais na hÉireann

Le comhaontú an Aire Airgeadais, rinneadh 50 faoin gcéad de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí rialála airgeadais ó 2007 a íoc trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Cuireann an Banc an t-iarmhéid de na costais bhliantúla iomlána ar fáil de réir Alt 32I d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú). Ó 2007, d'íoc an Banc, le faomhadh an Aire airgeadais, costas iomlán gníomhaíochtaí áirithe maoirseachta a cuireadh i gcrích laistigh den eagraíocht maidir le hurrúis mhargaidh. Eisiadh na costais seo, arb ionann iad agus €6.1 milliún, ó na glantobhaigh Maoiniúcháin Tionscail arna n-eisiúint don tionscal in 2011. De bheis air sin, faoi fhorálacha na Rialacháin um Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Alt 33J) 2011, gearradh tobhach forlíontach ar institiúidí creidmheasa arna gclúdach ag an Scéim Institiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) a ceapadh chun 100 faoin gcéad de chostais na maoirseachta is déine a aisghabháil ó na hinstiúidí iomchuí creidmheasa arna gclúdach, ar maoirseacht í atá riachtanach chun a chinntiú go bhfuil forálacha na Scéime á gcomhlíonadh ag na hinstiúidí creidmheasa ábhartha. Sa chomhthéacs sin, ionchorpraítear i dtobhaigh 2011 aisghabháil iomlán chostas an Athbhreithnithe ar Mheasúnú Stuaamachta Caipitil (AMSC) agus an Athbhreithnithe ar Mheasúnú Stuaamachta Leachtachta (AMSL) a seoladh le linn na bliana.

(iv) Táillí Formheasa Réamheolaire

Tar éis an comhaontú tarmigin le Stocmhalartán na hÉireann a leachtú an 9 Nollaig 2011 maidir le comhlíonadh feidhmeanna áirithe faoi na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005, is é an Banc anois a choinneoidh táillí formheasa réamheolaire agus táillí formheasa doiciméad gaolmhar is iníochta leis an mBanc, ar táillí iad a bhí á gcoimeád ag Stocmhalartán na hÉireann roimhe sin (féach nóta (vi) thíos).

Nóta 42: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**(v) Ilghnéitheach**

Le halt 61H d'Acht an Bhainc Cheannais (mar atá arna leasú), foráiltear go bhféadfaidh an Banc comhaontú a dhéanamh le comhlacht forordaithe i ndáil le bailiú tobhaigh agus is é an t-eintiteas atá i dteideal an tobhach a fháil a ghlanfaidh na costais a bhaineann le bailiú an tobhaigh lena mbaineann. In 2011, rinne an Banc Ceannais comhaontú den sórt sin leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (an Ghníomhaireacht). Is ionann an mhír seo agus aisghabháil na gcostas ón nGníomhaireacht a bhaineann le bailiú na dtobhach seo i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta.

(vi) Ioncam Eile/Caiteachais Eile

In 2011, bhailigh Stocmhalartán na hÉireann €0.749 milliún i dtáillí iníoctha leis an mBanc i gcomhréir le Rialachán 109 de na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005, agus le Rialachán 78 de na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007. I gcomhréir le Cuid 17(h) den Treoir Réamheolaire agus leis an Treoir um Dhrochúsáid Margaigh, dheimhnigh an Banc i gcomhaontuithe tarmलगin le Stocmhalartán na hÉireann go bhféadfadh sé €0.749 milliún a choimeád faoi chomhair na gcostas a thabhaigh sé i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna tarmलगithe faoi na comhaontuithe tarmलगin.

(vii) Caiteachais Dhíreacha

	2011	2010
	€000	€000
Tuarastail/Liúntais	39,246	29,954
ÁSPC	3,218	2,114
	42,464	32,068
Soláthar Pinsin	6,315	3,937
Caiteachais foirne	48,799	36,005
Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne	543	383
Trealamh, Stáiseanóireacht & Riachtanais	271	329
Taisteal Gnó	919	669
Foilseacháin & Fógraíocht Thomhaltóirí	117	690
Táillí Gairmiúla	32,297	4,979
Ilghnéitheach	976	900
Caiteachais Oibríochta Neamhphá	35,123	7,950
Caiteachais Dhíreacha	83,902	43,955

B'ionann méid iomlán na dtáillí gairmiúla a tabhaíodh i leith AMSC/AMSL ar na hinstiúidí cumhdaithe airgeadais agus €29.1 milliún. Aisghabhadh na táillí seo go léir ó na hinstiúidí airgeadais ábhartha agus áiríodh iad faoi Mhaoiniú Thionscal na nInstitiúidí Creidmheasa.

Nóta 42: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**(viii) Seirbhísí Tacaíochta**

Áirítear costais i leith seirbhísí tacaíochta i Nóta 8.

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, acmhainní daonna, riarachán, cuntasáocht, iniúcháireacht inmheánach, staidreamh agus teicneolaíocht faisnéise ó na stiúrthóireachtaí um sheirbhísí tacaíochta sa Bhanc. B'ionann costas na seirbhísí seo in 2011 agus €34.2 milliún (2010: €27.8 milliún).

Ríomhadh na costais seo trí mhodheolaíocht um chionroinnt costas a chur i bhfeidhm, ar modheolaíocht í a ndearnadh athbhreithniú uirthi roimhe seo ag sainchomhairleoirí neamhspleácha seachtracha. Tá an chionroinnt bunaithe ar chleachtadh aitheanta tionscail lena n-áirítear spás urláir in úsáid, líon ríomhairí pearsanta agus fardal daoine (líon foirne) de réir mar is cuí. Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na gcostas thuas:

	2011	2010
	€000	€000
Seirbhísí Corparáideacha lena n-áirítear Áitreabh	11,923	11,853
Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise	8,054	6,586
Acmhainní Daonna	4,236	3,313
Seirbhísí eile*	9,993	6,013
Iomlán	34,206	27,765

*Ar na seirbhísí eile, áirítear seirbhísí dlí, cuntasáocht agus seirbhísí riaracháin eile.

(ix) Easnamh/Barrachas Ioncaim i gcomparáid le Caiteachas

Is ionann é seo agus an barrachas ar an líon tobhach a bailíodh ón tionscal sa bhliain 2011 i gcomparáid leis an riachtanas maoiniúcháin don bhliain 2011. I gcomhréir leis an gcleachtas bunaithe, rinneadh an barrachas ioncaim i gcomparáid leis an gcaiteachas a thabhairt ar aghaidh agus déanfar an ríomh ar mhéid na dtobhach tionscail do 2012 a choigeartú d'fhonn an barrachas seo a chur san áireamh.

Nóta 43 Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 25 Aibreán 2012.

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam, faoi Acht an Bhainc Ceannais 1942, mar atá arna leasú leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, ar Ráiteas Cuntas Bhainc Ceannais na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011. Cuimsítear na Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar, an Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe agus nótaí gaolmhara sa Ráiteas Cuntas a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach iontu. Leagtar amach an creat um thuairisciú airgeadais a úsáideadh chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i mír (b) de na Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar.

Freagrachtaí Choimisiún an Bhainc Ceannais

Tá comhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais freagrach as Ráiteas Cuntas a ullmhú, as a áirithiú go dtugtar léargas fíor, cothrom iontu ar staid ghnóthaí an Bhainc agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhainc, agus as rialtacht idirbheart a áirithiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá freagracht orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuarascáil a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Rinne mé an t-iniúchadh faoi threoir léirbhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmíocht.

Cuireadh an t-iniúchadh seo i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) agus leis na Caighdeáin Eitice d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon an Iniúchta a Rinneadh ar na Ráitis Airgeadais

Is é a bhíonn i gceist le hiniúchadh, fianaise leordhóthanach a fháil maidir leis na méideanna agus leis an bhfaisnéisiú sna ráitis airgeadais chun go bhféadfar dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhair, cibé acu trí chalaois nó trí mhíriltacht nó earráid eile. Áirítear sa mhéid seo measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí do dhálaí an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach;
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn an Ráiteas Cuntas a ullmhú; agus
- cur i láthair foriomlán an Ráitis Cuntais.

Féachaim freisin le fianaise a fháil maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis an Ráiteas Cuntas iniúchta a shainaithint. Má fheictear dom go bhfuil aon mhírítis nó neamhréireachtaí ábhartha, breithním na himpleachtaí don tuarascáil seo.

Tuairm ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim, go dtugann an Ráiteas Cuntas, arna ullmhú go cuí ar an mbonn a thuairiscítear i mír (b) de na Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar, léargas fíor, cothrom ar staid ghnóthaí an Bhainc amhail ar an 31 Nollaig 2011 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhainc don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Banc leabhair chuntais chuí. Tá an Ráiteas Cuntas ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a gCeanglaítear orainn a Thuarisciú ar bhonn Eisceachtúil

Tuairiscím go heisceachtúil:

- má bhíonn aon chás ábhartha ann nach n-úsáidtear airgead chun na gcríoch atá beartaithe nó nach mbíonn na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis atá á rialú; nó
- mura dtugtar gach faisnéis agus gach míniú dom a bheidh ag teastáil uaim don iniúchadh; nó
- mura mbíonn an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Bhainc don bhliain ar ina leith a ullmhaítear an Ráiteas Cuntas ag teacht leis an Ráiteas Cuntas; nó
- mura léirítear sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBanc; nó
- má fheictear dom go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ina ndéanfar gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na nithe sin a thuariscítear go heisceachtúil.

Gerard Smyth

Don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar a cheann

25 Bealtaine, 201

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig Coimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann

Tá iniúchadh déanta againn ar Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann (“an Banc”) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2010, a gcuimsítear iontu an Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe agus nótaí gaolmhara 1 go dtí 43. Ullmhaíodh an Ráiteas Cuntas seo faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach ann.

Freagrachtaí chomhaltaí an Choimisiúin agus na n-iniúcháirí faoi seach

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú agus, mar a leagtar amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin, tá siad freagrach as Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir le Treoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais, agus más infheidhme leis an mBanc, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn).

De bhun cheanglais Airteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh, ceapadh muidne le hiniúchadh a dhéanamh ar Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann. Bunaítear ár gcuid freagrachtaí mar iniúcháirí neamhspleácha le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do Choimisiún an Bhainc Ceannais mar chomhlacht, i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus ní chun críche ar bith eile nó do dhuine ar bith eile. Agus an tuairim seo á tabhairt againn, ní ghlacaimid orainn féin freagracht chun críche ar bith eile nó freagracht do dhuine ar bith eile a dtaispeántar an tuarascáil seo dó nó di nó do dhuine ar bith a gheobhaidh é ach amháin i gcás ina gcomhaontóimid a mhalairt go sainráite i scríbhinn.

Tugaimid daoibh ár dtuairim i dtaobh cibé acu an dtugtar cuntas fíor, cothrom sa Ráiteas Cuntas, i gcomhréir le Treoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, más infheidhme leis an mBanc, i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn i dtaca le haithint agus le tomhas. Máimid cibé acu an bhfuairéamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a bhí riachtanach don iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Ráiteas Cuntas ag teacht leis taifid chuntasaíochta. Tugaimid ár dtuairim freisin i dtaobh cibé acu ar choinnigh an Banc taifid chuntasaíochta chuí. Ní cheanglaítear orainn tuairim a thabhairt i dtaobh éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhainc.

Léimid an fhaisnéis eile a chuimsítear sa chaibidil den Tuarascáil Bhliantúil ar Oibríochtaí Airgeadais agus má fheictear dúinn go bhfuil aon mhír áitís nó neamhréireachtaí ábhartha leis an Ráiteas Cuntas, breithnímid na himpleachtaí don tuarascáil seo. Ní bhaineann ár gcuid freagrachtaí le faisnéis eile.

Bunús thuairim an Iniúcháirí

Chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. In iniúchadh, cuimsítear scrúdú ar bhonn tástála ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus le faisnéisí sna ráitis airgeadais. Cuimsítear ann freisin, measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus an Ráiteas Cuntas á ullmhú acu, agus cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí do dhálaí an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm d’fhonn an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasamar a bheith riachtanach a fháil chun go mbeadh dóthain fianaise againn chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil an Ráiteas Cuntas saor ó mhíráiteas ábhair, cibé acu trí chalaois nó trí mhírialtacht nó earráid eile. Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim, rinneamar measúnú ar leordhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sa Ráiteas Cuntas.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugtar léargas fíor, cothrom sa Ráiteas Cuntais ar staid ghnóthaí an Bhainc, amhail ar an 31 Nollaig 2010 agus ar an mbrabús don bhliain dar chríoch an dáta sin, i gcomhréir le Treoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasáíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, i gcás nach dtabharfaidh Treoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh treoir shonrach nó nach mbeidh a cur i bhfeidhm éigeantach, i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn.

Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasamar a bheith riachtanach don iniúchadh. Is é ár dtuairim gur choinnigh an Banc taifid chuntasáíochta chuí. Tá Clár Comhardaithe agus Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais an Bhainc ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

28 Aibreán 2012

T +353 1 224 6278 **F** +353 1 671 6561 www.centralbank.ie publications@centralbank.ie



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Bosca OP 559, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, Éire
PO Box 559, Dame Street, Dublin 2, Ireland